*Parlaimint na hEorpa*
***2019-2024***

*Suí iomlánach*

**A9-0233/2022**

4.10.2022

# ***I
# TUARASCÁIL

ar an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le breoslaí in-athnuaite agus ísealcharbóin a úsáid sa mhuiriompar agus lena leasaítear Treoir 2009/16/CE
(COM(2021)0562 – C9-0333/2021 – 2021/0210(COD))

An Coiste um Iompar agus um Thurasóireacht

Rapóirtéir: Jörgen Warborn

Rapóirtéirí do na tuairimí ó choistí comhlachaithe de bhun Riail 57 de na Rialacha Nós Imeachta:
Tiemo Wölken, an Coiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia
Rasmus Andresen, an Coiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh

## *Eochair do na siombailí a úsáidtear*

| | |
|---|---|
| * | An nós imeachta comhairliúcháin |
| *** | Nós imeachta an toilithe |
| ***I | An gnáthnós imeachta reachtach (an chéad léamh) |
| ***II | An gnáthnós imeachta reachtach (an dara léamh) |
| ***III | An gnáthnós imeachta reachtach (an tríú léamh) |

(Braitheann an cineál nós imeachta ar an mbunús dlí a mholtar sa dréachtghníomh.)

## *Leasuithe ar dhréachtghníomh*

**Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa arna leagan amach in dhá cholún**

Léirítear téacs atá scriosta le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar chlé. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile le ***cló trom iodálach*** sa dá cholún. Léirítear téacs nua le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar dheis.

Sa chéad líne agus sa dara líne den cheanntásc a ghabhann le gach leasú, sonraítear an chuid ábhartha den dréachtghníomh atá á breithniú. Má bhaineann leasú le gníomh atá cheana ann a bhfuil sé i gceist é a leasú le dréachtghníomh, bíonn an tríú líne i gceanntásc an leasaithe ina sonraítear an gníomh atá cheana ann agus bíonn an ceathrú líne ann ina sonraítear an fhoráil den ghníomh sin is mian le Parlaimint na hEorpa a leasú.

**Leasuithe ó Parlaimint na hEorpa i bhfoirm téacs comhdhlúite**

Aibhsítear téacs nua le ***cló trom iodálach***. Léirítear téacs atá scriosta trí leas a bhaint as an tsiombail ▌ nó cuirtear líne tríd an téacs. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile tríd an téacs nua a aibhsiú le ***cló trom iodálach*** agus tríd an téacs atá á ionadú a scriosadh nó trí líne a chur tríd.
Mar eisceacht air sin, ní aibhsítear athruithe atá go hiomlán teicniúil agus arb athruithe iad a rinne na ranna dréachtaithe nuair a bhí an téacs críochnaitheach á ullmhú.

## CLÁR

**Leathanach**

DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA ........................................5

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN ........................................................................................97

IARSCRÍBHINN: LIOSTA DE NA hEINTITIS NÓ NA DAOINE ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIR ........................................................................................100

IONCHUR ........................................................................................100

TUAIRIM ÓN gCOISTE UM AN GCOMHSHAOL, UM SHLÁINTE PHOIBLÍ AGUS UM SHÁBHÁILTEACHT BIA........................................................................................102

TUAIRIM ÓN gCOISTE UM THIONSCLAÍOCHT, UM THAIGHDE AGUS UM FHUINNEAMH........................................................................................209

AN NÓS IMEACHTA – COISTE FREAGRACH ................................................................325

VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH......326

## DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

**ar an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le breoslaí in-athnuaite agus ísealcharbóin a úsáid sa mhuiriompar agus lena leasaítear Treoir 2009/16/CE**
**(COM(2021)0562 – C9-0333/2021 – 2021/0210(COD))**

**(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)**

*Tá Parlaimint na hEorpa*,

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2021)0562),

– ag féachaint d'Airteagail 294(2) agus 100(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra do Pharlaimint na hEorpa (C9-0333/2021),

– ag féachaint d'Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint don tuairim réasúnaithe a thíolaic Seanad Éireann, faoi chuimsiú Phrótacal Uimh. 2 maidir le prionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta a chur i bhfeidhm, á mhaíomh nach gcomhlíonann an dréachtghníomh reachtach prionsabal na coimhdeachta,

– ag féachaint do tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an 8 Nollaig 2021[1],

– tar éis di dul i gcomhairle le Coiste na Réigiún,

– ag féachaint do Riail 59 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint do na tuairimí ón gCoiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia agus ón gCoiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Iompar agus um Thurasóireacht (A9-0233/2022),

1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh faoi mar a leagtar amach ina dhiaidh seo é;

2. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;

3. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an

[1] Nár foilsíodh fós san *Iris Oifigiúil.*

gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

**Leasú 1**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (1) San earnáil muiriompair atá thart ar 75 % de thrádáil sheachtrach an Aontais agus 31 % de thrádáil inmheánach an Aontais i dtéarmaí méideanna. ***An tráth céanna, is é trácht loingseoireachta isteach i gcalafoirt sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch nó amach astu is cúis le tuairim agus 11 % d'astaíochtaí $CO_2$ uile an Aontais ó iompar, agus le 3-4 % d'astaíochtaí $CO_2$ uile an Aontais.*** Téann 400 milliún paisinéir ar bord nó i dtír i gcalafoirt de chuid na mBallstát go bliantúil, tuairim agus 14 mhilliún paisinéir ar longa cúrsála san áireamh. Dá bhrí sin, is cuid riachtanach de chóras iompair na hEorpa é an muiriompar agus tá ról ríthábhachtach aige maidir le geilleagar na hEorpa. Tá an margadh muiriompair faoi réir iomaíochas láidir idir gníomhaithe eacnamaíocha san Aontas agus lasmuigh de, iomaíochas a bhfuil cothrom na Féinne fíor-riachtanach lena aghaidh. Maidir le cobhsaíocht agus rathúnas an mhargaidh muiriompair agus ghníomhaithe eacnamaíocha an mhargaidh sin, braitheann sin ar chreat beartais atá soiléir agus comhchuibhithe inar féidir le hoibreoirí muiriompair, calafoirt agus gníomhaithe eile san earnáil feidhmiú ar bhonn comhionannas deiseanna. I gcás ina dtarlaíonn saobhadh margaidh, bíonn an riosca ann go gcuirfí oibreoirí loinge nó calafoirt faoi mhíbhuntáiste i gcomparáid le hiomaitheoirí laistigh den earnáil muiriompair nó in earnálacha iompair eile. Dá réir sin, d'fhéadfadh caillteanas ***a bheith ann mar thoradh air sin*** in iomaíochas an tionscail muiriompair, agus | (1) San earnáil muiriompair atá thart ar 75 % de thrádáil sheachtrach an Aontais agus 31 % de thrádáil inmheánach an Aontais i dtéarmaí méideanna. Téann 400 milliún paisinéir ar bord nó i dtír i gcalafoirt de chuid na mBallstát go bliantúil, tuairim agus 14 mhilliún paisinéir ar longa cúrsála san áireamh. Dá bhrí sin, is cuid riachtanach de chóras iompair na hEorpa é an muiriompar agus tá ról ríthábhachtach aige maidir le geilleagar na hEorpa. Tá an margadh muiriompair faoi réir iomaíochas láidir idir gníomhaithe eacnamaíocha san Aontas agus lasmuigh de, iomaíochas a bhfuil cothrom na Féinne ***ar fud an domhain*** fíor-riachtanach lena aghaidh. Maidir le cobhsaíocht agus rathúnas an mhargaidh muiriompair agus ghníomhaithe eacnamaíocha an mhargaidh sin, braitheann sin ar chreat beartais atá soiléir agus comhchuibhithe inar féidir le hoibreoirí muiriompair, calafoirt agus gníomhaithe eile san earnáil feidhmiú ar bhonn comhionannas deiseanna. I gcás ina dtarlaíonn saobhadh margaidh, bíonn an riosca ann go gcuirfí oibreoirí loinge nó calafoirt faoi mhíbhuntáiste i gcomparáid le hiomaitheoirí laistigh den earnáil muiriompair nó in earnálacha iompair eile. Dá réir sin, d'fhéadfadh caillteanas in iomaíochas an tionscail muiriompair, ***níos lú post*** agus caillteanas nascachta le haghaidh saoránach agus gnólachtaí ***a bheith ann mar thoradh air sin***. |

caillteanas nascachta le haghaidh saoránach agus gnólachtaí.

**Leasú 2**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(1 a) Fostaíonn an earnáil mhuirí 2 mhilliún Eorpach agus cuireann sí EUR 149 mbilliún leis an ngeilleagar. Le haghaidh gach EUR 1 mhilliún a ghintear i dtionscal na loingseoireachta, gintear EUR 1.8 milliún in áit eile i ngeilleagar an Aontais.[1a]*** |
| | ***[1a] Tuarascáil ó Chomhlachas Úinéirí Long an Chomhphobail Eorpaigh 'The Economic Value of the EU Shipping Industry' [Luach Eacnamaíoch Thionscal Loingseoireachta AE], 2020.*** |

**Leasú 3**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 1 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(1 b) Is é an muiriompar an modh iompair is neamhdhíobhálaí don chomhshaol agus tá astaíochtaí gás ceaptha teasa i bhfad níos ísle in aghaidh an tona earraí a iompraítear ag baint leis i gcomparáid le modhanna eile[1a]. An tráth céanna, is é trácht loingseoireachta isteach i gcalafoirt sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch nó amach astu is cúis le tuairim agus 11 % d'astaíochtaí $CO_2$ uile an Aontais ó iompar, agus le 3 go 4 % d'astaíochtaí $CO_2$ uile an Aontais. Meastar go dtiocfaidh méadú ar astaíochtaí $CO_2$ ó mhuiriompar, mura*** |

***ndéanfar gníomhaíocht bhreise. Ní mór do gach earnáil den gheilleagar rannchuidiú le hastaíochtaí GCT a laghdú go tapa i dtreo astaíochtaí GCT glan-nialasacha faoi 2050 ar a dhéanaí mar a chumhdaítear i Rialachán (AE) 2021/11191. Tá sé ríthábhachtach, dá bhrí sin, go leagfadh an tAontas bealach uaillmhianach amach chun aistriú gasta éiceolaíoch na hearnála muirí a bhaint amach, rud a chuideodh freisin lena cheannaireacht dhomhanda sna teicneolaíochtaí glasa, sna seirbhísí glasa agus sna réitigh ghlasa a choinneáil agus a chur chun cinn tuilleadh, agus chun cruthú post a spreagadh sna slabhraí luacha lena mbaineann, agus an t-iomaíochas á choinneáil.***

__________________

***[1a] Staidéar ón nGníomhaireacht Eorpach Comhshaoil, 2020, https://www.eea.europa.eu/publications/rail-and-waterborne-transport***

**Leasú 4**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (2) Chun cur le gealltanas aeráide an Aontais faoi Chomhaontú Pháras agus chun na céimeanna a leagan amach atá le glacadh chun aeráidneodracht a bhaint amach faoi 2050, agus chun oibleagáid dhlíthiúil a dhéanamh den ghealltanas polaitiúil, ghlac an Coimisiún an togra (leasaithe) le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an creat chun aeráidneodracht a bhaint amach agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1999 (An Dlí Aeráide Eorpach)[19] chomh maith leis an Teachtaireacht ***‘***Stepping up Europe’s 2030 climate ambition***’***[20]. Comhtháthaítear leis sin freisin an sprioc astaíochtaí gás | (2) Chun cur le gealltanas aeráide an Aontais faoi Chomhaontú Pháras agus chun na céimeanna a leagan amach atá le glacadh chun aeráidneodracht a bhaint amach faoi 2050 ***ar a dhéanaí***, agus chun oibleagáid dhlíthiúil a dhéanamh den ghealltanas polaitiúil, ghlac an Coimisiún an togra (leasaithe) le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an creat chun aeráidneodracht a bhaint amach agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1999 (An Dlí Aeráide Eorpach)[1] chomh maith leis an Teachtaireacht ***dar teideal*** Stepping up Europe’s 2030 climate ambition ***[Dlús a chur le huaillmhian aeráide na hEorpa*** |

ceaptha teasa (GCT) a laghdú 55 % ar a laghad faoi 2030 i gcomparáid le leibhéil 1990. Dá réir sin, tá gá le hionstraimí beartais comhlántacha éagsúla chun úsáid breoslaí in-athnuaite agus ísealcharbóin a tháirgtear go hinbhuanaithe a ***spreagadh***, lena n-áirítear a n-úsáid san earnáil muiriompair. ***Ní mór an teicneolaíocht*** is gá a ***fhorbairt*** agus a ***imscaradh*** faoi 2030 chun ullmhú ***le haghaidh athruithe a bheidh*** i bhfad níos ***mire*** ina dhiaidh sin.

***2030][2]***. Comhtháthaítear leis sin freisin an sprioc astaíochtaí gás ceaptha teasa (GCT) a laghdú 55 % ar a laghad faoi 2030 i gcomparáid le leibhéil 1990. Dá réir sin, tá gá le hionstraimí beartais comhlántacha éagsúla chun ***táirgeadh mórscála agus*** úsáid breoslaí in-athnuaite agus ísealcharbóin a tháirgtear go hinbhuanaithe a ***chur chun cinn agus a bhrostú***, lena n-áirítear a n-úsáid san earnáil muiriompair***, agus prionsabal na neodrachta teicneolaíche á urramú ag an am céanna***. ***Ba cheart tacú leis an bhforbairt teicneolaíochta agus le himscaradh na teicneolaíochta*** is gá a ***luaithe is féidir*** agus ***ní mór é sin*** a ***bheith*** faoi ***réir faoi*** 2030 chun ullmhú ***d'athrú*** i bhfad níos ***gasta*** ina dhiaidh sin. ***Tá sé ríthábhachtach freisin an nuálaíocht a chothú agus tacú le taighde don nuálaíocht atá ag teacht chun cinn agus don nuálaíocht a bheidh ann amach anseo amhail breoslaí malartacha atá ag teacht chun cinn, éicidhearthóireacht, ábhair bhithbhunaithe, tiomáint gaoithe agus tiomáint ghaothchuidithe.***

---

[19] COM(2020) 563 final

[20] COM(2020) 562 final

[19] COM(2020) 563 final

[20] COM(2020) 562 final

**Leasú 5**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(2 a) Is dócha go mbeidh ról idirthréimhseach ag GNL sa mhuiriompar, rud a fhágfaidh go mbeifear in ann aistriú de réir a chéile i dtreo roghanna malartacha astaíochtaí nialasacha, go háirithe i gcás nach bhfuil aon teicneolaíocht gléasra cumhachta astaíochtaí nialasacha atá inmharthana ó thaobh na heacnamaíochta de ar fáil faoi*** |

| | |
|---|---|
| | ***láthair. Tugtar le fios sa Teachtaireacht maidir leis an Straitéis um an tSoghluaisteacht Inbhuanaithe agus Chliste go mbeidh longa farraige astaíochtaí nialasacha réidh don mhargadh faoi 2030. Ba cheart cabhlaigh a thiontú de réir a chéile mar gheall ar shaolré fhada na long. Is gá breoslaí iompair, amhail GNL, a dhícharbónú a thuilleadh trí bhithmheatán leachtaithe (bith-GNL) nó leictribhreoslaí sintéisteacha gásacha atá in-athnuaite agus íseal ó thaobh carbóin de (leictreaghás) a chumasc leo.*** |

**Leasú 6**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (3) I gcomhthéacs breosla a aistriú chuig breoslaí in-athnuaite agus ísealcharbóin agus foinsí ionadacha fuinnimh, tá sé ***riachtanach*** feidhmiú ceart mhargadh muiriompair an Aontais maidir le breoslaí muirí a áirithiú, chomh maith le hiomaíochas cothrom sa mhargadh a áirithiú, breoslaí ar sciar substaintiúil de chostais na n-oibreoirí loinge iad. Is féidir tionchar mór a bheith ag difríochtaí i riachtanais bhreosla ar fud Bhallstáit an Aontais ar fheidhmiú eacnamaíoch oibreoirí loinge agus is féidir tionchar diúltach a bheith ag na difríochtaí sin ar iomaíochas sa mhargadh. De thairbhe nádúr idirnáisiúnta na loingseoireachta, is féidir le hoibreoirí loinge umar a lastáil i dtríú tíortha go furasta agus méideanna móra breosla a iompar. D'fhéadfadh sceitheadh carbóin agus éifeachtaí díobhálacha ar iomaíochas na hearnála a bheith mar thoradh air sin, más rud é nach bhfuil infhaighteacht breoslaí in-athnuaite agus ísealcharbóin ag calafoirt mhuirí faoi dhlínse Ballstáit ag gabháil le ceanglais maidir lena n-úsáid a bhfuil feidhm acu | (3) I gcomhthéacs breosla a aistriú chuig breoslaí in-athnuaite agus ísealcharbóin agus foinsí ionadacha fuinnimh, tá sé ***bunriachtanach*** feidhmiú ceart mhargadh muiriompair an Aontais maidir le breoslaí muirí a áirithiú, chomh maith le hiomaíochas cothrom sa mhargadh a áirithiú, breoslaí ar sciar substaintiúil de chostais na n-oibreoirí loinge iad ***- go hiondúil idir 35 % agus 53 % de na rátaí lasta loingseoireachta***. ***Dá bhrí sin, ní mór do bhearta beartais a bheith costéifeachtach agus ní mór iad a bheith dírithe ar an dícharbónú*** is ***mó is*** féidir ***a ghiniúint ar an gcostas is ísle is féidir. Is féidir*** tionchar mór a bheith ag difríochtaí i riachtanais bhreosla ar fud Bhallstáit an Aontais ar fheidhmiú eacnamaíoch oibreoirí loinge agus is féidir tionchar diúltach a bheith ag na difríochtaí sin ar iomaíochas sa mhargadh. De thairbhe nádúr idirnáisiúnta na loingseoireachta, is féidir le hoibreoirí loinge umar a lastáil i dtríú tíortha go furasta agus méideanna móra breosla a iompar***, rud a d'fhéadfadh cur leis an mbaol go gcaillfeadh calafoirt*** |

maidir le gach oibreoir loinge a thagann isteach i gcalafoirt faoi dhlínse na mBallstát nó a imíonn astu. Leis an Rialachán seo, ba cheart bearta a leagan síos chun a áirithiú go rachaidh breoslaí in-athnuaite ísealcharbóin i bhfód ar mhargadh na mbreoslaí muirí faoi dhálaí cóiriomaíochta i margadh muiriompair an Aontais.

***an Aontais vis-à-vis calafoirt nach calafoirt de chuid an Aontais iad a n-iomaíochas***. D'fhéadfadh sceitheadh carbóin***, sceitheadh gnó*** agus éifeachtaí díobhálacha ar iomaíochas na hearnála a bheith mar thoradh air sin, más rud é nach bhfuil infhaighteacht breoslaí in-athnuaite agus ísealcharbóin ag calafoirt mhuirí faoi dhlínse Ballstáit ag gabháil le ceanglais maidir lena n-úsáid a bhfuil feidhm acu maidir le gach oibreoir loinge a thagann isteach i gcalafoirt faoi dhlínse na mBallstát nó a imíonn astu. Leis an Rialachán seo, ba cheart bearta a leagan síos chun a áirithiú go rachaidh breoslaí in-athnuaite ***agus*** ísealcharbóin i bhfód ar mhargadh na mbreoslaí muirí faoi dhálaí cóiriomaíochta i margadh muiriompair an Aontais***, rud a d'fhágfadh rogha costais laghdaithe níos ísle ag oibreoirí loingseoireachta***. ***Tá sé ríthábhachtach go mbeadh rogha den sórt sin ar fáil chun iomaíochas thionscail loingseoireachta na hEorpa agus ábharthacht bealaí lóistíochta a nascann calafoirt Eorpacha leis an trádáil dhomhanda a ráthú.***

**Leasú 7**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 3 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(3 a) Tá dianiomaíocht idirnáisiúnta ina saintréith ag an earnáil mhuirí. Mar gheall ar dhifríochtaí móra idir ualaí rialála ar fud na mbratstát tá cleachtais nach bhfuil ag teastáil, amhail athrú brataí soithí, ag dul in olcas. Le sainghné dhomhanda na hearnála, leagtar béim ar a thábhachtaí atá cur chuige atá neodrach ó thaobh na brataí de agus timpeallacht rialála fhabhrach, atá ina réamhchoinníoll chun infheistíocht nua a mhealladh agus iomaíochas calafort, úinéirí long agus oibreoirí long na*** |

***hEorpa a choimirciú.***

**Leasú 8**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (4) Chun tionchar a bheith aige ar ghníomhaíochtaí uile na hearnála muiriompair, is iomchuí go gcumhdaítear leis an Rialachán seo sciar de na haistir idir calafort faoi dhlínse Ballstáit agus calafort faoi dhlínse tríú tíre. Dá réir sin, ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo maidir le leath den fhuinneamh a úsáideann long atá ag tabhairt faoi aistir a thagann isteach i gcalafort faoi dhlínse Ballstáit ó chalafort lasmuigh de dhlínse Ballstáit, maidir le leath den fhuinneamh a úsáideann long atá ag tabhairt faoi aistir a imíonn ó chalafort faoi dhlínse Ballstáit agus a thagann isteach i calafort lasmuigh de dhlínse Ballstáit, maidir leis an bhfuinneamh iomlán a úsáideann long atá ag tabhairt faoi aistir a thagann isteach i gcalafort faoi dhlínse Ballstáit ó chalafort faoi dhlínse Ballstáit, agus maidir leis an bhfuinneamh a úsáidtear i mbeart i gcalafort faoi dhlínse Ballstáit. Le cumhdach den sórt sin maidir le sciar den fhuinneamh a úsáideann long le linn aistir isteach agus amach idir an tAontas agus tríú tíortha, agus trí thionchar dearfach na creata sin ar an gcomhshaol a mhéadú freisin, áirithítear éifeachtacht an Rialacháin seo. ***An tráth céanna,*** leis an gcreat sin ***cuirtear*** teorainn leis an riosca maidir le cuairteanna seachanta ar chalafoirt agus leis an riosca maidir le dí-chomhchruinniú gníomhaíochtaí trasloingsithe lasmuigh den Aontas. Chun oibriú rianúil tráchta muiriompair chomh maith le cothrom na Féinne i measc oibreoirí muiriompair agus i measc calafort a áirithiú, agus chun saobhadh ar an margadh inmheánach a sheachaint, ba cheart gach muiraistear a thagann isteach i | (4) Chun tionchar a bheith aige ar ghníomhaíochtaí uile na hearnála muiriompair, is iomchuí go gcumhdaítear leis an Rialachán seo sciar de na haistir idir calafort faoi dhlínse Ballstáit agus calafort faoi dhlínse tríú tíre. Dá réir sin, ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo maidir le leath den fhuinneamh a úsáideann long atá ag tabhairt faoi aistir a thagann isteach i gcalafort faoi dhlínse Ballstáit ó chalafort lasmuigh de dhlínse Ballstáit, maidir le leath den fhuinneamh a úsáideann long atá ag tabhairt faoi aistir a imíonn ó chalafort faoi dhlínse Ballstáit agus a thagann isteach i calafort lasmuigh de dhlínse Ballstáit, maidir leis an bhfuinneamh iomlán a úsáideann long atá ag tabhairt faoi aistir a thagann isteach i gcalafort faoi dhlínse Ballstáit ó chalafort faoi dhlínse Ballstáit, agus maidir leis an bhfuinneamh a úsáidtear i mbeart i gcalafort faoi dhlínse Ballstáit. Le cumhdach den sórt sin maidir le sciar den fhuinneamh a úsáideann long le linn aistir isteach agus amach idir an tAontas agus tríú tíortha, agus trí thionchar dearfach na creata sin ar an gcomhshaol a mhéadú freisin, áirithítear éifeachtacht an Rialacháin seo. Leis an gcreat sin***, ba cheart*** teorainn ***a chur*** leis an riosca maidir le cuairteanna seachanta ar chalafoirt agus leis an riosca maidir le dí-chomhchruinniú gníomhaíochtaí trasloingsithe lasmuigh den Aontas. Chun oibriú rianúil tráchta muiriompair chomh maith le cothrom na Féinne i measc oibreoirí muiriompair agus i measc calafort a áirithiú, agus chun saobhadh ar an margadh inmheánach a sheachaint, ba cheart gach muiraistear a thagann isteach i gcalafoirt faoi dhlínse na |

| | |
|---|---|
| gcalafoirt faoi dhlínse na mBallstát nó a imíonn astu, chomh maith le fanacht na long sna calafoirt sin, a chumhdach faoi rialacha comhionanna atá sa Rialachán seo. | mBallstát nó a imíonn astu, chomh maith le fanacht na long sna calafoirt sin, a chumhdach faoi rialacha comhionanna atá sa Rialachán seo. ***Ba cheart don Choimisiún scéim faireacháin a bhunú go sonrach chun measúnú a dhéanamh ar sceitheadh carbóin agus sceitheadh gnó, chomh maith le cleachtais a bhféadfadh cleachtais seachanta a bheith iontu, agus liosta a dhréachtú de ghníomhaíochtaí gnó a d'fhéadfadh a bheith ann nach dtagann faoi ghníomhaíochtaí suntasacha gnó a dhéantar ag cuairteanna ar chalafoirt chomharsanacha de chuid AE. Agus é sin á dhéanamh aige, má thuairiscítear sceitheadh carbóin agus sceitheadh gnó suntasach chomh maith le cleachtais seachanta, ba cheart don Choimisiún bearta a mholadh chun dul i ngleic leis na saincheisteanna sin.*** |

**Leasú 9**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 4 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(4 a) Ós rud é go bhforchuirfear leis an Rialachán seo costais bhreise chomhlíontachta ar an earnáil, is gá gníomhaíochtaí cúiteacha a dhéanamh chun cosc a chur ar mhéadú ar leibhéal iomlán an ualaigh rialála. Dá bhrí sin, sula gcuirfear an Rialachán seo i bhfeidhm, ba cheart don Choimisiún tograí a thíolacadh chun na hualaí rialála a thugtar isteach leis an Rialachán seo a fhritháireamh, trí fhorálacha i ngníomhartha reachtacha eile de chuid an Aontais lena ngintear ualaí rialála san earnáil mhuirí a leasú nó a aisghairm.*** |

**Leasú 10**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 4 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(4 b) Chun an méid cinnteachta dlíthiúla agus infheistíochta is gá a áirithiú, ba cheart an Rialachán seo a ailíniú go dlúth agus i gcomhréir le Rialachán XXXX-XXX (an Rialachán maidir le Bonneagar Breoslaí Malartacha), le Treoir 2003/87/CE (CTA AE), le Treoir XXXX-XXX (an Treoir maidir le Fuinneamh In-athnuaite), agus le Treoir 2003/96/CE (an Treoir maidir le Cánachas Fuinnimh). Ba cheart creat reachtach comhleanúnach a bheith mar thoradh ar ailíniú den sórt sin d'earnáil na loingseoireachta, lena rannchuidítear le táirgeadh breoslaí malartacha inbhuanaithe a mhéadú go suntasach, lena n-áirithítear imscaradh an bhonneagair is gá agus lena ndreasaítear úsáid na mbreoslaí sin i sciar soithí atá ag fás go seasta. Chun comhsheasmhacht fhoriomlán le spriocanna aeráide, iomaíochais agus 'fáis eacnamaíoch inbhuanaithe' an Aontais a áirithiú, ba cheart meastóireacht chuimsitheach leanúnach a dhéanamh ar thionchair uileghabhálacha, chomhcheangailte agus charnacha aeráide agus eacnamaíocha na ngníomhartha reachtacha sin.*** |

**Leasú 11**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 4 c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(4 c) Ba cheart an oibleagáid atá ar chalafoirt soláthar cumhachta ar tír a sholáthar a mheaitseáil le hoibleagáid chomhfhreagrach do longa nascadh leis an mbonneagar luchtaithe atá deartha chun an soláthar cumhachta sin a sholáthar agus iad i mbeart, chun*** |

***éifeachtacht an bhonneagair sin a áirithiú agus an riosca go mbeadh sócmhainní tréigthe ann a sheachaint. Ina theannta sin, ba cheart iarrachtaí a dhéanamh na costais a bhaineann le luchtú ar tír a laghdú trí leictreachas a sholáthraítear do shoithí i gcalafort a dhíolmhú go buan ó chánachas trí leasuithe ar Threoir XXXX-XXXX (an Treoir maidir le Cánachas Fuinnimh).***

**Leasú 12**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 5 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(5 a) De dheasca na gcostas loingseoireachta méadaithe a bheidh ar na soithí nach gcomhlíonann ceanglais an Rialacháin seo, ba cheart aghaidh a thabhairt ar an riosca go mbeadh iompar imghabhála ann agus go rachfaí timpeall ar fhorálacha an Rialacháin seo, go háirithe i ndeighleog na trádála a úsáideann longa coimeádáin. Maidir le cuairteanna ar chalafoirt i gcomharsanacht an Aontais a dhéanfaí chun na costais a bhaineann le comhlíonadh an Rialacháin seo a theorannú, ní hamháin go laghdódh na cuairteanna sin na tairbhí don chomhshaol a bhfuiltear ag súil leo agus go mbainfeadh siad an bonn go mór ó chuspóirí an Rialacháin seo, ach d'fhéadfadh sé go dtiocfadh astaíochtaí breise astu mar gheall ar an achar breise a thaistealófaí chun cur i bhfeidhm an Rialacháin seo a sheachaint. Is iomchuí, dá bhrí sin, stadanna áirithe ag calafoirt nach calafoirt de chuid an Aontais iad a eisiamh ó choincheap an chalafoirt cuarda. Ba cheart go ndíreofaí leis an eisiamh sin ar chalafoirt i gcomharsanacht an Aontais ina bhfuil an baol imghabhála is mó ann. Is freagairt chomhréireach ar an riosca sin é teorainn*** |

***300 mhuirmhíle a bhunú, a thabharfaidh cothromaíocht idir an t-ualach breise agus an riosca imghabhála. Ina theannta sin, níor cheart an t-eisiamh ó choincheap an chalafoirt cuarda a spriocdhíriú ach ar longa coimeádán agus calafoirt arb é trasloingsiú coimeádán a bpríomhghníomhaíocht. I gcás na lastas sin, cuimsítear sa riosca imghabhála freisin go n-aistreofaí mol calafoirt chuig calafoirt lasmuigh den Aontas, rud a ghéaródh éifeachtaí na himghabhála. Ar an ábhar sin, agus in éagmais scéim shainordaitheach IMO maidir le breoslaí in-athnuaite agus ísealcharbóin a úsáid le haghaidh muiraistir idirnáisiúnta ar an leibhéal domhanda ag a bhfuil leibhéal uaillmhéine atá comhchosúil le leibhéal uaillmhéine na gceanglas a leagtar amach sa Rialachán seo, níor cheart stadanna coimeádán i gcalafort trasloingsithe coimeádán comharsanachta a mheas mar stadanna i gcalafoirt cuarda laistigh de bhrí an Rialacháin seo. D'fhonn a áirithiú go mbeidh an beart comhréireach leis na cuspóirí atá á saothrú agus go mbeidh cóir chomhionann mar thoradh air, ba cheart bearta i dtríú tíortha a bhfuil éifeacht acu atá coibhéiseach leis an Rialachán seo a chur san áireamh.***

**Leasú 13**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 5 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(5 b) Chun cás sonrach na réigiún oileánach, mar a chuirtear i dtreis in Airteagal 174 den Chonradh, agus an gá le nascacht a chaomhnú idir oileáin agus réigiúin fhorimeallacha le réigiúin láir an Aontais a chur san áireamh, ba cheart díolúintí sealadacha a cheadú i gcás muiraistir a dhéanann longa paisinéirí seachas longa cúrsála paisinéirí idir*** |

***calafort cuarda atá faoi dhlínse Ballstáit agus calafort cuarda atá faoi dhlínse an Bhallstáit chéanna atá suite in oileán ina bhfuil níos lú ná 100 000 buanchónaitheoirí.***

**Leasú 14**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 5 c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(5 c) Agus saintréithe na réigiún is forimeallaí den Aontas á gcur san áireamh, go háirithe a n-iargúltacht agus a n-oileánachas, agus na srianta a bhfuil siad faoina réir, ba cheart aird ar leith a thabhairt ar a n-inrochtaineacht a chaomhnú, agus ar an gcumas nascadh go héifeachtúil leo trí mheán an mhuiriompair. Dá bhrí sin, níor cheart ach leath den fhuinneamh a úsáidtear i gcás muiraistir a imíonn as nó a thagann chuig calafort cuarda atá suite i réigiún forimeallach a áireamh i raon feidhme an Rialacháin seo. Ar an gcúis chéanna, ba cheart díolúintí sealadacha a cheadú i gcás muiraistir idir calafort cuarda atá suite i réigiún forimeallach agus calafort cuarda eile atá suite i réigiún forimeallach, agus i gcás an fhuinnimh a úsáidtear le linn a bhfanachta laistigh de chalafoirt cuarda na réigiún forimeallach comhfhreagrach.*** |

**Leasú 15**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 5 d (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(5d) Chun cothrom iomaíochta a áirithiú do longa, lena n-áirítear iad siúd a thógtar le hoibriú in uiscí atá*** |

***cumhdaithe le hoighear ar a mbealach chuig calafoirt na mBallstát, ó chalafoirt na mBallstát nó eatarthu, ba cheart faisnéis shonrach a bhaineann le haicme oighir loinge, agus le loingseoireacht tríd an oighear, a mheas agus laghduithe ar astaíochtaí GCT á ríomh ar bhonn soithigh, agus sna sonraí a ndéantar faireachán agus tuairisciú orthu de bhun Rialachán (AE) 2015/757.***

**Leasú 16**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (6) Is í an chuideachta loingseoireachta ar cheart a bheith ina dhuine nó ina eagraíocht atá freagrach as comhlíonadh an Rialacháin seo, cuideachta a shainmhínítear mar úinéir na loinge nó aon eagraíocht nó duine eile, amhail an bainisteoir nó an cairtfhostóir forléasta, a bhfuil an fhreagracht glactha aige, ó úinéir na loinge, an long a oibriú, agus a bhfuil aontaithe aige, trí bhíthin an fhreagracht sin a ghlacadh, na dualgais agus na freagrachtaí uile a fhorchuirtear leis an gCód Idirnáisiúnta um Bainistíocht Sábháilteachta Long agus um Chosc ar Thruailliú a ghlacadh ar láimh. Tá an sainmhíniú sin bunaithe ar an sainmhíniú ar ‘cuideachta’ in Airteagal 3, pointe (d) de Rialachán (AE) 2015/757 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[21], agus i gcomhréir leis an gcóras domhanda bailithe sonraí a bhunaigh an Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta (IMO) in 2016. I gcomhréir leis an bprionsabal gurb é údar an truaillithe a íocfaidh as, d’fhéadfadh an chuideachta loingseoireachta, trí bhíthin socrú conarthach, an t-eintiteas atá freagrach go díreach as na cinntí a ghlacadh a bhfuil tionchar acu ar dhéine ghás ceaptha teasa an fhuinnimh a úsáideann an long a thabhairt chun cuntais | (6) Is í an chuideachta loingseoireachta ar cheart a bheith ina dhuine nó ina eagraíocht atá freagrach as comhlíonadh an Rialacháin seo, cuideachta a shainmhínítear mar úinéir na loinge nó aon eagraíocht nó duine eile, amhail an bainisteoir nó an cairtfhostóir forléasta, a bhfuil an fhreagracht glactha aige, ó úinéir na loinge, an long a oibriú, agus a bhfuil aontaithe aige, trí bhíthin an fhreagracht sin a ghlacadh, na dualgais agus na freagrachtaí uile a fhorchuirtear leis an gCód Idirnáisiúnta um Bainistíocht Sábháilteachta Long agus um Chosc ar Thruailliú a ghlacadh ar láimh. Tá an sainmhíniú sin bunaithe ar an sainmhíniú ar ‘cuideachta’ in Airteagal 3, pointe (d) de Rialachán (AE) 2015/757 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[21], agus i gcomhréir leis an gcóras domhanda bailithe sonraí a bhunaigh an Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta (IMO) in 2016. I gcomhréir leis an bprionsabal gurb é údar an truaillithe a íocfaidh as, d’fhéadfadh an chuideachta loingseoireachta, trí bhíthin socrú conarthach, an t-eintiteas atá freagrach go díreach as na cinntí a ghlacadh a bhfuil tionchar acu ar dhéine ghás ceaptha teasa an fhuinnimh a úsáideann an long a thabhairt chun cuntais |

| | |
|---|---|
| as na costais chomhlíontachta faoin Rialachán seo. De ghnáth, is é sin an t-eintiteas atá freagrach as breosla, bealach agus luas na loinge a roghnú. | as na costais chomhlíontachta faoin Rialachán seo. De ghnáth, is é sin an t-eintiteas atá freagrach as breosla, bealach agus luas na loinge a roghnú. |
| [21] Rialachán (AE) 2015/757 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2015 maidir le faireachán, tuairisciú agus fíorú a dhéanamh ar astaíochtaí dé-ocsaíde carbóin ó mhuiriompar, agus lena leasaítear Treoir 2009/16/CE (IO L 123, 19.5.2015, lch. 55). | [21] Rialachán (AE) 2015/757 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2015 maidir le faireachán, tuairisciú agus fíorú a dhéanamh ar astaíochtaí dé-ocsaíde carbóin ó mhuiriompar, agus lena leasaítear Treoir 2009/16/CE (IO L 123, 19.5.2015, lch. 55). |

**Leasú 17**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 7**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (7) Chun an t-ualach riaracháin a theorannú, go háirithe ualach riaracháin oibreoirí beaga, níor cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo maidir le longa adhmaid de thógáil bhunúsach ***ná longa nach dtiomáintear le fearas meicniúil,*** agus ba cheart díriú ar longa a bhfuil olltonnáiste os cionn 5 000 acu. D’ainneoin nach bhfuil sna longa deireanacha sin ach thart ar 55 % de na longa uile a thagann isteach i gcalafoirt faoi Rialachán (AE) 2015/757 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, is iadsan is cúis le 90 % d’astaíochtaí dé-ocsaíde carbóin ($CO_2$) ón earnáil muirí. | (7) Chun an t-ualach riaracháin a theorannú, go háirithe ualach riaracháin oibreoirí beaga, níor cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo maidir le longa adhmaid de thógáil bhunúsach agus ba cheart díriú ar longa a bhfuil olltonnáiste os cionn 5 000 acu. D’ainneoin nach bhfuil sna longa deireanacha sin ach thart ar 55 % de na longa uile a thagann isteach i gcalafoirt faoi Rialachán (AE) 2015/757 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, is iadsan is cúis le 90 % d’astaíochtaí dé-ocsaíde carbóin ($CO_2$) ón earnáil muirí. |

**Leasú 18**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 7 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(7 a) Chun éifeachtacht leanúnach an*** |

| | |
|---|---|
| | ***Rialacháin seo a áirithiú, ba cheart don Choimisiún faireachán a dhéanamh ar a fheidhmiú, agus measúnuithe tionchair a dhéanamh i ndáil leis an tairseach olltonnáiste agus leis na cineálacha long a chumhdaítear leis an Rialachán seo. Ba cheart don Choimisiún a chinneadh, go háirithe, an bhfuil cúiseanna suntasacha ann chun longa níos lú agus cineálacha breise long a chuimsiú faoi raon feidhme an Rialacháin seo. Ba cheart don Choimisiún, go háirithe, breithnithe a chur san áireamh amhail infhaighteacht sonraí ábhartha, an laghdú a d'fhéadfadh a bheith ar astaíochtaí GCT agus an éifeachtacht a bhainfeadh leis an raon feidhme a leathnú ó thaobh tionchar ar an aeráid, scála an ualaigh riaracháin, chomh maith leis na hiarmhairtí airgeadais agus sóisialta a bhaineann leis.*** |

**Leasú 19**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 9**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (9) Cé go gcuirtear feabhsuithe ar éifeachtúlacht fuinnimh chun cinn le hionstraimí amhail praghsáil carbóin nó spriocanna i ndáil le déine carbóin gníomhaíochta, níl siad oiriúnach chun athrú mór a spreagadh i dtreo breoslaí in-athnuaite agus ísealcharbóin sa ghearrthéarma ná sa mheántéarma. Dá bhrí sin, tá gá le cur chuige rialála sonrach atá tiomnaithe d'imscaradh breoslaí muirí in-athnuaite agus ísealcharbóin agus foinsí ionadacha fuinnimh, amhail an ghaoth nó leictreachas. | (9) Cé go gcuirtear feabhsuithe ar éifeachtúlacht fuinnimh chun cinn le hionstraimí amhail praghsáil carbóin nó spriocanna i ndáil le déine carbóin gníomhaíochta, níl siad oiriúnach chun athrú mór a spreagadh i dtreo breoslaí in-athnuaite agus ísealcharbóin sa ghearrthéarma ná sa mheántéarma. Dá bhrí sin, tá gá le cur chuige rialála sonrach atá tiomnaithe d'imscaradh breoslaí muirí in-athnuaite agus ísealcharbóin agus foinsí ionadacha fuinnimh, amhail an ghaoth nó leictreachas. ***Ba cheart an cur chuige sin a chur chun feidhme ar bhealach atá bunaithe ar spriocanna, neodrach ó thaobh na teicneolaíochta de agus costéifeachtach.*** |

**Leasú 20**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 10**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (10) Maidir le hidirghabháil bheartais chun éileamh ar bhreoslaí muirí in-athnuaite agus ísealcharbóin a spreagadh, ba cheart í a bheith sprioc-bhunaithe agus ba cheart go ndéanfaí prionsabal na neodrachta teicneolaíche a urramú léi. Dá réir sin, ba cheart teorainneacha a leagan amach ar dhéine gás ceaptha teasa an fhuinnimh a úsáidtear ar bord long gan úsáid aon bhreosla nó teicneolaíochta ar leith a fhorordú. | (10) Maidir le hidirghabháil bheartais chun éileamh ar bhreoslaí muirí in-athnuaite agus ísealcharbóin a spreagadh, ba cheart í a bheith sprioc-bhunaithe agus ba cheart go ndéanfaí prionsabal na neodrachta teicneolaíche a urramú léi. Dá réir sin, ***i gcomhréir le spriocanna Chomhaontú Pháras,*** ba cheart teorainneacha ***uaillmhianacha*** a leagan amach ar dhéine gás ceaptha teasa an fhuinnimh a úsáidtear ar bord long gan úsáid aon bhreosla nó teicneolaíochta ar leith a fhorordú. |

**Leasú 21**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 10 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(10 a) Ba cheart Ciste Aigéin tiomnaithe a bhunú, lena ndéanfaí ioncam a ghintear ó lamháltais mhuirí a chur ar ceant laistigh de CTA a chur ar ais chuig an earnáil mhuirí. Ba cheart cistí a sholáthraítear faoin gCiste Aigéin a úsáid chun tacú le tionscadail agus le hinfheistíochtaí a bhaineann le feabhas a chur ar éifeachtúlacht fuinnimh long agus calafort, le teicneolaíochtaí nuálacha agus le bonneagar nuálach chun dícharbónú a dhéanamh ar mhuiriompar, le breoslaí malartacha inbhuanaithe a tháirgeadh agus a úsáid agus le teicneolaíochtaí tiomána astaíochtaí nialasacha a fhorbairt.*** |

**Leasú 22**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 11**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (11) Maidir le breoslaí in-athnuaite agus ísealcharbóin a bhfuil ardacmhainneacht inbhuanaitheachta, aibíocht tráchtála agus ardacmhainneacht nuálaíochta agus fáis chun freastal ar na riachtanais a bheidh ann amach anseo ag gabháil leo, ba cheart forbairt agus imscaradh na mbreoslaí sin a chur chun cinn. Leis sin, tacófar le margaí breosla nuálacha agus iomaíocha a chruthú agus le soláthar leordhóthanach breoslaí muirí inbhuanaithe a áirithiú sa ghearrthéarma agus san fhadtéarma chun rannchuidiú le huaillmhianta dícharbónaithe iompair an Aontais, agus san am céanna iarrachtaí an Aontais i leith ardleibhéal cosanta comhshaoil a neartú. Chun na críche sin, ba cheart breoslaí muirí inbhuanaithe arna dtáirgeadh ó na bunábhair a liostaítear i gCodanna A agus B d'Iarscríbhinn IX a ghabhann le Treoir (AE) 2018/2001, chomh maith le breoslaí muirí sintéiseacha, a bheith incháilithe. Go háirithe, tá na breoslaí muirí inbhuanaithe arna dtáirgeadh ó na bunábhair a liostaítear i gCuid B d'Iarscríbhinn IX a ghabhann le Treoir (AE) 2018/2001 fíor-riachtanach, toisc gurb í an teicneolaíocht ar a bhfuil siad bunaithe is aibí í ó thaobh tráchtála de faoi láthair agus go bhféadfaí an muiriompar a dhícharbónú leo sa ghearrthéarma. | (11) Maidir le breoslaí in-athnuaite agus ísealcharbóin ***agus teicneolaíochtaí tiomána*** a bhfuil ardacmhainneacht inbhuanaitheachta, aibíocht tráchtála agus ardacmhainneacht nuálaíochta agus fáis chun freastal ar na riachtanais a bheidh ann amach anseo ag gabháil leo, ba cheart forbairt agus imscaradh na mbreoslaí sin a chur chun cinn. Leis sin, tacófar le margaí breosla nuálacha agus iomaíocha a chruthú agus le soláthar leordhóthanach breoslaí muirí inbhuanaithe a áirithiú sa ghearrthéarma agus san fhadtéarma chun rannchuidiú le huaillmhianta dícharbónaithe iompair an Aontais, agus san am céanna iarrachtaí an Aontais i leith ardleibhéal cosanta comhshaoil a neartú. Chun na críche sin, ba cheart breoslaí muirí inbhuanaithe arna dtáirgeadh ó na bunábhair a liostaítear i gCodanna A agus B d'Iarscríbhinn IX a ghabhann le Treoir (AE) 2018/2001, chomh maith le breoslaí muirí sintéiseacha, a bheith incháilithe. Go háirithe, tá na breoslaí muirí inbhuanaithe arna dtáirgeadh ó na bunábhair a liostaítear i gCuid B d'Iarscríbhinn IX a ghabhann le Treoir (AE) 2018/2001 fíor-riachtanach, toisc gurb í an teicneolaíocht ar a bhfuil siad bunaithe is aibí í ó thaobh tráchtála de faoi láthair agus go bhféadfaí an muiriompar a dhícharbónú leo sa ghearrthéarma. |

**Leasú 23**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 11 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(11 a) Chun forbairt agus imscaradh luath na dteicneolaíochtaí breosla is inbhuanaithe agus is nuálaí ar an margadh a spreagadh, ar teicneolaíochtaí iad a bhfuil acmhainneacht fáis acu freastal ar riachtanais a bheidh ann amach anseo, tá gá le dreasacht thiomnaithe le haghaidh breoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamh-bhitheolaíoch (RFNBO). Tá acmhainneacht mhór ag an ngrúpa breoslaí sin fuinneamh in-athnuaite a thabhairt isteach i meascán breosla an umair mhuirí. I bhfianaise costais táirgthe i bhfad níos airde do RFNBOnna sa ghearrthéarma agus sa mheántéarma, tá sé tábhachtach méid áirithe éilimh a áirithiú a thacaíonn le hinfheistíocht i ngrúpaí breoslaí den sórt sin. Leis an Rialachán seo, tugtar isteach meascán beart chun tacaíocht a áirithiú do ghlacadh RNFBOnna inbhuanaithe. Áirítear orthu sin (a) iolraitheoir go dtí 2035 chun luach saothair a thabhairt do chuideachtaí a chinneann na breoslaí sin a roghnú in ainneoin praghas réasúnta ard a bheith orthu, agus (b) sciar íosta seasta de RNFBOnna i meascán fuinnimh breoslaí ó 2030 ar aghaidh. Chun comhlíonadh sciar íosta RNFBOnna a éascú, ba cheart feidhm a bheith ag bearta solúbthachta de réir Airteagal 17 agus Airteagal 18 den Rialachán seo. Is féidir le cuideachtaí, trí bhíthin socruithe conarthacha, na soláthróirí breosla a choimeád cuntasach as na costais chomhlíonta faoin Rialachán seo, mura ndéantar RNFBOnna a sheachadadh de réir coinníollacha comhaontaithe.*** |

**Leasú 24**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 13**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (13) Mar sin féin, ní mór an cur chuige sin a bheith níos doichte san earnáil muiriompair. Faoi láthair, tá leibhéil neamhshuntasacha éilimh ar bhithbhreoslaí, ar bhithleachtanna agus ar bhreoslaí bithmhaise a dhíorthaítear ó bharra bia agus beatha san earnáil muiriompair toisc gur de bhunadh iontaise níos mó ná 99 % de na breoslaí muirí atá á n-úsáid faoi láthair. Dá bhrí sin, le neamh-incháilitheacht na mbreoslaí a dhíorthaítear ó bharra bia agus beatha faoin Rialachán seo, íoslaghdaítear freisin aon riosca maidir le moill a chur le dícharbónú na hearnála iompair, rud a d'fhéadfadh eascairt, murach sin, as aistriú bithbhreoslaí a dhíorthaítear ó bharra ón earnáil bóithre chuig an earnáil mhuirí. Ós rud é go leanann an t-iompar de bhóthar go fóill de bheith ar an earnáil iompair is mó truaillithe ar fad agus go n-úsáidtear breoslaí de bhunadh iontaise den chuid is mó sa mhuiriompar faoi láthair, tá sé fíor-riachtanach ***an t-aistriú*** sin a íoslaghdú. Dá bhrí sin, is iomchuí cruthú éilimh ar bhithbhreoslaí ***ó bharra bia agus beatha***, ar bhithleachtanna agus ar bhreoslaí bithmhaise a sheachaint, éileamh a d'fhéadfadh a bheith mór trína n-úsáid a chur chun cinn faoin Rialachán seo. Dá réir sin, leis na hastaíochtaí gás ceaptha teasa breise agus le cailliúint na bithéagsúlachta arb é gach cineál bithbhreosla a dhíorthaítear ó bharra bia agus beatha is cúis leo, ní mór a mheas gur breoslaí iad sin lena mbaineann na fachtóirí astaíochta céanna leis an gconair is mífhabhraí. | (13) Mar sin féin, ní mór an cur chuige sin a bheith níos doichte san earnáil muiriompair. Faoi láthair, tá leibhéil neamhshuntasacha éilimh ar bhithbhreoslaí, ar bhithleachtanna agus ar bhreoslaí bithmhaise a dhíorthaítear ó bharra bia agus beatha san earnáil muiriompair toisc gur de bhunadh iontaise níos mó ná 99 % de na breoslaí muirí atá á n-úsáid faoi láthair. Dá bhrí sin, le neamh-incháilitheacht na mbreoslaí a dhíorthaítear ó bharra bia agus beatha faoin Rialachán seo, íoslaghdaítear freisin aon riosca maidir le moill a chur le dícharbónú na hearnála iompair, rud a d'fhéadfadh eascairt, murach sin, as aistriú bithbhreoslaí a dhíorthaítear ó bharra ón earnáil bóithre chuig an earnáil mhuirí. Ós rud é go leanann an t-iompar de bhóthar go fóill de bheith ar an earnáil iompair is mó truaillithe ar fad agus go n-úsáidtear breoslaí de bhunadh iontaise den chuid is mó sa mhuiriompar faoi láthair, tá sé fíor-riachtanach ***aistriú den sórt*** sin a íoslaghdú. Dá bhrí sin, is iomchuí cruthú éilimh ar bhithbhreoslaí, ar bhithleachtanna agus ar bhreoslaí bithmhaise a ***dhíorthaítear ó bharra bia agus beatha a*** sheachaint, éileamh a d'fhéadfadh a bheith mór trína n-úsáid a chur chun cinn faoin Rialachán seo. Dá réir sin, leis na hastaíochtaí gás ceaptha teasa breise agus le cailliúint na bithéagsúlachta arb é gach cineál bithbhreosla a dhíorthaítear ó bharra bia agus beatha is cúis leo, ní mór a mheas gur breoslaí iad sin lena mbaineann na fachtóirí astaíochta céanna leis an gconair is mífhabhraí. |

**Leasú 25**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 14**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (14) De thairbhe na n-agaí fada tionscanta a bhaineann le forbairt agus le himscaradh breoslaí agus ***réitigh*** fuinnimh nua le haghaidh an mhuiriompair, tá gá le gníomhaíocht ghasta agus le creat rialála fadtéarmach atá soiléir agus intuartha a bhunú lena n-éascófaí pleanáil agus infheistíocht ó na páirtithe leasmhara uile lena mbaineann. Le creat rialála fadtéarmach atá soiléir agus cobhsaí, éascófar forbairt agus úsáid breoslaí agus ***réitigh*** fuinnimh nua le haghaidh an mhuiriompair agus spreagfar infheistíocht ó pháirtithe leasmhara. Le creat mar sin, ba cheart teorainneacha a shainiú le haghaidh dhéine astaíochtaí gás ceaptha teasa an fhuinnimh a úsáidtear ar bord long go dtí 2050. Ba cheart na teorainneacha sin éirí níos uaillmhianaí le himeacht ama chun an fhorbairt theicneolaíoch agus an méadú ar tháirgeadh breoslaí muirí in-athnuaite agus ísealcharbóin a bhfuil coinne leo a léiriú. | (14) De thairbhe na n-agaí fada tionscanta a bhaineann le forbairt agus le himscaradh breoslaí agus ***réiteach*** fuinnimh nua le haghaidh an mhuiriompair, ***chomh maith le meántréimhse idir 25 agus 30 bliain a bheith i saolré fhadthréimseach long go hiondúil,*** tá gá le gníomhaíocht ghasta agus le creat rialála fadtéarmach atá soiléir agus intuartha a bhunú lena n-éascófaí pleanáil agus infheistíocht ó na páirtithe leasmhara uile lena mbaineann. Le creat rialála fadtéarmach atá soiléir agus cobhsaí, éascófar forbairt agus úsáid breoslaí agus ***réiteach*** fuinnimh nua le haghaidh an mhuiriompair agus spreagfar infheistíocht ó pháirtithe leasmhara. Le creat mar sin, ba cheart teorainneacha a shainiú le haghaidh dhéine astaíochtaí gás ceaptha teasa an fhuinnimh a úsáidtear ar bord long***, le linn loingseoireachta agus i mbeart araon,*** go dtí 2050. Ba cheart na teorainneacha sin éirí níos uaillmhianaí le himeacht ama chun an fhorbairt theicneolaíoch agus an méadú ar tháirgeadh breoslaí muirí in-athnuaite agus ísealcharbóin a bhfuil coinne leo a léiriú. ***Chun deimhneacht dhlíthiúil a áirithiú agus chun dóthain ama a thabhairt don earnáil chun sócmhainní fadtéarmacha a phleanáil agus a ullmhú, chomh maith leis an mbaol go mbeadh sócmhainní tréigthe ann a sheachaint, ba cheart teorainn ó thaobh raon feidhme de a chur le haon tograí amach anseo i leith leasú a dhéanamh ar an Rialachán agus ba cheart athruithe suntasacha ar na ceanglais a sheachaint.*** |

**Leasú 26**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 15**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (15) Leis an Rialachán seo, ba cheart an mhodheolaíocht agus an fhoirmle a bhunú ar cheart feidhm a bheith acu maidir le meándéine bhliantúil astaíochtaí gás ceaptha teasa an fhuinnimh a úsáidtear ar bord loinge a ríomh. Ba cheart an fhoirmle sin a bheith bunaithe ar an ídiú breosla arna thuairisciú ag longa agus ba cheart fachtóirí astaíochta ábhartha na mbreoslaí sin a mheas léi. Ba cheart úsáid foinsí ionadacha fuinnimh, amhail ***an ghaoth*** nó leictreachas, a léiriú sa mhodheolaíocht freisin. | (15) Leis an Rialachán seo, ba cheart an mhodheolaíocht agus an fhoirmle a bhunú ar cheart feidhm a bheith acu maidir le meándéine bhliantúil astaíochtaí gás ceaptha teasa an fhuinnimh a úsáidtear ar bord loinge a ríomh. Ba cheart an fhoirmle sin a bheith bunaithe ar an ídiú breosla arna thuairisciú ag longa agus ba cheart fachtóirí astaíochta ábhartha na mbreoslaí sin a mheas léi. Ba cheart úsáid foinsí ionadacha fuinnimh, amhail ***cumhacht ghaoithe*** nó ***grianchumhacht, a ghintear ar bord, nó*** leictreachas ***a sholáthraítear i mbeart***, a léiriú sa mhodheolaíocht freisin. |

**Leasú 27**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 16**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (16) Chun léargas níos iomláine a thabhairt ar fheidhmíocht chomhshaoil na bhfoinsí fuinnimh éagsúla, ba cheart feidhmíocht GCT breoslaí a mheas ar bhonn tobair-go-marbhshruth, agus tionchair an táirgthe fuinnimh, an iompair, an dáilte agus na húsáide ar bord á gcur san áireamh. Dhéanfaí sin chun conairí teicneolaíochta agus táirgthe a dhreasachtú lena soláthrófaí lorg GCT níos ísle agus fíorthairbhí ag baint leo i gcomparáid leis na breoslaí traidisiúnta atá ann faoi láthair. | (16) Chun léargas níos iomláine a thabhairt ar fheidhmíocht chomhshaoil na bhfoinsí fuinnimh éagsúla, ba cheart feidhmíocht GCT breoslaí a mheas ar bhonn tobair-go-marbhshruth, agus tionchair an táirgthe fuinnimh, an iompair, an dáilte agus na húsáide ar bord á gcur san áireamh***, agus aird á tabhairt ar loirg na gcéimeanna éagsúla de shaolré an bhreosla***. Dhéanfaí sin chun conairí teicneolaíochta agus táirgthe a dhreasachtú lena soláthrófaí lorg GCT níos ísle agus fíorthairbhí ag baint leo i gcomparáid leis na breoslaí traidisiúnta atá ann faoi láthair. |

**Leasú 28**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 17**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (17) Ba cheart feidhmíocht tobair-go-marbhshruth na mbreoslaí muirí ***in-athnuaite agus ísealcharbóin*** a bhunú agus úsáid á baint as fachtóirí astaíochta réamhshocraithe nó fachtóirí astaíochta iarbhír deimhnithe lena gcumhdaítear astaíochtaí tobair-go-humar agus astaíochtaí umair-go-marbhshruth. ***Mar sin féin, níor cheart feidhmíocht breoslaí iontaise a mheas ach amháin trí fachtóirí astaíochta réamhshocraithe a úsáid dá bhforáiltear leis an Rialachán seo.*** | (17) Ba cheart feidhmíocht tobair-go-marbhshruth na mbreoslaí muirí a bhunú agus úsáid á baint as fachtóirí astaíochta réamhshocraithe nó fachtóirí astaíochta iarbhír deimhnithe lena gcumhdaítear astaíochtaí tobair-go-humar agus astaíochtaí umair-go-marbhshruth. |

**Leasú 29**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 21**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (21) Le húsáid soláthair cumhachta ar tír (OPS), maolaítear truailliú aeir arna tháirgeadh ag longa agus laghdaítear an méid astaíochtaí GCT arna ghineadh ag an muiriompar. Is éard atá in OPS soláthar cumhachta atá ar fáil do longa i mbeart, cumhacht atá ag éirí níos glaine, i bhfianaise ***an sciar mhéadaithigh*** d'fhuinneamh in-athnuaite i meascán leictreachais an Aontais. Cé nach gcumhdaítear le Treoir 2014/94/AE (An Treoir maidir le Bonneagar Breoslaí Malartacha – AFID) ach an fhoráil maidir le pointí nasctha OPS, lean an t-éileamh ar an teicneolaíocht sin agus, dá thoradh sin, imscaradh na teicneolaíochta de bheith teoranta ***riamh. Dá bhrí sin***, ba cheart rialacha sonracha a bhunú chun úsáid OPS a shainordú i measc na long is mó truailliú. | (21) Le húsáid soláthair cumhachta ar tír (OPS), maolaítear truailliú aeir arna tháirgeadh ag longa ***i mbeart*** agus laghdaítear an méid astaíochtaí GCT arna ghineadh ag an muiriompar ***nuair a bhítear i mbeart***. Is éard atá in OPS soláthar cumhachta atá ar fáil do longa i mbeart, cumhacht atá ag éirí níos glaine, i bhfianaise ***na sciartha méadaitheacha*** d'fhuinneamh in-athnuaite ***agus d'fhoinsí fuinnimh saor ó iontaisí*** i meascán leictreachais an Aontais. Cé nach gcumhdaítear le Treoir 2014/94/AE (An Treoir maidir le Bonneagar Breoslaí Malartacha – AFID) ach an fhoráil maidir le pointí nasctha OPS, lean an t-éileamh ar an teicneolaíocht sin agus, dá thoradh sin, imscaradh na teicneolaíochta de bheith teoranta***. Chun a áirithiú go ndéanfar truailliú aeir a mhaolú agus longa i mbeart agus go mbeidh bonneagar OPS inmharthana ó thaobh na heacnamaíochta de agus go dtabharfaidh sé toradh ar infheistíocht***, ba cheart rialacha sonracha a bhunú chun úsáid OPS |

a shainordú i measc na long is mó truailliú ***i gcásanna ina laghdódh an úsáid sin astaíochtaí go héifeachtach ar chostas réasúnta***.

**Leasú 30**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 22**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (22) Anuas ar OPS, le teicneolaíochtaí eile d'fhéadfaí a bheith ábalta tairbhí comhshaoil coibhéiseacha a chur ar fáil i gcalafoirt. Nuair a léirítear go bhfuil úsáid teicneolaíochta malartaí coibhéiseach le húsáid OPS, ba cheart an long sin a bheith díolmhaithe ó OPS a úsáid. | (22) Anuas ar OPS, le teicneolaíochtaí ***astaíochtaí nialasacha*** eile d'fhéadfaí a bheith ábalta tairbhí comhshaoil coibhéiseacha a chur ar fáil i gcalafoirt. Nuair a léirítear go bhfuil úsáid teicneolaíochta malartaí coibhéiseach le húsáid OPS, ***i dtaobh truailliú aeir agus laghdú ar astaíochtaí GCT,*** ba cheart an long sin a bheith díolmhaithe ó OPS a úsáid. |

**Leasú 31**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 23**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (23) Ba cheart ***foráil a dhéanamh maidir le heisceachtaí ó*** úsáid OPS ar roinnt cúiseanna oibiachtúla ***freisin, agus ba cheart iad a bheith deimhnithe*** ag comhlacht bainistíochta an chalafoirt cuarda ***agus*** teoranta do chuairteanna neamhsceidealaithe ar chalafoirt ar chúiseanna sábháilteachta nó chun beatha a shábháil ar muir, do ghearrfhanachtaí long i mbeart ar lú iad ná 2 uair an chloig óir is é seo an t-am íosta a theastaíonn chun nascadh, agus do ghiniúint fuinnimh ar bord a úsáid i gcásanna práinne. | (23) Ba cheart ***eisceachtaí ar*** úsáid OPS ***a chur*** ar ***fáil freisin ar*** roinnt cúiseanna oibiachtúla***, arna ndeimhniú*** ag comhlacht bainistíochta an chalafoirt cuarda***, ag oibreoir an chríochfoirt nó ag an údarás inniúil, ag brath ar an múnla rialachais do chalafoirt sna Ballstáit éagsúla. Ba cheart na heisceachtaí sin a bheith*** teoranta do chuairteanna neamhsceidealaithe ar chalafoirt ar chúiseanna sábháilteachta nó chun beatha a shábháil ar muir, do ghearrfhanachtaí long i mbeart ar lú iad ná 2 uair an chloig óir is é seo an t-am íosta a theastaíonn chun nascadh, agus do ghiniúint fuinnimh ar bord a úsáid i gcásanna práinne. ***Más rud é*** |

***nach féidir dóthain cumhachta ar tír a sholáthar, mar gheall ar thoilleadh neamhleor san eangach áitiúil a nascann leis an gcalafort, níor cheart a mheas gur mainneachtain ag an gcalafort nó ag úinéir nó oibreoir na loinge ceanglais an Rialacháin seo a chomhlíonadh, ar choinníoll go bhfianaíonn an bainisteoir eangaí go cuí do na fíoraitheoirí nach leor an toilleadh eangaí áitiúla.***

**Leasú 32**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 24**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (24) I gcás nach bhfuil OPS ar fáil nó ina bhfuil sé neamh-chomhoiriúnach, ba cheart eisceachtaí a bheith teoranta go dtí go mbeadh dóthain ama ag oibreoirí loinge agus calafoirt na hinfheistíochtaí is gá a dhéanamh, chun na dreasachtaí is gá a chur ar fáil le haghaidh na n-infheistíochtaí sin agus chun iomaíochas éagórach a sheachaint. ***Amhail*** ó 2035, ba cheart d'oibreoirí loinge a gcuairteanna ar chalafoirt a phleanáil go cúramach chun a áirithiú go mbeidh siad in ann a gcuid gníomhaíochtaí a dhéanamh gan truailleáin aeir ná gáis ceaptha teasa a astú i mbeart agus an comhshaol i limistéir chósta agus i gcathracha calafoirt a chur i mbaol. I gcás nach bhfuil OPS ar fáil nó ina bhfuil sé neamh-chomhoiriúnach, ba cheart líon teoranta eisceachtaí a choinneáil ar bun chun an deis a chur ar fáil athruithe a dhéanamh ag an nóiméad deireanach ó am go chéile ar sceidil chuairteanna ar chalafoirt agus ar chuairteanna ar chalafoirt ina bhfuil trealamh neamh-chomhoiriúnach. | (24) I gcás nach bhfuil OPS ar fáil nó ina bhfuil sé neamh-chomhoiriúnach, ba cheart eisceachtaí a bheith teoranta go dtí go mbeadh dóthain ama ag oibreoirí loinge agus calafoirt na hinfheistíochtaí is gá a dhéanamh, chun na dreasachtaí is gá a chur ar fáil le haghaidh na n-infheistíochtaí sin agus chun iomaíochas éagórach a sheachaint. ***Chun idir-inoibritheacht iomlán a áirithiú, ba cheart do na calafoirt a gcuid beart a fheistiú, agus ba cheart d'úinéirí long a gcuid soithí a fheistiú, leis na suiteálacha cumhachta a chomhlíonann na caighdeáin is infheidhme.*** Ó 2035 ***ar aghaidh***, ba cheart d'oibreoirí loinge a gcuairteanna ar chalafoirt ***TEN-T*** a ***chumhdaítear le Rialachán XXXX-XXX (an Rialachán maidir le Bonneagar Breoslaí Malartacha) a*** phleanáil go cúramach chun a áirithiú go mbeidh siad in ann a gcuid gníomhaíochtaí a dhéanamh gan truailleáin aeir ná gáis ceaptha teasa a astú i mbeart agus an comhshaol i limistéir chósta agus i gcathracha calafoirt a chur i mbaol. I gcás nach bhfuil OPS ar fáil nó ina bhfuil sé neamh-chomhoiriúnach, ba cheart líon teoranta eisceachtaí a choinneáil ar bun chun an deis a chur ar fáil athruithe a dhéanamh ag an nóiméad deireanach ó am |

| | |
|---|---|
| | go chéile ar sceidil chuairteanna ar chalafoirt agus ar chuairteanna ar chalafoirt ina bhfuil trealamh neamh-chomhoiriúnach. ***Chun an riosca a bhaineann le sócmhainní tréigthe a mhaolú, mar aon le neamh-chomhoiriúnacht bhonneagar OPS ar bord agus i mbeart agus éileamh ar bhreoslaí malartacha agus míchothromaíochtaí soláthair, ba cheart cruinnithe comhairliúcháin rialta idir geallsealbhóirí ábhartha a eagrú chun ceanglais agus pleananna a bheidh ann amach anseo a phlé agus cinntí a dhéanamh ina leith.*** |

**Leasú 33**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 24 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(24 a) Leis na spriocanna chun OPS a sholáthar a leagtar síos i Rialachán XXXX-XXX (an Rialachán maidir le Bonneagar Breoslaí Malartacha), cuirtear san áireamh na cineálacha soithí a bhfreastalaítear orthu agus na méideanna tráchta faoi seach de chalafoirt mhuirí. Maidir leis an gceanglas i dtaca le longa a nascadh le OPS le linn dóibh bheith i mbeart, níor cheart go mbeadh feidhm aige maidir le soithí agus iad ag dul isteach i gcalafoirt atá lasmuigh de raon feidhme an cheanglais OPS sa Rialachán sin, seachas má tá OPS suiteáilte ag an gcalafort agus má tá sé ar fáil ag an mbeart a bhfuil cuairt á tabhairt air. Má thagann long isteach ag calafort neamh-TEN-T ina bhfuil OPS ar fáil, ba cheart don long sin ceangal le OPS agus í i mbeart.*** |

**Leasú 34**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 24 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(24 b) Fiú más uirlis thábhachtach é OPS chun astaíochtaí áitiúla truailleán aeir a laghdú, braitheann a chumas astaíochtaí gás cheaptha teasa a laghdú go hiomlán ar an meascán fuinnimh a chuirtear isteach trí na cáblaí. Chun acmhainneacht iomlán aeráide agus comhshaoil OPS a bhaint amach, ba cheart do na Ballstáit acmhainneacht agus nascacht eangach leictreachais a mhéadú agus leanúint de dhéine GCT a meascán fuinnimh a laghdú, ionas go bhféadfar leictreachas inacmhainne, inphleanáilte agus saor ó iontaisí a sholáthar do chalafoirt.*** |

**Leasú 35**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 24 c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(24 c) Agus an Rialachán seo á chur chun feidhme, ba cheart aird chuí a thabhairt ar na samhlacha rialachais éagsúla do chalafoirt ar fud an Aontais, go háirithe maidir leis an bhfreagracht as deimhniú a eisiúint lena ndíolmhaítear soitheach ón oibleagáid ceangal le OPS.*** |

**Leasú 36**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 24 d (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(d) Tá comhordú idir calafoirt agus oibreoirí long ríthábhachtach chun nósanna imeachta nasctha réidhe le*** |

***cumhacht ar an gcósta i gcalafoirt a áirithiú. Ba cheart d'oibreoirí long na calafoirt a bhfuil siad ag glaoch orthu a chur ar an eolas faoin rún atá acu nascadh le cumhacht ar tír agus méid na cumhachta is gá le linn an ghlao ar leith, go háirithe nuair is mó é ná na riachtanais a mheastar a bheith ann don chatagóir loinge sin.***

**Leasú 37**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 25**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (25) Leis an Rialachán seo, ba cheart córas láidir faireacháin, tuairiscithe agus fíoraithe a chur i bhfeidhm chun comhlíonadh a fhorálacha a rianú. Ba cheart feidhm a bheith ag an gcóras sin ar bhonn neamh-idirdhealaitheach maidir le gach long agus ba cheart gá a bheith le fíorúchán tríú páirtí chun cruinneas na sonraí a chuirtear isteach sa chóras sin a áirithiú. Chun gur fusa cuspóir an Rialacháin seo a bhaint amach, ba cheart aon sonra a tuairiscíodh cheana chun críoch Rialachán (AE) 2015/757 a úsáid, i gcás inar gá, chun comhlíonadh an Rialacháin seo a dheimhniú chun an t-ualach riaracháin a fhorchuirtear ar chuideachtaí, ar fhíoraitheoirí agus ar údaráis mhuirí a theorannú. | (25) Leis an Rialachán seo, ba cheart córas láidir ***agus trédhearcach*** faireacháin, tuairiscithe agus fíoraithe a chur i bhfeidhm chun comhlíonadh a fhorálacha a rianú. Ba cheart feidhm a bheith ag an gcóras sin ar bhonn neamh-idirdhealaitheach maidir le gach long agus ba cheart gá a bheith le fíorúchán tríú páirtí chun cruinneas na sonraí a chuirtear isteach sa chóras sin a áirithiú. Chun gur fusa cuspóir an Rialacháin seo a bhaint amach, ba cheart aon sonra a tuairiscíodh cheana chun críoch Rialachán (AE) 2015/757 a úsáid, i gcás inar gá, chun comhlíonadh an Rialacháin seo a dheimhniú chun an t-ualach riaracháin a fhorchuirtear ar chuideachtaí, ar fhíoraitheoirí agus ar údaráis mhuirí a theorannú. |

**Leasú 38**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 26**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (26) Ba cheart do chuideachtaí a bheith freagrach as faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar an méid fuinnimh agus ar an | (26) Ba cheart do chuideachtaí a bheith freagrach as faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar an méid fuinnimh agus ar an |

| | |
|---|---|
| gcineál fuinnimh a úsáidtear ar bord long agus iad i mbun loingseoireachta agus i mbeart, chomh maith le faisnéis ábhartha eile, amhail faisnéis faoin gcineál innill atá ar bord nó ***faoi theicneolaíochtaí gaothchuidithe a bheith ann***, d'fhonn comhlíontacht a léiriú leis an teorainn le déine astaíochtaí gás ceaptha teasa an fhuinnimh a úsáidtear ar bord loinge a leagtar amach sa Rialachán seo. Chun gur fusa do na fíoraitheoirí na hoibleagáidí faireacháin agus tuairiscithe sin agus an próiseas fíoraithe a chomhlíonadh, amhail a dhéantar le Rialachán (AE) 2015/757, ba cheart do chuideachtaí an modh faireacháin atá beartaithe a dhoiciméadú agus tuilleadh sonraí a chur ar fáil faoi chur i bhfeidhm rialacha an Rialacháin seo i bplean faireacháin. Ba cheart an plean faireacháin, chomh maith le haon mhodhnú air ina dhiaidh sin, más infheidhme, a chur faoi bhráid an fhíoraitheora. | gcineál fuinnimh a úsáidtear ar bord long agus iad i mbun loingseoireachta agus i mbeart, chomh maith le faisnéis ábhartha eile, amhail faisnéis faoin gcineál innill atá ar bord ***agus sonraíocht theicniúil na dteicneolaíochtaí gaothchuidithe,*** nó ***aon fhoinse mhalartach fuinnimh eile atá ar bord***, d'fhonn comhlíontacht a léiriú leis an teorainn le déine astaíochtaí gás ceaptha teasa an fhuinnimh a úsáidtear ar bord loinge a leagtar amach sa Rialachán seo. Chun gur fusa do na fíoraitheoirí na hoibleagáidí faireacháin agus tuairiscithe sin agus an próiseas fíoraithe a chomhlíonadh, amhail a dhéantar le Rialachán (AE) 2015/757, ba cheart do chuideachtaí an modh faireacháin atá beartaithe a dhoiciméadú agus tuilleadh sonraí a chur ar fáil faoi chur i bhfeidhm rialacha an Rialacháin seo i bplean faireacháin. Ba cheart an plean faireacháin, chomh maith le haon mhodhnú air ina dhiaidh sin, más infheidhme, a chur faoi bhráid an fhíoraitheora. |

**Leasú 39**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 27**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (27) Tá deimhniúchán breoslaí fíor-riachtanach chun cuspóirí an Rialacháin seo a bhaint amach agus chun sláine comhshaoil na mbreoslaí in-athnuaite agus ísealcharbóin a ráthú, breoslaí a meastar go ndéanfar iad a imscaradh san earnáil mhuirí. Ba cheart tabhairt faoin deimhniúchán sin trí bhíthin próiseas trédhearcach agus neamh-idirdhealaitheach. D'fhonn deimhniúchán a éascú agus an t-ualach riaracháin a theorannú, ba cheart deimhniú bithbhreoslaí, bithgháis, breoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch agus breoslaí carbóin athchúrsáilte a bheith ag brath ar na | (27) Tá deimhniúchán ***láidir*** breoslaí ***agus faireachán láidir ar bhreoslaí*** fíor-riachtanach chun cuspóirí an Rialacháin seo a bhaint amach agus chun sláine comhshaoil na mbreoslaí in-athnuaite agus ísealcharbóin a ráthú, breoslaí a meastar go ndéanfar iad a imscaradh san earnáil mhuirí. Ba cheart tabhairt faoin deimhniúchán sin trí bhíthin próiseas trédhearcach agus neamh-idirdhealaitheach. D'fhonn deimhniúchán a éascú agus an t-ualach riaracháin a theorannú, ba cheart deimhniú bithbhreoslaí, bithgháis, breoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch agus breoslaí carbóin |

| | |
|---|---|
| rialacha a bhunaítear le Treoir (AE) 2018/2001. Ba cheart feidhm ar bheith ag an gcur chuige deimhniúcháin sin maidir le breoslaí a stóráiltear lasmuigh den Aontas freisin, ar cheart iad a mheas mar bhreoslaí allmhairithe, ar an gcaoi chéanna a ndéantar sin le Treoir (AE) 2018/2001. Nuair a bheartaíonn cuideachtaí imeacht ó na luachanna réamhshocraithe dá bhforáiltear leis an Treoir sin nó leis an gcreat nua seo, níor cheart é sin a dhéanamh ach amháin nuair is féidir luachanna a dheimhniú le ceann de na scéimeanna deonacha a aithnítear faoi Threoir (AE) 2018/2001 (le haghaidh luachanna tobair go humar) nó trí bhíthin ***tástáil saotharlainne nó*** tomhais dhíreacha astaíochtaí (umar go marbhshruth). | athchúrsáilte a bheith ag brath ar na rialacha a bhunaítear le Treoir (AE) 2018/2001. Ba cheart feidhm ar bheith ag an gcur chuige deimhniúcháin sin maidir le breoslaí a stóráiltear lasmuigh den Aontas freisin, ar cheart iad a mheas mar bhreoslaí allmhairithe, ar an gcaoi chéanna a ndéantar sin le Treoir (AE) 2018/2001. Nuair a bheartaíonn cuideachtaí imeacht ó na luachanna réamhshocraithe dá bhforáiltear leis an Treoir sin nó leis an gcreat nua seo, níor cheart é sin a dhéanamh ach amháin nuair is féidir luachanna a dheimhniú le ceann de na scéimeanna deonacha a aithnítear faoi Threoir (AE) 2018/2001 (le haghaidh luachanna tobair go humar) nó trí bhíthin tomhais dhíreacha astaíochtaí (umar go marbhshruth). |

**Leasú 40**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 27 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(27 a) Tá iontaofacht agus cruinneas na faisnéise maidir le saintréithe breoslaí riachtanach chun an Rialachán seo a fhorfheidhmiú. Maidir le soláthraithe breosla ar cruthaíodh gur thug siad faisnéis mhíthreorach nó mhíchruinn faoi dhéine gás ceaptha teasa na mbreoslaí a sholáthraíonn siad, ba cheart iad a bheith faoi réir pionóis. Maidir le soláthraithe breosla a sholáthair faisnéis bhréagach nó mhíthreorach arís agus arís eile, ba cheart iad a bheith dúliostaithe ó na scéimeanna deimhniúcháin a leagtar síos i dTreoir AE 2018/2001 (an Treoir maidir le Fuinneamh In-athnuaite). I gcásanna den sórt sin, ba cheart a mheas go bhfuil an fachtóir astaíochta céanna ag aon bhreoslaí a stóráiltear óna shaoráidí agus atá ag an mbreosla iontaise is lú fabhar.*** |

**Leasú 41**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 28**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (28) Le fíorú arna dhéanamh ag fíoraitheoirí creidiúnaithe, ba cheart cruinneas agus iomláine an fhaireacháin agus an tuairiscithe arna ndéanamh ag cuideachtaí agus comhlíonadh an Rialacháin seo a áirithiú. Chun neamhchlaontacht a áirithiú, ba cheart na fíoraitheoirí a bheith ina n-eintitis dlí neamhspleácha agus inniúla agus ba cheart iad a bheith creidiúnaithe ag comhlachtaí creidiúnaithe náisiúnta a bhunaítear de bhun Rialachán (CE) Uimh. 765/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[24]. | (28) Le fíorú arna dhéanamh ag fíoraitheoirí creidiúnaithe, ba cheart cruinneas agus iomláine an fhaireacháin agus an tuairiscithe arna ndéanamh ag cuideachtaí agus comhlíonadh an Rialacháin seo a áirithiú. Chun neamhchlaontacht ***agus éifeachtacht*** a áirithiú, ba cheart na fíoraitheoirí a bheith ina n-eintitis dlí neamhspleácha agus inniúla agus ba cheart iad a bheith creidiúnaithe ***agus maoirsithe*** ag comhlachtaí creidiúnaithe náisiúnta a bhunaítear de bhun Rialachán (CE) Uimh. 765/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[24]. |
| [24] Rialachán (CE) Uimh. 765/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Iúil 2008 lena leagtar amach na ceanglais maidir le creidiúnú agus maidir le faireachas margaidh a bhaineann le táirgí a mhargú, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 339/93 (IO L 218, 13.8 2008). | [24] Rialachán (CE) Uimh. 765/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Iúil 2008 lena leagtar amach na ceanglais maidir le creidiúnú agus maidir le faireachas margaidh a bhaineann le táirgí a mhargú, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 339/93 (IO L 218, 13.8 2008). |

**Leasú 42**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 31 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(31 a) D'fhéadfadh cuideachtaí agus soláthróirí breosla, trí bhíthin socruithe conarthacha, teacht ar chomhaontú maidir le gealltanais fhrithpháirteacha maidir le cainníochtaí réamhchinntithe breoslaí áirithe a tháirgeadh, a sholáthar agus a cheannach. Ba cheart do shocruithe conarthacha den sórt sin*** |

| | |
|---|---|
| | ***dliteanas a chumhdach freisin agus coinníollacha a bhunú le haghaidh cúiteamh airgeadais i gcásanna nach gcuirtear breoslaí ar fáil de réir mar a comhaontaíodh.*** |

**Leasú 43**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 36**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (36) Ba cheart an pionós a fhorchuirtear ar gach cuairt neamh-chomhlíontach ar chalafort a bheith comhréireach leis an gcostas ar an leictreachas a úsáid agus ba cheart é a bheith ar leibhéal leordhóthanach ionas go mbeadh tionchar athchomhairleach aige ar úsáid foinsí fuinnimh ar mó an truailliú uathu. Ba cheart an pionós a bheith bunaithe ar an gcumhacht atá suiteáilte ar bord an tsoithigh, arna shloinneadh ina meigeavatanna, arna iolrú faoi phionós seasta in EUR in aghaidh gach uaire a fhanann an soitheach i mbeart. I ngeall ar easpa figiúirí cruinne maidir leis an gcostas ar OPS a sholáthar san Aontas, ba cheart an ráta seo a bheith bunaithe ar mheánphraghas leictreachais an Aontais le haghaidh tomhaltóirí nach teaghlaigh iad, arna iolrú faoi fhachtóir a dó, chun muirir eile a bhaineann le soláthar na seirbhíse a chur san áireamh, lena n-áirítear, i measc nithe eile, costais nasctha agus gnéithe téarnaimh infheistíochta. | (36) Ba cheart an pionós a fhorchuirtear ar gach cuairt neamh-chomhlíontach ar chalafort a bheith comhréireach leis an gcostas ar an leictreachas a úsáid agus ba cheart é a bheith ar leibhéal leordhóthanach ionas go mbeadh tionchar athchomhairleach aige ar úsáid foinsí fuinnimh ar mó an truailliú uathu. Ba cheart an pionós a bheith bunaithe ar an gcumhacht atá suiteáilte ar bord an tsoithigh, arna shloinneadh ina meigeavatanna, arna iolrú faoi phionós seasta in EUR in aghaidh gach uaire a fhanann an soitheach i mbeart. I ngeall ar easpa figiúirí cruinne maidir leis an gcostas ar OPS a sholáthar san Aontas, ba cheart an ráta seo a bheith bunaithe ar mheánphraghas leictreachais an Aontais ***is nuashonraithe*** le haghaidh tomhaltóirí nach teaghlaigh iad, arna iolrú faoi fhachtóir a dó, chun muirir eile a bhaineann le soláthar na seirbhíse a chur san áireamh, lena n-áirítear, i measc nithe eile, costais nasctha agus gnéithe téarnaimh infheistíochta. |

**Leasú 44**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 37**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(37) Ba cheart an t-ioncam a ghinfear ó íocaíocht na bpionós a úsáid chun ***dáileadh agus úsáid breoslaí in-athnuaite agus ísealcharbóin*** a chur chun cinn ***san earnáil mhuirí*** agus ***chun cuidiú le hoibreoirí muirí a spriocanna aeráide agus comhshaoil a bhaint amach***. Chun na críche sin, ba cheart an t-ioncam sin a leithdháileadh ar an gCiste ***don Nuálaíocht*** dá dtagraítear in ***Airteagal 10a(8) de Threoir 2003/87/CE***.

*Leasú*

(37) Ba cheart an t-ioncam a ghinfear ó íocaíocht na bpionós a ***chur i leataobh don earnáil mhuirí agus a*** úsáid chun ***dícharbónú na hearnála sin*** a chur chun cinn***, lena n-áirítear tacaíocht d'fhorbairt, do tháirgeadh*** agus ***d'úsáid breoslaí ionadúla, do bhonneagar breoslaí ionadúla agus do bhonneagar OPS, chomh maith le teicneolaíochtaí nuálacha nua***. Chun na críche sin, ba cheart an t-ioncam sin a leithdháileadh ar an gCiste ***Aigéin*** dá dtagraítear in ***Airteagal 3gab de Threoir 2003/87/CE***.

**Leasú 45**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 39**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(39) I bhfianaise na tábhachta a bhaineann le hiarmhairtí a d'fhéadfadh a bheith ag na bearta atá glactha ag na fíoraitheoirí faoin Rialachán seo ar na cuideachtaí lena mbaineann, go háirithe maidir le cuairteanna neamh-chomhlíontacha ar chalafoirt a chinneadh, ***an méid pionós*** a ríomh agus eisiúint dheimhnithe comhlíontachta FuelEU a dhiúltú, ba cheart do na cuideachtaí sin a bheith i dteideal iarratas ar athbhreithniú ar na bearta sin a chur faoi bhráid an údaráis inniúil sa Bhallstát inar creidiúnaíodh an fíoraitheoir. I bhfianaise an chirt bhunúsaigh chun leighis éifeachtaigh, a chumhdaítear in Airteagal 47 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, ba cheart cinntí a ghlacann údaráis inniúla agus comhlachtaí bainistíochta an chalafoirt faoin Rialachán seo a bheith faoi réir athbhreithniú breithiúnach, arna dhéanamh i gcomhréir le dlí náisiúnta an Bhallstáit lena mbaineann.

*Leasú*

(39) I bhfianaise na tábhachta a bhaineann le hiarmhairtí a d'fhéadfadh a bheith ag na bearta atá glactha ag na fíoraitheoirí faoin Rialachán seo ar na cuideachtaí lena mbaineann, go háirithe maidir le cuairteanna neamh-chomhlíontacha ar chalafoirt a chinneadh, ***tiomsú na faisnéise le haghaidh mhéid na bpionós*** a ríomh agus eisiúint dheimhnithe comhlíontachta FuelEU a dhiúltú, ba cheart do na cuideachtaí sin a bheith i dteideal iarratas ar athbhreithniú ar na bearta sin a chur faoi bhráid an údaráis inniúil sa Bhallstát inar creidiúnaíodh an fíoraitheoir. I bhfianaise an chirt bhunúsaigh chun leighis éifeachtaigh, a chumhdaítear in Airteagal 47 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, ba cheart cinntí a ghlacann údaráis inniúla agus comhlachtaí bainistíochta an chalafoirt faoin Rialachán seo a bheith faoi réir athbhreithniú breithiúnach, arna dhéanamh i gcomhréir le dlí náisiúnta an Bhallstáit

lena mbaineann.

**Leasú 46**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 40**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (40) Chun cothrom iomaíochta a choinneáil ar bun trí fheidhmiú éifeachtúil an Rialacháin seo, ba cheart an chumhacht gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a tharmligean chuig an gCoimisiún i dtaca leis an liosta fachtóirí astaíochta tobair go marbhshruth a leasú, liosta na dteicneolaíochtaí astaíochtaí nialasacha is infheidhme nó na critéir lena n-úsáid a leasú, rialacha a bhunú maidir leis an tástáil saotharlainne agus na tomhais dhíreacha astaíochtaí a dhéanamh, fíoraitheoirí a chreidiúnú, an fachtóir pionóis a ghlacadh, agus módúlachtaí íocaíochta pionós a ghlacadh. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfaí na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos sa Chomhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr an 13 Aibreán 2016. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, faigheann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus bíonn rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bhíonn ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe. | (40) Chun cothrom iomaíochta a choinneáil ar bun trí fheidhmiú éifeachtúil an Rialacháin seo, ba cheart an chumhacht gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a tharmligean chuig an gCoimisiún i dtaca leis an liosta fachtóirí astaíochta tobair go marbhshruth a leasú, liosta na dteicneolaíochtaí astaíochtaí nialasacha is infheidhme nó na critéir lena n-úsáid a leasú, ***na*** rialacha a bhunú maidir ***le hastaíochtaí iarbhír tobar-go-humar a dheimhniú, mar aon*** leis ***na rialacha maidir leis*** an tástáil saotharlainne agus na tomhais dhíreacha astaíochtaí a dhéanamh, fíoraitheoirí a chreidiúnú, an fachtóir pionóis a ghlacadh, agus módúlachtaí íocaíochta pionós a ghlacadh. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfaí na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos sa Chomhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr an 13 Aibreán 2016. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, faigheann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus bíonn rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bhíonn ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe. |

**Leasú 47**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 42**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (42) I bhfianaise ghné idirnáisiúnta na hearnála muirí, is fearr cur chuige domhanda chun déine astaíochtaí gás ceaptha teasa an fhuinnimh a úsáidtear ar bord long a theorannú ós rud é go ***bhféadfaí a mheas go*** mbeadh sé níos éifeachtaí de bharr raon feidhme níos leithne a bheith ag gabháil leis. Sa chomhthéacs sin, agus d'fhonn forbairt rialacha idirnáisiúnta a éascú laistigh den Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta (IMO), ba cheart don Choimisiún faisnéis ábhartha maidir le cur chun feidhme an Rialacháin seo a roinnt le IMO agus le comhlachtaí idirnáisiúnta ábhartha eile, agus ba cheart aighneachtaí ábhartha a chur faoi bhráid IMO. I gcás ina dtagtar ar chomhaontú ar chur chuige domhanda maidir le hábhair atá ábhartha maidir leis an Rialachán seo, ba cheart don Choimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar an Rialachán seo ***d'fhonn*** é a ailíniú***, i gcás inarb iomchuí,*** leis na rialacha idirnáisiúnta. | (42) I bhfianaise ghné idirnáisiúnta na hearnála muirí, is fearr cur chuige domhanda chun déine astaíochtaí gás ceaptha teasa an fhuinnimh a úsáidtear ar bord long a theorannú ós rud é go mbeadh sé ***go mór*** níos éifeachtaí de bharr raon feidhme níos leithne a bheith ag gabháil leis. Sa chomhthéacs sin, agus d'fhonn forbairt rialacha idirnáisiúnta a éascú laistigh den Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta (IMO), ba cheart don Choimisiún faisnéis ábhartha maidir le cur chun feidhme an Rialacháin seo a roinnt le IMO agus le comhlachtaí idirnáisiúnta ábhartha eile, agus ba cheart aighneachtaí ábhartha a chur faoi bhráid IMO***, ag leanúint d'iarrachtaí an Aontais spriocanna uaillmhianacha maidir le dícharbónú muirí a chur chun cinn ar an leibhéal idirnáisiúnta***. I gcás ina dtagtar ar chomhaontú ar chur chuige domhanda maidir le hábhair atá ábhartha maidir leis an Rialachán seo, ba cheart don Choimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar an Rialachán seo ***chun*** é a ailíniú leis na rialacha idirnáisiúnta. |

**Leasú 48**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 42 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(42 a) Chun machaire comhréidh idirnáisiúnta a áirithiú agus chun tionchar comhshaoil na reachtaíochta maidir le breoslaí in-athnuaite agus ísealcharbóin a uasmhéadú, ba cheart don Choimisiún agus do na Ballstáit córais deimhniúcháin agus faireacháin*** |

| | |
|---|---|
| | ***atá stóinsithe do bhreoslaí in-athnuaite a chur chun cinn laistigh de IMO agus d'eagraíochtaí idirnáisiúnta eile.*** |

**Leasú 49**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 42 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(42 b) Ba cheart don Choimisiún cur chun feidhme agus infhaighteacht uirlisí a áirithiú le haghaidh comhoibrithe agus malartú dea-chleachtas d'earnáil an mhuiriompair, mar a shainmhínítear sna 'Treoirlínte i dtaca le Rialáil Níos Fearr.'[1a]*** |
| | ___________________ |
| | ***[1a] An Coimisiún Eorpach, an Bhruiséil, Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin, Treoirlínte maidir le Rialáil Níos Fearr, 3.11.2021 SWD(2021) 305 final.*** |

**Leasú 50**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 43**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (43) Maidir ***le*** breoslaí in-athnuaite agus ísealcharbóin agus foinsí ionadacha fuinnimh a bheith á nglacadh ar fud an Aontais ag longa a thagann isteach i gcalafort, atá laistigh de chalafort nó a imíonn ó chalafort, ar calafort é atá faoi dhlínse Ballstáit, ní cuspóir é sin ar féidir leis na Ballstáit é a bhaint amach go leordhóthanach gan an riosca a ghlacadh go dtabharfaí isteach bacainní ar an margadh inmheánach agus saobhadh iomaíochta idir calafoirt agus oibreoirí muirí. Is fearr is féidir an cuspóir sin a | (43) Maidir breoslaí in-athnuaite agus ísealcharbóin agus foinsí ionadacha fuinnimh a bheith á nglacadh ***agus á bhforbairt*** ar ***mórscála ar*** fud an Aontais ag longa a thagann isteach i gcalafort, atá laistigh de chalafort nó a imíonn ó chalafort, ar calafort é atá faoi dhlínse Ballstáit, ní cuspóir é sin ar féidir leis na Ballstáit é a bhaint amach go leordhóthanach gan an riosca a ghlacadh go dtabharfaí isteach bacainní ar an margadh inmheánach agus saobhadh iomaíochta idir calafoirt agus oibreoirí |

| | |
|---|---|
| bhaint amach trí rialacha aonfhoirmeacha a thabhairt isteach ar leibhéal an Aontais lena gcruthófaí dreasachtaí eacnamaíocha d'oibreoirí muirí chun leanúint den fheidhmiú gan bhac agus, san am céanna, oibleagáidí maidir le húsáid breoslaí in-athnuaite agus ísealcharbóin a chomhlíonadh. Dá réir sin, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a ghnóthú, | muirí. Is fearr is féidir an cuspóir sin a bhaint amach trí rialacha aonfhoirmeacha a thabhairt isteach ar leibhéal an Aontais lena gcruthófaí dreasachtaí eacnamaíocha d'oibreoirí muirí chun leanúint den fheidhmiú gan bhac agus, san am céanna, oibleagáidí maidir le húsáid breoslaí in-athnuaite agus ísealcharbóin a chomhlíonadh. Dá réir sin, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a ghnóthú, |

**Leasú 51**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) ***an*** teorainn le déine astaíochtaí gás ceaptha teasa ('GCT') an fhuinnimh a úsáidtear ar bord loinge a thagann isteach chuig calafoirt faoi dhlínse Ballstáit, a fhanann iontu nó a imíonn uathu agus | (a) teorainn le déine astaíochtaí gás ceaptha teasa ('GCT') an fhuinnimh a úsáidtear ar bord loinge a thagann isteach chuig calafoirt faoi dhlínse Ballstáit, a fhanann iontu nó a imíonn uathu agus |

**Leasú 52**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) ***an*** oibleagáid maidir le soláthar cumhachta ar tír nó teicneolaíocht astaíochtaí nialasacha a úsáid i gcalafoirt faoi dhlínse Ballstáit, | (b) oibleagáid maidir le soláthar cumhachta ar tír nó teicneolaíocht astaíochtaí nialasacha a úsáid i gcalafoirt faoi dhlínse Ballstáit, |

**Leasú 53**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***chun*** úsáid chomhsheasmhach breoslaí in-athnuaite***, breoslaí ísealcharbóin*** agus foinsí ionadacha fuinnimh a mhéadú ar fud an Aontais, agus oibriú rianúil an tráchta mhuirí á áirithiú agus saobhadh sa mhargadh inmheánach á sheachaint. | ***Is é is cuspóir leis, agus an méid sin á dhéanamh,*** úsáid chomhsheasmhach breoslaí in-athnuaite agus foinsí ionadacha fuinnimh a mhéadú ***san earnáil muiriompair*** ar fud an Aontais, ***i gcomhréir le cuspóir aeráidneodrachta an Aontais faoi 2050 ar a dhéanaí*** agus ***le spriocanna Chomhaontú Pháras, agus*** oibriú rianúil an tráchta mhuirí á áirithiú***, deiseanna forbartha á gcruthú don tionscal muirí,*** agus saobhadh sa mhargadh inmheánach á sheachaint. |

**Leasú 54**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Tá feidhm ag an Rialachán seo maidir leis na longa ar fad a bhfuil olltonnáiste os cionn 5 000 acu, gan beann ar a mbratach, i ndáil leis na nithe seo a leanas: | Tá feidhm ag an Rialachán seo maidir leis na longa ar fad a bhfuil olltonnáiste os cionn 5 000 acu, gan beann ar a mbratach, i ndáil leis na nithe seo a leanas: |

**Leasú 55**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) an fuinneamh ar fad a úsáidtear ar mhuiraistir ó chalafort cuarda faoi dhlínse Ballstáit chuig calafort cuarda faoi dhlínse Ballstáit, ***agus*** | (b) an fuinneamh ar fad a úsáidtear ar mhuiraistir ó chalafort cuarda faoi dhlínse Ballstáit chuig calafort cuarda faoi dhlínse Ballstáit, |

**Leasú 56**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe b a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(b a) leath an fhuinnimh a úsáidtear i gcás muiraistear a imíonn ó chalafort cuarda nó a shroicheann calafort cuarda atá suite i réigiún forimeallach faoi dhlínse Ballstáit, agus*** |

**Leasú 57**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) leath an fhuinnimh a úsáidtear ar mhuiraistir a imíonn ó chalafort cuarda faoi dhlínse Ballstáit nó a thagann isteach chuig calafort cuarda faoi dhlínse Ballstáit, i gcás ina bhfuil an calafort cuarda deiridh nó an chéad chalafort cuarda eile faoi dhlínse tríú tír. | (c) leath an fhuinnimh a úsáidtear ar mhuiraistir a imíonn ó chalafort cuarda faoi dhlínse Ballstáit nó a thagann isteach chuig calafort cuarda faoi dhlínse Ballstáit, i gcás ina bhfuil an calafort cuarda deiridh nó an chéad chalafort cuarda eile faoi dhlínse tríú tír. |

**Leasú 58**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Níl feidhm ag an Rialachán seo maidir le longa cogaidh, cúntaigh chabhlaigh, longa gabhála éisc ná longa próiseála éisc, longa adhmaid de thógáil bhunúsach***, longa nach dtiomáintear le fearas meicniúil,*** ná longa rialtais a úsáidtear chun críoch neamhthráchtála. | Níl feidhm ag an Rialachán seo maidir le longa cogaidh, cúntaigh chabhlaigh, longa gabhála éisc ná longa próiseála éisc, longa adhmaid de thógáil bhunúsach ná longa rialtais a úsáidtear chun críoch neamhthráchtála. |

**Leasú 59**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2a. Faoin 31 Nollaig 2025, glacfaidh an Coimisiún gníomh cur chun feidhme lena mbunófar liosta de na calafoirt trasloingsithe coimeádán comharsanachta atá eisiata ón sainmhíniú ar chalafoirt chuarda i gcomhair longa coimeádán a leagtar amach sa Rialachán seo.*** |
| | ***Gach 2 bhliain ina dhiaidh sin ar a laghad, glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme lena dtabharfar cothrom le dáta an liosta sin de chalafoirt trasloingsithe coimeádán comharsanacha atá eisiata ón sainmhíniú ar chalafoirt chuarda i gcomhair longa coimeádán a leagtar amach sa Rialachán seo.*** |
| | ***Liostófar leis na gníomhartha cur chun feidhme sin calafoirt thrasloingsithe coimeádán chomharsanacha atá suite lasmuigh den Aontas ach atá faoi bhun 300 mhuirmhíle ó chríoch an Aontais, i gcás inar mó ná 65 % de thrácht coimeádán iomlán an chalafoirt sin sciar trasloingsithe na gcoimeádán, arna thomhas in aonad coibhéiseach fiche troigh, le linn na tréimhse dhá mhí dhéag is déanaí a bhfuil sonraí ábhartha ar fáil ina leith.*** |
| | ***Chun críche an liosta sin, measfar gur trasloingsíodh coimeádáin nuair a dhíluchtófar iad ó long go calafort chun iad a luchtú ar long eile agus chun na críche sin amháin. Ní áireofar calafoirt atá lonnaithe i dtríú tír a chuireann bearta atá chomh huaillmhianach céanna leis na ceanglais a leagtar amach sa Rialachán seo i bhfeidhm go héifeachtach.*** |
| | ***Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 27(3).*** |

**Leasú 60**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 2 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2b. Maidir leis an bhfuinneamh a úsáidtear ar thurais a dhéanann longa paisinéirí seachas longa paisinéirí cúrsála idir calafort cuarda faoi dhlínse Ballstáit agus calafort cuarda faoi dhlínse an Bhallstáit chéanna atá lonnaithe in oileán ina bhfuil níos lú ná 100 000 buanchónaitheoir, agus i ndáil leis an bhfuinneamh a úsáidtear agus iad ag fanacht laistigh de chalafort cuarda an oileáin chomhfhreagraigh, féadfaidh na Ballstáit bealaí agus calafoirt shonracha a dhíolmhú ó chur i bhfeidhm mhír 1(a) agus (b). Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún faoi na díolúintí sin sula dtiocfaidh siad i bhfeidhm, agus foilseoidh an Coimisiún iad in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh. Ní bheidh feidhm ag aon díolúintí den sórt sin tar éis an 31 Nollaig 2029.*** |

**Leasú 61**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 2 c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2c. Maidir leis an bhfuinneamh a úsáidtear ar mhuiraistir idir calafort cuarda atá suite i réigiún forimeallach agus calafort cuarda eile atá suite i réigiún forimeallach, agus maidir leis an bhfuinnimh a úsáidtear agus iad ag fanacht laistigh de chalafoirt chuarda na réigiún forimeallach comhfhreagrach, féadfaidh na Ballstáit bealaí agus calafoirt shonracha a dhíolmhú ó chur i bhfeidhm mhír 1(a) agus (ba). Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún faoi na díolúintí sin sula*** |

| | |
|---|---|
| | ***dtiocfaidh siad i bhfeidhm, agus foilseoidh an Coimisiún iad in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh. Ní bheidh feidhm ag aon díolúintí den sórt sin tar éis an 31 Nollaig 2029. Ní chuirfidh aon ní cosc ar Bhallstáit, ar a réigiúin ná ar a gcríocha a chinneadh gan an díolúine sin a chur i bhfeidhm ná aon díolúine a thug siad a thabhairt chun críche roimh an 31 Nollaig 2029.*** |

**Leasú 62**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 2 d (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2d. Maidir leis an bhfuinneamh a úsáidtear ar mhuiraistir a dhéantar faoi chuimsiú conartha seirbhíse poiblí nó ar mhuiraistir a dhéanann soithí atá faoi réir oibleagáidí seirbhíse poiblí i gcomhréir le Rialachán (CEE) Uimh. 3577/92 ón gComhairle, féadfaidh na Ballstáit bealaí sonracha a dhíolmhú ó chur i bhfeidhm mhír 1. Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún faoi na díolúintí sin sula dtiocfaidh siad i bhfeidhm, agus foilseoidh an Coimisiún iad in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh. Ní bheidh feidhm ag aon díolúintí den sórt sin tar éis an 31 Nollaig 2029.*** |

**Leasú 63**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 2 e (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2e. Déanfaidh an Coimisiún faireachán leanúnach ar thionchar an Rialacháin seo ar atreorú lasta, go háirithe trí chalafoirt trasloingsithe i dtíortha comharsanacha. I gcás ina*** |

| | |
|---|---|
| | ***sainaithníonn an Coimisiún mórthionchair dhiúltacha ar chalafoirt an Aontais, cuirfidh an Coimisiún tograí reachtacha faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle chun an Rialachán seo a leasú. Go háirithe, déanfaidh an Coimisiún anailís ar thionchar an Rialacháin seo ar na réigiúin is forimeallaí agus ar na hoileáin, agus molfaidh sé, i gcás inarb iomchuí, leasuithe ar raon feidhme an Rialacháin seo.*** |

**Leasú 64**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe h**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (h) ciallaíonn ‘foinsí ionadacha fuinnimh’ fuinneamh in-athnuaite ***gaoithe nó gréine*** a ghintear ar bord nó leictreachas a sholáthraítear ón soláthar cumhachta ar tír; | (h) ciallaíonn ‘foinsí ionadacha fuinnimh’ fuinneamh in-athnuaite a ghintear ar bord nó leictreachas a sholáthraítear ón soláthar cumhachta ar tír; |

**Leasú 65**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe h a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(h a) ciallaíonn ‘tiomáint na gaoithe’ nó ‘tiomáint ghaothchuidithe’ teicníc tiomána a chuidíonn go príomha nó ar bhealach cúnta le tiomáint aon chineál soithigh trí fhuinneamh na gaoithe, a mbaintear leas aisti agus an long ag seoladh.*** |

**Leasú 66**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe i**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (i) ciallaíonn 'calafort cuarda' calafort ***cuarda mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (b) de Rialachán (AE) 2015/757***; | (i) ciallaíonn 'calafort cuarda' ***an*** calafort ***ina stopann long chun cuid shubstaintiúil dá lastas a luchtú nó a dhíluchtú nó chun paisinéirí a bhordáil nó a dhíbhordáil***; ***agus dá réir sin, eisiatar stopanna a dhéantar chun críocha athbhreoslaithe, soláthairtí a fháil, faoiseamh a thabhairt don chriú, dul i nduga tirim nó obair dheisiúcháin a dhéanamh ar an long nó a cuid trealaimh, agus chun na gcríoch sin amháin, stopanna i gcalafort toisc go dteastaíonn cabhair ón long nó toisc í a bheith i nguais, aistrithe long-go-long a dhéantar lasmuigh de chalafoirt, agus stopanna chun críche foscadh a fháil ón doineann nó ar gá iad mar gheall ar ghníomhaíochtaí cuardaigh agus tarrthála, agus chun na críche sin amháin, agus stadanna long coimeádán i gcalafort trasloingsithe coimeádán comharsanach;*** |

**Leasú 67**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe m**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (m) ciallaíonn 'long atá i mbeart' long atá i ***mbeart mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (n) de Rialachán (AE) 2015/757***; | (m) ciallaíonn 'long atá i mbeart' long atá ***múráilte go daingean cois cé*** i ***gcalafort faoi dhlínse Ballstáit le linn di a bheith á luchtú nó á díluchtú, le linn do phaisinéirí a bheith ag dul ar bord na loinge nó ag tuirlingt di nó le linn di bheith ar fuireach ann, lena n-áirítear an t-am a chaitear ann gan a bheith gafa le hoibríochtaí lastais ná le hoibríochtaí paisinéirí***; |

**Leasú 68**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe n**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (n) ciallaíonn 'úsáid fuinnimh ar bord' an méid fuinnimh arna shloinneadh ina mheigigiúil (MJ) a úsáideann long chun tiomáint nó chun aon trealamh ar bord a oibriú, ar muir nó i mbeart; | (n) ciallaíonn 'úsáid fuinnimh ar bord' an méid fuinnimh**,** arna shloinneadh ina mheigigiúil (MJ) a úsáideann long chun tiomáint nó chun aon trealamh ar bord a oibriú, ar muir nó i mbeart***, cé is moite den fhuinneamh breise a úsáidtear mar gheall ar shaintréithe teicniúla loinge in aicme oighir IA nó IA Super, nó mar gheall ar aicme oighir choibhéiseach, agus cé is moite den fhuinneamh breise a úsáideann long in aicme oighir IC, IB, IA nó IA Super nó mar gheall ar bheith ag seoladh faoi dhálaí oighir***; |

**Leasú 69**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 –mír 1 – pointe q a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(q a) ciallaíonn 'aicme oighir' an nodaireacht a shannann údaráis inniúla náisiúnta an stáit brataí nó eagraíocht arna haithint ag an stát sin don long, lena léirítear gur dearadh an long sin le haghaidh loingseoireachta i ndálaí muiroighir.*** |

**Leasú 70**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 –mír 1 – pointe q b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(q b) ciallaíonn 'ag seoladh faoi dhálaí oighir' long atá aicmithe mar long oighir a sheoladh i limistéar farraige laistigh den imeall oighir;*** |

**Leasú 71**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 –mír 1 – pointe q c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(q c) ciallaíonn 'imeall oighir' an teorannú, aon tráth ar leith, idir an fharraige oscailte agus oighear na farraige de chineál ar bith, bíodh sé tapa nó le sruth;*** |

**Leasú 72**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe r**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (r) ciallaíonn 'soláthar cumhachta ar tír' an córas chun leictreachas a sholáthar do longa i mbeart, ar leictreachas ardvoltais nó ísealvóltais é le sruth ailtéarnach nó díreach, lena n-áirítear suiteálacha cois loinge agus cois cladaigh ***nuair atáthar*** ag cothú phríomh-lasc-chlár dáileacháin na loinge ***go díreach*** chun an tréimhse ar bord nó ualaí oibre seirbhíse a chumhachtú nó chun ceallraí in-athluchtaithe a luchtú; | (r) ciallaíonn 'soláthar cumhachta ar tír' an córas chun leictreachas a sholáthar do longa i mbeart, ar leictreachas ardvoltais nó ísealvóltais é le sruth ailtéarnach nó díreach, lena n-áirítear suiteálacha cois loinge agus cois cladaigh ***do-aistrithe, ar snámh agus soghluaiste*** ag cothú phríomh-lasc-chlár dáileacháin na loinge chun an tréimhse ar bord nó ualaí oibre seirbhíse a chumhachtú nó chun ceallraí in-athluchtaithe a luchtú; |

**Leasú 73**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 2 – fleasc 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| — ***-13%*** ón 1 Eanáir 2035; | — ***-20%*** ón 1 Eanáir 2035; |

**Leasú 74**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 2 – fleasc 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| — ***-26%*** ón 1 Eanáir 2040; | — ***-38%*** ón 1 Eanáir 2040; |

**Leasú 75**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 2 – fleasc 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| — ***-59%*** ón 1 Eanáir 2045; | — ***-64%*** ón 1 Eanáir 2045; |

**Leasú 76**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 2 – fleasc 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| — ***-75 %*** ón 1 Eanáir 2050. | — ***-80 %*** ón 1 Eanáir 2050. |

**Leasú 77**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 2 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| [Réiltín: An luach tagartha, a ***ríomhfar*** ag céim níos deireanaí sa nós imeachta reachtach, comhfhreagraíonn sé do mheándéine ***gás*** ceaptha teasa an ***fhlít*** ón bhfuinneamh a úsáidtear ar bord long in 2020, meándéine a cinneadh ar bhonn na sonraí a ndearnadh faireachán orthu agus a tuairiscíodh i gcreat Rialachán (AE) 2015/757 agus úsáid á baint as an modheolaíocht agus as na luachanna réamhshocraithe a leagtar síos in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán sin.] | [Réiltín: An luach tagartha, a ***ndéanfar a ríomh*** ag céim níos deireanaí sa nós imeachta reachtach, comhfhreagraíonn sé do mheándéine ***ghás*** ceaptha teasa ***fhlít*** an ***Aontais*** ón bhfuinneamh a úsáidtear ar bord long in 2020, meándéine a cinneadh ar bhonn na sonraí a ndearnadh faireachán orthu agus a tuairiscíodh i gcreat Rialachán (AE) 2015/757 agus úsáid á baint as an modheolaíocht agus as na luachanna réamhshocraithe a leagtar síos in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán sin.] |

**Leasú 78**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Ríomhfar déine astaíochtaí gás ceaptha teasa an fhuinnimh a úsáidtear ar bord loinge mar an méid astaíochtaí gás ceaptha teasa in aghaidh an aonaid fuinnimh de réir na modheolaíochta a shonraítear in Iarscríbhinn I. | 3. Ríomhfar déine astaíochtaí gás ceaptha teasa an fhuinnimh a úsáidtear ar bord loinge mar an méid astaíochtaí gás ceaptha teasa in aghaidh an aonaid fuinnimh de réir na modheolaíochta a shonraítear in Iarscríbhinn I. ***I gcás longa in aicmí oighir, cuirfear fachtóir ceartúcháin i bhfeidhm, ceartúchán a mbeidh mar thoradh air an t-ídiú breosla níos airde atá nasctha le loingseoireacht oighir a asbhaint.*** |

**Leasú 79**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 3 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3 a. Maidir leis na luachanna réamhshocraithe a leagtar síos in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo, beidh siad mar bhonn chun fachtóirí astaíochta a ríomh. I gcás ina bhfuil luachanna iarbhír ann a fhíoraítear trí bhíthin deimhniúcháin nó tomhais dhíreacha astaíochtaí, féadfar na luachanna iarbhír sin a úsáid ina ionad sin.*** |

**Leasú 80**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a | 4. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a |

| | |
|---|---|
| ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 26 chun Iarscríbhinn II a leasú chun fachtóirí astaíochta tobar go marbhshruth a bhaineann le haon fhoinse nua fuinnimh a chur ar áireamh nó chun fachtóirí astaíochta atá ann cheana a oiriúnú chun comhsheasmhacht a áirithiú le caighdeáin idirnáisiúnta a bheidh ann amach anseo nó le reachtaíocht an Aontais i réimse an fhuinnimh. | ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 26 chun Iarscríbhinn II a leasú chun fachtóirí astaíochta tobar go marbhshruth a bhaineann le haon fhoinse nua fuinnimh a chur ar áireamh nó chun fachtóirí astaíochta atá ann cheana a oiriúnú chun comhsheasmhacht a áirithiú le caighdeáin idirnáisiúnta a bheidh ann amach anseo nó le reachtaíocht an Aontais i réimse an fhuinnimh ***agus a áirithiú go bhfuil siad chomh hionadaíoch agus is féidir ar fhíorastaíochtaí ar fud gach céim de shaolré an bhreosla, i gcomhréir leis an eolas eolaíoch agus teicniúil is fearr atá ar fáil***. |

**Leasú 81**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 4 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***4 a. Eagrófar comhairliúcháin idir comhlachtaí bainistíochta calafort, oibreoirí críochfoirt, úinéirí long, oibreoirí long, soláthróirí breosla agus geallsealbhóirí ábhartha eile, chun comhar a áirithiú maidir leis an soláthar breosla malartach atá pleanáilte agus in úsáid i gcalafoirt aonair, agus maidir leis an éileamh a bhfuiltear ag súil leis ó shoithí a thugann cuairt ar na calafoirt sin.*** |

**Leasú 82**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 4a*** |
| | ***Úsáid Breoslaí In-athnuaite de Thionscnamh Neamhbhitheolaíoch*** |

***1. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá, ag tarraingt, más gá, ar an sásra malartaithe creidmheasa a bunaíodh le Rialachán XXXX [an Treoir maidir le Fuinneamh In-athnuaite], chun a áirithiú go gcuirfear breoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch (RFNBOnna) ar fáil i gcalafoirt laistigh dá gcríoch.***

***2. Ón 1 Eanáir 2025 go dtí an 31 Nollaig 2034, úsáidfear iolraitheoir '2' in ainmneoir Chothromóid (1) d'Iarscríbhinn I chun déine gás ceaptha teasa an fhuinnimh a úsáidtear ar bord a ríomh, chun cuideachtaí a chúiteamh as breoslaí RFNBO a úsáid.***

***3. Ón 1 Eanáir 2030, comhlíonfar 2 % ar a laghad den mheánfhuinneamh bliantúil a úsáidtear ar bord loinge le RFNBOnna i gcomhréir le mír 1(b) d'Airteagal 9.***

***4. Go dtí an 31 Nollaig 2034, ní bheidh feidhm ag mír 3 maidir le cuideachtaí, ná lena bhfochuideachtaí, a oibríonn trí long nó níos lú a thagann faoin raon feidhme a leagtar síos in Airteagal 2(1).***

***5. Faoi 2028 ar a dhéanaí, déanfaidh an Coimisiún measúnú ar an oibleagáid a leagtar síos i mír 3 d'fhonn í a choigeartú más rud é:***

***– go bhfuil imní mhór ann faoi acmhainneacht táirgeachta, infhaighteacht nó praghas RFNBOnna, nó;***

***– go bhfuil laghdú suntasach ar chostais agus infhaighteacht chuimsitheach ar bhonn geografach ar RFNBOnna agus gur gá leibhéal an fhochuóta a mhéadú chun spriocanna aeráide an Aontais a bhaint amach.***

***6. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 26 chun na critéir don mheasúnú sin a leagan síos, agus chun na hoibleagáidí in***

| | |
|---|---|
| | ***Airteagal 4a(3) agus in Iarscríbhinn V a choigeartú má mheastar gur gá sin de bharr an mheasúnaithe arna dhéanamh i gcomhréir le Mír 5.*** |

**Leasú 83**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Ón 1 Eanáir 2030 ar aghaidh, long i mbeart i gcalafort cuarda ***faoi dhlínse Ballstáit***, nascfaidh sí leis an soláthar cumhachta ar tír agus úsáidfidh sí é le haghaidh a riachtanas fuinnimh ar fad agus í i mbeart. | 1. Ón 1 Eanáir 2030 ar aghaidh, long i mbeart i gcalafort cuarda ***a chumhdaítear le hAirteagal 9 de Rialachán XXXX-XXX (an Rialachán maidir le Bonneagar Breoslaí Malartacha)***, nascfaidh sí leis an soláthar cumhachta ar tír agus úsáidfidh sí é le haghaidh a riachtanas fuinnimh ar fad agus í i mbeart. ***I gcás ina bhfuil OPS suiteáilte dá dheoin féin ag calafort neamh-TEN-T, déanfaidh longa a stadann ag an gcalafort sin agus a bhfuil trealamh OPS comhoiriúnach acu ar bord ceangal le OPS nuair atá sé ar fáil ag an mbeart ar tugadh cuairt air.*** |

**Leasú 84**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 3 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) ***longa a úsáideann teicneolaíochtaí*** astaíochtaí nialasacha, mar a shonraítear in ***Iarscríbhinn III***; | (b) ***Le húsáid na dteicneolaíochtaí*** astaíochtaí nialasacha, mar a shonraítear in ***Iarscríbhinn III, ar choinníoll go mbainfidh siad amach go leanúnach astaíochtaí atá comhionann leis na laghduithe astaíochtaí a bhainfí amach trí úsáid a bhaint as soláthar cumhachta ar an gcladach***; |

**Leasú 85**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 3 – pointe d**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (d) longa nach féidir leo nascadh leis an soláthar cumhachta ar tír toisc nach bhfuil pointí nasctha ar fáil i gcalafort; | (d) longa nach féidir leo nascadh leis an soláthar cumhachta ar tír toisc nach bhfuil pointí nasctha ar fáil i gcalafort***, lena n-áirítear mar gheall ar easpa acmhainneachta (sealadach) eangaí, lena n-áirítear le linn éileamh (séasúrach) uaschumhachta ó shoithí atá i mbeart***; |

**Leasú 86**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 3 – pointe e**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (e) ***longa*** nach ***féidir leo nascadh*** leis an soláthar cumhachta ar tír toisc nach bhfuil an tsuiteáil ar ***tír sa chalafort*** comhoiriúnach leis an trealamh cumhachta ar tír ar bord***;*** | (e) nach ***bhfuil in ann ceangal*** leis an soláthar cumhachta ar tír toisc nach bhfuil an tsuiteáil ar ***an gcósta ag an gcalafort*** comhoiriúnach leis an trealamh cumhachta ar tír ***atá*** ar ***an long ar choinníoll go ndéantar an tsuiteáil le haghaidh nasc le tír mór ar*** bord ***na loinge a dheimhniú i gcomhréir leis na caighdeáin a shonraítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán XXXX-XXX (an Rialachán maidir le bonneagar breoslaí malartacha) le haghaidh córais nasc leis an gcósta do longa farraige*** |

**Leasú 87**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 3 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3 a. Cuirfidh oibreoirí long na calafoirt a ghlaonn siad ar an eolas roimh ré faoina rún ceangal a dhéanamh leis an soláthar cumhachta ar tír nó faoina rún teicneolaíocht astaíochtaí nialasacha a*** |

| | |
|---|---|
| | ***úsáid mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán seo. Cuirfidh oibreoirí long in iúl freisin, i gcás inarb infheidhme, an méid cumhachta a bhfuil siad ag súil leis le linn na cuairte sin agus tabharfaidh siad eolas faoin trealamh cumhachta atá ar fáil ar bord.*** |

**Leasú 88**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 26 chun Iarscríbhinn III a leasú chun tagairtí do theicneolaíochtaí nua a chur isteach i liosta na dteicneolaíochtaí astaíochtaí nialasacha infheidhme nó ***tagairtí do chritéir*** lena n-úsáid, i gcásanna ina bhfaightear amach go bhfuil na teicneolaíochtaí nua sin coibhéiseach leis na teicneolaíochtaí a liostaítear san Iarscríbhinn sin, i bhfianaise dul chun cinn eolaíoch agus teicniúil. | 4. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 26 chun Iarscríbhinn III a leasú chun tagairtí do theicneolaíochtaí nua a chur isteach i liosta na dteicneolaíochtaí astaíochtaí nialasacha infheidhme nó ***chun an critéir maidir*** lena n-úsáid ***a mhodhnú***, i gcásanna ina bhfaightear amach go bhfuil na teicneolaíochtaí nua sin ***nó na critéir lena n-úsáid*** coibhéiseach leis na teicneolaíochtaí a liostaítear san Iarscríbhinn sin ***nó níos fearr***, i bhfianaise dul chun cinn eolaíoch agus teicniúil. |

**Leasú 89**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. Cinnfidh comhlacht bainistíochta an chalafoirt ***cibé acu*** an bhfuil feidhm ag na heisceachtaí a shocraítear i mír 3 ***nó nach bhfuil*** agus eiseoidh sé an deimhniú i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach in Iarscríbhinn IV nó diúltóidh sé an deimhniú sin a eisiúint. | 5. Cinnfidh comhlacht bainistíochta***, nó i gcás inarb infheidhme, oibreoir*** an ***chríochfoirt nó an t-údarás inniúil, an*** chalafoirt ***i dtaobh*** an bhfuil feidhm ag na heisceachtaí a shocraítear i mír 3 agus eiseoidh sé an deimhniú i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach in Iarscríbhinn IV nó diúltóidh sé an |

| | |
|---|---|
| | deimhniú sin a eisiúint. |

**Leasú 90**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***6. Ón 1 Eanáir 2035 ar aghaidh, ní fhéadfar na heisceachtaí a liostaítear i mír 3, pointí (d) agus (e), a chur i bhfeidhm maidir le long ar leith, níos mó ná cúig huaire ar an iomlán in aon bhliain tuairiscithe amháin. Ní áireofar cuairt ar chalafort chun críche comhlíontachta leis an bhforáil seo i gcás ina léiríonn an chuideachta nárbh fhéidir léi a fhios a bheith aici go réasúnach nach mbeadh an long in ann nascadh ar na cúiseanna dá dtagraítear i mír 3, pointí (d) agus (e).*** | ***scriosta*** |

**Leasú 91**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 7 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***7 a. Eagrófar comhairliúcháin idir comhlachtaí bainistíochta calafort, oibreoirí críochfoirt, úinéirí long, oibreoirí long, soláthróirí OPS bainsteoirí eangaí agus geallsealbhóirí ábhartha eile, chun comhar a áirithiú maidir leis an mbonneagar OPS atá pleanáilte agus in úsáid i gcalafoirt aonair, chomh maith leis an éileamh a bhfuiltear ag súil leis ó shoithí a thugann cuairt ar na calafoirt sin.*** |

**Leasú 92**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Gheobhaidh cuideachtaí sonraí faireacháin, lena n-áirítear toimhdí, tagairtí, fachtóirí astaíochta agus sonraí gníomhaíochta, agus déanfaidh siad iad a thaifeadadh, a thiomsú, a anailísiú agus a dhoiciméadú ar bhealach cruinn trédhearcach chun gur féidir leis an bhfíoraitheoir déine astaíochtaí gás ceaptha teasa an fhuinnimh a úsáidtear ar bord loinge a chinneadh. | 4. Gheobhaidh cuideachtaí sonraí faireacháin, lena n-áirítear toimhdí, tagairtí, fachtóirí astaíochta agus sonraí gníomhaíochta, agus ***aon fhaisnéis eile a theastaíonn chun an Rialachán seo a chomhlíonadh, agus*** déanfaidh siad iad a thaifeadadh, a thiomsú, a anailísiú agus a dhoiciméadú ar bhealach cruinn trédhearcach chun gur féidir leis an bhfíoraitheoir déine astaíochtaí gás ceaptha teasa an fhuinnimh a úsáidtear ar bord loinge a chinneadh. |

**Leasú 93**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 3 – pointe e**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (e) tuairisc ar na foinsí fuinnimh a bhfuil sé beartaithe iad a úsáid ar bord agus an long i mbun loingseoireachta agus í i mbeart chun na ceanglais a leagtar amach in Airteagail 4 agus 5 a chomhlíonadh; | (e) tuairisc ar na foinsí fuinnimh a bhfuil sé beartaithe iad a úsáid ar bord agus an long i mbun loingseoireachta agus í i mbeart chun na ceanglais a leagtar amach in Airteagail 4 agus 5***, agus in Iarscríbhinní I agus III, faoi seach,*** a chomhlíonadh; |

**Leasú 94**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 3 – pointe k**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (k) tuairisc ar an modh atá le húsáid chun sonraí ionadacha a chinneadh chun bearnaí sna sonraí a líonadh; | (k) tuairisc ar an modh atá le húsáid chun sonraí ionadacha a chinneadh chun bearnaí sna sonraí a líonadh ***nó chun earráidí sonraí a shainaithint agus a cheartú***; |

**Leasú 95**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 3 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3 a. Má tá an fuinneamh breise is gá mar gheall ar aicme oighir na loinge le heisiamh ó ríomh an fhuinnimh a úsáidtear ar bord, áireofar na nithe seo a leanas sa phlean faireacháin freisin:*** |
| | ***(a) faisnéis faoi oighear-aicme na loinge,*** |
| | ***(b) tuairisc ar an nós imeachta chun faireachán a dhéanamh ar an bhfad a taistealaíodh don turas ar fad; agus*** |
| | ***(c) agus iad ag seoltóireacht faoi dhálaí oighir, an dáta agus an t-am a sheoltar i ndálaí oighir, an t-ídiú breosla agus an fuinneamh a sholáthraítear le foinsí ionadacha fuinnimh, nó teicneolaíocht astaíochtaí nialasacha mar a shonraítear in Iarscríbhinn III agus iad ag seoladh faoi dhálaí oighir.*** |

**Leasú 96**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 8 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Seiceálfaidh cuideachtaí go rialta, agus uair sa bhliain ar a laghad, ***cé acu a*** léirítear cineál agus feidhmiú na loinge le plean faireacháin na loinge ***nó nach léirítear*** agus ***cé acu is*** féidir an mhodheolaíocht faireacháin a fheabhsú nó ***nach féidir***. | 1. Seiceálfaidh cuideachtaí go rialta, agus uair sa bhliain ar a laghad, ***i dtaobh an*** léirítear cineál agus feidhmiú na loinge le plean faireacháin na loinge agus ***i dtaobh an*** féidir an mhodheolaíocht faireacháin a fheabhsú***, a cheartú*** nó ***a nuashonrú***. |

**Leasú 97**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 8 – mír 2 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Déanfaidh cuideachtaí an plean faireacháin a mhodhnú in aon cheann de na cásanna seo a leanas: | 2. Déanfaidh cuideachtaí an plean faireacháin a mhodhnú ***gan moill mhíchuí*** in aon cheann de na cásanna seo a leanas: |

**Leasú 98**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 8 – mír 2 – pointe e a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(e a) i gcás nach leor modhanna chun bearnaí sonraí a chosc agus earráidí sonraí a shainaithint chun daingne agus trédhearcacht na sonraí a áirithiú.*** |

**Leasú 99**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 9 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Soláthróidh cuideachtaí sonraí cruinne iontaofa maidir le déine astaíochtaí gás ceaptha teasa agus maidir le tréithe inbhuanaitheachta bithbhreoslaí, bithgháis, breoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch agus breosla carbóin in-athnuaite, sonraí a fhíorófar le scéim atá aitheanta ag an gCoimisiún i gcomhréir le ***hAirteagail 30***(5) agus (6) de Threoir (AE) 2018/2001. | 2. Soláthróidh cuideachtaí sonraí cruinne ***iomlána agus*** iontaofa maidir le déine astaíochtaí gás ceaptha teasa agus maidir le tréithe inbhuanaitheachta bithbhreoslaí, bithgháis, breoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch agus breosla carbóin in-athnuaite, sonraí a fhíorófar le scéim atá aitheanta ag an gCoimisiún i gcomhréir le ***hAirteagal 30***(5) agus (6) de Threoir (AE) 2018/2001. |

**Leasú 100**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 9 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Beidh cuideachtaí i dteideal imeacht ó na luachanna bunaithe réamhshocraithe le haghaidh fachtóirí astaíochta umar go marbhshruth ar ***an gcoinníoll*** go ndeimhnítear ***na*** luachanna iarbhír trí bhíthin ***tástáil saotharlainne nó*** tomhais ***dhíreacha*** astaíochtaí. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 26 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí na rialacha a leagan síos maidir le ***tástáil saotharlainne a dhéanamh agus tomhais dhíreacha astaíochtaí***. | 3. Beidh cuideachtaí i dteideal imeacht ó na luachanna bunaithe réamhshocraithe le haghaidh fachtóirí astaíochta umar go marbhshruth ar ***choinníoll*** go ndeimhnítear luachanna iarbhír trí bhíthin tomhais astaíochtaí ***díreacha i gcomhréir leis na scéimeanna deimhniúcháin agus fíorúcháin atá ann cheana a leagtar síos i dTreoir (AE) 2018/2001 agus Treoir (AE) XXXX/XXXX (an Treoir maidir le Gás)***. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 26 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí na rialacha a leagan síos maidir le ***hastaíochtaí díreacha a thomhas***. |

**Leasú 101**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 9 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 9a*** |
| | ***Deimhniú breoslaí eile*** |
| | ***1. Beidh cuideachtaí i dteideal imeacht ó na luachanna bunaithe réamhshocraithe le haghaidh fachtóirí astaíochta umar go marbhshruth na mbreoslaí eile go léir ar choinníoll go mbunaítear na luachanna iarbhír trí bhíthin deimhniú nó tomhais dhíreacha astaíochtaí.*** |
| | ***2. Beidh cuideachtaí i dteideal imeacht ó na luachanna bunaithe réamhshocraithe le haghaidh fachtóirí astaíochta umar go marbhshruth na mbreoslaí eile go léir ar choinníoll go ndeimhnítear na luachanna iarbhír trí bhíthin tástáil saotharlainne nó tomhais dhíreacha astaíochtaí.*** |

***3. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 26 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí na rialacha a leagan síos maidir le hastaíochtaí iarbhír tobar-go-humar a dheimhniú agus rialacha maidir le tomhais dhíreacha astaíochtaí a dhéanamh.***

**Leasú 102**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 10 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Déanfaidh an fíoraitheoir measúnú ar chomhréireacht an phlean faireacháin leis na ceanglais a leagtar síos in Airteagail 6 go 9. I gcás ina sainaithnítear i measúnú an fhíoraitheora neamh-chomhréireachtaí leis na ceanglais sin, déanfaidh an chuideachta lena mbaineann athbhreithniú ar a plean faireacháin dá réir agus cuirfidh sí an plean athbhreithnithe faoi bhráid an fhíoraitheora le haghaidh measúnú deiridh sula dtosóidh an tréimhse tuairiscithe. Tiocfaidh an chuideachta lena mbaineann ar chomhaontú leis an bhfíoraitheoir maidir leis an tréimhse atá riachtanach chun na hathbhreithnithe sin a thabhairt isteach. Ní shínfear an tréimhse sin thar thús na tréimhse tuairiscithe i gcás ar bith. | 1. Déanfaidh an fíoraitheoir measúnú ar chomhréireacht an phlean faireacháin leis na ceanglais a leagtar síos in Airteagail 6 go 9. I gcás ina sainaithnítear i measúnú an fhíoraitheora neamh-chomhréireachtaí leis na ceanglais sin, déanfaidh an chuideachta lena mbaineann ***gan moill mhíchuí*** athbhreithniú ar a plean faireacháin dá réir agus cuirfidh sí an plean athbhreithnithe faoi bhráid an fhíoraitheora le haghaidh measúnú deiridh sula dtosóidh an tréimhse tuairiscithe. Tiocfaidh an chuideachta lena mbaineann ar chomhaontú leis an bhfíoraitheoir maidir leis an tréimhse atá riachtanach chun na hathbhreithnithe sin a thabhairt isteach. Ní shínfear an tréimhse sin thar thús na tréimhse tuairiscithe i gcás ar bith. |

**Leasú 103**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 10 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. I gcás ina sainaithnítear leis an measúnú fíorúcháin ráitis mhíchearta nó neamh-chomhréireachtaí leis an Rialachán | 3. I gcás ina sainaithnítear leis an measúnú fíorúcháin ráitis mhíchearta nó neamh-chomhréireachtaí leis an Rialachán |

| | |
|---|---|
| seo, cuirfidh an fíoraitheoir an chuideachta lena mbaineann ar an eolas faoi go tráthúil. Leasóidh an chuideachta sin na ráitis mhíchearta nó ***na*** neamh-chomhréireachtaí ansin chun gur féidir an próiseas fíorúcháin a chríochnú in am. | seo, cuirfidh an fíoraitheoir an chuideachta lena mbaineann ar an eolas faoi go tráthúil. Leasóidh an chuideachta sin ***gan moill mhíchuí*** na ráitis mhíchearta nó neamh-chomhréireachtaí ansin chun gur féidir an próiseas fíorúcháin a chríochnú in am. |

**Leasú 104**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 11 – mír 2 – pointe d**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (d) soláthar cumhachta ar tír a úsáid nó eisceachtaí arna ndeimhniú i gcomhréir le ***hAirteagal 5***(5) a bheith ann. | (d) soláthar cumhachta ar tír a úsáid nó eisceachtaí ***a liostaítear in Airteagal 5(3)*** arna ndeimhniú i gcomhréir le ***hAirteagal 5***(5) a bheith ann. |

**Leasú 105**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 11 – mír 3 – pointe d**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (d) go bhfuil taifid ábhartha na loinge iomlán agus comhsheasmhach. | (d) go bhfuil taifid ábhartha na loinge iomlán***, trédhearcach*** agus comhsheasmhach. |

**Leasú 106**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 12 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Sainaithneoidh an fíoraitheoir rioscaí ionchasacha ***i ndáil*** leis an bpróiseas faireacháin agus tuairiscithe trí chomparáid a dhéanamh idir an méid fuinnimh, an cineál fuinnimh agus fachtóir astaíochta an fhuinnimh a úsáidtear ar bord ***long*** agus sonraí measta bunaithe ar shonraí rianaithe long agus saintréithe long | 1. Sainaithneoidh an fíoraitheoir rioscaí ionchasacha ***a bhaineann*** leis an bpróiseas faireacháin agus tuairiscithe trí chomparáid a dhéanamh idir an méid fuinnimh, an cineál fuinnimh agus fachtóir astaíochta an fhuinnimh a úsáidtear ar bord ***ag longa*** agus sonraí measta bunaithe ar shonraí rianaithe long agus saintréithe long |

| | |
|---|---|
| amhail cumhacht an innill shuiteáilte. I gcás ina n-aimsítear ***claontaí*** suntasacha, déanfaidh an fíoraitheoir tuilleadh anailísí. | amhail cumhacht an innill shuiteáilte. I gcás ina n-aimsítear ***éagsúlachtaí*** suntasacha ***a bhainfeadh an bonn ó bhaint amach spriocanna an Rialacháin seo***, déanfaidh an fíoraitheoir tuilleadh anailísí. |

**Leasú 107**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 13 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. ***Creidiúnóidh*** comhlacht náisiúnta creidiúnaithe fíoraitheoirí le haghaidh gníomhaíochtaí faoi raon feidhme an Rialacháin seo de bhun Rialachán (CE) Uimh. 765/2008. | 1. ***Déanfaidh*** comhlacht náisiúnta creidiúnaithe fíoraitheoirí ***a chreidiúnú*** le haghaidh gníomhaíochtaí ***a thagann*** faoi raon feidhme an Rialacháin seo de bhun Rialachán (CE) Uimh. 765/2008. ***Tabharfaidh an comhlacht náisiúnta creidiúnaithe fógra don Choimisiún go rialta faoi liosta na bhfíoraitheoirí creidiúnaithe, mar aon leis an bhfaisnéis teagmhála ábhartha go léir.*** |

**Leasú 108**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 13 – mír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1a. Áiritheoidh na comhlachtaí náisiúnta creidiúnaithe an méid seo a leanas maidir leis an bhíoraitheoir:*** |
| | ***(a) go bhfuil eolas aige ar loingseoireacht;*** |
| | ***(b) go bhfuil aige i gcónaí an fhoireann shuntasach theicniúil agus tacaíochta a bheidh i gcomhréir leis an líon soithí a fhíoróidh sé;*** |
| | ***(c) go bhfuil sé in ann acmhainn agus foireann a shannadh do gach áit oibre, nuair is gá agus de réir mar is gá, i gcomhréir leis na cúraimí a bheidh le déanamh de réir na gcúraimí éagsúla a*** |

| | |
|---|---|
| | ***liostaítear i gCaibidil V den Rialachán seo;*** |

**Leasú 109**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 13 – mír 1 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1b. Chun coinbhleachtaí leasa a d'fhéadfadh a bheith ann a eisiamh, ní bheidh an fíoraitheoir ag brath go substaintiúil ar chuideachta aonair dá ioncam.*** |

**Leasú 110**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 13 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le ***hAirteagal 26*** chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí mhodhanna agus critéir bhreise a leagan síos le haghaidh creidiúnú fíoraitheoirí. Beidh na modhanna a shonraítear sna gníomhartha tarmligthe sin bunaithe ar na prionsabail maidir le fíorúchán dá bhforáiltear in Airteagail 10 agus 11 agus ar chaighdeáin ábhartha a bhfuil glacadh leo go hidirnáisiúnta. | 3. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le ***hAirteagal 26*** chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí mhodhanna agus critéir bhreise a leagan síos le haghaidh creidiúnú fíoraitheoirí ***agus rialacha eile chun neamhspleáchas agus neamhchlaontacht na bhfíoraitheoirí a áirithiú***. Beidh na modhanna a shonraítear sna gníomhartha tarmligthe sin bunaithe ar na prionsabail maidir le fíorúchán dá bhforáiltear in Airteagail 10 agus 11 agus ar chaighdeáin ábhartha a bhfuil glacadh leo go hidirnáisiúnta. |

**Leasú 111**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 14 – mír 1 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) méid gach cineáil breosla a ídítear i mbeart agus ar muir; | (c) méid gach cineáil breosla a ídítear i mbeart agus ar muir***, lena n-áirítear an méid leictreachais a thógtar ag an mbeart chun críocha loingseoireachta***; |

**Leasú 112**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 14 – mír 1 – pointe d**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (d) na fachtóirí astaíochta ***tobar*** go marbhshruth le haghaidh gach cineáil breosla a ídítear i mbeart agus ar muir, de réir tobar go humar, umar go marbhshruth agus astaíochtaí éalaitheacha lena gcumhdaítear na gáis ***ceaptha*** teasa ábhartha uile; | (d) na fachtóirí astaíochta ***ó thobar*** go marbhshruth le haghaidh gach cineáil breosla***, lena n-áirítear leictreachas*** a ***thógtar ó sholáthar cumhachta ar tír, a*** ídítear i mbeart agus ar muir, de réir tobar go humar, umar go marbhshruth agus astaíochtaí éalaitheacha lena gcumhdaítear na gáis ***cheaptha*** teasa ábhartha uile; |

**Leasú 113**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 14 – mír 1 – pointe e**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (e) méid gach cineáil foinse ionadaí fuinnimh a ídítear i mbeart agus ar muir. | (e) méid gach cineáil foinse ionadaí fuinnimh a ídítear i mbeart agus ar muir***, lena n-áirítear breoslaí, leictreachas, fuinneamh gaoithe agus gréine***. |

**Leasú 114**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 14 – mír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1 a. Má tá an fuinneamh breise a bhfuil gá leis i ngeall ar aicme oighir na*** |

***loinge le heisiamh ón bhfuinneamh a úsáidtear ar bord, áireofar na nithe seo a leanas sa phlean faireacháin freisin:***

***(a) oighear-aicme na loinge;***

***(b) an dáta agus an t-am nuair a bhítear ag seoladh faoi dhálaí oighir,***

***(c) méid gach cineáil breosla a ídítear nuair a bhítear ag seoladh faoi dhálaí oighir;***

***(d) méid gach cineáil foinse ionadaí fuinnimh a ídítear nuair a bhítear ag seoladh faoi dhálaí oighir.***

***(e) an t-achar a thaistealaítear nuair a bhítear ag seoladh faoi dhálaí oighir,***

***(f) an t-achar a thaistealaítear le linn an turais,***

***(g) méid gach cineáil breosla a ídítear ar muir agus***

***(h) méid gach cineáil foinse ionadaí fuinnimh a ídítear ar muir.***

**Leasú 115**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 14 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Déanfaidh cuideachtaí an fhaisnéis agus na sonraí a liostaítear i mír 1 a thaifeadadh ar bhonn bliantúil ***ar bhealach trédhearcach*** lena gcuirtear ar ***a*** chumas ***don fhíoraitheoir*** comhlíontacht leis an Rialachán seo a fhíorú. | 2. Déanfaidh cuideachtaí an fhaisnéis agus na sonraí a liostaítear i mír 1 a thaifeadadh ar ***bhealach tráthúil agus trédhearcach agus iad a thiomsú ar*** bhonn bliantúil lena gcuirtear ar chumas ***an fhíoraitheora*** comhlíontacht leis an Rialachán seo a fhíorú. |

**Leasú 116**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 15 – mír 2 – pointe c a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(c a) an fhaisnéis sin a sholáthraítear a thiomsú de bhun Airteagal 14(3) agus í a chur faoi bhráid údarás inniúil an Bhallstáit.*** |

**Leasú 117**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 15 – mír 2 – pointe d**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(d) méid na bpionós dá dtagraítear in Airteagal 20(1) agus (2) a ríomh.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 118**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 15 – mír 3 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3 a. Ar bhonn na faisnéise a sholáthróidh an fíoraitheoir, ríomhfaidh údarás inniúil an Bhallstáit méid na bpionós dá dtagraítear in Airteagal 20(1) agus (2) agus cuirfidh sé an méid sin in iúl don chuideachta.*** |

**Leasú 119**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 15 – mír 4 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***4a. Is éard a bheidh san údarás riaracháin i leith cuideachta loingseoireachta:***<br><br>***(a) i gcás cuideachta loingseoireachta atá cláraithe i mBallstát, an Ballstát ina bhfuil an chuideachta loingseoireachta*** |

| | |
|---|---|
| | ***cláraithe;*** |
| | ***(b) i gcás cuideachta loingseoireachta nach bhfuil cláraithe i mBallstát, an Ballstát lena mbaineann an líon measta is mó cuairteanna ar chalafoirt le linn muiraistear ag an gcuideachta loingseoireachta sin le 2 bhliain faireacháin anuas agus a thagann faoin raon feidhme a leagtar amach in Airteagal 2;*** |
| | ***(c) i gcás cuideachta loingseoireachta nach bhfuil cláraithe i mBallstáit agus nár thug faoi aon mhuiraistear a thagann faoin raon feidhme a leagtar amach in Airteagal 2 le 2 bhliain faireacháin anuas, is é an Ballstát ónar thosaigh an chuideachta loingseoireachta a chéad mhuiraistear a thagann faoin raon feidhme a leagtar amach in Airteagal 2 a bheidh ina údarás riaracháin.*** |

**Leasú 120**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 16 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Forbróidh an Coimisiún bunachar sonraí comhlíontachta leictreonach chun faireachán a dhéanamh ar ***chomhlíontacht le hAirteagail 4*** agus 5***, áiritheoidh an Coimisiún feidhmiú an bhunachair sonraí sin agus nuashonróidh sé é***. Úsáidfear an bunachar sonraí comhlíontachta chun taifead a ***choimeád ar iarmhéid comhlíontachta*** na long agus ar úsáid na sásraí solúbthachta a leagtar amach in ***Airteagail 17*** agus 18. Beidh rochtain ag na cuideachtaí, na fíoraitheoirí, na húdaráis inniúla agus an Coimisiún air. | 1. Forbróidh an Coimisiún bunachar sonraí comhlíontachta leictreonach***, áiritheoidh sé feidhmiú bunachar sonraí comhlíontachta leictreonaigh arna chomhtháthú leis an gcóras THETIS-MRV arna bhunú faoi Rialachán (AE) 2015/757, agus nuashonróidh sé é,*** chun faireachán a dhéanamh ar ***chomhlíonadh Airteagail 4*** agus 5. Úsáidfear an bunachar sonraí comhlíontachta chun taifead a ***choinneáil ar chomhardú comhlíonta*** na long***, ar úsáid na ndíolúintí a leagtar amach in Airteagal 5(3)*** agus ar úsáid na sásraí solúbthachta a leagtar amach in ***Airteagail 17*** agus 18 ***agus ar na pionóis arna dtabhú faoi Airteagal 20***. Beidh rochtain ag na cuideachtaí, na fíoraitheoirí, na húdaráis inniúla agus an Coimisiún air. |

**Leasú 121**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 16 – mír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1a. Ceadófar do chuideachtaí barrachas comhlíontachta ó longa atá go hiomlán faoi thiomáint fuinnimh in-athnuaite, amhail fuinneamh gaoithe nó gréine, a bhancáil, fad nach n-úsáidtear na longa sin chun críocha fóillíochta amháin.*** |

**Leasú 122**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 16 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Faoin ***30 Aibreán*** gach bliain, déanfaidh an chuideachta taifead sa bhunachar sonraí comhlíontachta maidir le gach long dá cuid, taifead ina mbeidh an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 15(2), arna fionnadh ag an bhfíoraitheoir, mar aon leis an bhfaisnéis lenar féidir an long agus an chuideachta a shainaithint, chomh maith le céannacht an fhíoraitheora a rinne an measúnú. | 3. Faoin ***30 Aibreán*** gach bliain, déanfaidh an chuideachta taifead sa bhunachar sonraí comhlíontachta maidir le gach long dá cuid, taifead ina mbeidh an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 15(2), arna fionnadh ***agus arna ríomh*** ag an bhfíoraitheoir, ***an úsáid a bhaintear as na sásraí solúbthachta a leagtar amach in Airteagail 17 agus 18, na heisceachtaí bliantúla arna gcur i bhfeidhm faoi Airteagal 5(3), más ann dóibh,*** mar aon leis an bhfaisnéis lenar féidir an long agus an chuideachta a shainaithint, chomh maith le céannacht an fhíoraitheora a rinne an measúnú. |

**Leasú 123**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 17 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. I gcás ina ***bhfuil*** barrachas | 1. ***Bunaithe ar an bhfaisnéis dá*** |

comhlíontachta ag long ***le haghaidh na*** tréimhse ***tuairiscithe***, féadfaidh an chuideachta ***é*** a bhancáil ***in*** iarmhéid comhlíontachta na loinge céanna ***le haghaidh na*** chéad tréimhse tuairiscithe eile. Déanfaidh an chuideachta taifead de bhancáil an bharrachais comhlíontachta le haghaidh na chéad tréimhse tuairiscithe eile sa bhunachar sonraí comhlíontachta, faoi réir a formheasta ag a fíoraitheoir. Ní fhéadfaidh an chuideachta an barrachas comhlíontachta a bhancáil a thuilleadh ón uair a eisítear an deimhniú comhlíontachta FuelEU.

***dtagraítear in Airteagal 15(2),*** i gcás ina ***mbeidh*** barrachas comhlíontachta ***maidir le déine gás ceaptha teasa nó cuóta RNFBO dá dtagraítear in Airteagal 4(2) agus in Airteagal 4a(3) faoi seach*** ag ***an*** long ***don*** tréimhse ***thuairiscithe chéanna***, féadfaidh an chuideachta ***í*** a bhancáil ***chuig*** iarmhéid comhlíontachta na loinge céanna ***don*** chéad tréimhse tuairiscithe eile. Déanfaidh an chuideachta taifead de bhancáil an bharrachais comhlíontachta le haghaidh na chéad tréimhse tuairiscithe eile sa bhunachar sonraí comhlíontachta, faoi réir a formheasta ag a fíoraitheoir. Ní fhéadfaidh an chuideachta an barrachas comhlíontachta a bhancáil a thuilleadh ón uair a eisítear an deimhniú comhlíontachta FuelEU. ***Beidh bailíocht 3 bliana ag an mbarrachas comhlíontachta nár úsáideadh don chéad tréimhse tuairiscithe eile.***

**Leasú 124**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 18 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Maidir le hiarmhéideanna comhlíontachta dhá long nó níos mó arna bhfíorú ag an bhfíoraitheoir céanna, féadfar iad a chomhthiomsú chun críocha cheanglais Airteagal 4 a chomhlíonadh. Ní fhéadfar iarmhéid comhlíontachta loinge a chur ar áireamh i níos mó ná aon chomhthiomsú amháin sa tréimhse ***tuairiscithe*** chéanna. | 1. Maidir le hiarmhéideanna comhlíontachta ***le haghaidh déine astaíochtaí gás ceaptha teasa agus cuóta RNFBO dá dtagraítear in Airteagal 4(2) agus in Airteagal 4a(3) faoi seach,*** dhá long nó níos mó arna bhfíorú ag an bhfíoraitheoir céanna, féadfar iad a chomhthiomsú chun críocha cheanglais Airteagal 4 ***agus Airteagal 4a*** a chomhlíonadh. Ní fhéadfar iarmhéid comhlíontachta loinge a chur ar áireamh i níos mó ná aon chomhthiomsú amháin sa tréimhse ***thuairiscithe*** chéanna. |

**Leasú 125**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 20 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. I gcás ina bhfuil easnamh comhlíontachta ar long ar 1 Bealtaine na bliana tar éis na tréimhse tuairiscithe, íocfaidh an chuideachta pionós. ***Ríomhfaidh*** an fíoraitheoir méid an phionóis ar bhonn na ***foirmle*** a shonraítear in ***Iarscríbhinn V***. | 1. I gcás ina bhfuil easnamh comhlíontachta ar long ar 1 Bealtaine na bliana tar éis na tréimhse tuairiscithe, íocfaidh an chuideachta pionós ***feabhais***. ***Déanfaidh údarás inniúil*** an ***Bhallstáit, bunaithe ar an bhfaisnéis a sholáthróidh an*** fíoraitheoir**,** méid an phionóis ***a ríomh*** ar bhonn na ***bhfoirmlí*** a shonraítear in ***Iarscríbhinn V, le haghaidh theorainneacha déine na ngás ceaptha teasa agus, i gcás inarb infheidhme, cuóta RFNBO, dá dtagraítear in Airteagal 4(2) agus in Airteagal 4a(3) faoi seach***. |

**Leasú 126**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 20 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Íocfaidh an chuideachta pionós as gach cuairt neamhchomhlíontach ar chalafort. ***Ríomhfaidh*** an fíoraitheoir méid an phionóis tríd an ***tsuim EUR 250*** a iolrú faoi ***na meigeavatanna*** cumhachta ***a suiteáladh*** ar bord agus faoi líon na n-uaireanta a ***caitheadh*** i mbeart. | 2. Íocfaidh an chuideachta pionós as gach cuairt neamhchomhlíontach ar chalafort. ***Déanfaidh údarás inniúil*** an ***Bhallstáit, bunaithe ar an bhfaisnéis a sholáthróidh an*** fíoraitheoir**,** méid an phionóis ***a ríomh*** tríd an ***méid EUR 250 ar phraghsanna 2022*** a iolrú faoi ***mheigeavata*** cumhachta ***arna suiteáilte*** ar bord agus faoi líon na n-uaireanta ***slánaithe*** a ***chaitear*** i mbeart. ***Chun críche an ríomha seo, measfar gur 2 uair an chloig an méid ama is gá chun nascadh le OPS, agus déanfar an méid sin ama a dhealú trí réamhshocrú ó ríomh na n-uaireanta slánaithe a chaitear i mbeart chun an t-am is gá chun ceangal le OPS a chur san áireamh.*** |

**Leasú 127**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 20 – mír 3 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3 a. Áiritheoidh an Stát riaracháin i leith cuideachta, i gcás aon long dá cuid a bhfuil easnaimh chomhlíontachta acu an 1 Meitheamh den bhliain tuairiscithe, tar éis bailíochtú féideartha ag a n-údarás inniúil, go n-íocfaidh an chuideachta, faoin 30 Meitheamh den bhliain tuairiscithe, méid is ionann agus an pionós a eascraíonn as cur i bhfeidhm na bhfoirmlí a shonraítear i gCuid B d'Iarscríbhinn V.*** |

**Leasú 128**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 3 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3 b. I gcás ina dtabharfaidh an chuideachta conradh chun críche le hoibreoir tráchtála ina sonraítear go bhfuil an t-oibreoir sin freagrach as breosla a cheannach agus oibriú na loinge, cinnfidh an chuideachta agus an t-oibreoir tráchtála sin, trí bhíthin socrú conarthach, gurb é an t-oibreoir tráchtála sin atá faoi dhliteanas as na costais a íoc a eascróidh as na pionóis dá dtagraítear san Airteagal seo. Chun críocha na míre seo, ciallóidh freagrach as oibriú na loinge an lastas atá á iompar ag an long, cúrsa taistil, bealach agus/ nó luas na loinge a chinneadh.*** |

**Leasú 129**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 20 – mír 3 c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3c. I gcás ina dtabharfaidh an chuideachta nó an t-oibreoir tráchtála conradh i gcrích le soláthróir breosla, agus an soláthróir sin freagrach as breoslaí sonracha a sholáthar, áireofar sa chonradh sin forálacha lena leagtar síos dliteanas an tsoláthróra breosla i leith cúiteamh a thabhairt don chuideachta nó don oibreoir tráchtála as na pionóis dá dtagraítear san Airteagal seo a íoc, mura seachadtar breoslaí de réir na dtéarmaí comhaontaithe. Chun críche na míre seo, ní mór breoslaí a sholáthraítear faoi chonarthaí a luaitear a bheith i gcomhréir leis na forálacha in Airteagal 9(1)(b).*** |

**Leasú 130**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 20 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 26 chun Iarscríbhinn V a leasú chun an fhoirmle dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo a oiriúnú agus chun méid an phionóis sheasta a leagtar síos i mír 2 den Airteagal seo a leasú, ***agus*** forbairtí ar an ***gcostas fuinnimh á gcur san áireamh***. | 4. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 26 chun Iarscríbhinn V a leasú chun an fhoirmle dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo a oiriúnú agus chun méid an phionóis sheasta a leagtar síos i mír 2 den Airteagal seo a leasú, ***a luaithe a bhainfidh*** forbairtí ar ***chostas*** an ***fhuinnimh an bonn ó éifeacht athchomhairleach na bpionós sin***. ***Maidir leis an bhfoirmle dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, ní mór an pionós a eascraíonn as sin a bheith níos mó ná méid agus costas an bhreosla in-athnuaite agus ísealcharbóin a d'úsáidfeadh na longa dá gcomhlíonfadh siad ceanglais an Rialacháin seo.*** |

**Leasú 131**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 21 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Leithdháilfear na pionóis dá dtagraítear in Airteagal 20(1) agus 20(2) chun tacú le tionscadail choiteanna lena ndírítear ar bhreoslaí in-athnuaite agus breoslaí ísealcharbóin a imscaradh go ***tapa*** san earnáil mhuirí. Le tionscadail a mhaoineofar leis na cistí a bhaileofar ó na pionóis, spreagfar líon níos mó breoslaí in-athnuaite agus ísealcharbóin a tháirgeadh le haghaidh na hearnála muirí, éascófar tógáil áiseanna iomchuí buncaeireachta nó ***port*** nasctha ***leictreach*** i gcalafoirt agus tacófar leis na teicneolaíochtaí Eorpacha is nuálaí a fhorbairt, a thástáil agus a imscaradh sa chabhlach chun laghduithe móra astaíochtaí a bhaint amach. | 1. Leithdháilfear na pionóis dá dtagraítear in Airteagal 20(1) agus 20(2) chun tacú le tionscadail choiteanna lena ndírítear ar bhreoslaí in-athnuaite agus breoslaí ísealcharbóin a imscaradh go ***mear*** san earnáil mhuirí. Le tionscadail a mhaoineofar leis na cistí a bhaileofar ó na pionóis, spreagfar líon níos mó breoslaí in-athnuaite agus ísealcharbóin a tháirgeadh le haghaidh na hearnála muirí, éascófar tógáil áiseanna iomchuí buncaeireachta nó ***pointí*** nasctha ***leictreacha*** i gcalafoirt***, nó oiriúnófar an forstruchtúr, más gá,*** agus tacófar leis na teicneolaíochtaí Eorpacha is nuálaí a fhorbairt, a thástáil agus a imscaradh sa chabhlach chun laghduithe móra ***ar*** astaíochtaí a bhaint amach. |

**Leasú 132**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 21 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Leithdháilfear an t-ioncam a ***ghintear*** ó na pionóis dá dtagraítear i mír 1 ar an gCiste don ***Nuálaíocht*** dá dtagraítear in ***Airteagal 10a(8) de Treoir 2003/87/CE***. Is éard a bheidh san ioncam sin ioncam sannta seachtrach i gcomhréir le hAirteagal 21(5) den Rialachán Airgeadais agus cuirfear chun feidhme é i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme maidir leis an gCiste don ***Nuálaíocht***. | 2. Leithdháilfear an t-ioncam a ***ghinfear*** ó na pionóis dá dtagraítear i mír 1 ar an gCiste don ***Aigéan*** dá dtagraítear in ***Airteagal 3gab de Threoir 2003/87/CE***. ***Cuirfear an t-ioncam sin in áirithe don earnáil mhuirí agus cuirfidh sé lena dhícharbónú.*** Is éard a bheidh san ioncam sin ioncam sannta seachtrach i gcomhréir le hAirteagal 21(5) den Rialachán Airgeadais agus cuirfear chun feidhme é i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme maidir leis an gCiste don ***Aigéan***. |

**Leasú 133**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 24 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Beidh na cuideachtaí i dteideal iarratas a dhéanamh ar athbhreithniú ar na ríomhanna agus ar na tomhais a chuireann an fíoraitheoir faoina mbráid faoin Rialachán seo, lena n-áirítear an diúltú ***deimhniú*** comhlíontachta FuelEU a eisiúint de bhun Airteagal 19(1). | 1. Beidh na cuideachtaí i dteideal iarratas a dhéanamh ar athbhreithniú ar na ríomhanna agus ar na tomhais a chuireann ***údarás inniúil*** an ***Bhallstáit nó an*** fíoraitheoir faoina mbráid faoin Rialachán seo, lena n-áirítear an diúltú ***do dheimhniú*** comhlíontachta FuelEU a eisiúint de bhun Airteagal 19(1). |

**Leasú 134**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 26 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in ***Airteagal 4***(6), ***Airteagal 5***(4), ***Airteagal 9***(3), ***Airteagal 13***(3), ***Airteagal 20***(4), agus ***Airteagal 21***(3) a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama amhail ó[dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo]. | 2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in ***Airteagail 4***(***4), 4a(***6), ***5***(4), ***9***(3), ***9a***(3), ***13***(***3), 20(***4), agus ***21***(3) a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama amhail ó[dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo]. |

**Leasú 135**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 26 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in ***Airteagal 4***(***7), Airteagal 5(***4), ***Airteagal 9***(3), ***Airteagal 13***(3), ***Airteagal 20***(4), agus ***Airteagal 21***(3) a chúlghairm aon tráth. Le cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh, cuirfear deireadh le tarmligean na | 3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in ***Airteagail 4***(4), ***4a***(***6), 5(4), 9(***3), ***9a***(3),***13***(***3), 20(***4), agus ***21***(3) a chúlghairm aon tráth. Le cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh, cuirfear deireadh le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá |

| | |
|---|---|
| cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghnímh tharmligthe atá i bhfeidhm cheana. | tar éis fhoilsiú an chinnidh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghnímh tharmligthe atá i bhfeidhm cheana. |

**Leasú 136**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 26 – mír 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun ***Airteagal 4***(***7),*** ***Airteagal 5(***4), ***Airteagal 9***(3), ***Airteagal 13***(3), ***Airteagal 20***(4), agus ***Airteagal 21***(3) i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa nó ag an gComhairle laistigh de thréimhse 2 mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú 2 mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle. | 6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun ***Airteagail 4***(4), ***), 4a***(***6), 5(4), 9(***3), ***9a***(3), ***13***(***3), 20(***4), agus ***21***(3) i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa nó ag an gComhairle ***ina leith*** laistigh de thréimhse 2 mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú 2 mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle. |

**Leasú 137**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 28 – mír -1 (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***-1. Faoin 1 Eanáir 2024, soláthróidh an Coimisiún tuarascáil maidir le tionchar sóisialta an Rialacháin seo. Áireofar sa tuarascáil réamh-mheastachán ar thionchar an Rialacháin seo ar riachtanais fostaíochta agus*** |

***oiliúna suas go dtí 2030 agus suas go dtí 2050.***

**Leasú 138**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 28 – mír 1 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Tuairisceoidh an Coimisiún do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle***, faoin 1 Eanáir 2030,*** maidir le torthaí meastóireachta ar fheidhmiú an Rialacháin seo agus ar an bhforbairt ar na teicneolaíochtaí agus ar an margadh le haghaidh breoslaí in-athnuaite agus íseal-charbóin sa mhuiriompar agus a thionchar ar an earnáil mhuirí san Aontais. Déanfaidh an Coimisiún machnamh ar leasuithe a d'fhéadfaí a dhéanamh ar na nithe seo a leanas: | 1. ***Faoin 1 Eanáir 2027, agus gach 5 bliana ina dhiaidh sin,*** tuairisceoidh an Coimisiún do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle maidir le torthaí meastóireachta ar fheidhmiú an Rialacháin seo agus ar an bhforbairt ar na teicneolaíochtaí agus ar an margadh le haghaidh breoslaí in-athnuaite agus íseal-charbóin sa mhuiriompar agus a thionchar ar an earnáil mhuirí san ***Aontas. Tabharfar aird ar leith sa tuarascáil sin ar rannchuidiú an Rialacháin seo le spriocanna aeráide foriomlána agus earnáilsonracha an*** Aontais ***a bhaint amach, mar a shainítear faoin Dlí Aeráide Eorpach, le spriocanna an Aontais maidir le fuinneamh Inathnuaite agus éifeachtúlacht Fuinnimh***. ***Déanfar meastóireacht sa tuarascáil freisin ar thionchar an Rialacháin seo ar fheidhmiú an mhargaidh aonair, ar iomaíochas na hearnála muirí, ar rátaí lasta iompair agus ar mhéid an sceite carbóin agus gnó. Ag an am céanna,*** déanfaidh an Coimisiún ***meastóireacht freisin ar thionchar an Rialacháin seo ar laghdú domhanda ar astaíochtaí GCT san earnáil iompair agus ar fhorbairt sreafaí trádála domhanda agus réigiúnacha. Déanfaidh an Coimisiún*** machnamh ar leasuithe a d'fhéadfaí a dhéanamh ar na nithe seo a leanas: |

**Leasú 139**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe a a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(aa) raon feidhme an Rialacháin seo ó thaobh na nithe seo de a leanas:*** |
| | ***- an tairseach olltonnáiste dá dtagraítear in Airteagal 2(1) a laghdú go dtí 400 GT;*** |
| | ***- an sciar fuinnimh a úsáideann longa ar aistir chuig tríú tíortha agus uathu dá dtagraítear in Airteagal 2, pointe (c) a mhéadú;*** |

**Leasú 140**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe a b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ab) na luachanna réamhshocraithe dá bhforáiltear in Iarscríbhinn II, bunaithe ar an eolas agus ar an bhfianaise eolaíoch is cruinne dá bhfuil ar fáil;*** |

**Leasú 141**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 28 – mír 1 – pointe a c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ac) liosta na dtruailleán a chumhdaítear leis an Rialachán seo, go háirithe an fhéidearthacht astaíochtaí carbóin dhuibh (BC) a chur san áireamh;*** |

**Leasú 142**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 28 – mír 1 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) na cineálacha long a bhfuil feidhm ag Airteagal 5(1) ***maidir leo***; | (b) ***leathnú ar*** na cineálacha long a bhfuil feidhm ag Airteagal 5(1) ***ina leith***; |

**Leasú 143**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 28 – mír 1 – pointe c a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ca) an mhodheolaíocht a shonraítear in Iarscríbhinn 1.*** |

**Leasú 144**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 28 – mír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1a. Chun cur chuige spriocbhunaithe atá neodrach ó thaobh na teicneolaíochta de a áirithiú, ba cheart an Rialachán seo a athbhreithniú, agus nuair is gá, ba cheart é a leasú, de réir mar a éiríonn teicneolaíochtaí nua laghdaithe gás ceaptha teasa aibí go teicniúil agus go heacnamaíoch, amhail gabháil carbóin ar bord, breoslaí nua in-athnuaite agus ísealcharbóin agus modhanna tiomána nua, amhail tiomáint gaoithe. Déanfaidh an Coimisiún meastóireacht leanúnach ar aibíocht na dteicneolaíochtaí laghdaithe gás ceaptha teasa éagsúla agus cuirfidh sé an chéad athbhreithniú maidir leis sin faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle faoin 1 Eanáir 2027.*** |

**Leasú 145**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 28 – mír 1 b (nua)**

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| | ***1b. Déanfaidh an Coimisiún faireachán leanúnach ar chainníocht na mbreoslaí malartacha a chuirtear ar fáil do chuideachtaí loingseoireachta san Aontas agus tuairisceoidh sé a dtorthaí do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle, faoin 1 Eanáir 2027, agus gach 5 bliana ina dhiaidh sin go dtí 2050. Má theipeann ar sholáthar na mbreoslaí sin freastal ar an éileamh ó chuideachtaí loingseoireachta, a cheanglaítear chun na hoibleagáidí a leagtar amach sa Rialachán seo a chomhlíonadh, ba cheart don Choimisiún bearta a mholadh chun a áirithiú go gcuirfidh soláthróirí breosla muirí san Aontas méideanna leordhóthanacha breoslaí malartacha ar fáil do chuideachtaí loingseoireachta a thagann isteach ag calafoirt an Aontais.*** |

**Leasú 146**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 28 – mír 1 c (nua)**

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| | ***1c. Molfaidh an Coimisiún leasuithe ar an Rialachán seo i gcás ina nglacfaidh an Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta teorainneacha le déine domhanda gás ceaptha teasa ar leibhéal coibhéiseach leis an Rialachán seo, chun ailíniú iomlán a áirithiú leis an gcomhaontú idirnáisiúnta.*** |

**Leasú 147**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 28 – mír 1 d (nua)**

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| | ***1d. Faoin 1 Eanáir 2027, agus gach*** |

***cúigiú bliain go dtí 2050, tuairisceoidh an Coimisiún do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle torthaí meastóireachta cuimsithí ar thionchar maicreacnamaíoch comhiomlánaithe phacáiste reachtach Oiriúnach do 55.[1a] Tabharfar aird ar leith sa tuarascáil sin ar na héifeachtaí ar iomaíochas an Aontais, ar chruthú post, ar rátaí lasta iompair, ar chumhacht ceannaigh teaghlach agus ar mhéid an sceite carbóin.***

___________________

***[1a] Teachtaireacht ón gCoimisiún (COM/2021/0550), 14 Iúil 2021***

**Leasú 148**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 28 – mír 1 e (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1e. Breithneoidh an Coimisiún leasuithe a d'fhéadfaí a dhéanamh ar an Rialachán chun simpliú rialála a bhaint amach. Déanfaidh an Coimisiún agus na húdaráis inniúla nósanna imeachta riaracháin a oiriúnú go leanúnach don dea-chleachtas agus déanfaidh siad gach beart chun forfheidhmiú an Rialacháin seo a shimpliú, lena gcoinneofar, dá bhrí sin, an t-ualach riaracháin ar úinéirí long, ar oibreoirí, ar chalafoirt agus ar fhioraitheoirí chomh híseal agus is féidir.*** |

**Leasú 149**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 28 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 28a*** |
| | ***Laghdú rialaitheach cúiteach*** |

| | |
|---|---|
| | ***I gcomhréir lena theachtaireacht maidir leis an bprionsabal 'ceann amháin isteach, ceann amháin amach', déanfaidh an Coimisiún, faoin 1 Eanáir 2024, tograí a thíolacadh chun an t-ualach rialála a thugtar isteach leis an Rialachán seo a fhritháireamh, trí fhorálacha i reachtaíocht eile an Aontais a ghineann ualaigh rialála san earnáil mhuirí a leasú nó a aisghairm.*** |

**Leasú 150**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn I – cothromóid 1**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

| *Innéacs déine GCT* | Tobar go humar (WtT) | Umar go marbhshruth (TtW) |
|---|---|---|
| Déine astaíochtaí gás ceaptha teasa $index\left[\frac{gCO2eq}{MJ}\right] =$ | $\frac{\sum_i^{n\,fuel} M_i \times CO_{2eq\,WtT,i} \times LCV_i + \sum_k^c E_k \times CO_{2eq_{electricity,k}}}{\sum_i^{n\,fuel} M_i \times LCV_i + \sum_k^c E_k}$ | $+ \frac{\sum_i^{n\,fuel}\sum_j^{m\,engine} M_{i,j} \times [\left(1-\frac{1}{100}C_{engine\,slip\,j}\right) \times (CO_{2eq,TtW,j}) + \left(\frac{1}{100}C_{engine\,slip\,j} \times CO_{2eq\,TtW,\,slippage,j}\right)]}{\sum_i^{n\,fuel} M_i \times LCV_i + \sum_k^l E_k}$ |

*Leasú*

| *Innéacs déine GCT* | Tobar go humar (WtT) | Umar go marbhshruth (TtW) |
|---|---|---|
| Déine astaíochtaí GCT $index\left[\frac{gCO2eq}{MJ}\right] =$ | $\frac{\sum_i^{n\,fuel} M_i \times CO_{2eq\,WtT,i} \times LCV_i + \sum_k^c E_k \times CO_{2eq_{electricity,k}}}{\sum_i^{n\,fuel} M_i \times LCV_i\boldsymbol{[MULT_i]} + \sum_k^c E_k}$ | $+ \frac{\sum_i^{n\,fuel}\sum_j^{m\,engine} M_{i,j} \times [\left(1-\frac{1}{100}C_{engine\,slip\,j}\right) \times (CO_{2eq,TtW,j}) + \left(\frac{1}{100}C_{engine\,slip\,j} \times CO_{2eq\,TtW,\,slippage,j}\right)]}{\sum_i^{n\,fuel} M_i \times LCV_i\boldsymbol{[MULT_i]} + \sum_k^l E_k}$ |

**Leasú 151**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn I – tábla 1 – ró 6 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | |
| ***n breosla*** | ***Líon na mbreoslaí arna seachadadh go dtí an long le linn na tréimhse tagartha*** |

**Leasú 152**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn I – tábla 1 – ró 12 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

| | |
|---|---|
| ***MULTi*** | ***Iolraitheoir a chuirtear i leith bhreosla RFNBO*** |

**Leasú 153**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn I – tábla 1 – ró 19 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

| | |
|---|---|
| Mi,j A | ***Mais choigeartaithe an bhreosla shonraigh i ocsaídithe i dtomhaltóir j [gFuel] de bharr seoladh faoi dhálaí oighir i gcás loinge in aicme oighir IC, IB, IA nó IA Super nó in aicme oighir choibhéiseach[1a] agus de bharr airíonna teicniúla loinge in aicme oighir IA nó IA Super nó in aicme oighir choibhéiseach. Úsáidtear an mhais choigeartaithe*** Mi,j A ***i gcothromóid (1) in ionad mais Mi,j nuair is iomchuí.*** |
| | ***[1a] Le haghaidh tuilleadh faisnéise maidir le comhfhreagras idir aicmí oighir, féach Moladh HELCOM 25/7 ag http://www.helcom.fi.*** |

**Leasú 154**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn I – mír 4 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| I gcás breoslaí iontaise, ***úsáidfear*** na luachanna réamhshocraithe in ***Iarscríbhinn II***. | I gcás breoslaí iontaise, ***déanfar*** na luachanna réamhshocraithe in ***Iarscríbhinn II a úsáid mura féidir luachanna iarbhír a sholáthar trí bhíthin deimhniú nó tomhais dhíreacha astaíochtaí***. |

**Leasú 155**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn I – mír 4 – fomhír 1 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Chun críche an Rialacháin seo, socrófar ag nialas an téarma $\Sigma \times 2$ , in uimhreoir Chothromóid (1). | Chun críche an Rialacháin seo, socrófar ag nialas an téarma $\Sigma \times 2$ ,in uimhreoir Chothromóid (1). |
| | ***Déanfar an téarma MULT in ainmneoir Chothromóid (1) a shocrú ag luach iolraitheora RNFBO dá dtagraítear in Airteagal 4a (2) i gcomhréir le hAirteagal 9 (1b). I gcás gach breosla eile, socrófar an t-iolraitheoir ag a haon.*** |

**Leasú 156**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn I – mír 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Cinnfear mais [Mi] an bhreosla agus úsáid á baint as an méid a thuairiscítear i gcomhréir le creat an tuairiscithe faoi Rialachán (AE) 2015/757 le haghaidh muiraistir a thagann faoi raon feidhme an Rialacháin seo bunaithe ar an modheolaíocht faireacháin a roghnaigh an chuideachta. | Cinnfear mais [$M_i$] an bhreosla agus úsáid á baint as an méid a thuairiscítear i gcomhréir le creat an tuairiscithe faoi Rialachán (AE) 2015/757 le haghaidh muiraistir a thagann faoi raon feidhme an Rialacháin seo bunaithe ar an modheolaíocht faireacháin a roghnaigh an chuideachta. ***Féadfar mais choigeartaithe an bhreosla [$M_{iA}$] a úsáid in ionad mhais an bhreosla [$M_i$] le haghaidh long atá in aicme oighir IC, IB, IA nó IA Super nó in aicme oighir choibhéiseach. Sainítear an mhais choigeartaithe [$M_{i\,A}$] in Iarscríbhinn X.*** |

**Leasú 157**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn I – mír 12**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| I gcomhréir lena phlean comhlíontachta dá dtagraítear in Airteagal 6 agus ar mheasúnú an fhíoraitheora, féadfar modhanna eile a úsáid, amhail tomhas díreach ***$2_{2eq}$ agus tástáil saotharlainne***, má chuireann sé le cruinneas foriomlán an ríomha. | I gcomhréir lena phlean comhlíontachta dá dtagraítear in Airteagal 6 agus ar mheasúnú an fhíoraitheora, féadfar modhanna eile a úsáid, amhail tomhas díreach ***$CO_{2eq}$***, má chuireann sé le cruinneas foriomlán an ríomha. |

**Leasú 158**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn I – tábla**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

| Aicme Bhreosla | Tobar go humar (WtT) | Umar go marbhshruth (TtW) |
|---|---|---|
| Breosla iontaise | Úsáidfear luachanna réamhshocraithe faoi mar a shonraítear i dTábla 1 den Rialachán seo | Úsáidfear fachtóirí carbóin CO2 a shonraítear i Rialachán MRV i gcás breoslaí ar lena n-aghaidh a shonraítear an fachtóir sin<br>Maidir le gach fachtóir astaíochta eile, is féidir luachanna réamhshocraithe a úsáid de réir mar a shonraítear i dTábla 1 den Rialachán seo, mar mhalairt air sin<br>Luachanna deimhnithe trí bhíthin ***tástáil saotharlainne*** nó tomhais dhíreacha astaíochtaí |
| Breoslaí In-Athnuaite Inbhuanaithe<br>(Bithleachtanna, Bithgháis, Leictribhreoslaí) | Is féidir luachanna CO2eq a shonraítear in RED II (gan dóchán) a úsáid i gcás gach breosla a n-áirítear a gconairí in RED II, mar mhalairt air sin<br>Is féidir scéim deimhniúcháin arna formheas ag RED II a úsáid | Maidir le fachtóirí astaíochta, is féidir luachanna réamhshocraithe a úsáid de réir mar a shonraítear i dTábla 1 den Rialachán seo, mar mhalairt air sin<br>Luachanna deimhnithe trí bhíthin ***tástáil saotharlainne*** nó tomhais dhíreacha astaíochtaí. |
| Eile (lena n- | Is féidir luachanna | Maidir le fachtóirí astaíochta, is |

| | | |
|---|---|---|
| áirítear leictreachas) | CO2eq a shonraítear in RED II (gan dóchán) a úsáid i gcás gach breosla a n-áirítear a gconairí in RED II, mar mhalairt air sin<br>Is féidir scéim deimhniúcháin arna formheas ag RED II a úsáid | féidir luachanna réamhshocraithe a úsáid de réir mar a shonraítear i dTábla 1 den Rialachán seo, mar mhalairt air sin<br>Luachanna deimhnithe trí bhíthin ***tástáil saotharlainne*** nó tomhais dhíreacha astaíochtaí. |

*Leasú*

| Aicme Bhreosla | Tobar go humar (WtT) | Umar go marbhshruth (TtW) |
|---|---|---|
| Breosla iontaise | Úsáidfear luachanna réamhshocraithe mar a shonraítear i dTábla 1 den Rialachán seo, ***mura féidir luachanna iarbhír a sholáthar trí bhíthin deimhniú nó tomhais dhíreacha astaíochtaí***. | Úsáidfear fachtóirí carbóin CO2 a shonraítear i Rialachán MRV i gcás breoslaí ar lena n-aghaidh a shonraítear an fachtóir sin<br>Maidir le gach fachtóir astaíochta eile, is féidir luachanna réamhshocraithe a úsáid de réir mar a fhoráiltear i dTábla 1 den Rialachán seo, mar mhalairt air sin<br>Luachanna deimhnithe trí bhíthin tomhais dhíreacha astaíochtaí |
| Breoslaí In-Athnuaite Inbhuanaithe<br>(Bithleachtanna, Bithgháis, Leictribhreoslaí) | Is féidir luachanna CO2eq a shonraítear in RED II (gan dóchán) a úsáid i gcás gach breosla a n-áirítear a gconairí in RED II, mar mhalairt air sin<br>Is féidir scéim deimhniúcháin arna formheas ag RED II ***nó tomhais dhíreacha astaíochtaí*** a úsáid | Maidir le fachtóirí astaíochta, is féidir luachanna réamhshocraithe a úsáid de réir mar a shonraítear i dTábla 1 den Rialachán seo, mar mhalairt air sin<br>Luachanna deimhnithe trí bhíthin tomhais dhíreacha astaíochtaí |
| Eile (lena n-áirítear | Is féidir luachanna CO2eq a shonraítear in RED II (gan | Maidir le fachtóirí astaíochta, is féidir luachanna réamhshocraithe a úsáid de réir mar a shonraítear i |

| | | |
|---|---|---|
| leictreachas) | dóchán) a úsáid i gcás gach breosla a n-áirítear a gconairí in RED II, mar mhalairt air sin<br>Is féidir scéim deimhniúcháin arna formheas ag RED II ***nó tomhais dhíreacha astaíochtaí*** a úsáid | dTábla 1 den Rialachán seo, mar mhalairt air sin<br>Luachanna deimhnithe trí bhíthin tomhais dhíreacha astaíochtaí |

**Leasú 159**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn II – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Na fachtóirí astaíochta a bhaineann le bithbhreoslaí, bithghás, breoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch agus breoslaí carbóin athchúrsáilte, déanfar iad a chinneadh de réir na modheolaíochtaí a leagtar amach i gCuid C d’Iarscríbhinn 5 a ghabhann le Treoir (AE) 2018/2001. | Na fachtóirí astaíochta a bhaineann le bithbhreoslaí, bithghás, breoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch agus breoslaí carbóin athchúrsáilte, déanfar iad a chinneadh de réir na modheolaíochtaí a leagtar amach i gCuid C d’Iarscríbhinn 5 a ghabhann le Treoir (AE) 2018/2001.<br>***Mar mhalairt air sin, is féidir na fachtóirí astaíochta d’aon chineál breosla a chinneadh bunaithe ar luachanna deimhnithe iarbhír nó luachanna arna mbunú trí thomhais dhíreacha astaíochtaí.*** |

**Leasú 160**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn II – tábla**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

| | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Bith-GNL<br>Príomhtháirgí / Dramhaíl / Cumasc | 0.05 | Tagairt do Threoir (AE) 2018/2001 | GNL ar thimthriall Otto (inneall débhreosla meánluais)<br>GNL ar thimthriall Otto (inneall | 2,755<br>MEPC245 (66), Rialachán (AE) 2015/757 | ***0.00005*** | ***0.00018*** | 3.1<br>1.7 |

| | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| amhábhair | | | débhreosla íseal-luais) | | | | |
| | | | GNL ar thimthriall Díosail (débhreoslaí) | | | | 0.2 |
| | | | LBSI | | | | N/I |

*Leasú*

| | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Bith-GNL<br><br>Príomhtháirgí / Dramhaíl / Cumasc amhábhair | 0.05 | Tagairt do Threoir (AE) 2018/2001 | GNL ar thimthriall Otto (inneall débhreosla meánluais) | 2,755 MEPC245 (66), Rialachán (AE) 2015/757 | ***0*** | ***0.00011*** | 3.1 |
| | | | GNL ar thimthriall Otto (inneall débhreosla íseal-luais) | | | | 1.7 |
| | | | GNL ar thimthriall Díosail (débhreoslaí) | | | | 0.2 |
| | | | LBSI | | | | N/I |

**Leasú 161**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn II – mír 8**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| I gColún 4 tá na luachanna astaíochta $Co_{2eq}$ arna léiriú in [g$CO_{2eq}$/MJ]. I gcás breoslaí iontaise, ***ní úsáidfear ach*** na luachanna réamhshocraithe ***atá ar an*** tábla. Maidir le gach breosla eile, (mura léirítear iad go sainráite), déanfar luachanna a ríomh trí úsáid a bhaint as an modheolaíocht nó as na luachanna réamhshocraithe de réir Threoir (AE) 2018/2001 arna n-asbhaint ó na hastaíochtaí dócháin agus ocsaídiú iomlán an bhreosla á chur san áireamh[33]. | I gColún 4 tá na luachanna astaíochta $Co_{2eq}$ arna léiriú in [g$CO_{2eq}$/MJ]. I gcás breoslaí iontaise, ***déanfar*** na luachanna réamhshocraithe ***sa*** tábla ***a úsáid mura féidir luachanna iarbhír a sholáthar trí bhíthin tomhais dhíreacha astaíochtaí***. Maidir le gach breosla eile, (mura léirítear iad go sainráite), déanfar luachanna a ríomh trí úsáid a bhaint as an modheolaíocht nó as na luachanna réamhshocraithe de réir Threoir (AE) 2018/2001 arna n-asbhaint ó na hastaíochtaí dócháin agus ocsaídiú iomlán an bhreosla á chur san áireamh[33]. |
| [33] Déantar tagairt don téarma $e_u$ 'astaíochtaí ón mbreosla i mbun úsáide' i dTreoir (AE) 2018/2001, Iarscríbhinn V.C.1.(a). | [33] Déantar tagairt don téarma $e_u$ 'astaíochtaí ón mbreosla i mbun úsáide' i dTreoir (AE) 2018/2001, Iarscríbhinn V.C.1.(a). |

**Leasú 162**
**Togra le haghaidh rialacháin**

**Iarscríbhinn III – tábla – ró 4 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Aon ***fhoinse*** cumhachta ***astaíochtaí nialasacha eile*** | Aon ***teicneolaíocht a bhaineann laghduithe astaíochtaí amach atá coibhéiseach le nó níos suntasaí ná sin a bhainfí amach trí sholáthar*** cumhachta ***ar tír a úsáid.*** |

**Leasú 163**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn V**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

IARSCRÍBHINN V

FOIRMLÍ CHUN AN IARMHÉID COMHLÍONTACHTA AGUS AN PIONÓS a leagtar síos in Airteagal 20(1) A RÍOMH

Foirmle chun iarmhéid comhlíontachta na loinge a ríomh

Chun iarmhéid comhlíontachta loinge a ríomh beidh feidhm ag an bhfoirmle seo a leanas:

| | |
|---|---|
| Iarmhéid comhlíontachta [$gCO_{2eq}$/MJ] = | $(GHGIE_{sprioc} - GHGIE_{iarbhír})$ ***x.[*** $\sum_{i}^{n\ fuel} \mathbf{M_i} \times \mathbf{LCV_i} + \sum_{i}^{l} \mathbf{E_i}$ ***]*** |

I gcás:

| | |
|---|---|
| $gCO_{2eq}$ | Coibhéis $CO_2$ ina graim |
| $GHGIE_{sprioc}$ | An teorainn le déine gás ceaptha teasa an fhuinnimh a úsáidtear ar bord loinge de réir Airteagal 4(2) den Rialachán seo |
| $GHGIE_{iarbhír}$ | Meándéine bhliantúil gás ceaptha teasa an fhuinnimh a úsáidtear ar bord loinge arna ríomh le haghaidh na tréimhse tuairiscithe ábhartha |

Foirmle chun an pionós a leagtar síos in Airteagal 20(1) a ríomh

Ríomhfar méid an phionóis a leagtar síos in Airteagal 20(1) mar a leanas:

| | |
|---|---|
| Pionós = | (Iarmhéid comhlíontachta / $GHGIE_{iarbhír}$) x fachtóir coinbhéartachta ó MJ go tonaí VLSFO (41.0 MJ / kg) x EUR 2400 |

*Leasú*

IARSCRÍBHINN V

FOIRMLÍ CHUN AN IARMHÉID COMHLÍONTACHTA AGUS AN PIONÓS ***FEABHAIS*** a leagtar síos in Airteagal 20(1) A RÍOMH

***(a)*** Foirmle chun iarmhéid comhlíontachta na loinge a ríomh

***a) Iarmhéid comhlíontachta maidir le déine astaíochtaí gás ceaptha teasa na loinge, maidir le hAirteagal 4.2***

Chun iarmhéid comhlíontachta loinge a ríomh beidh feidhm ag an bhfoirmle seo a leanas:

| | |
|---|---|
| Iarmhéid comhlíontachta [$gCO_{2eq}$/MJ] = | $(GHGIE_{sprioc} - GHGIE_{iarbhír})$ ***x.[*** $\sum_{i}^{n\ fuel} \mathbf{M_i} \times \mathbf{LCV_i} + \sum_{i}^{l} \mathbf{E_i}$ ***]*** |

I gcás:

| | |
|---|---|
| $gCO_{2eq}$ | Coibhéis $CO_2$ ina graim |
| $GHGIE_{sprioc}$ | An teorainn le déine gás ceaptha teasa an fhuinnimh a úsáidtear ar bord loinge de réir Airteagal 4(2) den Rialachán seo |
| $GHGIE_{iarbhír}$ | Meándéine bhliantúil gás ceaptha teasa an fhuinnimh a úsáidtear ar bord loinge arna ríomh le haghaidh na tréimhse tuairiscithe ábhartha |

***(b) Iarmhéid Comhlíontachta i leith chuóta RFNBO maidir le hAirteagal 4a(3)***

| | |
|---|---|
| ***CB_RFNBO [% RFNBO] =*** | ***(% $RFNBO_{cuóta}$ - % $RFNBO_{iarbhír}$)*** |

***I gcás:***

| | |
|---|---|
| ***CB_RFNBO*** | ***Iarmhéid Comhlíontachta i leith $RFNBO_{cuóta}$, maidir le hAirteagal 4a(3)*** |
| ***% $RFNBO_{cuóta}$*** | ***$RNFBO_{cuóta}$ den mheánfhuinneamh bliantúil a úsáidtear ar bord loinge de réir Airteagal 4a(3) den Rialachán seo*** |
| ***% $RFNBO_{iarbhír}$*** | ***Céatadán den mheánfhuinneamh bliantúil a úsáidtear ar bord arna thuairisciú ag long a chomhlíontar go hiarbhír le RFNBOnna i gcomhréir le hAirteagal 9(1)(b)*** |

***(b)*** Foirmle chun an pionós a leagtar síos in Airteagal 20(1) a ríomh

***a) Pionóis feabhais i leith iarmhéid comhlíontachta le haghaidh dhéine astaíochtaí gás ceaptha teasa na loinge, maidir le hAirteagal 4.2***

Ríomhfar méid an phionóis a leagtar síos in Airteagal 20(1) mar a leanas:

| | |
|---|---|
| Pionós = | (Iarmhéid comhlíontachta / $GHGIE_{iarbhír}$) x fachtóir coinbhéartachta ó MJ go tonaí VLSFO (41.0 MJ / kg) x EUR 2400 |

***b) Pionós Feabhais i leith chuóta RFNBO maidir le hAirteagal 4a(3)***

***Ríomhfar méid an phionóis feabhais a leagtar síos in Airteagal 20(1a) mar a leanas:***

| | |
|---|---|
| ***Pionós Feabhais (RFNBO) =*** | ***abs(CB_RFNBO) x Pd x 3*** |

***I gcás:***

| | |
|---|---|
| ***Pionós Feabhais*** | ***in EUR*** |
| ***abs(CB_RFNBO)*** | ***luach absalóideach an iarmhéid comhlíontachta le haghaidh RFNBO*** |
| ***Pd*** | ***Difríocht phraghais idir RFNBOnna agus breosla iontaise atá comhoiriúnach le suiteáil long*** |

**Leasú 164**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn V a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

***IARSCRÍBHINN Va***

***RÍOMH NA MAISE COIGEARTAITHE BREOSLA AGUS AN FHUINNIMH BREISE***

***Ar an gcéad dul síos, déantar cur síos san Iarscríbhinn seo ar conas mais choigeartaithe bhreosla a ríomh ag baint úsáid as an bhfuinneamh breise de bharr saintréithe teicniúla loinge in aicme oighir IA nó IA Super nó in aicme oighir choibhéiseach[1a] agus an fuinneamh breise a úsáideann long in aicme oighir IC, IB, IA nó IA Super nó in aicme oighir choibhéiseach mar gheall ar bheith ag seoladh faoi dhálaí oighir. Ar an dara dul síos, déantar cur síos ann ar an gcaoi a ríomhtar an fuinneamh breise.***

***Mais choigeartaithe [Mj A]***

***Déanfar mais choigeartaithe bhreosla [Mi A] a ríomh ar bhonn an fhuinnimh breise a úsáidtear le haghaidh seoladh faoi dhálaí oighir agus an fhuinnimh breise a úsáidtear de bharr airíonna teicniúla loinge in aicme oighir IA nó IA Super nó in aicme oighir choibhéiseach. Féadfaidh an chuideachta a roghnú cén breosla i ar cheart an fuinneamh breise a leithdháileadh air. Ní mór an breosla a roghnaítear a bheith ar cheann de na breoslaí arna n-ídiú ag an long le linn na tréimhse tuairiscithe. Féadfaidh méid an fhuinnimh a fhreagraíonn do mhais ídithe an bhreosla i a bheith níos ísle ná méid an fhuinnimh breise.***

***Déanfar mais choigeartaithe [Mi A] an bhreosla i a ríomh mar a leanas***

$$M_{i\,A} = M_{i\,total} - M_{i\,additional\ due\ to\ ice\ class} - M_{i\,additional\ due\ to\ ice\ conditions}, \quad \textit{(Ax.1)}$$

***i gcás inarb ionann Mi total agus mais iomlán an bhreosla i, Mi additional due to ice class an mhais bhreosla de bharr ídiú breise fuinnimh ag long in aicme oighir IA nó IA Super nó in aicme oighir choibhéiseach agus Mi additional due to ice conditions mais an bhreosla de bharr ídiú breise fuinnimh mar gheall ar sheoladh faoi dhálaí oighir.***

*Déantar mais an bhreosla i a sheasann don ídiú fuinnimh breise de bharr saintréithe teicniúla loinge in aicme oighir IA nó IA Super nó in aicme choibhéiseach oighir a ríomh le*

$$M_{i\ additional\ due\ to\ ice\ class} = \frac{E_{additional\ due\ to\ ice\ class}}{LCV_i}, \qquad (Ax.2)$$

*i gcás inarb ionann an t-idiú breise fuinnimh de bharr aicme oighir agus an t-ídiú breise fuinnimh i ngeall ar shaintréithe teicniúla loinge in aicme oighir IA nó IA Super nó i gcás inarb ionann aicme oighir agus LCVi agus luach calrach níos ísle de bhreosla i.*

*Ar an gcaoi chéanna, déantar mais an bhreosla mar gheall ar ídiú fuinnimh breise faoi dhálaí oighir a ríomh ag úsáid*

$$M_{i\ additional\ due\ to\ ice\ conditions} = \frac{E_{additional\ due\ to\ ice\ conditions}}{LCV_i}, \qquad (Ax.3)$$

*i gcás inarb ionann Eadditional due to ice conditions agus an t-ídiú breisie fuinnimh de bharr seoladh faoi dhálaí oighir.*

*Fuinneamh breise de bharr aicme oighir agus de bharr seoladh faoi dhálaí oighir*

*Ríomhfar an tomhaltas breise fuinnimh mar gheall ar shaintréithe teicniúla loinge in aicme oighir IA nó IA Super nó in aicme oighir choibhéiseach mar a leanas*

$$E_{additional\ due\ to\ ice\ class} = 0.05 \times (E_{voyages,\ total} - E_{additional\ due\ to\ ice\ conditions}), \ (Ax.4)$$

*i gcás ina gciallaíonn Evoyages total iomlán an fhuinnimh a ídítear le linn na muiraistear go léir agus Eadditional due to ice conditions ídiú breise fuinnimh mar gheall ar bheith ag seoladh faoi dhálaí oighir.*

*Déanfar an fuinneamh iomlán arna ídiú do gach muiraistear a ríomh ag úsáid*

$$E_{voyages,\ total} = \sum_{i=1}^{n\ fuel} M_{i,\ voyages,\ total} \times LCV_i + E_{elect.,\ voyages,\ total}, \qquad (Ax.5)$$

*i gcás ina seasann Mi, voyages, total iomlán na maise breosla i a ídítear do gach muiraistear laistigh de raon feidhme an rialacháin, LCVi an luach calrach íochtarach de bhreosla i agus E elect, voyages, total méid an leictreachais a sheachadtar ar an long agus a ídítear le haghaidh gach turas.*

*Déantar mais bhreosla i Mi, voyages, total arna thomhailt do gach muiraistear laistigh de raon feidhme an Rialacháin seo a ríomh le*

$$M_{i,\ voyages,total} = M_{i,\ voyages\ between\ MS} + 0.5 \cdot (M_{i,voyages\ from\ MS} + M_{i,voyages\ to\ MS}),$$
*(Ax.6)*

*i gcás ina sonraítear le Mi, voyages between MS mais chomhiomlán an bhreosla a ídítear le linn gach muiraistear idir calafoirt atá faoi dhlínse Ballstáit, Mi, voyages from MS mais chomhiomlán an bhreosla a ídítear le linn gach muiraistear a d'imigh ó chalafoirt atá faoi dhlínse Ballstáit agus Mi, voyages to MS, aistir chuig na Ballstáit maidir le mais chomhiomlán an bhreosla a ídítear le linn muiraistear chuig calafoirt atá faoi dhlínse Ballstáit. An méid ídithe den leictreachas arna sheachadadh ar an long E elect, is féidir voyages total a ríomh ar an mbealach céanna.*

*Déantar an t-ídiú breise fuinnimh de bharr seoladh faoi dhálaí oighir e a ríomh mar a leanas*

$$E_{additional\ due\ to\ ice\ conditions} = E_{voyages,\ total} - E_{voyages,\ open\ water} -$$

$E_{voyages,\ ice\ conditions,\ adjusted}$, *(Ax.7)*

*i gcás ina gciallaíonn Evoyages open water an fuinneamh a ídítear le linn muiraistear in uisce oscailte agus Evoyages, ice conditions, adjusted an fuinneamh coigeartaithe arna ídiú faoi dhálaí oighir.*

*Déantar an fuinneamh a ídítear le haghaidh muiraistir lena n-áirítear seoladh go heisiach in uisce oscailte e a ríomh mar a leanas*

$$E_{voyages,\ open\ water} = E_{voyages,\ total} - E_{voyages,\ ice\ conditions} \quad \textit{(Ax.8)}$$

*i gcás ina seasann Evoyages, ice conditions don fhuinneamh a ídítear le seoladh faoi dhálaí oighir, a ríomhtar mar a leanas*

$$E_{voyages,\ ice\ conditions} = \sum_{i=1}^{n\,fuel} M_{i,\,voyages,\ ice\ conditions} \times LCV_i + E_{elect.,\ ice\ conditions}$$
*(Ax.9)*

*i gcás ina gciallaíonn Mi, voyages, ice conditions mais an bhreosla a ídítear chun seoladh faoi dhálaí oighir agus E elect, voyages, total méid an leictreachais a sheachadtar ar an long agus a ídítear agus í ag seoladh faoi dhálaí oighir.*

*Déantar mais an bhreosla i a ídítear de bharr seoladh faoi dhálaí oighir a shainiú mar a leanas*

$$M_{i,\ voyages,\ ice\ cond.} = M_{i,\ voyages\ between\ MS,\ ice\ cond.} + 0.5 \cdot (M_{i,\,voyages\ from\ MS,\ ice\ cond.} + M_{i,\,voyages\ to\ MS,\ ice\ cond.}),$$
*(Ax.10)*

*i gcás ina sonraítear le Mi, voyages between MS, ice cond. mais chomhiomlán an bhreosla a ídíonn long a aicmítear mar long oighir agus í ag seoladh faoi dhálaí oighir idir calafoirt faoi dhlínse Ballstáit, Mi, voyages from MS mais chomhiomlán an bhreosla a ídíonn longa a aicmítear mar longa oighir agus iad ag seoladh faoi dhálaí oighir le linn gach muiraistear a d'imigh ó chalafoirt atá faoi dhlínse Ballstáit agus Mi, voyages to MS mais chomhiomlán an bhreosla a ídíonn long a aicmítear mar long oighir agus í ag seoladh faoi dhálaí oighir le linn muiraistir chuig calafoirt faoi dhlínse Ballstáit. Is féidir an méid ídithe den leictreachas a sheachadtar ar an long E ice conditions a ríomh ar an mbealach céanna.*

*Déanfar an fuinneamh coigeartaithe a ídítear faoi dhálaí oighir a ríomh tríd an ní seo a leanas a úsáid*

*1)*

$$E_{voyages,\ ice\ conditions,\ adjusted} = D_{ice\ conditions} \times \left(\frac{E}{D}\right)_{open\ water} \quad \textit{(Ax.1}$$

*leis an achar a thaistealaítear le linn seoladh faoi dhálaí oighir Dice conditions agus ídiú fuinnimh in aghaidh an fhaid a thaistealaítear in uisce oscailte* $\left(\frac{E}{D}\right)_{open\ water}$.

*Déanfar an t-achar a thaistealaítear nuair a bhítear ag seoladh faoi dhálaí oighir Dice conditions a ríomh mar a leanas*

$$D_{ice\ cond.} = D_{voyages\ between\ MS,\ ice\ cond.} + 0.5 \cdot (D_{voyages\ from\ MS,\ ice\ cond.} + D_{voyages\ to\ MS,\ ice\ cond.}),$$
*(Ax.12)*

***i gcás ina sonraítear le D voyages between MS, ice cond. an t-achar comhiomlán arna sheoladh faoi dhálaí oighir idir calafoirt faoi dhlínse Ballstáit, D voyages from MS achar comhiomlán le linn seoladh faoi dhálaí oighir le linn gach muiraistear a d'imigh ó chalafoirt atá faoi dhlínse Ballstáit agus D voyages to MS achar comhiomlán le linn seoladh faoi dhálaí oighir le linn muiraistir chuig calafoirt faoi dhlínse Ballstáit.***

***Sainítear é sin mar a leanas:***

$$\left(\frac{E}{D}\right)_{open\ water} = \frac{E_{voyages,\ total} - E_{voyages,\ ice\ conditions}}{D_{total} - D_{ice\ conditions}}, \qquad \textit{(Ax.13)}$$

***i gcás ina sonraítear le E voyages, ice conditions an t-ídiú fuinnimh le linn seoladh faoi dhálaí oighir agus D total an t-achar iomlán bliantúil a thaistealaítear.***

***Is mar a leanas a ríomhfar an t-achar iomlán bliantúil a thaistealaítear***

$$D_{total} = D_{voyages\ between\ MS} + 0.5 \cdot \left(D_{voyages\ from\ MS} + D_{i,\ voyages\ to\ MS}\right), \qquad \textit{(Ax.14)}$$

***i gcás ina sonraítear le D voyages between MS an t-achar comhiomlán a thaistealaítear faoi dhlínse Ballstáit, D voyages from MS an t-achar comhiomlán a thaistealaítear le linn gach muiraistear a d'imigh ó chalafoirt atá faoi dhlínse Ballstáit agus D voyages to MS achar comhiomlán a thaistealaítear le linn muiraistir chuig calafoirt faoi dhlínse Ballstáit.***

---

***[1a] Le haghaidh tuilleadh faisnéise maidir le comhfhreagras idir aicmí oighir, féach Moladh HELCOM 25/7 ag http://www.helcom.fi.***

## RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN

### Cúlra

Tá an dréacht-Rialachán maidir le húsáid breoslaí in-athnuaite agus ísealcharbóin san iompar muirí (FuelEU Maritime) ina chuid dhílis den phacáiste 'Oiriúnach do 55'. Bunaítear leis an togra ón gCoimisiún creat coiteann de chuid an Aontais chun forbairt, táirgeadh agus úsáid breoslaí ísealcharbóin sa loingseoireacht a mhéadú. Leis an togra, leagtar síos conair atá neodrach ó thaobh na teicneolaíochta de lena gcuirtear iallach ar úinéirí long agus ar oibreoirí long astaíochtaí óna soithí a laghdú de réir a chéile. Bunaítear leis an togra freisin ceanglas ar longa iad féin a nascadh le soláthar cumhachta ar tír i gcásanna áirithe chun teorainn a chur le truailliú díobhálach aeir.

### Comhthéacs eacnamaíoch an togra

San earnáil muiriompair atá thart ar 75 % de thrádáil sheachtrach an Aontais agus 31 % de thrádáil inmheánach an Aontais i dtéarmaí méideanna. Téann 400 milliún paisinéir ar bord nó i dtír i gcalafoirt de chuid na mBallstát go bliantúil, tuairim agus 14 mhilliún paisinéir ar longa cúrsála san áireamh. Dá bhrí sin, is cuid riachtanach de chóras iompair na hEorpa é an muiriompar agus tá ról ríthábhachtach aige maidir le geilleagar na hEorpa.

Chun go gcuirfidh an earnáil mhuirí leis na hiarrachtaí foriomlána dícharbónaithe, is gá breoslaí nua agus teicneolaíochtaí nua tiomána a úsáid agus tá uaillmhianta forleathana ag an earnáil i ndáil leis sin. Mar sin féin, tá sé casta agus costasach an t-aistriú a chur i gcrích. Is ionann costais bhreosla agus idir 35 % agus 53 % den chostas iomlán oibriúcháin i loingseoireacht. Leis an rialachán atá beartaithe, mhéadófaí go suntasach praghsanna breosla agus, dá bhrí sin, bheadh tionchar mór aige ar chostais iomlána loingseoireachta. Thairis sin, cuireann an Rapóirtéir i bhfáth go gcuirtear costais bhreise ar aghaidh sa chéim iompair chuig na céimeanna monaraíochta agus miondíola, rud a bhuaileann tomhaltóirí sa deireadh. Is iad na tionscail íseal-chorrlaigh agus teaghlaigh ar ioncam íseal is mó a bhraithfidh na hualaí eacnamaíocha, rud a éilíonn go ndéanfar bearta cúiteacha chun rátaí lasta a choinneáil síos agus chun cumhacht cheannaigh daoine a chosaint. Molann an Rapóirtéir oibleagáid a bheith ann don Choimisiún bearta a thíolacadh lena ndéantar fritháireamh ar na costais chomhlíontachta nua a tugadh isteach, chun cosc a chur le méadú ar leibhéal iomlán an ualaigh rialála.

### Raon feidhme agus leibhéal na huaillmhéine

Díríonn conair laghdaithe astaíochtaí an Choimisiúin ar longa atá os cionn 5000 olltonna agus cuimsíonn sé 100 % dá muiraistir laistigh den Aontas agus 50 % dá muiraistir idir calafoirt AE agus calafoirt atá suite i dtríú tíortha. Tacaíonn an Rapóirtéir leis an leibhéal uaillmhéine atá molta ag an gCoimisiún, chomh maith le cineál na loinge agus an raon feidhme geografach. Le saincharachtar domhanda na hearnála muirí, leagtar béim ar a thábhachtaí atá sé go mbeadh cothrom iomaíochta ann i gcás ina mbeidh feidhm ag rialacha beag beann ar bhratstát loinge. Beidh sé ríthábhachtach teacht ar réitigh idirnáisiúnta a bhfuil feidhm acu ar fud an domhain chun na laghduithe móra astaíochtaí is gá a bhaint amach. Measann an Rapóirtéir gur uirlis thábhachtach é an Rialachán seo chun dul i mbun caibidlíochta go gasta laistigh den Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta (IMO) maidir le caighdeáin dhomhanda gás

ceaptha teasa agus chun athrú iompraíochta a spreagadh i dtéarmaí glacadh breoslaí ísealcharbóin agus in-athnuaite i measc oibreoirí muirí atá ag gníomhú i bhfarraigí na hEorpa agus ag tabhairt cuairt ar chalafoirt AE.

Ós rud é gurb é an Rialachán an chéad cheann dá chineál, agus go bhfuil baol ann go mbeidh fo-éifeachtaí anaithnide ann, creideann an Rapóirtéir gur cheart díriú ar na gníomhaithe is mó, a ghineann an chuid is mó d’astaíochtaí, agus ag an am céanna a choisceann na costais chomhlíontachta ó na cuideachtaí loingseoireachta is lú a bhualadh. Cuirfear clásail shoiléire athbhreithnithe san áireamh sa Rialachán, áfach, chun faireachán a dhéanamh féachaint an bhfuil cúiseanna sáraitheacha ann chun an raon feidhme a athrú, go háirithe i gcás ina nglacann IMO caighdeáin cheangailteacha dhomhanda maidir le GCT. Sa chás sin, molann an Rapóirtéir gur cheart na rialacha a chuíchóiriú go hiomlán chun deireadh a chur le haon mhíbhuntáiste iomaíochta do chuideachtaí loingseoireachta Eorpacha.

**Fachtóirí astaíochtaí agus comhlíonadh a ríomh**

Soláthraítear leis an Rialachán táblaí ina bhfuil luachanna tagartha réamhshocraithe chun fachtóirí astaíochtaí a ríomh le haghaidh breoslaí ó thobar-go-humar agus ó umar-go-marbhshruth. Ba cheart na luachanna réamhshocraithe sin, ag brath ar an meascán breosla a bhunaíonn soitheach, a bheith mar bhonn chun comhlíonadh nó neamhchomhlíonadh loinge a chinneadh. Molann an Rapóirtéir gur cheart úsáid na luachanna réamhshocraithe a leagtar síos sna hiarscríbhinní a chomhlánú leis an deis d’úinéir loinge nó d’oibreoir loinge fíorluachanna a úsáid d’astaíochtaí ó thobar-go-humar agus ó umar-go-marbhshruth ar choinníoll go ndéantar na luachanna iarbhír a dheimhniú trí thástáil saotharlainne nó tomhais ar astaíochtaí díreacha. Is féidir leis na luachanna réamhshocraithe cabhrú ansin le nósanna imeachta tástála fada agus maorlathacha a sheachaint d’fhormhór mór na n-úinéirí agus na n-oibreoirí, cé gur féidir iad siúd atá chun tosaigh ó thaobh forbairt teicneolaíochta agus tiomáint ísealcharbóin de a chúiteamh má sháraíonn siad na luachanna réamhshocraithe.

**Soláthar cumhachta ar tír**

Trí spreagadh a thabhairt d’úsáid a bhaint as soláthar cumhachta ar an gcósta nuair atá soithí i mbeart, is féidir truailleáin dhíobhálacha aeir áitiúla a leigheas agus bheith i measc go leor beart chun lorg carbóin na hearnála muirí a laghdú. Le Rialachán um Bonneagar Breoslaí Malartacha (AFIR), a ghabhann le Rialachán FuelEU Maritime, leagtar síos forálacha maidir le calafoirt chun naisc a éascú, agus ceanglaítear le Rialachán FuelEU Maritime ar úinéirí agus ar oibreoirí long na naisc sin a úsáid nuair a bhíonn an long i mbeart. Ní mór na forálacha faoi seach sa dá Rialachán sin a chuíchóiriú go hiomlán chun sócmhainní tréigthe a sheachaint agus chun a áirithiú go ndéanfar infheistíochtaí i gcás ina mbeidh siad réasúnach agus éifeachtach. Molann an Rapóirtéir gur cheart go mbeadh feidhm ag an oibleagáid ceangal le soláthar OPS maidir le longa atá ag tabhairt cuairt ar chalafort a thagann faoi raon feidhme AFIR seachas i gcalafoirt uile AE, chun iomaíochas calafort beag neamh-TEN-T a chosaint agus chun athdháileadh suntasach tráchta a sheachaint a dhéanfadh dochar do nascacht agus do sheasamh eacnamaíoch na réigiún atá ag brath ar na calafoirt sin. Measann an Rapóirtéir gur gá an tairseach eacnamaíoch maidir le himlonnú agus úsáid OPS a ísliú, trí dhíolúine bhuan chánach a thabhairt don leictreachas a sholáthraítear trí OPS.

**Conclúid**

Aontaíonn an Rapóirtéir leis an uaillmhian chun dícharbónú a dhéanamh ar iompar muirí agus tuigeann sé an cur chuige atá neodrach ó thaobh na teicneolaíochta de a mhol an Coimisiún, lena n-áiritheofar gur féidir le geallsealbhóirí san earnáil na réitigh is éifeachtúla a úsáid gan micreabhainistíocht pholaitiúil. Leis an gcur chuige maidir le bratach neodrach agus raon feidhme lasmuigh den Aontas, tá seans níos fearr ann réiteach idirnáisiúnta a bhaint amach laistigh den IMO. Athdhearbhaíonn an Rapóirtéir nach mór iomaíochas domhanda na hEorpa a chosaint agus go mbeidh tuarascáil agus nósanna imeachta athbhreithnithe athfhillteacha fíorthábhachtach chun iarmhairtí neamh-inmhianaithe a d’fhéadfadh a bheith ann a shainaithint agus chun carbón, infheistíocht agus sceitheadh post a chosc. Cuireann an Rapóirtéir i bhfios go láidir nach mór teorainneacha astaíochtaí a chéimniú amach de réir a chéile, ar luas lena gceadaítear do gheallsealbhóirí oiriúnú ar bhealach atá éifeachtach ó thaobh costais de, lena n-áirithítear dícharbónú ar phraghas atá iniompartha do thomhaltóirí.

## IARSCRÍBHINN: LIOSTA DE NA hEINTITIS NÓ NA DAOINE ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIR

## IONCHUR

| |
|---|
| An Tascfhórsa um Aer Glan |
| CLECAT |
| Costa Group |
| Cruise Lines Industry Association (CLIA) |
| D´Amico Shipping Group |
| Danish Shipowners' Association |
| DFDS |
| EU-kommissionens generaldirektorat för klimat (GD CLIMA) |
| EU-kommissionens generaldirektorat för transporter (GD MOVE) |
| Eurogas |
| An Bord Bithdhíosail Eorpach |
| Comhlachas Longúinéirí an Chomhphobail Eorpaigh |
| An Fóram Eorpach um Fhuinneamh |
| Eagraíocht na gCalafort Eorpach |
| Cónaidhm Oibrithe Iompair na hEorpa |
| Feport |
| Finlands EU-representation |
| Finlands miljödepartement |
| Finlands transport- och kommunikationsdepartement |
| Comhlachas Longúinéirí na Fionlainne |
| FuelsEurope |
| Future Proof Shipping |
| Bonneagar Gáis na hEorpa |
| Gasum |
| GoodFuels |
| Grimaldi Group |
| Hydrogen Europe |
| Comhlachas Idirnáisiúnta Longúinéirí na Portaingéile |
| Kongsberg Maritime |
| Liquid Wind |
| Maersk |
| Methanol Institute |
| MSC Group |
| Nederländernas EU-representation |
| Norges EU-representation |
| Norges miljödepartement |
| Calafort na Mara Thuaidh |
| Calafort Rotterdam |
| Institiúidí Taighde na Sualainne (RISE) |
| Rina Services |
| Scandlines |

| |
|---|
| Sea Europe (Shipyards and Maritime Equipment Association) |
| Sea-LNG |
| Siemens Energy |
| Skogsindustrierna |
| Stena |
| Svensk Sjöfart |
| Sveriges EU-representation |
| Tärntank Rederi Donsö |
| Teneo |
| Tjeckiens EU-representation |
| Trafigura |
| Transport & Environment |
| Wärtsilä |
| An Chomhairle um Loingseoireacht Domhanda |
| X Shore Electric Boats |
| Yara |

20.6.2022

## TUAIRIM ÓN gCOISTE UM AN GCOMHSHAOL, UM SHLÁINTE PHOIBLÍ AGUS UM SHÁBHÁILTEACHT BIA

chuig an gCoiste um Iompar agus um Thurasóireacht

ar an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le breoslaí in-athnuaite agus ísealcharbóin a úsáid sa mhuiriompar agus lena leasaítear Treoir 2009/16/CE
(COM(2021)0562 – C9-0333/2021 – 2021/0210(COD))

Rapóirtéir don tuairim:Tiemo Wölken

(*) Coiste comhlachaithe – Riail 57 de na Rialacha Nós Imeachta

## RÉASÚNÚ GEARR

Is í loingseoireacht is cúis le 3-4 % d'astaíochtaí CO2 an Aontais. Cé go bhfuil an t-aistriú chuig teicneolaíochtaí atá saor ó astaíochtaí ag méadú in earnálacha eile, níl conair earnáil na loingseoireachta i dtaobh na sprice maidir le hastaíochtaí nialasacha a bhaint amach faoi 2050 soiléir go fóill. Léiríodh sa séú Tuarascáil Mheasúnaithe ón bPainéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide an phráinn mhéadaitheach atá ann do gach earnáil dlús a chur lena dícharbónú chun cuspóirí an Aontais faoi Chomhaontú Pháras a chomhlíonadh. Agus níos lú ná 30 bliain fágtha, agus fad saoil fhada na long á gcur san áireamh, ní mór na céimeanna cearta i dtreo na sprice sin a ghlacadh anois.

**FuelEU Maritime – Nuálaíocht a chothú agus poist nua a chruthú**

Tá teicneolaíochtaí agus breoslaí nua ar fáil agus tá siad á nglacadh in earnálacha eile. Ní mór aistriú comhchosúil i dtreo breoslaí inathnuaite a dhéanamh sa loingseoireacht chun a ráthú gur féidir leis an earnáil leas a bhaint as deiseanna tionsclaíocha nua. Is féidir go rachaidh an t-aistriú sin chun tairbhe do thionscail nuálacha san Eoraip agus don lucht saothair atá ann cheana agus a dhéanann obair atá suntasach ó thaobh an gheilleagair de i mbraislí muirí san Aontas. Sa Mheasúnú Tionchair ón gCoimisiún a rinneadh le haghaidh an Rialacháin seo, dearbhaíodh gur féidir le forbairt na dteicneolaíochtaí dul chun tairbhe d'oibrithe agus do chuideachtaí atá ann cheana araon, agus infheistíocht nua á mealladh acu.

Ag an am céanna, mar gheall ar an ngá le scileanna a uasghrádú, tá gá le hinfheistíochtaí suntasacha a dhéanamh in oiliúint agus i ndeimhniú tógálaithe long agus maraithe, toisc nach bhfuil foghlaim conas oibriú le teicneolaíochtaí nua san áireamh faoi láthair i gcláir oiliúna agus oideachais ná mar a cheanglaítear le rialacháin atá ann cheana. Ní bheidh tábhacht ag baint le huasoiliúint agus athoiliúint oibrithe in earnáil na longthógála agus na teicneolaíochta muirí ach amháin i dtaca le scileanna glasa agus digiteacha go háirithe. Le Comhshocrú AE um Scileanna don earnáil, ba cheart go n-áiritheofaí go mbeidh geallsealbhóirí, lena n-áirítear

fostóirí, ceardchumainn, ollscoileanna agus soláthraithe gairmoiliúna, in ann an lucht saothair a ullmhú do dhul chun cinn teicneolaíochta amach anseo agus a áirithiú nach bhfágfar aon oibrí ná réigiún ar lár. Ina theannta sin, tá sé ríthábhachtach go mbeidh idirphlé sóisialta ar ardchaighdeán ann ar gach leibhéal agus go gcloífear le Treoir AE maidir le Comhairlí Oibreacha Eorpacha chun aistriú cothrom a bhaint amach i dtreo tionscal loingseoireachta nuálach le poist ardcháilíochta.

**Na hionstraimí cearta a roghnú chun dlús a chur le teicneolaíochtaí inbhuanaithe a mhéadú**

Tá loingseoireacht aitheanta ag straitéis hidrigine AE mar phríomhearnáil chun hidrigin in-athnuaite a mhéadú. Ós rud é go gcaithfidh loingseoireacht dul in iomaíocht le haghaidh soláthairtí hidrigine in-athnuaite atá gann le hearnálacha eile, inar féidir réitigh níos éifeachtúla amhail leictriú díreach a úsáid, ba cheart bearta breise a ghlacadh chun úsáid breoslaí inathnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch a spreagadh san earnáil mhuirí. Murach sin, d'fhéadfadh an t-éileamh suntasach in earnálacha eile na breoslaí is gá a atreorú ó earnáil na loingseoireachta agus d'fhéadfaí frithdhúnadh a chruthú mar gheall ar éifeachtaí spleáchais conaire.

Dá bhrí sin, molann an Rapóirtéir cuóta íosta a thabhairt isteach do bhreoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch mar ionstraim chun nuálaíocht a chothú. Aithníonn an Coimisiún go mbeadh tionchar dearfach ag an rogha beartais seo ar na tionscail loingseoireachta, longthógála agus trealaimh mhuirí. Chun soláthar a áirithiú, molann an Rapóirtéir oibleagáid chomhionann a thabhairt isteach maidir le soláthróirí breosla ar leibhéal an chalafoirt.

Is é tátal an Choimisiúin, fiú le hionstraimí measctha, nach bhfeicfear na príomhthairbhí a bhaineann le spreagadh na nuálaíochta go dtí tar éis 2030. Chun an méid sin a chur san áireamh, molann an Rapóirtéir na spriocanna a chur chun cinn agus an raon feidhme a leathnú, lena n-áirítear maidir leis an oibleagáid úsáid a bhaint as soláthar cumhachta cois cladaigh. Ní mór borradh a chur faoin nuálaíocht anois, chun ár spriocanna aeráide a bhaint amach agus chun feabhas a chur ar iomaíochas thionscal longthógála na hEorpa.
Molann an Rapóirtéir ionstraimí beartais a dhíriú ar bhreoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch, gan teicneolaíochtaí ar leith a dhreasú ag an am céanna. Maidir le bithbhreoslaí, ní bhraitheann an Rapóirtéir dóchas an Choimisiúin maidir lena n-inscálaitheacht, ós rud é gur gá do linn charbóin AE fás ag an am céanna. Chomh maith leis sin, tá buntáistí eile ag baint le fócas ar bhreoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch, amhail laghdú ar an sceitheadh meatáin.

**An tAontas Eorpach mar cheannródaí i ndícharbónú loingseoireachta – ag spreagadh gníomhú ar son na haeráide ar an leibhéal idirnáisiúnta**

Tá gné thábhachtach idirnáisiúnta ag baint leis an Rialachán seo. San Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta (IMO), tá plé á dhéanamh faoi láthair ar an straitéis idirnáisiúnta chun astaíochtaí gás ceaptha teasa na loingseoireachta a laghdú. D'fhormhuinigh an Coimisiún Eorpach agus Ballstáit uile AE an measúnú go bhfuil sé bunriachtanach go mbainfidh an loingseoireacht idirnáisiúnta astaíochtaí gás ceaptha nialasacha amach faoi 2050 chun spriocanna teochta Chomhaontú Pháras a bhaint amach, Chun an uaillmhian idirnáisiúnta a mhéadú agus chun forbairt conairí loingseoireachta glasa a dhreasú, molann an Rapóirtéir go

leathnófaí cur i bhfeidhm an Rialacháin seo chuig raon iomlán na dturas idirnáisiúnta.

Chun calaois maidir le buncaeireacht idirnáisiúnta hidrigine agus breoslaí arna ndíorthú ó hidrigin a chosc agus chun trádáil idirnáisiúnta na hidrigine inbhuanaithe a chumasú, ba cheart do AE dlús a chur leis an obair ar chaighdeáin idirnáisiúnta inbhuanaithe hidrigine agus ar dhoiciméadú iomlán, deimhniú agus rialú hidrigine inbhuanaithe. Laistigh de IMO agus d'eagraíochtaí idirnáisiúnta eile, ní mór córais láidre rianaithe agus fíoraithe le haghaidh bithbhreoslaí agus breoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch a chur chun cinn go tapa.

**IARSCRÍBHINN: LIOSTA DE NA hEINTITIS NÓ NA DAOINE ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIR IONCHUR**

Rinneadh an liosta seo a leanas a tharraingt suas ar bhonn deonach amháin faoi fhreagracht eisiach
an Rapóirtéara. Fuair an Rapóirtéir ionchur ó na heintitis nó na daoine seo a leanas nuair a bhí an dréacht-tuairim á hullmhú:

| Eintiteas agus/nó duine |
|---|
| Hanse-Office |
| Meyer Werft GmbH & Co. KG |
| Fr. Lürrsen Werft GmbH und Co KG |
| Verband für Schiffsbau und Meerestechnik e.V. |
| Verband Deutscher Maschinen- und Anlagenbau |
| Verband Deutscher Reeder |
| TUI Cruises |
| Agentur für Struktur und Personalentwicklung |
| Naturschutzbund Deutschland |
| Zentralverband der deutschen Seehafenbetriebe |
| Uniper SE |
| EWE AG |
| Verband der Chemischen Industrie |
| Maritimes Cluster Norddeutschland e.V. |
| MARIKO GmbH |
| ZIM-Netzwerk GreenMeth |
| European Community Shipowner's Associations |
| T&E - Transport and Environment |
| IndustriAll Global Union |
| International Council on Clean Transportation |

| |
|---|
| Getting to Zero coalition |
| European Sea Ports Organisation (ESPO) |
| SEA-LNG LTD |

## LEASUITHE

Iarrann an Coiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia ar an gCoiste um Iompar agus um Thurasóireacht, mar an coiste atá freagrach, na leasuithe seo a leanas a chur san áireamh:

**Leasú 1**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (1) San earnáil muiriompair atá thart ar 75 % de thrádáil sheachtrach an Aontais agus 31 % de thrádáil inmheánach an Aontais i dtéarmaí méideanna. An tráth céanna, is é trácht loingseoireachta isteach i gcalafoirt sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch nó amach astu is cúis le tuairim agus 11 % d’astaíochtaí $CO_2$ uile an Aontais ó iompar, agus le 3-4 % d’astaíochtaí $CO_2$ uile an Aontais. Téann 400 milliún paisinéir ar bord nó i dtír i gcalafoirt de chuid na mBallstát go bliantúil, tuairim agus 14 mhilliún paisinéir ar longa cúrsála san áireamh. Dá bhrí sin, is cuid riachtanach de chóras iompair na hEorpa é an muiriompar agus tá ról ríthábhachtach aige maidir le geilleagar na hEorpa. ***Tá an margadh muiriompair faoi réir iomaíochas láidir idir gníomhaithe eacnamaíocha san*** Aontas ***agus lasmuigh de, iomaíochas a bhfuil cothrom na Féinne fíor-riachtanach lena aghaidh. Maidir le cobhsaíocht agus rathúnas an mhargaidh*** muiriompair ***agus ghníomhaithe eacnamaíocha an mhargaidh sin, braitheann sin ar chreat beartais atá soiléir agus comhchuibhithe*** | (1) San earnáil muiriompair atá thart ar 75 % de thrádáil sheachtrach an Aontais agus 31 % de thrádáil inmheánach an Aontais i dtéarmaí méideanna. An tráth céanna, is é trácht loingseoireachta isteach i gcalafoirt sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch nó amach astu is cúis le tuairim agus 11 % d’astaíochtaí $CO_2$ uile an Aontais ó iompar, agus le 3-4 % d’astaíochtaí $CO_2$ uile an Aontais***, agus bíonn tionchar ar leith ag truailliú mar thoradh ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ar éiceachórais mhuirí agus chósta, ar bhithéagsúlacht mhuirí agus ar shláinte an duine. Meastar go dtiocfaidh méadú ar astaíochtaí*** $CO_2$ ***ó mhuiriompar ar an leibhéal domhanda agus ar an leibhéal Eorpach araon, mura ndéanfar gníomhaíocht bhreise, méadú idir 90 % agus 130 % d’astaíochtaí 2008 faoi 2050 agus méadú 86 % i gcomparáid le leibhéil 1990 faoi 2050***[1a]. Téann 400 milliún paisinéir ar bord nó i dtír i gcalafoirt de chuid na mBallstát go bliantúil, tuairim agus 14 mhilliún paisinéir ar longa cúrsála san áireamh. Dá bhrí sin, is cuid riachtanach de chóras iompair é an |

***inar féidir le hoibreoirí muiriompair, calafoirt agus gníomhaithe eile*** san earnáil ***feidhmiú ar bhonn comhionannas deiseanna. I gcás ina dtarlaíonn saobhadh margaidh, bíonn an riosca ann go gcuirfí oibreoirí loinge nó calafoirt faoi mhíbhuntáiste i gcomparáid le hiomaitheoirí laistigh den earnáil muiriompair nó in earnálacha iompair eile. Dá réir sin, d'fhéadfadh caillteanas a bheith ann mar thoradh air sin in iomaíochas an tionscail muiriompair, agus caillteanas nascachta le haghaidh*** saoránach agus ***gnólachtaí.***

muiriompar agus tá ról ríthábhachtach aige maidir le geilleagar na hEorpa***, ach ní mór dul i ngleic lena thionchar ar an gcomhshaol agus ar an aeráid gan mhoill***. ***Ní mór do gach earnáil den gheilleagar rannchuidiú le hastaíochtaí GCT a laghdú go tapa i dtreo astaíochtaí GCT glan-nialasacha faoi 2050 ar a dhéanaí mar a chumhdaítear i Rialachán (AE) 2021/1119[1b] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle. Tá sé buntábhachtach, dá bhrí sin, go socróidh*** an tAontas ***bealach uaillmhianach le haghaidh aistriú éiceolaíoch gasta na hearnála*** muirí***, rud a rannchuideodh freisin lena cheannaireacht dhomhanda agus lena bhuntáiste iomaíoch a choinneáil agus a chur chun cinn tuilleadh sna teicneolaíochtaí glasa, seirbhísí glasa agus réitigh ghlasa*** san earnáil ***agus a rannchuideodh le sláinte na*** saoránach agus ***a laghdódh an strus ar éiceachórais mhuirí trí laghdú a dhéanamh ar thorann agus ar thruailliú aeir agus uisce.***

__________________

***[1a] Ceathrú Staidéar de chuid IMO maidir le GCT, 2020, an Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta, Londain, 2021***

***[1b] IO L 243, 9.7.2021, lch. 1.***

**Leasú 2**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(1a) Ós rud é go n-aithnítear leis an Rialachán seo tionchar diúltach an athraithe aeráide, agus go háirithe tionchar an mhuiriompair ar éiceachórais aigéin agus ar bhithéagsúlacht mhuirí, agus leochaileacht na réigiún cósta, ba cheart an Tuarascáil Speisialta ar an Aigéan agus an Criosféar in Aeráid atá ag*** |

***Athrú ó IPCC[1a] a chur san áireamh ann, agus a bheith i gcomhréir le Rialachán (AE) 2015/757 maidir le faireachán, tuairisciú agus fíorú a dhéanamh ar astaíochtaí dé-ocsaíde carbóin ó mhuiriompar (MRV)[1b] chomh maith leis na cuspóirí a chomhaontaigh Misean Crosóige Mara 2030: ár n-aigéan agus ár n-uiscí a athbhunú[1c].***

______________________

***[1a] IPCC, Tuarascáil Speisialta maidir leis an Aigéan agus an Cróisféar in Aeráid atá ag Athrú, 2019: Na Náisiúin Aontaithe, Comhaontú Pháras, 2015.***

***[1b] Rialachán (AE) 2015/757 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2015 maidir le faireachán, tuairisciú agus fíorú a dhéanamh ar astaíochtaí dé-ocsaíde carbóin ó mhuiriompar, agus lena leasaítear Treoir 2009/16/CE.***

***[1c] An Coimisiún Eorpach, Ard-Stiúrthóireacht um Thaighde agus Nuálaíocht, Lamy, P., Citores, A., Deidun, A., et al., Mission Starfish 2030: restore our ocean and waters [Misean Crosóige Mara 2030: ár n-aigéan agus ár n-uiscí a athchóiriú], Oifig na bhFoilseachán, 2020.***

**Leasú 3**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 1 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(1b) Fostaíonn an earnáil mhuirí 2 mhilliún Eorpach agus cuireann sí EUR 149 mbilliún leis an ngeilleagar. Le haghaidh gach milliúin Euro a ghintear i dtionscal na loingseoireachta, gintear EUR 1.8 milliún in áit eile i ngeilleagar an Aontais[1a].*** |

______________________

***[1a] Tuarascáil ó Chomhlachas Úinéirí Long an Chomhphobail Eorpaigh 'The Economic Value of the EU Shipping Industry [Luach Eacnamaíoch Thionscal Loingseoireachta AE]', 2020.***

**Leasú 4**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 1 c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(1c) Éilíonn an t-aistriú rathúil go loingseoireacht astaíochtaí nialasacha cur chuige comhtháite agus an timpeallacht iomchuí chumasúcháin chun nuálaíocht a spreagadh, ar longa agus i gcalafoirt araon. Baineann an timpeallacht chumasúcháin sin le hinfheistíocht phoiblí agus phríobháideach i dtaighde agus nuálaíocht, bearta teicneolaíochta agus oibriúcháin chun éifeachtúlacht fuinnimh long a fheabhsú, agus breoslaí malartacha inbhuanaithe, amhail hidrigin agus amóinia, a tháirgtear as foinsí fuinnimh in-athnuaite agus teicneolaíochtaí tiomána astaíochtaí nialasacha a imscaradh, lena n-áirítear an bonneagar athbhreoslaithe agus athluchtaithe is gá i gcalafoirt. Ba cheart Ciste Aigéin a bhunú chun éifeachtúlacht fuinnimh long a fheabhsú agus chun tacú le hinfheistíocht atá dírithe ar chuidiú le dícharbónú a dhéanamh ar iompar muirí, lena n-áirítear i loingseoireacht ghearrthurais agus i gcalafoirt. I gcomhthráth, ba cheart leas a bhaint as ioncaim chun tacú le hoiliúint, le huas-sciliú agus uas-sciliú oibrithe feadh shlabhra luacha iomláin na hearnála muirí, lena n-áirítear longchlóis, chun na scileanna agus na teicneolaíochtaí atá neamhdhíobhálach don chomhshaol a bhfuil gá leo don aistriú a thabhairt dóibh. Ba cheart 20 % den ioncam bliantúil a ghintear ó íocaíocht na bpionós a úsáid chun rannchuidiú le*** |

| | |
|---|---|
| | ***cosaint, le hathbhunú agus le bainistiú níos fearr na n-éiceachóras muirí.*** |

**Leasú 5**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (2) Chun cur le gealltanas aeráide an Aontais faoi Chomhaontú Pháras agus chun na céimeanna a leagan amach atá le glacadh chun aeráidneodracht a bhaint amach faoi 2050, agus chun oibleagáid dhlíthiúil a dhéanamh den ghealltanas polaitiúil, ghlac an Coimisiún an togra (leasaithe) le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an creat chun aeráidneodracht a bhaint amach agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1999 (An Dlí Aeráide Eorpach)[19] chomh maith leis an Teachtaireacht 'Stepping up Europe's 2030 climate ambition'[20]. Comhtháthaítear leis sin freisin an sprioc astaíochtaí gás ceaptha teasa (GCT) a laghdú 55 % ar a laghad faoi 2030 i gcomparáid le leibhéil 1990. Dá réir sin, tá gá le hionstraimí beartais comhlántacha éagsúla chun úsáid breoslaí in-athnuaite ***agus ísealcharbóin*** a tháirgtear go hinbhuanaithe a *spreagadh*, lena n-áirítear a n-úsáid san earnáil muiriompair. Ní mór an teicneolaíocht is gá a fhorbairt agus a imscaradh ***faoi 2030*** chun ullmhú le haghaidh athruithe a bheidh i bhfad níos mire ina dhiaidh sin. | (2) Chun cur le gealltanas aeráide an Aontais faoi Chomhaontú Pháras agus chun na céimeanna a leagan amach atá le glacadh chun aeráidneodracht a bhaint amach faoi 2050 ***ar a dhéanaí***, agus chun oibleagáid dhlíthiúil a dhéanamh den ghealltanas polaitiúil, ghlac an Coimisiún an togra (leasaithe) le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an creat chun aeráidneodracht a bhaint amach agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1999 (An Dlí Aeráide Eorpach)[19] chomh maith leis an Teachtaireacht 'Stepping up Europe's 2030 climate ambition'[20]. Comhtháthaítear leis sin freisin an sprioc astaíochtaí gás ceaptha teasa (GCT) a laghdú 55 % ar a laghad faoi 2030 i gcomparáid le leibhéil 1990. Dá réir sin, *tá gá le* hionstraimí beartais comhlántacha éagsúla chun ***éifeachtúlacht fuinnimh agus oibríochtúil na hearnála a fheabhsú agus chun glacadh tapa breoslaí in-athnuaite agus fuinneamh in-athnuaite a chur chun cinn, agus prionsabal na neodrachta teicneolaíche á urramú ag an am céanna. Tá sé bunriachtanach an nuálaíocht a chothú agus tacú le taighde ar an nuálaíocht atá ag teacht chun cinn agus a bheidh ann amach anseo amhail breoslaí malartacha atá ag teacht chun cinn, éicidhearthóireacht, ábhair bhithbhunaithe,agus tiomáint ghaoithe trí chliatháin thiubha agus dhochta a thógáil le haghaidh báid seoil agus*** úsáid breoslaí in-athnuaite a tháirgtear go hinbhuanaithe ***á spreagadh*** san earnáil muiriompair ag an am céanna. Ní mór an fhorbairt agus |

imscaradh teicneolaíochta is gá a dhéanamh ***agus ba cheart tacú leo a luaithe is féidir chun a áirithiú go mbeidh an tAontas ar an mbóthar ceart chun a spriocanna aeráide agus fuinnimh 2030 a bhaint amach, chomh maith le haeráidneodracht faoi 2050 ar a dhéanaí*** chun ullmhú le haghaidh athraithe a bheidh i bhfad níos mire ina dhiaidh sin.

[19] COM(2020) 563 final

[20] COM(2020) 562 final

[19] COM(2020) 563 final

[20] COM(2020) 562 final

**Leasú 6**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(2a) Is gás cumhachtach ceaptha teasa é meatán, atá os cionn 80 uair níos láidre ná CO2 thar thréimhse 20 bliain, rud a chiallaíonn gurb é an dara gás ceaptha teasa is tábhachtaí atá ann, a chuireann le thart ar aon cheathrú den téamh domhanda sa lá atá inniu ann. Ina theannta sin, is réamhtheachtaí é d'ózón leibhéal na talún (O3) atá ina thruailleán tábhachtach. Tá laghduithe móra ar astaíochtaí meatáin i gceist leis na conairí atá múnlaithe ag Tuarascáil Speisialta 1.5 °C ón bPainéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide (IPCC), ag Séú Tuarascáil Measúnaithe IPCC agus ag Measúnú Domhanda Meatáin 2021 de Chlár Comhshaoil na Náisiún Aontaithe (UNEP) lena dteorannaítear an téamh domhanda go 1.5°C gan aon taraimsiú nó le taraimsiú teoranta; Dá bhrí sin, chun éifeachtaí gearrthéarmacha fórsála aeráide an mheatáin a ghabháil go leordhóthanach, agus ar an dóigh sin an tionchar aeráide a bhaineann le húsáid gáis nádúrtha leachtaithe iontaise san earnáil loingseoireachta a chur san*** |

***áireamh go cruinn thar an tréimhse ama atá beartaithe do chur chun feidhme an Rialacháin seo, meastar gur níos iomchuí luach acmhainneachta téite domhanda (GWP) meatáin a úsáid thar thréimhse ama 20 bliain (GWP20) ná thar thréimhse 100 bliain.***

**Leasú 7**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 2 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(2b) I bhfianaise a bpointí tosaigh éagsúla, ba cheart tacú leis na Ballstáit feabhas a chur ar a gcumas athruithe a dhéanamh i mbeartais a bhaineann le breoslaí muirí inbhuanaithe.*** |

**Leasú 8**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (3) I gcomhthéacs breosla a aistriú chuig breoslaí in-athnuaite ***agus ísealcharbóin*** agus foinsí ionadacha fuinnimh, tá sé riachtanach feidhmiú ceart mhargadh muiriompair an Aontais maidir le breoslaí muirí a áirithiú, chomh maith le hiomaíochas cothrom sa mhargadh a áirithiú, breoslaí ar sciar substaintiúil de chostais na n-oibreoirí loinge iad. ***Is féidir tionchar mór a bheith ag*** difríochtaí i riachtanais bhreosla ar fud Bhallstáit an Aontais ***ar fheidhmiú eacnamaíoch oibreoirí loinge agus is féidir tionchar diúltach a bheith ag na difríochtaí sin ar iomaíochas sa mhargadh. De thairbhe nádúr idirnáisiúnta na loingseoireachta***, ***is féidir le hoibreoirí loinge umar a lastáil i dtríú tíortha go furasta agus méideanna*** | (3) I gcomhthéacs breosla a aistriú chuig breoslaí in-athnuaite ***inbhuanaithe*** agus foinsí ionadacha fuinnimh, tá sé bunriachtanach feidhmiú ceart mhargadh muiriompair an Aontais maidir le breoslaí muirí a áirithiú, chomh maith le hiomaíochas cothrom sa mhargadh a áirithiú, breoslaí ar sciar substaintiúil de chostais na n-oibreoirí loinge iad ***a bhíonn go hiondúil idir 35 % agus 53 % de na rátaí lasta loingseoireachta***. Éagsúlachtaí sna ceanglais bhreosla ar fud Bhallstáit an Aontais, tá infhaighteacht breoslaí in-athnuaite ag calafoirt mhuirí faoi dhlínse Ballstáit ag gabháil le ceanglais maidir lena n-úsáid a bhfuil feidhm acu maidir le gach oibreoir loinge a thagann isteach i gcalafoirt faoi dhlínse na mBallstát nó a |

| | |
|---|---|
| ***móra breosla a iompar. D'fhéadfadh sceitheadh carbóin agus éifeachtaí díobhálacha ar iomaíochas na hearnála a bheith mar thoradh air sin, más rud é nach bhfuil*** infhaighteacht breoslaí in-athnuaite ***agus ísealcharbóin*** ag calafoirt mhuirí faoi dhlínse Ballstáit ag gabháil le ceanglais maidir lena n-úsáid a bhfuil feidhm acu maidir le gach oibreoir loinge a thagann isteach i gcalafoirt faoi dhlínse na mBallstát nó a imíonn astu. Leis an Rialachán seo, ba cheart bearta a leagan síos chun a áirithiú go rachaidh breoslaí in-athnuaite ***ísealcharbóin*** i bhfód ar mhargadh na mbreoslaí muirí faoi dhálaí cóiriomaíochta i margadh muiriompair an Aontais. | imíonn astu. Leis an Rialachán seo, ba cheart bearta a leagan síos chun a áirithiú go rachaidh breoslaí in-athnuaite i bhfód ar mhargadh na mbreoslaí muirí faoi dhálaí cóiriomaíochta i margadh muiriompair an Aontais. |

**Leasú 9**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 3 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(3a) Tá dianiomaíocht idirnáisiúnta ina sainghné ag an earnáil mhuirí, agus ghéaraigh éagsúlachtaí móra idir ualaí rialála ar fud stát brataí cleachtais nach bhfuil ag teastáil, amhail athrú brataí soithí. Le sainghné dhomhanda na hearnála, leagtar béim ar a thábhachtaí atá timpeallacht rialála fhabhrach, atá ina réamhchoinníoll chun infheistíochtaí nua a mhealladh agus iomaíochas calafort Eorpach, úinéirí long agus oibreoirí a choimirciú.*** |

**Leasú 10**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (4) Chun tionchar a bheith aige ar ghníomhaíochtaí uile na hearnála | (4) Chun tionchar a bheith aige ar ghníomhaíochtaí uile na hearnála |

muiriompair, is iomchuí go gcumhdaítear leis an Rialachán seo ***sciar de na*** haistir idir calafort faoi dhlínse Ballstáit agus calafort faoi dhlínse tríú tíre. Dá réir sin, ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo maidir le ***leath*** den fhuinneamh a úsáideann long atá ag tabhairt faoi aistir a thagann isteach i gcalafort faoi dhlínse Ballstáit ó chalafort lasmuigh de dhlínse Ballstáit, maidir le ***leath den*** fhuinneamh a úsáideann long atá ag tabhairt faoi aistir a imíonn ó chalafort faoi dhlínse Ballstáit agus a thagann isteach i calafort lasmuigh de dhlínse Ballstáit, maidir leis an bhfuinneamh iomlán a úsáideann long atá ag tabhairt faoi aistir a thagann isteach i gcalafort faoi dhlínse Ballstáit ó chalafort faoi dhlínse Ballstáit, agus maidir leis an bhfuinneamh a úsáidtear i mbeart i gcalafort faoi dhlínse Ballstáit. ***Le cumhdach*** den sórt sin ***maidir le sciar den fhuinneamh a úsáideann long le linn aistir isteach agus amach idir an tAontas agus tríú tíortha, agus trí thionchar dearfach na creata sin ar an gcomhshaol a mhéadú freisin, áirithítear éifeachtacht an Rialacháin seo. An tráth céanna,*** leis an gcreat ***sin*** cuirtear teorainn leis an riosca maidir le cuairteanna seachanta ar chalafoirt agus leis an riosca maidir le dí-chomhchruinniú gníomhaíochtaí trasloingsithe lasmuigh den Aontas. Chun oibriú rianúil tráchta muiriompair chomh maith le cothrom na Féinne i measc oibreoirí muiriompair agus i measc calafort a áirithiú, agus chun saobhadh ar an margadh inmheánach a sheachaint, ba cheart gach muiraistear a thagann isteach i gcalafoirt faoi dhlínse na mBallstát nó a imíonn astu, chomh maith le fanacht na long sna calafoirt sin, a chumhdach faoi rialacha comhionanna atá sa Rialachán seo.

muiriompair, is iomchuí go gcumhdaítear leis an Rialachán seo na muiraistir ***uile*** idir calafort faoi dhlínse Ballstáit agus calafort faoi dhlínse tríú tíre. Dá réir sin, ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo maidir le ***hiomlán an*** fhuinnimh a úsáideann long atá ag tabhairt faoi aistir a thagann isteach i gcalafort faoi dhlínse Ballstáit ó chalafort lasmuigh de dhlínse Ballstáit, maidir le ***hiomlán an*** fhuinnimh a úsáideann long atá ag tabhairt faoi aistir a imíonn ó chalafort faoi dhlínse Ballstáit agus a thagann isteach i calafort lasmuigh de dhlínse Ballstáit, maidir leis an bhfuinneamh iomlán a úsáideann long atá ag tabhairt faoi aistir a thagann isteach i gcalafort faoi dhlínse Ballstáit ó chalafort faoi dhlínse Ballstáit, agus maidir leis an bhfuinneamh a úsáidtear i mbeart i gcalafort faoi dhlínse Ballstáit. An tráth céanna, le ***haon*** chreat sin cuirtear teorainn leis an riosca maidir le cuairteanna seachanta ar chalafoirt agus leis an riosca maidir le dí-chomhchruinniú gníomhaíochtaí trasloingsithe lasmuigh den Aontas. Chun oibriú rianúil tráchta muiriompair chomh maith le cothrom na Féinne i measc oibreoirí muiriompair agus i measc calafort a áirithiú, agus chun saobhadh ar an margadh inmheánach a sheachaint, ba cheart gach muiraistear a thagann isteach i gcalafoirt faoi dhlínse na mBallstát nó a imíonn astu, chomh maith le fanacht na long sna calafoirt sin, a chumhdach faoi rialacha comhionanna atá sa Rialachán seo.

**Leasú 11**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 4 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(4a) Ba cheart an Rialachán FuelEU Maritime a ailíniú go dlúth agus a bheith comhsheasmhach le togra le haghaidh Rialachán XXXX-XXX (an Rialachán maidir le Bonneagar Breoslaí Malartacha), le togra le haghaidh athbhreithniú a dhéanamh ar Threoir 2003/87/CE (CTA AE), le Treoir XXXX-XXX (an Treoir maidir le Fuinneamh In-athnuaite), agus le togra le haghaidh athbhreithniú a dhéanamh ar Threoir 2003/96/CE (an Treoir maidir le Cánachas Fuinnimh), chun creat reachtach comhleanúnach don éiceachóras loingseoireachta a áirithiú, lena rannchuideofar le táirgeadh breoslaí malartacha a mhéadú go mór, lena n-áiritheofar imscaradh an bhonneagair is gá agus lena spreagfar úsáid na mbreoslaí sin i sciar soithí atá ag fás go leanúnach.*** |

**Leasú 12**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 5 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(5a) Ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfadh éifeachtaí díobhálacha nach bhfuil ag teastáil a bheith ag tairseach de 5000 olltonnáiste (GT), ós rud é nach dtugtar dreasacht léi do longa níos lú a n-astaíochtaí a laghdú agus d'fhéadfadh sé gurb é an toradh a bheadh uirthi ná go gcuirfí roinnt long níos lú in ionad long atá os cionn na tairsí, rud a mbeadh easpa cothroime iomaíochta mar thoradh air, chomh maith le tionchar diúltach ar astaíochtaí CO2 agus ar an gcomhshaol.*** |

**Leasú 13**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (6) Is í an chuideachta loingseoireachta ar cheart a bheith ina dhuine nó ina eagraíocht atá freagrach as comhlíonadh an Rialacháin seo, cuideachta a shainmhínítear mar úinéir na loinge nó aon eagraíocht nó duine eile, amhail an bainisteoir nó an cairtfhostóir forléasta, a bhfuil an fhreagracht glactha aige, ó úinéir na loinge, an long a oibriú, agus a bhfuil aontaithe aige, trí bhíthin an fhreagracht sin a ghlacadh, na dualgais agus na freagrachtaí uile a fhorchuirtear leis an gCód Idirnáisiúnta um Bainistíocht Sábháilteachta Long agus um Chosc ar Thruailliú a ghlacadh ar láimh. ***Tá an sainmhíniú sin bunaithe ar an sainmhíniú ar 'cuideachta' in Airteagal 3, pointe (d) de Rialachán (AE) 2015/757 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[21], agus i gcomhréir leis an gcóras domhanda bailithe sonraí a bhunaigh an Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta (IMO) in 2016. I gcomhréir leis an bprionsabal gurb é údar an truaillithe a íocfaidh as, d'fhéadfadh*** an chuideachta loingseoireachta***, trí bhíthin socrú conarthach, an t-eintiteas atá*** freagrach ***go díreach*** as ***na*** cinntí a ghlacadh ***a bhfuil tionchar acu ar*** dhéine ghás ceaptha teasa an fhuinnimh a úsáideann an long ***a thabhairt chun cuntais*** as na costais ***chomhlíontachta*** faoin Rialachán seo***. De ghnáth, ba é sin*** an t-eintiteas ***atá*** freagrach as ***breosla, bealach agus*** luas na loinge ***a roghnú.*** | (6) Is í an chuideachta loingseoireachta ar cheart a bheith ina dhuine nó ina eagraíocht atá freagrach as comhlíonadh an Rialacháin seo, cuideachta a shainmhínítear mar úinéir na loinge nó aon eagraíocht nó duine eile, amhail an bainisteoir nó an cairtfhostóir forléasta, a bhfuil an fhreagracht glactha aige, ó úinéir na loinge, an long a oibriú, agus a bhfuil aontaithe aige, trí bhíthin an fhreagracht sin a ghlacadh, na dualgais agus na freagrachtaí uile a fhorchuirtear leis an gCód Idirnáisiúnta um Bainistíocht Sábháilteachta Long agus um Chosc ar Thruailliú a ghlacadh ar láimh. ***Ní bhíonn*** an chuideachta loingseoireachta freagrach ***i gcónaí***, ***áfach***,as an mbreosla ***a cheannach agus/ná as cinntí oibríochtúla a dhéanamh a dhéanann difear do*** dhéine astaíochtaí gás ceaptha teasa an fhuinnimh a úsáideann an long***. Féadfaidh eintiteas seachas an chuideachta loingseoireachta na freagrachtaí sin a ghlacadh chuige féin faoi chomhaontú conarthach. Sa chás sin, chun an prionsabal gurb é údar an truaillithe a íocfaidh as a chur chun feidhme mar is ceart agus chun glacadh breoslaí níos glaine a spreagadh, tá sé tábhachtach go n-áireofar clásal ceangailteach sna comhaontuithe sin*** chun na costais faoin Rialachán seo ***a chur ar aghaidh chuig an eintiteas sin, eadhon na pionóis a bhaineann le tearcfheidhmíocht na loinge, agus go bhforálfar leis an gclásal go ndéanfaidh*** an t-eintiteas atá freagrach as ***oibriú na loingean chuideachta loingseoireachta a aisíoc i leith na bpionós arna bhforchur. Ina leith sin, ciallaíonn oibriú na loinge, go háirithe, cinneadh a dhéanamh maidir leis an lastas atá á iompar, an cúrsa taistil (lena n-áirítear na calafoirt chuarda),*** |

| | |
|---|---|
| | ***bealach agus/nó*** luas na loinge. |
| ____________________ | ____________________ |
| [21] Rialachán (AE) 2015/757 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2015 maidir le faireachán, tuairisciú agus fíorú a dhéanamh ar astaíochtaí dé-ocsaíde carbóin ó mhuiriompar, agus lena leasaítear Treoir 2009/16/CE (IO L 123, 19.5.2015, lch. 55). | [21] Rialachán (AE) 2015/757 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2015 maidir le faireachán, tuairisciú agus fíorú a dhéanamh ar astaíochtaí dé-ocsaíde carbóin ó mhuiriompar, agus lena leasaítear Treoir 2009/16/CE (IO L 123, 19.5.2015, lch. 55). |

**Leasú 14**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 7**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (7) Chun an t-ualach riaracháin a theorannú, go háirithe ualach riaracháin oibreoirí beaga, níor cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo maidir le longa adhmaid de thógáil bhunúsach ná longa nach dtiomáintear le fearas meicniúil, agus ba cheart díriú ar longa a bhfuil olltonnáiste os cionn ***5 000*** acu. ***D'ainneoin nach bhfuil sna longa deireanacha sin*** ach thart ar 55 % de na longa uile a thagann isteach i gcalafoirt faoi Rialachán (AE) 2015/757 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, ***is iadsan is cúis le 90 % d'astaíochtaí dé-ocsaíde carbóin*** ***($CO_2$) ón earnáil muirí.*** | (7) Chun an t-ualach riaracháin a theorannú, go háirithe ualach riaracháin oibreoirí beaga, níor cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo maidir le longa adhmaid de thógáil bhunúsach ná longa nach dtiomáintear le fearas meicniúil, agus ba cheart díriú ar longa a bhfuil olltonnáiste os cionn ***400*** acu ***ós rud é*** nach bhfuil i longa atá ***os cionn olltonnáiste 5000*** ach thart ar 55 % de na longa uile a thagann isteach i gcalafoirt faoi Rialachán (AE) 2015/757 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, ***agus chun dreasachtaí a sheachaint chun dul leis an gcóras trí longa níos lú a thógáil díreach faoi bhun na tairsí. Le leathnú an raon feidhme sin, ba cheart forbairt agus cur i bhfeidhm*** na ***nuálaíochtaí teicneolaíochta i gcomhair long meánmhéide a chothú freisin.*** |

**Leasú 15**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 8**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (8) Chun breoslaí ***nua*** agus réitigh fuinnimh nua a fhorbairt agus a imscaradh, ní mór cur chuige comhordaithe a bheith ann chun freastal ar sholáthar, éileamh agus cur ar fáil bonneagar dáilte iomchuí. Cé go dtugann an creat Eorpach rialála atá ann faoi láthair aghaidh, i bpáirt, ar tháirgeadh breosla le Treoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[22] agus ar dháileadh le Treoir 2014/94/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[23], tá gá freisin le huirlis lena mbunaítear leibhéil mhéadaitheacha éilimh ar bhreoslaí muirí in-athnuaite ***agus ísealcharbóin***. | (8) Chun breoslaí ***in-athnuaite inbhuanaithe*** agus réitigh fuinnimh a fhorbairt agus a imscaradh, ní mór cur chuige comhordaithe a bheith ann chun freastal ar sholáthar, éileamh agus cur ar fáil bonneagar dáilte iomchuí. Cé go dtugann an creat Eorpach rialála atá ann faoi láthair aghaidh, i bpáirt, ar tháirgeadh breosla le Treoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[22] agus ar dháileadh le Treoir 2014/94/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[23], tá gá freisin le huirlis lena mbunaítear leibhéil mhéadaitheacha éilimh ar bhreoslaí muirí in-athnuaite ***agus a soláthar ag soláthróirí aonair breosla chun cumhdach leordhóthanach breoslaí muirí inathnuaite a áirithiú.***. |
| ___________________ | ___________________ |
| [22] Treoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le húsáid fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite a chur chun cinn (IO L 328, 21.12.2001, lch. 82). | [22] Treoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le húsáid fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite a chur chun cinn (IO L 328, 21.12.2001, lch. 82). |
| [23] Treoir 2014/94/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2014 maidir le himscaradh bonneagar breoslaí malartacha (IO L 307, 28.10.2014, lch. 1). | [23] Treoir 2014/94/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2014 maidir le himscaradh bonneagar breoslaí malartacha (IO L 307, 28.10.2014, lch. 1). |

**Leasú 16**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 9**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (9) Cé go gcuirtear feabhsuithe ar éifeachtúlacht fuinnimh chun cinn le hionstraimí amhail praghsáil carbóin ***nó spriocanna i ndáil le déine carbóin gníomhaíochta***, níl siad oiriúnach chun | (9) Cé go ***bhféadfar roinnt*** feabhsuithe ar éifeachtúlacht fuinnimh ***agus oibríochtúil*** a chur chun cinn le hionstraimí amhail praghsáil carbóin, níl siad oiriúnach chun ***glacadh suntasach*** |

athrú mór a spreagadh i dtreo breoslaí in-athnuaite ***agus ísealcharbóin*** sa ghearrthéarma ná sa mheántéarma. Dá bhrí sin, tá gá le cur chuige rialála sonrach atá tiomnaithe d'imscaradh ***breoslaí muirí*** in-athnuaite ***agus ísealcharbóin*** agus foinsí ionadacha fuinnimh, amhail an ghaoth nó leictreachas.

***beart éifeachtúlachta oibríochtúla agus fuinnimh*** a spreagadh ***ná*** athrú a spreagadh i dtreo breoslaí in-athnuaite sa ghearrthéarma agus sa mheántéarma. Dá bhrí sin, tá gá le cur chuige rialála sonrach atá tiomnaithe ***borradh a chur faoi bhearta éifeachtúlachta oibríochtúla agus fuinnimh agus faoi*** imscaradh breoslaí ***muirí*** in-athnuaite agus foinsí ionadacha fuinnimh, amhail an ghaoth nó leictreachas.

**Leasú 17**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 9 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(9a) I gcomhréir le Bunphrionsabal na hÉifeachtúlachta Fuinnimh, glactar cur chuige comhtháite sa Rialachán seo trí spriocanna éifeachtúlachta fuinnimh a thabhairt isteach, chun go mbeadh fuinneamh íosta ag teastáil le haghaidh gníomhaíochtaí éagsúla muirí, chomh maith le hathrú breosla chuig foinsí in-athnuaite inbhuanaithe fuinnimh a chur chun cinn. Tabharfaidh sprioc maidir le hastaíochtaí a laghdú de réir na hoibre iompair spreagadh do longúinéirí agus oibreoirí long chun na bearta éifeachtúlachta oibríochtúla agus fuinnimh atá ar fáil a chur chun feidhme, de réir a gcuid riachtanas, amhail galú mall, luas agus barrfheabhsú pleanála, tiomáint ghaoithe, brait frithsmálaithe, leictriú ó fhoinsí in-athnuaite agus stóráil fuinnimh, agus digitiú agus barrfheabhsú lóistíochta freisin. Chun na treoirlínte maidir le bunphrionsabal na héifeachtúlachta fuinnimh a chur i ngníomh i gceart, tá sé chomh tábhachtach céanna foinsí fuinnimh atá níos éifeachtúla ó thaobh fuinnimh de nó teicneolaíochtaí tiomána a dhreasú le haghaidh fuinneamh a úsáidtear ar muir agus i mbeart chun forálacha an*** |

| | |
|---|---|
| | ***Rialacháin seo a chomhlíonadh.*** |

**Leasú 18**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 10**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (10) Maidir le hidirghabháil bheartais chun éileamh ar bhreoslaí muirí in-athnuaite ***agus ísealcharbóin*** a spreagadh, ba cheart í a bheith sprioc-bhunaithe agus ba cheart go ndéanfaí prionsabal na neodrachta teicneolaíche a urramú léi. Dá réir sin, ba cheart teorainneacha a leagan amach ar dhéine gás ceaptha teasa an fhuinnimh a úsáidtear ar bord long gan úsáid aon bhreosla nó teicneolaíochta ar leith a fhorordú. | (10) Maidir le hidirghabháil bheartais chun éileamh ar bhreoslaí muirí in-athnuaite a spreagadh, ba cheart í a bheith sprioc-bhunaithe agus ba cheart go ndéanfaí prionsabal na neodrachta teicneolaíche a urramú léi. Dá réir sin, ba cheart teorainneacha a leagan amach ar dhéine gás ceaptha teasa an fhuinnimh a úsáidtear ar bord long gan úsáid aon bhreosla nó teicneolaíochta ar leith a fhorordú. ***Ag an am céanna, ní mór idirdhealú a dhéanamh chun dreasachtaí a thabhairt go háirithe do bhreoslaí inscálaithe atá saor ó astaíochtaí a bhfuil gá leo chun cumhdach iomlán ar an margadh a bhaint amach. Ina theannta sin, meastar gurb iomchuí dreasachtaí tiomnaithe chun spreagadh a thabhairt d'uas-scálú agus glacadh breoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch, ar breoslaí iad atá ceaptha ról lárnach a bheith acu chun dícharbónú a dhéanamh ar na feidhmeanna loingseoireachta sin gan rogha eile atá bunaithe ar fhuinneamh in-athnuaite agus atá níos fuinneamhéifeachtúla agus níos inbhuanaithe, amhail leictriú díreach atá bunaithe ar fhuinneamh in-athnuaite nó teicneolaíochtaí tiomána in-athnuaite.*** |

**Leasú 19**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 11**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (11) Maidir le breoslaí in-athnuaite ***agus ísealcharbóin*** a bhfuil ardacmhainneacht inbhuanaitheachta, aibíocht tráchtála agus ardacmhainneacht nuálaíochta agus fáis chun freastal ar na riachtanais a bheidh ann amach anseo ag gabháil leo, ba cheart forbairt agus imscaradh na mbreoslaí sin a chur chun cinn. Leis sin, tacófar le margaí breosla nuálacha agus iomaíocha a chruthú agus le soláthar leordhóthanach breoslaí muirí inbhuanaithe a áirithiú sa ghearrthéarma agus san fhadtéarma chun rannchuidiú le huaillmhianta dícharbónaithe iompair an Aontais, agus san am céanna iarrachtaí an Aontais i leith ardleibhéal cosanta comhshaoil a neartú. ***Chun na críche sin, ba cheart breoslaí muirí inbhuanaithe arna dtáirgeadh ó na bunábhair a liostaítear i gCodanna A agus B d'Iarscríbhinn IX a ghabhann le Treoir (AE) 2018/2001, chomh maith le breoslaí muirí sintéiseacha, a bheith incháilithe. Go háirithe, tá na breoslaí muirí inbhuanaithe arna dtáirgeadh ó na bunábhair a liostaítear i gCointí B d'Iarscríbhinn IX a ghabhann le Treoir (AE) 2018/2001 fíor-riachtanach, toisc gurb í an teicneolaíocht ar a bhfuil siad bunaithe is aibí í ó thaobh tráchtála de faoi láthair agus go bhféadfaí an muiriompar a dhícharbónú leo sa ghearrthéarma.*** | (11) Ba cheart forbairt agus imscaradh breoslaí in-athnuaite a bhfuil ardacmhainneacht inbhuanaitheachta, aibíochta tráchtála, nuálaíochta agus fáis acu a chur chun cinn chun freastal ar riachtanais na todhchaí. Leis sin, tacófar le margaí breosla nuálacha agus iomaíocha a chruthú agus le soláthar leordhóthanach breoslaí muirí inbhuanaithe ***agus teicneolaíochtaí tiomána in-athnuaite*** a áirithiú sa ghearrthéarma agus san fhadtéarma chun rannchuidiú le huaillmhianta ***aeráide, fuinnimh agus*** dícharbónaithe iompair an Aontais, agus san am céanna iarrachtaí an Aontais i leith ardleibhéal cosanta comhshaoil a neartú. |

**Leasú 20**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 11 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(11a) Tá loingseoireacht aitheanta i straitéis Hidrigine AE***[1a] ***mar phríomhearnáil chun breoslaí inbhuanaithe a dhíorthaítear ó hidrigin in-athnuaite a uas-scálú. Ós rud é go*** |

***gcaithfidh loingseoireacht dul in iomaíocht le haghaidh soláthairtí hidrigine in-athnuaite atá gann le hearnálacha eile, inar féidir réitigh eile atá níos éifeachtúla amhail leictriú díreach a úsáid, ba cheart bearta breise a bhunú chun glacadh breoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch a spreagadh san earnáil mhuirí, ós rud é gur gá iad a mhéadú go daingean chun astaíochtaí nialasacha sa loingseoireacht a bhaint amach faoi 2050.***

***[1a] COM(2020)0301.***

**Leasú 21**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 11 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(11b) Sa Mheasúnú Tionchair a ghabhann leis an Rialachán seo, shainaithin an Coimisiún dreasachtaí breise do bhreoslaí sintéiseacha mar ghné thábhachtach chun an bhearna praghsanna do bhreoslaí iontaise agus bithbhreoslaí a dhúnadh. Aithníonn an Coimisiún go mbeadh tionchar dearfach ag le haghaidh breoslaí sintéiseacha ar an nuálaíocht, ar an tionscal loingseoireachta, longthógála agus ar thionscail an trealaimh mhuirí. Ní mór an brú ar an nuálaíocht sin a scaoileadh roimh 2030, chun dlús a chur le laghdú na ngás ceaptha teasa agus chun poist ardcháilíochta a chosaint in earnálacha Eorpacha longthógála agus nasctha. Go ginearálta, is féidir intuarthacht an chreata rialála a mhéadú le cuóta, agus ar an gcaoi sin íoslaghdú a dhéanamh ar bhacainn thábhachtach ar úsáid breoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch.*** |

**Leasú 22**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 13**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (13) Mar sin féin, ní mór an cur chuige sin a bheith níos doichte san earnáil muiriompair. Faoi láthair, tá leibhéil neamhshuntasacha éilimh ar bhithbhreoslaí, ar bhithleachtanna agus ar bhreoslaí bithmhaise a dhíorthaítear ó bharra bia agus beatha san earnáil muiriompair toisc gur de bhunadh iontaise níos mó ná 99 % de na breoslaí muirí atá á n-úsáid faoi láthair. Dá bhrí sin, le neamh-incháilitheacht na mbreoslaí a dhíorthaítear ó bharra bia agus beatha faoin Rialachán seo, íoslaghdaítear freisin aon riosca maidir le moill a chur le dícharbónú na hearnála iompair, rud a d'fhéadfadh eascairt, murach sin, as aistriú bithbhreoslaí a dhíorthaítear ó bharra ón earnáil bóithre chuig an earnáil mhuirí. Ós rud é go leanann an t-iompar de bhóthar go fóill de bheith ar an earnáil iompair is mó truaillithe ar fad agus go n-úsáidtear breoslaí de bhunadh iontaise ***den chuid is mó*** sa mhuiriompar faoi láthair, tá sé fíor-riachtanach aistriú den sórt sin a íoslaghdú. Dá bhrí sin, is iomchuí cruthú éilimh ar bhithbhreoslaí ó bharra bia agus beatha, ar bhithleachtanna agus ar bhreoslaí bithmhaise a sheachaint, éileamh a d'fhéadfadh a bheith mór trína n-úsáid a chur chun cinn faoin Rialachán seo. Dá réir sin, leis na hastaíochtaí gás ceaptha teasa breise agus le cailliúint na bithéagsúlachta arb é gach cineál bithbhreosla a dhíorthaítear ó bharra bia agus beatha is cúis leo, ní mór a mheas gur breoslaí iad sin lena mbaineann na fachtóirí astaíochta céanna leis an gconair is mífhabhraí. | (13) Mar sin féin, ní mór an cur chuige sin a bheith níos doichte san earnáil muiriompair. Faoi láthair, tá leibhéil neamhshuntasacha éilimh ar bhithbhreoslaí, ar bhithleachtanna agus ar bhreoslaí bithmhaise a dhíorthaítear ó bharra bia agus beatha san earnáil muiriompair toisc gur de bhunadh iontaise níos mó ná 99 % de na breoslaí muirí atá á n-úsáid faoi láthair. Dá bhrí sin, le neamh-incháilitheacht na mbreoslaí a dhíorthaítear ó bharra bia agus beatha faoin Rialachán seo, íoslaghdaítear freisin aon riosca maidir le moill a chur le dícharbónú na hearnála iompair, rud a d'fhéadfadh eascairt, murach sin, as aistriú bithbhreoslaí a dhíorthaítear ó bharra ón earnáil bóithre chuig an earnáil mhuirí. Ós rud é go leanann an t-iompar de bhóthar go fóill de bheith ar an earnáil iompair is mó truaillithe ar fad agus go n-úsáidtear breoslaí de bhunadh iontaise ***den chuid is mó*** sa mhuiriompar faoi láthair, tá sé fíor-riachtanach aistriú den sórt sin a íoslaghdú. Dá bhrí sin, is iomchuí cruthú éilimh ar bhithbhreoslaí ó bharra bia agus beatha, ar bhithleachtanna agus ar bhreoslaí bithmhaise a sheachaint, éileamh a d'fhéadfadh a bheith mór trína n-úsáid a chur chun cinn faoin Rialachán seo. Dá réir sin, leis na hastaíochtaí gás ceaptha teasa breise agus le cailliúint na bithéagsúlachta arb é gach cineál bithbhreosla a dhíorthaítear ó bharra bia agus beatha is cúis leo, ní mór a mheas gur breoslaí iad sin lena mbaineann na fachtóirí astaíochta céanna leis an gconair ***breosla iontaise*** is mífhabhraí. ***Baineann sé sin freisin le barra idirmheánacha chomh maith le driogáití d'aigéad sailleach pailme ar*** |

| | |
|---|---|
| | ***seachtháirgí ola pailme iad. Ní mór do bhithbhreoslaí allmhairithe na critéir inbhuanaitheachta Eorpacha a leagtar amach sa Treoir maidir le Fuinneamh In-athnuaite a chomhlíonadh.*** |

**Leasú 23**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 13 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(13a) Is féidir le Ola Cócaireachta Úsáidte a bheith ina breosla inbhuanaithe dramhaílbhunaithe. Mar sin féin, tá fianaise ann go ndearnadh calaois i dtríú tíortha ar lipéadú neamhdhlisteanach ar ola chócaireachta úsáidte. Taispeántar in imscrúduithe bliantúla OLAF[1a] líon an ionchuir neamhdhleathaigh bithdhíosail ón margadh domhanda isteach san Aontas, a ndéantar cur síos bréagach orthu gur ó ola chócaireachta úsáidte (UCO) a tháinig siad, ábhar ar díol imní é. Maidir le gné idirnáisiúnta an Rialacháin seo, tá sé níos deacra fós caighdeáin inbhuanaitheachta bithbhreoslaí stóráilte a fhorfheidhmiú agus a rialú ná mar a bhíonn i gcás bithbhreoslaí allmhairithe. Dá bhrí sin, ba cheart don Choimisiún measúnú a dhéanamh i dtaobh ar cheart a mheas na fachtóirí astaíochta céanna a bheith ag ola chócaireachta úsáidte agus ag an gconair breosla iontaise is lú fabhar.*** |

**Leasú 24**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 13 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(13b) Chun calaois maidir le buncaeireacht idirnáisiúnta hidrigine in-*** |

***athnuaithe agus breoslaí arna ndíorthú ó hidrigin a chosc agus chun trádáil idirnáisiúnta na hidrigine in-athnuaithe a chumasú, ba cheart do AE dlús a chur leis an obair ar chaighdeáin idirnáisiúnta in-athnuaithe hidrigine agus ar rianú docht, deimhniú agus córais fíorúcháin le haghaidh breoslaí athnuaithe de thionscnamh neamhbhitheolaíoch.***

**Leasú 25**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 14**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (14) De thairbhe na n-agaí fada tionscanta a bhaineann le forbairt agus le himscaradh breoslaí agus réitigh fuinnimh nua le haghaidh an mhuiriompair, tá gá le gníomhaíocht ghasta agus le creat rialála fadtéarmach atá soiléir agus intuartha a bhunú lena n-éascófaí pleanáil agus infheistíocht ó na páirtithe leasmhara uile lena mbaineann. Le creat rialála fadtéarmach atá soiléir agus cobhsaí, éascófar forbairt agus úsáid breoslaí agus réitigh fuinnimh nua le haghaidh an mhuiriompair agus spreagfar infheistíocht ó pháirtithe leasmhara. Le creat mar sin, ba cheart teorainneacha a shainiú le haghaidh dhéine astaíochtaí gás ceaptha teasa an fhuinnimh a úsáidtear ar bord long go dtí 2050. Ba cheart na teorainneacha sin éirí níos uaillmhianaí le himeacht ama chun an fhorbairt theicneolaíoch agus an méadú ar tháirgeadh breoslaí ***muirí*** in-athnuaite ***agus ísealcharbóin*** a bhfuil coinne leo a léiriú. | (14) De thairbhe na n-agaí fada tionscanta a bhaineann le forbairt agus le himscaradh breoslaí agus réitigh fuinnimh nua le haghaidh an mhuiriompair***, chomh maith le meántréimhse idir 25 agus 30 bliain a bheith i saolré fhadthréimseach long,*** tá gá le gníomhaíocht ghasta agus le creat rialála fadtéarmach atá soiléir agus intuartha a bhunú lena n-éascófaí pleanáil agus infheistíocht ó na páirtithe leasmhara uile lena mbaineann. ***Is mó tábhacht a bhaineann le bearta a ghlacadh san earnáil seo i ngeall ar ghéarú na géarchéime aeráide.*** Le creat rialála fadtéarmach atá soiléir***, uaillmhianach*** agus cobhsaí, éascófar forbairt agus úsáid breoslaí agus réitigh fuinnimh nua le haghaidh an mhuiriompair agus spreagfar infheistíocht ó pháirtithe leasmhara. Le creat mar sin, ba cheart teorainneacha a shainiú le haghaidh dhéine astaíochtaí gás ceaptha teasa an fhuinnimh a úsáidtear ar bord long***, le linn loingseoireachta agus i mbeart araon,*** go dtí 2050. Ba cheart na teorainneacha sin éirí níos uaillmhianaí le himeacht ama chun an fhorbairt theicneolaíoch agus an méadú ar tháirgeadh breoslaí ***muirí*** in-athnuaite a bhfuil coinne leo a léiriú. ***Tá sé tábhachtach deimhneacht dhlíthiúil a áirithiú agus am leordhóthanach a*** |

| | |
|---|---|
| | ***sholáthar don earnáil chun pleanáil agus ullmhú fadtéarmach a dhéanamh, agus chun sócmhainní tréigthe a sheachaint. Ba cheart an méid sin a chur san áireamh go cuí in athbhreithnithe a d'fhéadfaí a dhéanamh amach anseo ar an Rialachán seo.*** |

**Leasú 26**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 15**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (15) Leis an Rialachán seo, ba cheart an mhodheolaíocht agus an fhoirmle a bhunú ar cheart feidhm a bheith acu maidir le meándéine bhliantúil astaíochtaí gás ceaptha teasa an fhuinnimh a úsáidtear ar bord loinge a ríomh. Ba cheart an fhoirmle sin a bheith bunaithe ar an ídiú breosla arna thuairisciú ag longa agus ba cheart fachtóirí astaíochta ábhartha na mbreoslaí sin a mheas léi. Ba cheart úsáid foinsí ionadacha fuinnimh, amhail an ghaoth nó leictreachas, a léiriú sa mhodheolaíocht freisin. | (15) Leis an Rialachán seo, ba cheart an mhodheolaíocht agus an fhoirmle a bhunú ar cheart feidhm a bheith acu maidir le meándéine bhliantúil astaíochtaí gás ceaptha teasa an fhuinnimh a úsáidtear ar bord loinge a ríomh. Ba cheart an fhoirmle sin a bheith bunaithe ar an ídiú breosla arna thuairisciú ag longa agus ba cheart fachtóirí astaíochta ábhartha na mbreoslaí sin a mheas léi, ***lena n-áirítear ar bhonn na faisnéise arna soláthar ag soláthróirí breosla muirí AE***. Ba cheart úsáid foinsí ionadacha fuinnimh, amhail an ghaoth***, an ghrian*** nó leictreachas ***ar bord agus i mbeart araon***, a léiriú sa mhodheolaíocht freisin. |

**Leasú 27**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 17**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (17) Ba cheart feidhmíocht tobair-go-marbhshruth na mbreoslaí muirí in-athnuaite ***agus ísealcharbóin*** a bhunú agus úsáid á baint as fachtóirí astaíochta réamhshocraithe nó fachtóirí astaíochta iarbhír deimhnithe lena gcumhdaítear astaíochtaí tobair-go-humar agus | (17) Ba cheart feidhmíocht tobair-go-marbhshruth na mbreoslaí muirí in-athnuaite ***uile*** a bhunú agus úsáid á baint as fachtóirí astaíochta réamhshocraithe nó fachtóirí astaíochta iarbhír deimhnithe lena gcumhdaítear astaíochtaí tobair-go-humar agus astaíochtaí umair-go-marbhshruth. |

| | |
|---|---|
| astaíochtaí umair-go-marbhshruth. Mar sin féin, níor cheart ***feidhmíocht*** breoslaí iontaise a mheas ach amháin trí fachtóirí astaíochta réamhshocraithe a úsáid dá bhforáiltear leis an Rialachán seo. | Mar sin féin, níor cheart breoslaí iontaise***, lena n-áirítear gás iontaise,*** a mheasúnú ach amháin trí fachtóirí astaíochta réamhshocraithe a úsáid dá bhforáiltear leis an Rialachán seo. |

**Leasú 28**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 18**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (18) Ní mór cur chuige cuimsitheach a bheith ann maidir leis na hastaíochtaí GCT is ábhartha ($CO_2$, $CH_4$ agus $N_2O$) chun úsáid foinsí fuinnimh a chur chun cinn a bhfuil lorg iomlán GCT níos ísle acu. Chun acmhainneacht téite domhanda an mheatáin ***agus*** ocsaídí nítriúla a léiriú, ba cheart ***an teorainn*** a leagtar síos leis an Rialachán seo a shloinneadh i dtéarmaí '$CO_2$ coibhéiseach'. | (18) Ní mór cur chuige cuimsitheach a bheith ann maidir leis na hastaíochtaí GCT is ábhartha ($CO_2$, $CH_4$ agus $N_2O$)***, lena n-áirítear tionchar aeráide na n-astaíochtaí carbóin dhuibh,*** chun úsáid foinsí fuinnimh a chur chun cinn a bhfuil lorg iomlán GCT níos ísle acu. Chun acmhainneacht téite domhanda an mheatáin, ocsaídí nítriúla ***agus an charbóin dhuibh*** a léiriú, ba cheart ***an luach tagartha agus na teorainneacha*** a leagtar síos leis an Rialachán seo a shloinneadh i dtéarmaí 'coibhéis $CO_2$'. |

**Leasú 29**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 18 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(18a) De réir Thuarascáil Measúnaithe 6[ú] IPCC, tá baol ann go mbeidh an teorainn teochta 1.5 °C sáraitheach ar fud an domhain sna 20 bliain amach romhainn. Is iomchuí, dá bhrí sin, Acmhainneacht Téite Domhanda i gcás Meatáin, Carbón Dubh agus Ocsaíd Nítriúil a ríomh ar thréimhse ama 20 bliain ionas nach ndéanfar beagmheas ar an éifeacht fíor ghearr-ama ar an téamh domhanda.*** |

______________

*[1a] **IPCC, 2021: Climate Change 2021: The Physical Science Basis. Rannchuidiú Mheitheal I leis an Séú Tuarascáil Mheasúnaithe ón bPainéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide***

**Leasú 30**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 18 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(18b) Is truailleán aeir agus gníomhaí gearrshaolach fórsála aeráide araon é carbón dubh a dhéantar le linn dócháin, in éineacht le hábhar cáithníneach (PM), agus tá éifeacht shuntasach téimh aige. I dTeachtaireacht[1a] ó mhí Dheireadh Fómhair 2021, gheall an tAontas "an iarracht a stiúradh i dtaca le loingseoireacht saor ó astaíochtaí agus ó thruailliú san Aigéan Artach, i gcomhréir le cuspóirí an Mhargaidh Ghlais agus an Phacáiste Fit for 55".*** |
| | ______________ |
| | ***[1a] Teachtaireacht chomhpháirteach chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal A stronger EU engagement for a peaceful, sustainable and prosperous Arctic [Rannpháirtíocht an Aontais a neartú d'fhonn Artach síochánta inbhuanaithe rathúil a bhaint amach] JOIN(2021) 27 final.*** |

**Leasú 31**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 19**

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| (19) Le húsáid foinsí fuinnimh in-athnuaite agus foinse mhalartaigh tiomána, amhail an ghaoth agus grianfhuinneamh, laghdaítear go mór an déine astaíochtaí gás ceaptha teasa maidir le húsáid fhuinneamh foriomlán na loinge. Maidir leis ***an deacracht*** na foinsí fuinnimh sin a thomhais agus a chainníochtú go beacht ***(eadrannacht na húsáide fuinnimh, aistriú díreach chun tiomána, etc.), níor cheart dó sin bac a chur ar a n-aitheantas in úsáid fhuinneamh foriomlán na loinge trí bhíthin meastacháin ar a*** rannchuidiú le cothromaíocht fuinnimh na loinge. | (19) Le húsáid foinsí fuinnimh in-athnuaite agus foinse mhalartaigh tiomána, amhail an ghaoth agus grianfhuinneamh, laghdaítear go mór an déine astaíochtaí gás ceaptha teasa maidir le húsáid fhuinneamh foriomlán na loinge. Tá fáil níos mó ag teacht ar ***réitigh*** chun na foinsí fuinnimh sin a thomhas agus a chainníochtú go beacht, ***amhail braiteoirí ar bord agus bogearraí chun dálaí bealaigh a mheas. Dá bhrí sin,*** ba cheart ***an*** rannchuidiú a thugann ***foinsí fuinnimh in-athnuaite agus foinsí mhalartaigh tiomána*** le cothromaíocht fuinnimh ***fhoriomlán na loinge a thaifeadadh agus a chur san áireamh ar shlí chomh beacht agus is féidir tríd an modh tomhais is fearr atá ar fáil go dtí seo a úsáid nó, nuair a chruthaítear nach bhfuil sé sin indéanta go teicniúil, trí na neastacháin is fearr atá ar fáila úsáid***. ***Mar shampla, le MEPC.1/Circ.896 ón Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta (IMO), cuirtear treoir ar fáil maidir le láimhseáil teicneolaíochta nuálaí éifeachtúlachta fuinnimh, lena n-áirítear chun meastachán a dhéanamh ar fhuinneamh ó thiomáint ghaothchuidithe.*** |

**Leasú 32**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 20**

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| (20) Is ábhar imní suntasach ag limistéir chósta agus ag cathracha calafoirt an truailliú aeir arna tháirgeadh ag longa i mbeart (ocsaídí sulfair, ocsaídí nítrigine agus ábhar cáithníneach). Dá bhrí sin, ba cheart oibleagáidí sonracha agus diana a fhorchur chun astaíochtaí i mbeart a laghdú ó longa a úsáideann cumhacht óna n-innill agus iad ag fanacht i gcalafort. De réir na sonraí a bailíodh faoi chuimsiú Rialachán | (20) Is ábhar imní suntasach ag limistéir chósta agus ag cathracha calafoirt an truailliú aeir arna tháirgeadh ag longa i mbeart (ocsaídí sulfair, ocsaídí nítrigine agus ábhar cáithníneach)***, agus meastar go mbíonn tionchar aige ar níos mó na 50 000 bás in aghaidh na bliana san Aontas***. Dá bhrí sin, ba cheart oibleagáidí sonracha agus diana a fhorchur chun astaíochtaí i mbeart a laghdú ó longa a |

(AE) 2015/757 in 2018, is iad longa paisinéirí agus longa coimeádán na catagóirí long a tháirgeann an méid is mó astaíochtaí i mbeart in aghaidh na loinge. Dá réir sin, ba cheart aghaidh a thabhairt ar astaíochtaí ó na catagóirí long sin mar thosaíocht.

úsáideann cumhacht óna ***n-innill dócháin inmheánaigh*** agus iad ag fanacht i gcalafort. De réir na sonraí a bailíodh faoi chuimsiú Rialachán (AE) 2015/757 in 2018, is iad longa paisinéirí agus longa coimeádán na catagóirí long a tháirgeann an méid is mó astaíochtaí i mbeart in aghaidh na loinge. Dá réir sin, ba cheart aghaidh a thabhairt ar astaíochtaí ó na catagóirí long sin mar thosaíocht***, agus ar bhearta agus spriocanna go luath ina dhiaidh sin lena dtugtar aghaidh ar astaíochtaí do gach long atá fágtha chun cáilíocht an aeir i limistéir chósta agus i gcathracha calafoirt a fheabhsú, ós rud é nach bhfuil sna longa sin ach 40 % d'astaíochtaí bearta. Chun sláinte an duine agus an comhshaol a chosaint níos fearr, ba cheart an raon feidhme a leathnú chuig cineálacha eile long.***

**Leasú 33**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 20 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(20a) Ós rud é gurb é an dara cúis is mó a chuireann le téamh aeráide ó longa, ba cheart bearta chun carbón dubh a laghdú a áireamh sa Rialachán seo chun dul i ngleic le truailliú aeir agus athrú aeráide a luaithe is féidir. Trí theorainneacha déine astaíochtaí GCT atá dian agus sprioc éifeachtúlachta fuinnimh oibríochtúla a leagan síos, cuideofar le hastaíochtaí $CO_2$ agus carbóin dhuibh araon a laghdú. Mar sin féin, ós rud é go mbeidh am i gceist chun na spriocanna sin a chur chun feidhme, tá gá le bearta breise chun dul i ngleic le scaoileadh carbóin dhuibh gar don Artach mar ábhar tosaíochta. Dá bhrí sin, ba cheart a cheangal ar gach long a chumhdaítear leis an Rialachán seo agus a sheolann tríd an Artach, gan ach driogáití nó breoslaí in-athnuaite nó modhanna tiomána*** |

| | |
|---|---|
| | ***astaíochtaí nialasacha a úsáid.*** |

**Leasú 34**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 21**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (21) Le húsáid soláthair cumhachta ar tír (OPS), maolaítear truailliú aeir arna tháirgeadh ag longa agus laghdaítear an méid astaíochtaí GCT arna ghineadh ag an muiriompar. Is éard atá in OPS soláthar cumhachta atá ar fáil do longa i mbeart, cumhacht atá ag éirí níos glaine, i bhfianaise an sciar mhéadaithigh d'fhuinneamh in-athnuaite i meascán leictreachais an Aontais. Cé nach gcumhdaítear le Treoir 2014/94/AE (An Treoir maidir le Bonneagar Breoslaí Malartacha – AFID) ach an fhoráil maidir le pointí nasctha OPS, lean an t-éileamh ar an teicneolaíocht sin agus, dá thoradh sin, imscaradh na teicneolaíochta de bheith teoranta riamh. Dá bhrí sin, ba cheart rialacha sonracha a bhunú chun úsáid OPS a shainordú i measc na long is mó truailliú. | (21) Le húsáid soláthair cumhachta ar tír (OPS), maolaítear truailliú aeir arna tháirgeadh ag longa ***i mbeart*** agus laghdaítear an méid astaíochtaí GCT arna ghineadh ag an muiriompar ***i mbeart***. Is éard atá in OPS soláthar cumhachta atá ar fáil do longa i mbeart, cumhacht atá ag éirí níos glaine, i bhfianaise an sciar mhéadaithigh d'fhuinneamh in-athnuaite i meascán leictreachais an Aontais. Cé nach gcumhdaítear ach an fhoráil maidir le pointí nasctha OPS le Treoir 2014/94/AE (Treoir maidir le Bonneagar Breoslaí Malartacha – AFID), ***agus ag an am céanna, díolmhaítear calafoirt ón oibleagáid pointí nasctha OPS a thairiscint nuair nach bhfuil aon éileamh ann,*** tá an t-éileamh ar an teicneolaíocht sin agus, dá thoradh sin, imscaradh na teicneolaíochta sin teoranta. Dá bhrí sin, ba cheart rialacha sonracha a bhunú chun sainordú a thabhairt maidir le húsáid OPS ag na longa is mó truailliú, ***agus ba cheart go n-áiritheofaí le Treoir 2014/94/AE go n-úsáidfidh calafoirt bonneagar saor ó astaíochtaí agus go seachnófar gaibhniú breosla iontaise le bonneagar***. ***Beidh gá le hoibleagáid chomhthreomhar ar chalafoirt laistigh den rialachán seo chun freastal ar an mbonneagar is gá, chun iomaíocht éagórach idir calafoirt a chosc freisin. Mura gcomhlíontar an oibleagáid, ba cheart go mbeadh na calafoirt freagrach as pionóis a íoc.*** |

**Leasú 35**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 22**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (22) Anuas ar OPS, le teicneolaíochtaí eile d'fhéadfaí a bheith ábalta tairbhí comhshaoil coibhéiseacha a chur ar fáil i gcalafoirt. Nuair a léirítear go bhfuil úsáid teicneolaíochta malartaí coibhéiseach le húsáid OPS, ba cheart an long sin a bheith díolmhaithe ó OPS a úsáid. | (22) Anuas ar OPS, le teicneolaíochtaí eile d'fhéadfaí a bheith ábalta tairbhí comhshaoil coibhéiseacha a chur ar fáil i gcalafoirt***, amhail suiteáil in-athnuaite ar bord, ceallraí agus babhtálacha ceallraí***. Nuair a léirítear go bhfuil úsáid teicneolaíochta malartaí coibhéiseach le húsáid OPS ***i dtaobh truailliú aeir agus laghdú ar astaíochtaí GCT***, ba cheart an long sin a bheith díolmhaithe ó OPS a úsáid. |

**Leasú 36**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 24**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (24) I gcás ***nach bhfuil*** OPS ***ar fáil nó*** ina bhfuil sé neamh-chomhoiriúnach, ba cheart eisceachtaí ***a bheith teoranta*** go dtí go mbeadh dóthain ama ag oibreoirí loinge agus calafoirt na hinfheistíochtaí is gá a dhéanamh, chun na dreasachtaí is gá a chur ar fáil le haghaidh na n-infheistíochtaí sin agus chun iomaíochas éagórach a sheachaint. Amhail ó ***2035***, ba cheart d'oibreoirí loinge ***a gcuairteanna ar chalafoirt a phleanáil go cúramach chun*** a áirithiú go mbeidh siad in ann a gcuid gníomhaíochtaí a dhéanamh gan truailleáin aeir ná gáis ceaptha teasa a astú i mbeart agus an comhshaol i limistéir chósta agus i gcathracha calafoirt a chur i mbaol. I gcás nach bhfuil OPS ar fáil ***nó ina bhfuil sé neamh-chomhoiriúnach***, ***ba cheart*** líon teoranta eisceachtaí a choinneáil ar bun chun an deis a chur ar fáil athruithe a dhéanamh ag an nóiméad deireanach ó am go chéile ar sceidil chuairteanna ar chalafoirt ***agus ar chuairteanna ar chalafoirt ina bhfuil trealamh neamh-*** | (24) I gcás ina bhfuil OPS neamh-chomhoiriúnach, ***níor cheart*** eisceachtaí ***a dhéanamh*** go dtí go mbeadh dóthain ama ag oibreoirí loinge agus calafoirt na hinfheistíochtaí is gá a dhéanamh, chun na dreasachtaí is gá a chur ar fáil le haghaidh na n-infheistíochtaí sin agus chun iomaíochas éagórach a sheachaint. ***Ba cheart do na calafoirt a gcuid beart a fheistiú, agus ba cheart d'úinéirí long a gcuid soithí a fheistiú, le suiteálacha cumhachta a chomhlíonann na caighdeáin is infheidhme, chun a áirithiú go bhfuil na córais go hiomlán comhoiriúnach.*** Amhail ó ***2030***, ba cheart d'oibreoirí loinge a áirithiú go mbeidh siad in ann a gcuid gníomhaíochtaí a dhéanamh gan truailleáin aeir ná gáis ceaptha teasa a astú i mbeart agus an comhshaol ***agus sláinte an duine*** i limistéir chósta agus i gcathracha calafoirt a chur i mbaol. I gcás nach bhfuil OPS ar fáil, ***ba cheart*** líon teoranta eisceachtaí a choinneáil ar bun chun an deis a chur ar fáil athruithe a |

| | |
|---|---|
| ***chomhoiriúnach.*** | dhéanamh ag an nóiméad deireanach ó am go chéile ar sceidil chuairteanna ar chalafoirt**.** |

**Leasú 37**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 24 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(24a) Is cúis mhór imní do shláinte an duine an laghdú ar thruailleáin aeir, ach níor cheart go dtiocfadh truailliú atreoraithe as réitigh theicniúla ar nós córais glanta gáis sceite. Is féidir le sceitheadh dramhaíola ó chórais glanta gáis sceite timpeallacht dhíreach lánaí long a chur faoi strus agus is féidir iad a sheachaint trí dhiúscairt chuí i saoráidí glactha calafoirt.*** |

**Leasú 38**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 24 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(24b) Ba cheart na samhlacha rialachais éagsúla do chalafoirt ar fud an Aontais a chur san áireamh agus an Rialachán seo á chur chun feidhme.*** |

**Leasú 39**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 24 c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(24c) Tá comhordú idir calafoirt agus oibreoirí long ríthábhachtach chun nósanna imeachta nasctha réidhe le cumhacht ar an gcósta i gcalafoirt a*** |

***áirithiú. Ba cheart d'oibreoirí long na calafoirt a dtugann siad cuairt orthu a chur ar an eolas faoin rún atá acu nascadh le cumhacht ar tír, a riachtanais chumhachta le linn na cuairte ar leith, go háirithe nuair a sháraíonn na riachtanais sin na riachtanais mheasta don chatagóir loinge sin.***

**Leasú 40**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 25**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (25) Leis an Rialachán seo, ba cheart córas láidir faireacháin, tuairiscithe agus fíoraithe a chur i bhfeidhm chun comhlíonadh a fhorálacha a rianú. Ba cheart feidhm a bheith ag an gcóras sin ar bhonn neamh-idirdhealaitheach maidir le gach long agus ba cheart gá a bheith le fíorúchán tríú páirtí chun cruinneas na sonraí a chuirtear isteach sa chóras sin a áirithiú. Chun gur fusa cuspóir an Rialacháin seo a bhaint amach, ba cheart aon sonra a tuairiscíodh cheana chun críoch Rialachán (AE) 2015/757 a úsáid, i gcás inar gá, chun comhlíonadh an Rialacháin seo a dheimhniú chun an t-ualach riaracháin a fhorchuirtear ar chuideachtaí, ar fhíoraitheoirí ***agus*** ar údaráis mhuirí a theorannú. | (25) Leis an Rialachán seo, ba cheart córas láidir ***agus trédhearcach*** faireacháin, tuairiscithe agus fíoraithe a chur i bhfeidhm chun comhlíonadh a fhorálacha a rianú. Ba cheart feidhm a bheith ag an gcóras sin ar bhonn neamh-idirdhealaitheach maidir le gach long agus ba cheart gá a bheith le fíorúchán tríú páirtí chun cruinneas na sonraí a chuirtear isteach sa chóras sin a áirithiú. Chun gur fusa cuspóir an Rialacháin seo a bhaint amach, ba cheart aon sonra a tuairiscíodh cheana chun críoch Rialachán (AE) 2015/757 a úsáid, i gcás inar gá, chun comhlíonadh an Rialacháin seo a dheimhniú chun an t-ualach riaracháin a fhorchuirtear ar chuideachtaí, ar fhíoraitheoirí***,*** ar údaráis mhuirí ***agus ar údaráis riaracháin*** a theorannú. |

**Leasú 41**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 26**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (26) Ba cheart do chuideachtaí a bheith freagrach as faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar an méid fuinnimh agus ar an | (26) Ba cheart do chuideachtaí a bheith freagrach as faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar an méid fuinnimh agus ar an |

| | |
|---|---|
| gcineál fuinnimh a úsáidtear ar bord long agus iad i mbun loingseoireachta agus i mbeart, chomh maith le faisnéis ábhartha eile, amhail faisnéis faoin gcineál innill atá ar bord nó faoi theicneolaíochtaí gaothchuidithe ***a bheith ann***, d'fhonn comhlíontacht a léiriú leis an teorainn le déine astaíochtaí gás ceaptha teasa an fhuinnimh a úsáidtear ar bord loinge a leagtar amach sa Rialachán seo. Chun gur fusa do na fíoraitheoirí na hoibleagáidí faireacháin agus tuairiscithe sin agus an próiseas fíoraithe a chomhlíonadh, amhail a dhéantar le Rialachán (AE) 2015/757, ba cheart do chuideachtaí an modh faireacháin atá beartaithe a dhoiciméadú agus tuilleadh sonraí a chur ar fáil faoi chur i bhfeidhm rialacha an Rialacháin seo i bplean faireacháin. Ba cheart an plean faireacháin, chomh maith le haon mhodhnú air ina dhiaidh sin, más infheidhme, a chur faoi bhráid an fhíoraitheora. | gcineál fuinnimh a úsáidtear ar bord long agus iad i mbun loingseoireachta agus i mbeart, chomh maith le faisnéis ábhartha eile, amhail faisnéis faoin gcineál innill atá ar bord***, sonraíocht theicniúil*** na dteicneolaíochtaí gaothchuidithe ***nó aon fhoinse mhalartach fuinnimh atá ar bord, lena n-áirítear cuntas a thabhairt ar an bhfuinneamh a sholáthraíonn siad***, d'fhonn comhlíontacht a léiriú leis an teorainn le déine astaíochtaí gás ceaptha teasa an fhuinnimh a úsáidtear ar bord loinge a leagtar amach sa Rialachán seo. Chun gur fusa do na fíoraitheoirí na hoibleagáidí faireacháin agus tuairiscithe sin agus an próiseas fíoraithe a chomhlíonadh, amhail a dhéantar le Rialachán (AE) 2015/757, ba cheart do chuideachtaí an modh faireacháin atá beartaithe a dhoiciméadú agus tuilleadh sonraí a chur ar fáil faoi chur i bhfeidhm rialacha an Rialacháin seo i bplean faireacháin. Ba cheart an plean faireacháin, chomh maith le haon mhodhnú air ina dhiaidh sin, más infheidhme, a chur faoi bhráid an fhíoraitheora. |

**Leasú 42**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 27**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (27) Tá deimhniúchán breoslaí fíor-riachtanach chun cuspóirí an Rialacháin seo a bhaint amach agus chun sláine comhshaoil na mbreoslaí in-athnuaite ***agus ísealcharbóin*** a ráthú, breoslaí a meastar go ndéanfar iad a imscaradh san earnáil mhuirí. Ba cheart tabhairt faoi dheimhniúchán den sórt sin trí bhíthin próiseas trédhearcach agus neamh-idirdhealaitheach. D'fhonn deimhniúchán a éascú agus an t-ualach riaracháin a theorannú, ba cheart deimhniú bithbhreoslaí, bithgháis, breoslaí in-athnuaite de thionscnamh | (27) Tá deimhniúchán breoslaí fíor-riachtanach chun cuspóirí an Rialacháin seo a bhaint amach agus chun sláine comhshaoil na mbreoslaí in-athnuaite a ráthú, breoslaí a meastar go ndéanfar iad a imscaradh san earnáil mhuirí. Ba cheart tabhairt faoi dheimhniúchán den sórt sin trí bhíthin próiseas trédhearcach agus neamh-idirdhealaitheach. D'fhonn deimhniúchán a éascú agus an t-ualach riaracháin a theorannú, ba cheart deimhniú bithbhreoslaí, bithgháis, breoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch agus breoslaí carbóin |

| | |
|---|---|
| neamhbhitheolaíoch agus breoslaí carbóin athchúrsáilte a bheith ag brath ar na rialacha a bhunaítear le Treoir (AE) 2018/2001. Ba cheart feidhm ar bheith ag an gcur chuige deimhniúcháin sin maidir le breoslaí a stóráiltear lasmuigh den Aontas freisin, ar cheart iad a mheas mar bhreoslaí allmhairithe, ar an gcaoi chéanna a ndéantar sin le Treoir (AE) 2018/2001. Nuair a bheartaíonn cuideachtaí imeacht ó na luachanna réamhshocraithe dá bhforáiltear leis an Treoir sin nó leis an gcreat nua seo, níor cheart é sin a dhéanamh ach amháin nuair is féidir luachanna a dheimhniú le ceann de na scéimeanna deonacha a aithnítear faoi Threoir (AE) 2018/2001 (le haghaidh luachanna tobair go humar) nó trí bhíthin tástáil saotharlainne nó tomhais dhíreacha astaíochtaí (umar go marbhshruth). | athchúrsáilte a bheith ag brath ar na rialacha a bhunaítear le Treoir (AE) 2018/2001. Ba cheart feidhm ar bheith ag an gcur chuige deimhniúcháin sin maidir le breoslaí a stóráiltear lasmuigh den Aontas freisin, ar cheart iad a mheas mar bhreoslaí allmhairithe, ar an gcaoi chéanna a ndéantar sin le Treoir (AE) 2018/2001. Nuair a bheartaíonn cuideachtaí imeacht ó na luachanna réamhshocraithe dá bhforáiltear leis an Treoir sin nó leis an gcreat nua seo, níor cheart é sin a dhéanamh ach amháin nuair is féidir luachanna a dheimhniú le ceann de na scéimeanna deonacha a aithnítear faoi Threoir (AE) 2018/2001 (le haghaidh luachanna tobair go humar) nó trí bhíthin tástáil saotharlainne nó tomhais dhíreacha astaíochtaí (umar go marbhshruth). |

**Leasú 43**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 28**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (28) Le fíorú arna dhéanamh ag fíoraitheoirí creidiúnaithe, ba cheart cruinneas agus iomláine an fhaireacháin agus an tuairiscithe arna ndéanamh ag cuideachtaí agus comhlíonadh an Rialacháin seo a áirithiú. Chun neamhchlaontacht a áirithiú, ba cheart na fíoraitheoirí a bheith ina n-eintitis dlí neamhspleácha agus inniúla agus ba cheart iad a bheith creidiúnaithe ag comhlachtaí creidiúnaithe náisiúnta a bhunaítear de bhun Rialachán (CE) Uimh. 765/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[24] **.** | (28) Le fíorú arna dhéanamh ag fíoraitheoirí creidiúnaithe, ba cheart cruinneas agus iomláine an fhaireacháin agus an tuairiscithe arna ndéanamh ag cuideachtaí agus comhlíonadh an Rialacháin seo a áirithiú. Chun neamhchlaontacht ***agus éifeachtach*** a áirithiú, ba cheart na fíoraitheoirí a bheith ina n-eintitis dlí neamhspleácha agus inniúla agus ba cheart iad a bheith creidiúnaithe ***agus maoirsithe*** ag comhlachtaí creidiúnaithe náisiúnta a bhunaítear de bhun Rialachán (CE) Uimh. 765/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[23a,24] |
| | [23a] ***Sainmhínítear an t-údarás inniúil riaracháin faoi seach sa Rialachán seo agus leagtar amach ann na pionóis atá le*** |

***híoc ag cuideachtaí neamhchomhlíontacha.***

| | |
|---|---|
| [24] Rialachán (CE) Uimh. 765/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Iúil 2008 lena leagtar amach na ceanglais maidir le creidiúnú agus maidir le faireachas margaidh a bhaineann le táirgí a mhargú, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 339/93 (IO L 218, 13.8 2008). | [24] Rialachán (CE) Uimh. 765/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Iúil 2008 lena leagtar amach na ceanglais maidir le creidiúnú agus maidir le faireachas margaidh a bhaineann le táirgí a mhargú, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 339/93 (IO L 218, 13.8 2008). |

**Leasú 44**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 29**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (29) Agus úsáid á baint as na sonraí agus as an bhfaisnéis a ndéanann cuideachtaí faireachán orthu agus a thuairiscíonn siad, ba cheart do na fíoraitheoirí meándéine bhliantúil astaíochtaí gás ceaptha teasa an fhuinnimh a úsáidtear ar bord loinge agus cothromaíocht na loinge maidir leis an teorainn a ríomh agus a bhunú, lena n-áirítear aon bharrachas nó easnamh comhlíontachta, chomh maith le hurramú na gceanglas maidir le soláthar cumhachta ar tír a úsáid i mbeart. Ba cheart don fhíoraitheoir fógra a thabhairt don chuideachta lena mbaineann faoin bhfaisnéis sin. I gcás inarb é an fíoraitheoir an t-eintiteas céanna leis an bhfíoraitheoir chun críoch Rialachán (AE) 2015/757, d’fhéadfaí fógra den sórt sin a thabhairt i dteannta leis an tuarascáil fíorúcháin faoin Rialachán sin. Ba cheart don chuideachta lena mbaineann faisnéis den sórt sin a thuairisciú don Choimisiún ansin. | (29) Agus úsáid á baint as na sonraí agus as an bhfaisnéis a ndéanann cuideachtaí faireachán orthu agus a thuairiscíonn siad, ba cheart do na fíoraitheoirí meándéine bhliantúil astaíochtaí gás ceaptha teasa an fhuinnimh a úsáidtear ar bord loinge agus cothromaíocht na loinge maidir leis an teorainn a ríomh agus a bhunú, lena n-áirítear aon bharrachas nó easnamh comhlíontachta, chomh maith le hurramú na gceanglas maidir le soláthar cumhachta ar tír a úsáid i mbeart. Ba cheart don fhíoraitheoir ***comhiomlánú ar leithligh a dhéanamh ar bhonn bliantúil ar gach cineál breosla nó fuinnimh a ídítear i mbeart agus ar muir, lena n-áirítear gach foinse ionadach fuinnimh a ídítear amhail leictreachas, fuinneamh gaoithe nó fuinneamh gréine. Ba cheart don fhíoraitheoir*** fógra a thabhairt don chuideachta lena mbaineann faoin bhfaisnéis sin ***agus í a chur ar aghaidh chuici***. I gcás inarb é an fíoraitheoir an t-eintiteas céanna leis an bhfíoraitheoir chun críoch Rialachán (AE) 2015/757, d’fhéadfaí fógra den sórt sin a thabhairt i dteannta leis an tuarascáil fíorúcháin faoin Rialachán sin. Ba cheart don chuideachta lena mbaineann faisnéis den sórt sin a |

thuairisciú don Choimisiún ansin.

**Leasú 45**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 30**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (30) Ba cheart don Choimisiún bunachar sonraí leictreonach a bhunú agus feidhmiú an bhunachair sonraí sin a áirithiú, bunachar sonraí ***ina gclárófaí*** feidhmíocht gach loinge agus ***lena n-áiritheofaí*** comhlíontacht gach loinge leis an Rialachán seo**.** Chun tuairisciú a éascú agus chun an t-ualach riaracháin ar chuideachtaí, ar fhíoraitheoirí agus ar úsáideoirí eile a theorannú, leis an mbunachar sonraí leictreonach sin ba cheart tógáil ar mhodúl THETIS-MRV atá ann faoi láthair agus ba cheart a chur san áireamh an fhéidearthacht maidir le faisnéis agus sonraí a bhaileofar chun críoch Rialachán (AE) 2015/757 a athúsáid. | (30) Ba cheart don Choimisiún bunachar sonraí leictreonach ***arna bhainistiú go lárnach*** a bhunú agus feidhmiú an bhunachair sonraí sin a áirithiú ***chun*** feidhmíocht gach loinge ***a chlárú*** agus comhlíontacht gach loinge leis ***na forálacha éagsúla den*** Rialachán seo a áirithiú***, agus chun sonraí a bhailiú maidir le húsáidí fuinnimh, pionóis, solúbthachtaí, díolúintí agus aon fhaisnéis ábhartha eile a bhaineann leis an Rialachán***. Chun tuairisciú a éascú agus chun an t-ualach riaracháin ar chuideachtaí, ar fhíoraitheoirí agus ar úsáideoirí eile a theorannú, leis an mbunachar sonraí leictreonach sin ba cheart tógáil ar mhodúl THETIS-MRV atá ann faoi láthair agus ba cheart a chur san áireamh an fhéidearthacht maidir le faisnéis agus sonraí a bhaileofar chun críoch Rialachán (AE) 2015/757 a athúsáid. ***Ba cheart na sonraí a iontráiltear sa bhunachar sonraí a bheith inchomparáide agus a chur ar fáil go poiblí i bhformáid oscailte ionas go mbeidh an pobal i gcoitinne agus, go háirithe, an tsochaí shibhialta agus an pobal eolaíochta in ann aistriú éiceolaíoch na hearnála muirí a rianú.*** |

**Leasú 46**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 32**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (32) Chun gaibhniú teicneolaíochta a | (32) Chun gaibhniú teicneolaíochta a |

| | |
|---|---|
| sheachaint agus chun leanúint de thacú le himscaradh na réiteach lena mbaineann an ***fheidhmíocht*** is fearr, ba cheart deis a bheith ann do chuideachtaí feidhmíocht long ***éagsúil*** a chomhthiomsú agus an rófheidhmíocht a d'fhéadfadh a bheith ag long amháin a úsáid chun cúiteamh a dhéanamh ar thearcfheidhmíocht loinge eile. Leis sin, cruthaítear féidearthacht maidir le cúiteamh a dhéanamh ar an ró-chomhlíontacht agus ***dreasaítear*** an infheistíocht i dteicneolaíochtaí ardfhorbartha. An fhéidearthacht maidir le comhlíontacht chomhthiomsaithe a roghnú, ba cheart di leanúint de bheith deonach agus faoi réir comhaontú ag na cuideachtaí lena mbaineann. | sheachaint agus chun leanúint de thacú le himscaradh na réiteach fuinnimh in-athnuaite ***is éifeachtúil ó thaobh fuinnimh de agus inbhuanaithe***, ba cheart deis a bheith ann do chuideachtaí feidhmíocht long a chomhthiomsú agus an rófheidhmíocht a d'fhéadfadh a bheith ag long amháin a úsáid chun cúiteamh a dhéanamh ar thearcfheidhmíocht loinge eile. Leis sin, cruthaítear féidearthacht maidir le cúiteamh a dhéanamh ar an ró-chomhlíontacht agus ***dreasaítear*** an infheistíocht i dteicneolaíochtaí ardfhorbartha. An fhéidearthacht maidir le comhlíontacht chomhthiomsaithe a roghnú, ba cheart di leanúint de bheith deonach agus faoi réir comhaontú ag na cuideachtaí lena mbaineann. |

**Leasú 47**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 33**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (33) Maidir le doiciméad comhlíontachta ('deimhniú comhlíontachta FuelEU') a eisíonn fíoraitheoir de réir na nósanna imeachta a bhunaítear leis an Rialachán seo, ba cheart sin a choimeád ar bord long mar fhianaise gur comhlíonadh na teorainneacha maidir le déine astaíochtaí gás ceaptha teasa an fhuinnimh a úsáidtear ar bord loinge agus gur comhlíonadh na ceanglais maidir le húsáid OPS i mbeart. Ba cheart d'fhíoraitheoirí an Coimisiún a chur ar an eolas nuair a eisítear doiciméid den sórt sin. | (33) Maidir le doiciméad comhlíontachta ('deimhniú comhlíontachta FuelEU') a eisíonn fíoraitheoir de réir na nósanna imeachta a bhunaítear leis an Rialachán seo, ba cheart é sin a choimeád ar bord long mar fhianaise gur comhlíonadh na teorainneacha maidir le déine astaíochtaí gás ceaptha teasa an fhuinnimh a úsáidtear ar bord loinge***, agus*** gur comhlíonadh na ceanglais maidir le húsáid ***RFNBOnna agus úsáid*** OPS i mbeart. Ba cheart d'fhíoraitheoirí an Coimisiún a chur ar an eolas nuair a eisítear doiciméid den sórt sin. ***Ba cheart d'údaráis chalafoirt deimhnithe na long uile a thagann faoi raon feidhme an Rialacháin seo agus a thugann cuairt ar a gcalafoirt a sheiceáil.*** |

**Leasú 48**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 35**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (35) Gan dochar don fhéidearthacht maidir le comhlíonadh tríd na forálacha solúbthachta agus comhthiomsaithe, na longa nach gcomhlíonann na teorainneacha maidir le meándéine bhliantúil astaíochtaí gás ceaptha teasa an fhuinnimh a úsáidtear ar bord, beidh siad faoi réir pionós a mbeidh tionchar athchomhairleach aige. Ba cheart an pionós a bheith comhréireach le méid na neamh-chomhlíontachta agus ba cheart deireadh a chur le haon bhuntáiste eacnamaíoch de thoradh neamh-chomhlíontachta leis, agus cothrom iomaíochta san earnáil á chaomhnú dá réir. Ba cheart é a bheith ***bunaithe ar*** an méid breosla in-athnuaite ***agus ísealcharbóin ba cheart do na longa a úsáid chun ceanglais an Rialacháin a chomhlíonadh agus ar chostas an bhreosla sin.*** | (35) Gan dochar don fhéidearthacht maidir le comhlíonadh tríd na forálacha solúbthachta agus comhthiomsaithe, na longa nach gcomhlíonann na teorainneacha maidir le meándéine bhliantúil astaíochtaí gás ceaptha teasa an fhuinnimh a úsáidtear ar bord, beidh siad faoi réir pionós a mbeidh tionchar athchomhairleach aige. Ba cheart an pionós a bheith comhréireach le méid na neamh-chomhlíontachta agus ba cheart deireadh a chur le haon bhuntáiste eacnamaíoch de thoradh neamh-chomhlíontachta leis, agus cothrom iomaíochta san earnáil á chaomhnú dá réir. Ba cheart go mbeadh sé ***dhá oiread níos mó ar a laghad ná an difríocht idir praghas an bhreosla a úsáideann an long agus*** méid agus ***praghas an bhreosla*** in-athnuaite ***is éifeachtúla ó thaobh costais de.*** |

**Leasú 49**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 36**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (36) Ba cheart an pionós a fhorchuirtear ar gach cuairt neamh-chomhlíontach ar chalafort a bheith comhréireach leis an gcostas ar an leictreachas a úsáid agus ba cheart é a bheith ar leibhéal leordhóthanach ionas go mbeadh tionchar athchomhairleach aige ar úsáid foinsí fuinnimh ar mó an truailliú uathu. Ba cheart an pionós a bheith bunaithe ar an gcumhacht atá suiteáilte ar bord an tsoithigh, arna shloinneadh ina meigeavatanna, arna iolrú faoi phionós seasta in EUR in aghaidh gach uaire a fhanann an soitheach i mbeart. I ngeall ar | (36) Ba cheart an pionós a fhorchuirtear ar gach cuairt neamh-chomhlíontach ar chalafort a bheith comhréireach leis an gcostas ar an leictreachas a úsáid agus ba cheart é a bheith ar leibhéal leordhóthanach ionas go mbeadh tionchar athchomhairleach aige ar úsáid foinsí fuinnimh ar mó an truailliú uathu. Ba cheart an pionós a bheith bunaithe ar an gcumhacht atá suiteáilte ar bord an tsoithigh, arna shloinneadh ina meigeavatanna, arna iolrú faoi phionós seasta in EUR in aghaidh gach uaire a fhanann an soitheach i mbeart. I ngeall ar |

| | |
|---|---|
| easpa figiúirí cruinne maidir leis an gcostas ar OPS a sholáthar san Aontas, ba cheart an ráta seo a bheith bunaithe ar mheánphraghas leictreachais an Aontais le haghaidh tomhaltóirí nach teaghlaigh iad, arna iolrú faoi fhachtóir a dó, chun muirir eile a bhaineann le soláthar na seirbhíse a chur san áireamh, lena n-áirítear, i measc nithe eile, costais nasctha agus gnéithe téarnaimh infheistíochta. | easpa figiúirí cruinne maidir leis an gcostas ar OPS a sholáthar san Aontas, ba cheart an ráta seo a bheith bunaithe ar an meánphraghas leictreachais ***is déanaí*** de chuid an Aontais le haghaidh tomhaltóirí nach teaghlaigh iad ***tráth a fhorchuirtear an pionós***, arna iolrú faoi fhachtóir a dó, chun muirir eile a bhaineann le soláthar na seirbhíse a chur san áireamh, lena n-áirítear, i measc nithe eile, costais nasctha agus gnéithe téarnaimh infheistíochta. ***I gcás nach bhfuil an long in ann nascadh le OPS de dheasca easpa bonneagar leordhóthanach agus iomchuí, ba cheart don chalafort an pionós a íoc.*** |

**Leasú 50**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 37**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (37) Ba cheart an t-ioncam a ghinfear ó íocaíocht na bpionós a úsáid chun dáileadh agus úsáid breoslaí in-athnuaite ***agus ísealcharbóin*** a chur chun cinn san earnáil mhuirí agus chun cuidiú le hoibreoirí muirí a spriocanna aeráide agus comhshaoil a bhaint amach. Chun na críche sin, ba cheart an t-ioncam sin a leithdháileadh ar ***an gCiste don Nuálaíocht dá dtagraítear in Airteagal 10a(8) de*** Threoir 2003/87/CE. | (37) Ba cheart an t-ioncam a ghinfear ó íocaíocht na bpionós a úsáid ***go heisiach*** chun dáileadh agus úsáid breoslaí in-athnuaite a chur chun cinn san earnáil mhuirí agus chun cuidiú le hoibreoirí muirí a spriocanna aeráide agus comhshaoil a bhaint amach. Chun na críche sin, ba cheart an t-ioncam sin a leithdháileadh ar an ***gCiste Aigéin a bhunaítear le*** Treoir 2003/87/CE. |

**Leasú 51**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 37 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(37a) Tá sé ríthábhachtach i gcónaí go gcuirfear uasoiliúint agus athoiliúint ar oibrithe in earnáil na longthógála agus na teicneolaíochta muirí, go háirithe i dtaca le scileanna glasa agus digiteacha.*** |

| | |
|---|---|
| | ***Le Comhshocrú AE um Scileanna don earnáil, ba cheart go n-áiritheofaí go mbeidh geallsealbhóirí, lena n-áirítear fostóirí, ceardchumainn, ollscoileanna agus soláthraithe gairmoiliúna, in ann an lucht saothair a ullmhú do dhul chun cinn teicneolaíochta amach anseo agus a áirithiú nach bhfágfar aon oibrí ná réigiún ar lár.*** |

**Leasú 52**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 37 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(37b) Tá sé ríthábhachtach go mbeidh idirphlé sóisialta ar ardchaighdeán ann ar gach leibhéal agus go gcloífear le Treoir AE maidir le Comhairlí Oibreacha Eorpacha[1a] chun aistriú cothrom a bhaint amach i dtreo tionscal loingseoireachta nuálach le poist ardcháilíochta.*** <br> ________________ <br> ***[1a] Treoir 2009/38/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Bealtaine 2009 maidir leis an gcáilíocht is gá d'uiscí sliogéisc*** |

**Leasú 53**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 39**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (39) I bhfianaise na tábhachta a bhaineann le hiarmhairtí a d'fhéadfadh a bheith ag na bearta atá glactha ag na fíoraitheoirí faoin Rialachán seo ar na cuideachtaí lena mbaineann, go háirithe maidir le cuairteanna neamh-chomhlíontacha ar chalafoirt a chinneadh, an méid pionós a ríomh agus eisiúint dheimhnithe comhlíontachta FuelEU a | (39) I bhfianaise na tábhachta a bhaineann le hiarmhairtí a d'fhéadfadh a bheith ag na bearta atá glactha ag na fíoraitheoirí faoin Rialachán seo ar na cuideachtaí lena mbaineann, go háirithe maidir le cuairteanna neamh-chomhlíontacha ar chalafoirt a chinneadh, ***tiomsú na faisnéise le haghaidh*** mhéid na bpionós a ríomh agus eisiúint dheimhnithe |

| | |
|---|---|
| dhiúltú, ba cheart do na cuideachtaí sin a bheith i dteideal iarratas ar athbhreithniú ar na bearta sin a chur faoi bhráid an údaráis inniúil sa Bhallstát inar creidiúnaíodh an fíoraitheoir. I bhfianaise an chirt bhunúsaigh chun leighis éifeachtaigh, a chumhdaítear in Airteagal 47 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, ba cheart cinntí a ghlacann údaráis inniúla agus comhlachtaí bainistíochta an chalafoirt faoin Rialachán seo a bheith faoi réir athbhreithniú breithiúnach, arna dhéanamh i gcomhréir le dlí náisiúnta an Bhallstáit lena mbaineann. | comhlíontachta FuelEU a dhiúltú, ba cheart do na cuideachtaí sin a bheith i dteideal iarratas ar athbhreithniú ar na bearta sin a chur faoi bhráid an údaráis inniúil sa Bhallstát inar creidiúnaíodh an fíoraitheoir. I bhfianaise an chirt bhunúsaigh chun leighis éifeachtaigh, a chumhdaítear in Airteagal 47 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, ba cheart cinntí a ghlacann údaráis inniúla agus comhlachtaí bainistíochta an chalafoirt faoin Rialachán seo a bheith faoi réir athbhreithniú breithiúnach, arna dhéanamh i gcomhréir le dlí náisiúnta an Bhallstáit lena mbaineann. |

**Leasú 54**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 40**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (40) Chun cothrom iomaíochta a choinneáil ar bun trí fheidhmiú éifeachtúil an Rialacháin seo, ba cheart an chumhacht gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a tharmligean chuig an gCoimisiún i dtaca leis an liosta fachtóirí astaíochta tobair go marbhshruth a leasú, liosta na dteicneolaíochtaí astaíochtaí nialasacha is infheidhme nó na critéir lena n-úsáid a leasú, ***rialacha a bhunú maidir leis an tástáil saotharlainne agus na tomhais dhíreacha astaíochtaí a dhéanamh***, fíoraitheoirí a chreidiúnú, an fachtóir pionóis a ghlacadh, ***agus*** módúlachtaí íocaíochta pionós a ghlacadh. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfaí na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos sa Chomhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr an 13 Aibreán 2016. Go sonrach, chun | (40) Chun machaire comhréidh a choinneáil ar bun trí fheidhmiú éifeachtúil an Rialacháin seo, ba cheart an chumhacht gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a tharmligean chuig an gCoimisiún i dtaca leis an liosta fachtóirí astaíochta tobair go marbhshruth a leasú, liosta na dteicneolaíochtaí astaíochtaí nialasacha is infheidhme nó na critéir lena n-úsáid a leasú, rialacha a bhunú maidir leis an tástáil saotharlainne agus na tomhais dhíreacha astaíochtaí a dhéanamh, fíoraitheoirí a chreidiúnú, an fachtóir pionóis a ghlacadh***, píonóis do chalafaoirt***, módúlachtaí íocaíochta pionós a íoc***, córas lipéadaithe a leagan amach le haghaidh feidhmiú comhshaoil long***. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfaí na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos sa Chomhaontú Idirinstitiúideach maidir le |

| | |
|---|---|
| rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, faigheann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus bíonn rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bhíonn ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe. | Reachtóireacht Níos Fearr an 13 Aibreán 2016. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, faigheann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus bíonn rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bhíonn ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe. |

**Leasú 55**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 41 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(41a) D'fhormhuinigh an Coimisiún Eorpach agus Ballstáit uile an Aontais ráiteas ó Choiste an IMO um Chaomhnú na Timpeallachta Muirí ina dtugtar ar aird anailís IPCC ar théamh domhanda antrapaigineach mar thoradh ar astaíochtaí san am atá thart agus ar astaíochtaí leanúnacha, agus i bhfianaise na dtreochtaí reatha a thuairiscítear i dtuarascálacha IPCC, agus aithníonn siad go bhfuil loingseoireacht idirnáisiúnta ag baint amach gan astaíochtaí GCT ar bith faoi 2050 ríthábhachtach chun spriocanna teochta Chomhaontú Pháras a choinneáil indéanta[1a].*** |
| | ***[1a] MEPC 77/WP.1/Rev.1*** |

**Leasú 56**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 42**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (42) I bhfianaise ghné idirnáisiúnta na hearnála muirí, is fearr cur chuige domhanda chun déine astaíochtaí gás ceaptha teasa an fhuinnimh a úsáidtear ar bord long a theorannú ós rud é go bhféadfaí a mheas go mbeadh sé ***níos éifeachtaí*** de bharr raon feidhme níos leithne a bheith ag gabháil leis. Sa chomhthéacs sin, agus d'fhonn forbairt rialacha idirnáisiúnta a éascú laistigh den Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta (IMO), ba cheart don Choimisiún faisnéis ábhartha maidir le cur chun feidhme an Rialacháin seo a roinnt le IMO agus le comhlachtaí idirnáisiúnta ábhartha eile, agus ba cheart aighneachtaí ábhartha a chur faoi bhráid IMO. I gcás ina dtagtar ar chomhaontú ar ***chur chuige*** domhanda maidir le hábhair atá ábhartha maidir leis an Rialachán seo, ba cheart don Choimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar an Rialachán seo d'fhonn é a ailíniú, i gcás inarb iomchuí, leis na rialacha idirnáisiúnta. | (42) I bhfianaise ghné idirnáisiúnta na hearnála muirí, is fearr cur chuige domhanda, ***éifeachtach agus uaillmhianach*** chun déine astaíochtaí gás ceaptha teasa an fhuinnimh a úsáidtear ar bord long a theorannú ós rud é go bhféadfaí a mheas ***go gcruthaíonn sé tionchar níos mó mar gheall ar a raon feidhme níos leithne.*** Sa chomhthéacs sin, agus d'fhonn forbairt rialacha idirnáisiúnta a éascú laistigh den Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta (IMO), ba cheart don Choimisiún faisnéis ábhartha maidir le cur chun feidhme an Rialacháin seo a roinnt le IMO agus le comhlachtaí idirnáisiúnta ábhartha eile, agus ba cheart aighneachtaí ábhartha a chur faoi bhráid IMO ***chun an uaillmhian a mhéadú agus an méadú idirnáisiúnta ar bhreoslaí muirí in-athnuaite agus ar an mbonneagar is gá i gcalafoirt a éascú.*** I gcás ina dtagtar ar chomhaontú ar chur chuige domhanda ***éifeachtach agus uaillmhianach*** maidir le hábhair atá ábhartha maidir leis an Rialachán seo, ba cheart don Choimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar an Rialachán seo d'fhonn é a ailíniú, i gcás inarb iomchuí ***agus gan an uaillmhian a laghdú***, laistigh de na rialacha idirnáisiúnta. |

**Leasú 57**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 42 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(42a) Ba cheart go n-áireofaí ar dhícharbónú an mhuiriompair bunú saincheantar astaíochtaí ísle – Limistéar Rialaithe Astaíochtaí Sulfair agus Limistéar Rialaithe Astaíochtaí Nítrigine mar a chinn na páirtithe conarthacha i gCoinbhinsiún Barcelona sa*** |

***Mheánmhuir in 2021 agus atá le teacht i bhfeidhm an 1 Eanáir 2025, tar éis don Choiste um Chaomhnú an Chomhshaoil Muirí (MEPC) de chuid Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta é a bhailíochtú trí rún a ghlacadh. Ba cheart feidhm a bheith ag leathnú saincheantar Limistéir Rialaithe Astaíochtaí Sulfair agus Limistéir Rialaithe Astaíochtaí Nítrigine maidir le farraigí uile na hEorpa, go háirithe maidir leis an Meánmhuir, a fhulaingíonn mar gheall ar fhoinsí seasta truaillithe a bhfuil éifeachtaí díobhálacha acu ar shláinte an duine agus ar bhithéagsúlacht mhuirí.***

**Leasú 58**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 42 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(42b) Is gníomhaíocht dhomhanda í an iarracht chun gáis ceaptha teasa a laghdú chomh maith le baint carbóin a mhéadú ar scála domhanda, agus mar sin, ba cheart do AE comhpháirtithe idirnáisiúnta a spreagadh ag fóraim idirnáisiúnta, amhail cruinnithe mullaigh COP 27 agus COP 28 UNFCCC a bheidh ann amach anseo, chun gealltanais bhreise a ghlacadh freisin chun gáis ceaptha teasa a laghdú chomh maith le baint carbóin a mhéadú.*** |

**Leasú 59**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 42 c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(42c) Le Dearbhú Clydebank maidir le conairí loingseoireachta glasa déantar foráil do thionscnamh idirnáisiúnta a mbeidh fáilte roimhe chun bonneagar*** |

***breoslaí in-athnuaite ar bhealaí loingseoireachta idirnáisiúnta a éascú. Ós rud é go bhféadfadh sé sin dícharbónú iomlán a dhéanamh ar na muiraistir uile a bheidh ag triall ar chalafoirt an AE, ba cheart don Choimisiún agus do Bhallstáit an Aontais tacú le hoibríochtú agus le méadú an tionscnaimh go gasta agus go huaillmhianach.***

**Leasú 60**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 42 d (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(42d) Chun machaire comhréidh idirnáisiúnta a áirithiú agus chun sláine comhshaoil na reachtaíochta maidir le breoslaí in-athnuaite a uasmhéadú, ba cheart don Choimisiún Eorpach agus do na Ballstáit córais rianaithe agus fíoraithe atá stóinsithe do bhithbhreoslaí agus do bhreoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch a chur chun cinn laistigh de IMO agus d'eagraíochtaí idirnáisiúnta eile.*** |

**Leasú 61**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 43**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (43) Maidir le breoslaí in-athnuaite ***agus ísealcharbóin*** agus foinsí ionadacha fuinnimh a bheith á nglacadh ar fud an Aontais ag longa a thagann isteach i gcalafort, atá laistigh de chalafort nó a imíonn ó chalafort, ar calafort é atá faoi dhlínse Ballstáit, ní cuspóir é sin ar féidir leis na Ballstáit é a bhaint amach go leordhóthanach gan an riosca a ghlacadh go dtabharfaí isteach bacainní ar an margadh inmheánach agus saobhadh | (43) Maidir le breoslaí in-athnuaite agus ísealcharbóin agus foinsí ionadacha fuinnimh a bheith á nglacadh ar fud an Aontais ag longa a thagann isteach i gcalafort, atá laistigh de chalafort nó a imíonn ó chalafort, ar calafort é atá faoi dhlínse Ballstáit, ní cuspóir é sin ar féidir leis na Ballstáit é a bhaint amach go leordhóthanach gan an riosca a ghlacadh go dtabharfaí isteach bacainní ar an margadh inmheánach agus saobhadh |

| | |
|---|---|
| iomaíochta idir calafoirt agus oibreoirí muirí. Is fearr is féidir an cuspóir sin a bhaint amach trí rialacha aonfhoirmeacha a thabhairt isteach ar leibhéal an Aontais lena gcruthófaí dreasachtaí eacnamaíocha d'oibreoirí muirí chun leanúint den fheidhmiú gan bhac agus, san am céanna, oibleagáidí maidir le húsáid breoslaí in-athnuaite agus ísealcharbóin a chomhlíonadh. Dá réir sin, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a ghnóthú, | iomaíochta idir calafoirt agus oibreoirí muirí. Is fearr is féidir an cuspóir sin a bhaint amach trí rialacha aonfhoirmeacha a thabhairt isteach ar leibhéal an Aontais lena gcruthófaí dreasachtaí eacnamaíocha d'oibreoirí muirí chun leanúint den fheidhmiú gan bhac agus, san am céanna, oibleagáidí maidir le húsáid breoslaí in-athnuaite agus ísealcharbóin a chomhlíonadh. Dá réir sin, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a ghnóthú, |

**Leasú 62**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 43 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(43a) Ba cheart don Choimisiún cur chun feidhme agus infhaighteacht uirlisí a áirithiú le haghaidh comhoibrithe agus malartú dea-chleachtas d'earnáil an mhuiriompair, mar a shainmhínítear sna 'Treoirlínte i dtaca le Rialáil Níos Fearr[1a]. Tá sé ríthábhachtach go mbeidh na rialacháin arna gcur i bhfeidhm faoin bpacáiste 'Oiriúnach do 55' - an Comhaontú Ghlas, CTA AE - chomh maith leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta – comhleanúnach agus go nascann siad gníomhaithe ón earnáil mhuirí chun go mbeidh an tAontas ina cheann feadhna ar longa glasa.*** |
| | ***[1a] Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin, Treoirlínte i dtaca le Rialáil Níos Fearr, SWD(2021) 305 final, an Coimisiún Eorpach, an Bhruiséil.*** |

*Réasúnú*

*D'fhéadfadh uirlisí le haghaidh comhoibrithe agus malartú dea-chleachtas, amhail na treochláir earnála, cabhrú leis an earnáil na forálacha nua dá bhforáiltear sa Rialachán a chur chun feidhme agus ar an gcaoi sin astaíochtaí a laghdú ar bhonn níos tapa.*

**Leasú 63**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 43 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(43b) Ag aithint a thábhachtaí atá sé aghaidh a thabhairt ar riachtanais shonracha na n-oileán agus na limistéar iargúlta d'fhonn nascacht a áirithiú, ba cheart solúbthacht a sholáthar d'earnáil an chabatáiste mhuirí paisinéirí, mar a leagtar síos i Rialachán (CEE) Uimh. 3577/92 ón gComhairle, chun oiriúnú don scéim gan dochar a dhéanamh don leibhéal reatha seirbhísí iompair.*** |

**Leasú 64**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 43 c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(43c) Chun go n-éireoidh leis an aistriú chuig longa glasa agus astaíochtaí nialasacha, is gá dul níos faide ná cur chuige neamh-chomhtháite agus cur chuige comhtháite a chur chun feidhme chun bearta nuálacha a chur chun cinn le haghaidh longa níos glaise, i gcomhréir le reachtaíocht Eorpach eile, amhail Rialachán MRV nó Rialachán CTA. Mar shampla, maidir le dearadh cabhlach, innill nua agus breoslaí malartacha inbhuanaithe, tiomáint ghaoithe, agus bearta oibríochtúla ar féidir iad a chur chun feidhme sa ghearrthéarma chun ídiú breosla a laghdú agus, dá bhrí sin,*** |

***astaíochtaí a laghdú, amhail laghdú luais nó pleanáil bealaí níos fearr. Rinneadh laghdú luais, ar a dtugtar galú mall freisin, a thástáil ar mhórscála idir 2006 agus 2012 i ngeall ar an ardú mór ar phraghsanna breosla: bhí laghdú 10 % ar luas ina shiocair le laghdú de thuairim is 19 %[1a] ar ídiú agus le laghdú comhfhreagrach ar astaíochtaí.***

___________________

***[1a] 'The impact of international shipping on European air quality and climate forcing [Tionchar na loingseoireachta idirnáisiúnta ar chaighdeán aeir agus fórsáil aeráide na hEorpa]', an Ghníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil, Tuarascáil theicniúil Uimh. 4/2013.***

**Leasú 65**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe -a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(-a) astaíochtaí gás ceaptha teasa ('GCT') a laghdú de réir na hoibre iompair mar mheán ar fud na gcabhlach arna n-oibriú ag an gcuideachta chéanna a thagann isteach chuig calafoirt atá faoi dhlínse Ballstáit, a fhanann iontu nó a imíonn uathu;*** |

**Leasú 66**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) an teorainn le déine astaíochtaí gás ceaptha teasa ('GCT') an fhuinnimh a úsáidtear ar bord loinge a thagann isteach chuig calafoirt faoi dhlínse Ballstáit, a fhanann iontu nó a imíonn uathu agus | (a) an teorainn le déine astaíochtaí gás ceaptha teasa ('GCT') an fhuinnimh a úsáidtear ar bord loinge a thagann isteach chuig calafoirt faoi dhlínse Ballstáit, a fhanann iontu nó a imíonn uathu***;*** |

**Leasú 67**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe a a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(aa) an oibleagáid chun driogáití, breoslaí inbhuanaithe in-athnuaite nó teicneolaíochtaí astaíochtaí nialasacha a úsáid don fhuinneamh a úsáidtear ar longa atá i mbun loingseoireachta tríd an Artach agus a thagann isteach chuig calafoirt faoi dhlínse Ballstáit, a fhanann iontu nó a imíonn uathu;*** |

**Leasú 68**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe a b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ab) an oibleagáid sciar de bhreoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch a úsáid ar long a thagann isteach chuig calafoirt faoi dhlínse Ballstáit, a fhanann iontu nó a imíonn uathu;*** |

**Leasú 69**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) an oibleagáid maidir le soláthar cumhachta ar tír nó teicneolaíocht astaíochtaí nialasacha a úsáid i gcalafoirt faoi dhlínse Ballstáit, chun úsáid chomhsheasmhach breoslaí in-athnuaite agus foinsí ionadacha fuinnimh a mhéadú ar fud an Aontais, agus oibriú rianúil an tráchta mhuirí á áirithiú agus saobhadh sa mhargadh inmheánach á sheachaint. | (b) an oibleagáid maidir le soláthar cumhachta ar tír nó teicneolaíocht astaíochtaí nialasacha a úsáid i gcalafoirt faoi dhlínse Ballstáit, chun úsáid chomhsheasmhach breoslaí in-athnuaite agus foinsí ionadacha fuinnimh a mhéadú ar fud an Aontais, agus oibriú rianúil an tráchta mhuirí á áirithiú agus saobhadh sa mhargadh inmheánach á sheachaint. |

**Leasú 70**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| chun úsáid chomhsheasmhach breoslaí in-athnuaite, breoslaí ísealcharbóin agus foinsí ionadacha fuinnimh a mhéadú ar fud an Aontais, agus oibriú rianúil an tráchta mhuirí á áirithiú agus saobhadh sa mhargadh inmheánach á sheachaint. | chun éifeachtúlacht fuinnimh oibríochtaí loingseoireachta agus úsáid chomhsheasmhach breoslaí in-athnuaite agus foinsí ionadacha fuinnimh a mhéadú chun teacht in áit breoslaí iontaise san earnáil muiriompair ar fud an Aontais, i gcomhréir le cuspóir aeráidneodrachta an Aontais faoi 2050 ar a dhéanaí agus le spriocanna Chomhaontú Pháras, agus oibriú rianúil an tráchta mhuirí á áirithiú agus saobhadh sa mhargadh inmheánach á sheachaint. |

**Leasú 71**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Tá feidhm ag an Rialachán seo maidir leis na longa ar fad a bhfuil olltonnáiste os cionn 5 000 acu, gan beann ar a mbratach, i ndáil leis na nithe seo a leanas: | Tá feidhm ag an Rialachán seo maidir le soláthróirí breosla muirí agus maidir leis na longa ar fad a bhfuil olltonnáiste 400 agus os a chionn acu, gan beann ar a mbratach, i ndáil leis an méid seo a leanas: |

**Leasú 72**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) leath an fhuinnimh a úsáidtear ar | (c) an fuinneamh ar fad a úsáidtear ar |

| | |
|---|---|
| mhuiraistir a imíonn ó chalafort cuarda faoi dhlínse Ballstáit nó a thagann isteach chuig calafort cuarda faoi dhlínse Ballstáit, i gcás ina bhfuil an calafort cuarda deiridh nó an chéad chalafort cuarda eile faoi dhlínse tríú tír. | mhuiraistir a imíonn ó chalafort cuarda faoi dhlínse Ballstáit nó a thagann isteach chuig calafort cuarda faoi dhlínse Ballstáit, i gcás ina bhfuil an calafort cuarda deiridh nó an chéad chalafort cuarda eile faoi dhlínse tríú tír. |

**Leasú 73**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe c a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ca) an fuinneamh ar fad a úsáidtear ar bord ar mhuiraistir tríd an Artach a imíonn ó chalafort cuarda faoi dhlínse Ballstáit nó a thagann isteach chuig calafort cuarda faoi dhlínse Ballstáit;*** |

**Leasú 74**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Muiraistir long idir 400 olltonnáiste agus 5000 olltonnáiste a oibríonn laistigh d'uiscí cósta náisiúnta Ballstáit nach mó ná 72 uair seirbhíse an t-uas-am oibriúcháin gan bhriseadh, tá siad díolmhaithe ón rannchuidiú i dtreo na spriocanna in Airteagail 4 agus 4a.*** |

**Leasú 75**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) ciallaíonn 'astaíochtaí gás ceaptha teasa' dé-ocsaíd charbóin ($CO_2$), meatán ($CH_4$) agus ocsaídí nítriúla ($N_2O$) a | (a) ciallaíonn 'astaíochtaí gás ceaptha teasa' dé-ocsaíd charbóin ($CO_2$), meatán ($CH_4$) agus ***ocsaíd*** nítriúil ($N_2O$) a |

scaoiltear isteach san atmaisféar; | scaoiltear isteach san atmaisféar agus forsáil dhíreach radantach astaíochtaí carbóin dhuibh (BC);

**Leasú 76**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe e a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ea) ciallaíonn 'soláthróir breosla muirí' soláthróir breosla mar a shainmhínítear in Airteagal 2, an dara mír, pointe 38 de Threoir (AE) 2018/2001, a sholáthraíonn breosla muirí ag aerfort de chuid an Aontais;*** |

**Leasú 77**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe g**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (g) ciallaíonn 'teicneolaíocht astaíochtaí nialasacha' teicneolaíocht lena gcomhlíontar ceanglais Iarscríbhinn III nach dtugtar le tuiscint léi go scaoileann longa na gáis ceaptha teasa agus na truailleáin aeir seo a leanas isteach san atmaisféar: dé-ocsaíd charbóin ($CO_2$), meatán ($CH_4$), ocsaídí nítriúla ($N_2O$), ocsaídí sulfair ($SO_x$), ocsaídí nítrigine ($NO_x$) agus ábhar cáithníneach (PM); | (g) ciallaíonn 'teicneolaíocht astaíochtaí nialasacha' teicneolaíocht lena gcomhlíontar ceanglais Iarscríbhinn III nach dtugtar le tuiscint léi go scaoileann longa na gáis ceaptha teasa agus na truailleáin aeir seo a leanas isteach san atmaisféar: dé-ocsaíd charbóin ($CO_2$), ***carbón dubh (BC),*** meatán ($CH_4$), ocsaídí nítriúla ($N_2O$), ocsaídí sulfair ($SO_x$), ocsaídí nítrigine ($NO_x$) agus ábhar cáithníneach (PM); |

**Leasú 78**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe i**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (i) ciallaíonn 'calafort cuarda' calafort | (i) ciallaíonn 'calafort cuarda' an |

cuarda mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (b) de Rialachán (AE) 2015/757;

calafort ina stopann long chun cuid shubstaintiúil dá lastas a luchtú nó a dhíluchtú nó chun paisinéirí a bhordáil nó a dhíbhordáil; ***dá bhrí sin, déantar stopanna a dhéantar chun críocha athbhreoslaithe, soláthairtí a fháil, faoiseamh a thabhairt don chriú, dul i nduga tirim nó obair dheisiúcháin a dhéanamh ar an long agus/nó a cuid trealaimh, agus chun na gcríoch sin amháin, stopanna i gcalafort toisc go dteastaíonn cabhair ón long nó toisc í a bheith i nguais, aistrithe long-go-long a dhéantar lasmuigh de chalafoirt, agus stopanna chun críche foscadh a fháil ón doineann nó ar gá iad mar gheall ar ghníomhaíochtaí cuardaigh agus tarrthála, agus chun na críche sin amháin, a eisiamh;***

**Leasú 79**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe k**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (k) ciallaíonn ‘cuideachta’ cuideachta mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (d) de Rialachán (AE) 2015/757; | (k) ciallaíonn ‘cuideachta’ úinéir na loinge nó aon eagraíocht nó duine eile amhail an bainisteoir; an cairtfhostóir ama nó an cairtfhostóir forléasta, a ghlac an fhreagracht maidir le hoibriú tráchtála na loinge chuige ó úinéir na loinge agus atá freagrach as an mbreosla a ídíonn an long a íoc; |

**Leasú 80**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe k a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ka) ciallaíonn ‘oibreoir tráchtála loinge’ oibreoir a sholáthraíonn, ar luach saothair, seirbhísí sceidealaithe nó neamhsceidealaithe muiriompair chun*** |

***paisinéirí nó lasta a iompar agus atá i dteideal oibríochtaí tráchtála na loinge a chinneadh, amhail cáilíocht agus cainníocht an bhreosla a úsáideann an long;***

**Leasú 81**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe n**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (n) ciallaíonn 'úsáid fuinnimh ar bord' an méid fuinnimh arna shloinneadh ina mheigigiúil (MJ) a úsáideann long chun tiomáint nó chun aon trealamh ar bord a oibriú, ar muir nó i mbeart; | (n) ciallaíonn 'úsáid fuinnimh ar bord' an méid fuinnimh, arna shloinneadh i meigigiúil (MJ) a úsáideann long chun tiomáint nó chun aon trealamh ar bord a oibriú, ar muir nó i mbeart gan an fuinneamh breise a úsáidtear mar gheall ar shaintréithe teicniúla loinge in aicme oighir IA nó IA Super nó aicme oighir choibhéiseach agus gan an fuinneamh breise a úsáideann long in aicme oighir IC, IB, IA nó IA Super nó aicme oighir choibhéiseach de bharr a bheith ag seoladh faoi dhálaí oighir; |

**Leasú 82**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe q a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(qa) ciallaíonn 'aicme oighir' an nodaireacht a shannann údaráis inniúla náisiúnta an Stáit brataí nó eagraíocht arna haithint ag an Stát sin don long, lena léirítear gur dearadh an long sin le haghaidh loingseoireachta i ndálaí muiroighir.*** |

**Leasú 83**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe r**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (r) ciallaíonn 'soláthar cumhachta ar tír' an córas chun leictreachas a sholáthar do longa i mbeart, ar leictreachas ardvoltais nó ísealvóltais é le sruth ailtéarnach nó díreach, lena n-áirítear suiteálacha cois loinge agus cois cladaigh nuair atáthar ag cothú phríomh-lasc-chlár dáileacháin na loinge go díreach chun an tréimhse ar bord nó ualaí oibre seirbhíse a chumhachtú nó chun ceallraí in-athluchtaithe a luchtú; | (r) ciallaíonn 'soláthar cumhachta cois cladaigh' an córas chun leictreachas a sholáthar do longa i mbeart, ar leictreachas ardvoltais nó ísealvoltais é le sruth ailtéarnach nó díreach, lena n-áirítear suiteálacha cois loinge agus cois cladaigh***, chomh maith le suiteálacha soghluaiste ar talamh nó ar uisce,*** nuair atáthar ag cothú phríomh-lasc-chlár dáileacháin na loinge go díreach chun an tréimhse ar bord nó ualaí oibre seirbhíse a chumhachtú nó chun ceallraí in-athluchtaithe a luchtú; |

**Leasú 84**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe s a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(sa) ciallaíonn 'an t-údarás riaracháin' i leith cuideachta loingseoireachta: (a) i gcás cuideachta loingseoireachta atá cláraithe i mBallstát, an Ballstát ina bhfuil an chuideachta loingseoireachta cláraithe; (b) i gcás cuideachta loingseoireachta nach bhfuil cláraithe i mBallstát, an Ballstát lena mbaineann an líon measta is mó cuairteanna ar chalafort le linn muiraistear ag an gcuideachta loingseoireachta sin le 2 bhliain faireacháin anuas agus a thagann faoin raon feidhme a leagtar amach in Airteagal 2; (c) i gcás cuideachta loingseoireachta nach bhfuil cláraithe i mBallstáit agus nár thug faoi aon mhuiraistear a thagann faoin raon feidhme a leagtar amach in Airteagal 2 le dhá bhliain faireacháin anuas, is é an Ballstát ónar thosaigh an chuideachta loingseoireachta a chéad mhuiraistear a thagann faoin raon feidhme a leagtar amach in Airteagal 2 a bheidh ina údarás riaracháin.*** |

**Leasú 85**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe x a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(xa) ciallaíonn 'muiraistear Artach neamhchomhlíontach' muiraistear loinge nach gcomhlíonann na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 4d;*** |

**Leasú 86**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe y**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (y) ciallaíonn 'an chonair is lú fabhar' an chonair táirgeachta is déine ó thaobh carbóin de a úsáidtear le haghaidh aon bhreosla ar leith; | (y) ciallaíonn 'an chonair is lú fabhar' an chonair táirgeachta is ***déine ó thaobh gás ceaptha teasa*** a úsáidtear le haghaidh aon bhreosla ar leith; |

**Leasú 87**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe z**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (z) ciallaíonn 'coibhéis $CO_2$' an tomhas méadrach a úsáidtear chun astaíochtaí ó $CO_2$, $CH_4$ agus $N_2O$ a ríomh ar bhonn a n-acmhainneachta téite domhanda, trí mhéideanna $CH_4$ agus $N_2O$ a choinbhéartú go dtí an méid coibhéise dé-ocsaíde carbóin ag a bhfuil an acmhainneacht téite domhanda chéanna; | (z) ciallaíonn 'coibhéis $CO_2$' an tomhas méadrach a úsáidtear chun astaíochtaí ó $CO_2$, $CH_4$***, Carbón Dubh*** agus $N_2$***O a*** ríomh ar bhonn a n-acmhainneachta téite domhanda, trí mhéideanna $CH_4$ agus $N_2O$ a choinbhéartú go dtí an méid coibhéise dé-ocsaíde carbóin ag a bhfuil an acmhainneacht téite domhanda chéanna ***20 bliain tar éis an t-astú isteach san atmaisféar ('GWP 20')***; |

**Leasú 88**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe ee a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(eea) ciallaíonn 'ag seoladh faoi dhálaí oighir' long atá aicmithe mar long oighir ag seoladh i limistéar farraige laistigh den imeall oighir;*** |

**Leasú 89**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe ee b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(eeb) sainmhínítear 'imeall oighir' i mír 4.4 den Ainmníocht Oighir Farraige WMO, Márta 2014 mar chríochú tráth ar bith idir an fharraige oscailte agus oighear na farraige de chineál ar bith, bíodh sé daingean nó le sruth.*** |

**Leasú 90**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – teideal**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Teorainn maidir le déine astaíochtaí gás ceaptha teasa an fhuinnimh a úsáidtear ar bord loinge | Teorainn ar dhéine astaíochtaí gás ceaptha teasa an fhuinnimh a úsáidtear ar bord loinge ***agus sainordú maidir le glacadh breoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch*** |

**Leasú 91**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 2 – fleasc 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| — ***-2%*** ón 1 Eanáir 2025; | — ***[-5%]*** ón 1 Eanáir 2025; |

**Leasú 92**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 2 – fleasc 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| — ***-6%*** ón 1 Eanáir 2030; | — ***[-14%]*** ón 1 Eanáir 2030; |

**Leasú 93**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 2 – fleasc 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| — ***-13%*** ón 1 Eanáir 2035; | — ***[-26%]*** ón 1 Eanáir 2035; |

**Leasú 94**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 2 – fleasc 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| — ***-26%*** ón 1 Eanáir 2040; | — ***[-55%]*** ón 1 Eanáir 2040; |

**Leasú 95**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 2 – fleasc 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| — ***-59%*** ón 1 Eanáir 2045; | — ***[-80%]*** ón 1 Eanáir 2045; |

**Leasú 96**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 2 – fleasc 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| — -*75 %* ón 1 Eanáir 2050. | — ***[-100%]*** ón 1 Eanáir 2050. |

**Leasú 97**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 3 – fomhír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 26 chun Iarscríbhinn I a leasú chun caighdeáin tagartha a chur isteach nó a thabhairt cothrom le dáta maidir le rannchuidiú foinsí ionadacha fuinnimh a thomhas go cruinn agus cuntas a thabhairt ar an rannchuidiú sin go cruinn i bhfianaise dul chun cinn eolaíoch agus teicniúil.*** |

**Leasú 98**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 26 chun Iarscríbhinn II a leasú chun fachtóirí astaíochta tobar go marbhshruth a bhaineann le haon fhoinse nua fuinnimh a chur ar áireamh nó chun fachtóirí astaíochta atá ann cheana a oiriúnú chun comhsheasmhacht a áirithiú le caighdeáin idirnáisiúnta a bheidh ann amach anseo nó le reachtaíocht an Aontais i réimse an fhuinnimh. | 4. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 26 chun Iarscríbhinn II a leasú chun a áirithiú go bhfuil na fachtóirí astaíochta chomh hionadaíoch agus is féidir d’astaíochtaí iarbhír de réir an eolais eolaíoch agus theicniúil is fearr atá ar fáil, chun fachtóirí astaíochta tobar go marbhshruth a bhaineann le carbón dubh nó le haon fhoinsí nua fuinnimh a chur ar áireamh, nó chun fachtóirí astaíochta atá ann cheana a oiriúnú chun comhsheasmhacht a áirithiú le caighdeáin idirnáisiúnta a bheidh ann amach anseo nó le reachtaíocht an Aontais i réimsí an fhuinnimh, na haeráide agus an |

chomhshaoil.

**Leasú 99**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 4 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***4a. Faoin 1 Eanáir 2025, glacfaidh an Coimisiún gníomh tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 26 chun Iarscríbhinn II a leasú chun idirdhealú a dhéanamh idir fachtóirí astaíochtaí tobair go humar breoslaí sa chatagóir 'Breosla Iontaise' ar bhonn a dtionscnaimh, lena sonrófar agus lena n-áireofar ar a laghad na hastaíochtaí réamhtheachtacha agus iompair faoi seach, agus i gcás GNL astaíochtaí leachtaithe, stórála agus luchtaithe long chomh maith.*** |

**Leasú 100**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 4a*** |
| | ***Cuóta íosta do bhreoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch do longa*** |
| | ***1. Is iad na luachanna seo a leanas ar a laghad a bheidh i sciar bliantúil na mbreoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch, nó sciar bliantúil úsáide dírí fuinnimh in-athnuaite, den fhuinneamh a úsáideann long ar bord le linn tréimhse tuairiscithe:*** |
| | ***– 6 % ón 1 Eanáir 2030;*** |
| | ***– 12 % ón 1 Eanáir 2035;*** |
| | ***– 24 % ón 1 Eanáir 2040;*** |

| | |
|---|---|
| | ***–	48 % ón 1 Eanáir 2045;*** |
| | ***-	70 % ón 1 Eanáir 2050*** |

**Leasú 101**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 4b*** |
| | ***Na hoibleagáidí tuairiscithe atá ar sholáthróirí breosla mhuirí*** |
| | ***Faoin 31 Márta de chuid gach bliana tuairiscithe, tuairisceoidh soláthróirí breosla mhuirí an fhaisnéis seo a leanas a bhaineann leis an tréimhse tuairiscithe sa bhunachar sonraí comhlíontachta dá dtagraítear in Airteagal 16:*** |
| | ***(a)	Méid na mbreoslaí in-athnuaite agus ísealcharbóin ag calafoirt atá faoi dhlínse Ballstáit, agus do gach cineál fuinnimh;*** |
| | ***(b)	Astaíochtaí saolré, bunadh an bhunábhair agus próiseas tiontúcháin gach cineáil breosla in-athnuaite agus ísealcharbóin arna sholáthar ag calafoirt faoi dhlínse Ballstáit.*** |

**Leasú 102**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 4 c*** |
| | ***An sciar íosta de bhreoslaí inathnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch atá ar fáil ag calafoirt an Aontais*** |
| | ***1.	Áiritheoidh soláthróirí breosla mhuirí go mbeidh an breosla muirí foriomlán a dhíoltar i gcaitheamh na bliana le longa ag calafoirt an Aontais i*** |

***gcomhréir leis na luachanna agus na dátaí cur i bhfeidhm a leagtar amach in Airteagal 4(a) chun na breoslaí is gá a sholáthar do longa.***

**Leasú 103**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 d (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 4d*** |
| | ***Éifeachtúlacht oibríochtúil agus fuinnimh: Déine astaíochtaí gás ceaptha teasa de réir na hoibre iompair*** |
| | ***1. Déanfaidh cuideachtaí laghdú líneach 40 % ar a laghad faoi 2030 ar na hastaíochtaí GCT bliantúla de réir na hoibre iompair mar mheán ar fud na long ar fad atá faoina bhfreagracht, i gcomparáid leis an meánfheidhmíocht de réir catagóir loinge na long den mhéid céanna agus den chineál céanna a thuairiscítear faoin Rialachán seo nó, i gcás inarb infheidhme, faoi Rialachán (AE) 2015/757.*** |
| | ***2. I gcás ina mainníonn ar chuideachta, i dtréimhse tuairiscithe ar leith, an laghdú bliantúil dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo a chomhlíonadh, déanfaidh an t-údarás riaracháin pionós airgeadais éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach a fhorchur ar an gcuideachta. Ní dhéanfaidh íocaíocht an phionóis i leith astaíochtaí iomarcacha an chuideachta a scaoileadh óna hoibleagáid faoi mhír 1 den Airteagal seo. I gcás cuideachtaí ar mhainnigh orthu na teorainneacha astaíochtaí a leagtar síos faoin Airteagal seo a chomhlíonadh, beidh feidhm ag forálacha Airteagal 23(3).*** |
| | ***3. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe faoin... [6 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo]*** |

***i gcomhréir le hAirteagal 26 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:***

***(i) an mheánfheidhmíocht in aghaidh na catagóire loinge dá dtagraítear i mír 1 a shainiú;***

***(ii) an bhonnlíne agus an fachtóir laghdaithe línigh bliantúil a bheidh le cur i bhfeidhm i gcás gach catagóire loinge a chinneadh trí úsáid a bhaint as na sonraí ó THETIS-MRV, lena n-áirítear an paraiméadar éigeantach 'lastas arna iompar', agus ó chóras bailithe sonraí IMO, nuair atá fáil air, agus, san am céanna, na laghduithe ar astaíochtaí a rinne na cuideachtaí is 'ceannródaithe an dícharbónaithe' cheana a aithint go hiomlán chun an sprioc dá dtagraítear i mír 1 a bhaint amach;***

***(iii) na rialacha agus na modhanna chun an pionós i leith astaíochtaí iomarcacha dá dtagraítear i mír 2 a ríomh agus a bhailiú; (iv) aon riail agus modhanna eile is gá chun faireachán a dhéanamh ar an Airteagal seo, chun é a chomhlíonadh agus chun fíorú a dhéanamh ar a mhéid atá sé á chomhlíonadh a shonrú do gach long a thagann faoi raon feidhme an Rialacháin seo.***

**Leasú 104**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 2 – pointe b a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ba) bulc-iompróirí;*** |

**Leasú 105**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 2 – pointe b b (nua)**

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| | ***(bb) tancaeir ola*** |

**Leasú 106**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 2 – pointe b c (nua)**

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| | ***(bc) gach long atá fágtha mar a shainmhínítear in Airteagal 2, faoin [1 Eanáir 2035].*** |

**Leasú 107**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 3 – pointe e**

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| (e) ***longa nach féidir leo nascadh leis an soláthar cumhachta ar tír toisc nach bhfuil an tsuiteáil ar tír sa chalafort comhoiriúnach leis an trealamh cumhachta ar tír ar bord;*** | ***scriosta*** |

**Leasú 108**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 3 a (nua)**

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| | ***3a. 3a. Cuirfidh oibreoirí long in iúl roimh ré do na calafoirt a dtugann siad cuairt orthu faoin rún atá acu nascadh leis an soláthar cumhachta ar tír agus cuirfidh siad in iúl méid na cumhachta a bheidh ag teastáil uathu le linn na cuairte sin agus an trealamh cumhachta atá ar bord.*** |

**Leasú 109**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 3 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3b. Faoin 1 Eanáir 2025, glacfaidh an Coimisiún gníomh cur chun feidhme lena leagfar síos ábhar, formáid agus spriocdhátaí le haghaidh oibreoirí long faisnéis a sholáthar mar a iarrtar i mír 3a d'údaráis an chalafoirt cuarda.*** |

**Leasú 110**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 26 chun Iarscríbhinn III a leasú chun tagairtí do theicneolaíochtaí nua a chur isteach i liosta na dteicneolaíochtaí astaíochtaí nialasacha infheidhme nó tagairtí do chritéir lena n-úsáid, i gcásanna ina bhfaightear amach go bhfuil na teicneolaíochtaí nua sin coibhéiseach leis na teicneolaíochtaí a liostaítear san Iarscríbhinn sin, i bhfianaise dul chun cinn eolaíoch agus teicniúil. | 4. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 26 chun Iarscríbhinn III a leasú chun tagairtí do theicneolaíochtaí nua a chur isteach i liosta na dteicneolaíochtaí astaíochtaí nialasacha infheidhme nó chun an critéir maidir lena n-úsáid a mhodhnú, i gcásanna ina bhfaightear amach go bhfuil na teicneolaíochtaí nua sin nó na critéir úsáide coibhéiseach leis na teicneolaíochtaí a liostaítear san Iarscríbhinn sin nó níos fearr, i bhfianaise dul chun cinn eolaíoch agus teicniúil. |

**Leasú 111**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 5 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***5a. Áiritheoidh an calafort cuarda go gcuirfear soláthar leordhóthanach leictreachais cois cladaigh ar fáil do*** |

***longa agus go lamhálfar leis an tsuiteáil cois cladaigh úsáid a bhaint as trealamh cumhachta ar tír is coitianta a úsáidtear ar bord, i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach in [AFIR COM/2021/559 final].***

**Leasú 112**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 6. Ón 1 Eanáir 2035 ar aghaidh, ní fhéadfar na heisceachtaí a liostaítear i mír 3, pointí (d) agus (e), a chur i bhfeidhm maidir le long ar leith, níos mó ná cúig huaire ar an iomlán in aon bhliain tuairiscithe amháin. Ní áireofar cuairt ar chalafort chun críche comhlíontachta leis an bhforáil seo i gcás ina léiríonn an chuideachta nárbh fhéidir léi a fhios a bheith aici go réasúnach nach mbeadh an long in ann nascadh ar na cúiseanna dá dtagraítear i mír 3, pointí (d) agus (e). | 6. Ón 1 Eanáir 2035 ar aghaidh, ní fhéadfar an eisceacht a liostaítear i mír 3, pointe (d), a chur i bhfeidhm maidir le long ar leith, níos mó ná cúig huaire ar an iomlán in aon bhliain tuairiscithe amháin. Ní áireofar cuairt ar chalafort chun críche comhlíontachta leis an bhforáil seo i gcás ina léiríonn an chuideachta nárbh fhéidir léi a fhios a bheith aici go réasúnach nach mbeadh an long in ann nascadh ar na cúiseanna dá dtagraítear i mír 3, ***pointe (d).*** |

**Leasú 113**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 5a*** |
| | ***Ceanglas breise maidir leis an bhfuinneamh a úsáidtear do mhuiraistir tríd an Artach*** |
| | ***1. Long a sheolann tríd an Artach, úsáidfidh sí driogáití nó breoslaí in-athnuaite inbhuanaithe le haghaidh a riachtanas fuinnimh, mura ndéantar í a chumhachtú go hiomlán le teicneolaíochtaí astaíochtaí nialasacha mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn III.*** |

***2. Tá mír 1 gan dochar do cheanglais níos uaillmhianaí a d'fhéadfadh teacht as Airteagail 4, 4a agus 5 a chur i bhfeidhm.***

***3. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe faoin... [6 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo] i gcomhréir le hAirteagal 26 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh lena sonrófar rialacha agus modhanna is gá chun faireachán, comhlíonadh agus fíorú a dhéanamh ar chomhlíonadh an Airteagail seo.***

**Leasú 114**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 5b*** |
| | ***Córais glantacháin gáis sceite lúb oscailte*** |
| | ***1. Maidir le sceitheadh dramhaíola ó chórais glantacháin gáis sceite lúb oscailte ('sciúrthóirí') isteach in uiscí oscailte ar thurais a thagann faoi raon feidhme an Rialacháin seo, toirmiscfear é amhail ón 1 Eanáir 2027.*** |
| | ***2. Faoin 1 Eanáir 2024, glacfaidh an Coimisiún gníomh tarmligthe lena leagfar síos na ceanglais mhionsonraithe chun an oibleagáid sin a chomhlíonadh.*** |

**Leasú 115**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Beidh an faireachán agus an tuairisciú comhsheasmhach agus inchomparáide thar am. Chuige sin, úsáidfidh cuideachtaí na modheolaíochtaí faireacháin céanna agus na tacair sonraí | 3. Beidh an faireachán agus an tuairisciú comhsheasmhach agus inchomparáide thar am. Chuige sin, úsáidfidh cuideachtaí na modheolaíochtaí faireacháin céanna agus na tacair sonraí |

| | |
|---|---|
| chéanna faoi réir modhnuithe arna measúnú ag an bhfíoraitheoir. Áiritheoidh na cuideachtaí go ndéanfar sláine na sonraí a mbeidh faireachán agus tuairisciú le déanamh orthu a dhearbhú go réasúnach . | chéanna faoi réir modhnuithe arna measúnú ag an bhfíoraitheoir. ***Deanfaidh*** na cuideachtaí sláine na sonraí a mbeidh faireachán agus tuairisciú le déanamh orthu a áirithiú. |

**Leasú 116**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. Agus faireachán agus tuairisciú á ndéanamh ar ghníomhaíochtaí a leagtar amach in Airteagail 7 go 9 agus in Airteagal 14 den Rialachán seo, úsáidfear faisnéis agus sonraí arna mbailiú chun críoch Rialachán (AE) 2015/757 i gcás inarb iomchuí. | 5. Agus faireachán agus tuairisciú á ndéanamh ar ghníomhaíochtaí a leagtar amach in Airteagail 7***, 8*** agus 14 den Rialachán seo, úsáidfear faisnéis agus sonraí arna mbailiú chun críoch Rialachán (AE) 2015/757 i gcás inarb iomchuí. |

**Leasú 117**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 3 – pointe d**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (d) tuairisc gur suiteáladh agus gur deimhníodh trealamh ar an long chun gur féidir nascadh leis an soláthar cumhachta ar tír, ag voltas sonraithe agus ar mhinicíocht, lena n-áirítear an trealamh a shonraítear in IEC/IEEE 80005-1 (Ardvoltas) agus IEC/IEEE 80005-3 (Ísealvoltas) nó tuairisc gur feistíodh í le foinsí ionadacha fuinnimh nó le teicneolaíocht astaíochtaí nialasacha mar a shonraítear in Iarscríbhinn III; | (d) tuairisc gur suiteáladh agus gur deimhníodh trealamh ar an long chun gur féidir nascadh leis an soláthar cumhachta ar tír, ag voltas sonraithe agus ar mhinicíocht, lena n-áirítear an trealamh a shonraítear in IEC/IEEE 80005-1 (Ardvoltas) agus IEC/IEEE 80005-3 (Ísealvoltas) nó tuairisc gur feistíodh í le foinsí ionadacha fuinnimh nó le teicneolaíocht astaíochtaí nialasacha mar a shonraítear in Iarscríbhinn III ***mar aon le tuairisc ar a bpríomhshonraíochtaí teicniúla, lena n-áirítear a n-acmhainn arna sloinneadh i meigigiúil (MJ) nuair is ábhartha;*** |

**Leasú 118**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 3 – pointe e**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (e) tuairisc ar na foinsí fuinnimh a bhfuil sé beartaithe iad a úsáid ar bord agus an long i mbun loingseoireachta agus í i mbeart chun na ceanglais a leagtar amach in Airteagail 4 agus 5 a chomhlíonadh; | (e) tuairisc ar an bhfoinse nó ar na foinsí fuinnimh atá beartaithe agus atá le húsáid ar bord le linn loingseoireachta agus i mbeart chun na ceanglais a leagtar amach in Airteagail 4, 5, lena n-áirítear na foinsí fuinnimh a bheartaítear chun cumhacht a thabhairt don teicneolaíocht astaíochtaí nialasacha a shonraítear in Iarscríbhinn III a chomhlíonadh, amhail an phríomhfhoinse fuinnimh atá beartaithe chun an stóráil leictreachais ar bord a luchtú agus cumhacht a thabhairt do na bhreosla-chealla, agus in Airteagal 5a; |

**Leasú 119**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 3 – pointe k**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (k) tuairisc ar an modh atá le húsáid chun sonraí ionadacha a chinneadh chun bearnaí sna sonraí a líonadh; | (k) tuairisc ar na bearta a rinneadh chun bearnaí sonraí agus calaois a chosc agus ar an modh atá le húsáid chun sonraí ionadacha a chinneadh chun bearnaí dosheachanta sna sonraí a dhúnadh chomh maith le modhanna chun earráidí sonraí a shainaithint; |

**Leasú 120**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 3 – pointe l a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(la) faisnéis faoi aicme oighir na loinge, má tá an fuinneamh breise de bharr aicme oighir na loinge le fágáil amach ó raon feidhme an fhuinnimh a úsáidtear ar bord;*** |

**Leasú 121**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 3 – pointe l b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(lb) liosta den phearsanra atá i dteideal sonraí a iontráil sa phlean faireacháin agus doiciméadacht maidir lena n-oiliúint.*** |

**Leasú 122**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 3 – pointe l c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(lc) tuairisc ar an nós imeachta maidir le faireachán a dhéanamh ar an achar a thaistealaítear le linn an mhuiraistir iomláin agus nuair a sheoltar faoi dhálaí oighir, an dáta agus an t-am a sheoltar faoi dhálaí oighir, an t-ídiú breosla agus an fuinneamh arna soláthar ag foinsí ionadacha fuinnimh nó teicneolaíocht astaíochtaí nialasacha mar a shonraítear in Iarscríbhinn III nuair a sheoltar faoi dhálaí oighir, más rud é go bhfuil an fuinneamh breise de bharr seoladh faoi dhálaí oighir le fágáil amach ó raon feidhme an fhuinnimh arna úsáid ar bord.*** |

**Leasú 123**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Bainfidh cuideachtaí úsáid as pleananna faireacháin caighdeánaithe bunaithe ar theimpléid. Trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, cinnfidh an Coimisiún na teimpléid sin, lena n-áirítear | 4. Bainfidh cuideachtaí úsáid as pleananna faireacháin caighdeánaithe bunaithe ar theimpléid. Déanfaidh an Coimisiún ***gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 26*** |

| | |
|---|---|
| na rialacha teicniúla lena gcur i bhfeidhm aonfhoirmeach. ***Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 27(3)***. | ***lena bhforlíontar an Rialachán seo trí phleananna faireacháin caighdeánaithe a bhunú bunaithe ar*** theimpléid, lena n-áirítear na rialacha teicniúla maidir lena gcur i bhfeidhm ***agus lena n-úsáid*** aonfhoirmeach. |

**Leasú 124**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 8 – mír 2 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Déanfaidh cuideachtaí an plean faireacháin a mhodhnú in aon cheann de na cásanna seo a leanas: | 2. Déanfaidh cuideachtaí an plean faireacháin a mhodhnú gan moill mhíchuí in aon cheann de na cásanna seo a leanas: |

**Leasú 125**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 8 – mír 2 – pointe e a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ea) i gcás nach leor modhanna chun bearnaí sonraí a chosc agus earráidí sonraí a shainaithint chun daingne agus trédhearcacht na sonraí a áirithiú.*** |

**Leasú 126**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 8 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Beidh modhnuithe ar an bplean faireacháin dá dtagraítear i mír 2, pointí (b), (c) agus (d) den Airteagal seo faoi réir measúnú arna dhéanamh ag an bhfíoraitheoir. Tar éis an mheasúnaithe, cuirfidh an fíoraitheoir in iúl don chuideachta lena mbaineann cibé atá na modhnuithe sin i gcomhréir le hAirteagal 6 nó nach bhfuil. | 4. Beidh modhnuithe ar an bplean faireacháin dá dtagraítear i mír 2, pointí (b), (c), (d) agus (ea) den Airteagal seo faoi réir measúnú arna dhéanamh ag an bhfíoraitheoir. Tar éis an mheasúnaithe, cuirfidh an fíoraitheoir in iúl don chuideachta lena mbaineann cibé atá na modhnuithe sin i gcomhréir le hAirteagal 6 nó nach bhfuil. |

**Leasú 127**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 8 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 8a*** |
| | ***Deimhniú Buncair FuelEU Maritime*** |
| | ***1. Soláthróidh soláthróirí breosla mhuirí do mháistir na loinge 'Deimhniú Buncair FuelEU Maritime', ar cheart é a chur i gceangal leis an Nóta Seachadta Buncair. Beidh an soláthróir breosla freagrach as cruinneas na faisnéise.*** |
| | ***2. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 26 chun teimpléad a chruthú don Deimhniú Buncair FuelEU Maritime dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo.*** |

**Leasú 128**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 9 – teideal**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Deimhniúchán le haghaidh bithbhreoslaí, bithgháis agus breoslaí iompair in-athnuaite leachtacha agus gásacha de thionscnamh neamhbhitheolaíoch agus breoslaí carbóin athchúrsáilte | Deimhniúchán le haghaidh bithbhreoslaí, bithgháis agus breoslaí iompair in-athnuaite leachtacha agus gásacha de thionscnamh neamhbhitheolaíoch agus breoslaí eile. |

**Leasú 129**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 9 – mír 1 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. I gcás ina bhfuil bithbhreoslaí, bithghás, breoslaí in-athnuaite de | 1. I gcás ina bhfuil bithbhreoslaí, bithghás, breoslaí in-athnuaite de |

| | |
|---|---|
| thionscnamh neamhbhitheolaíoch agus breoslaí carbóin athchúrsáilte, mar a shainmhínítear i dTreoir (AE) 2018/2001, le cur san áireamh chun na gcríoch dá dtagraítear in Airteagal 4(1) den Rialachán seo, beidh feidhm ag na rialacha seo a leanas: | thionscnamh neamhbhitheolaíoch agus breoslaí eile, mar a shainmhínítear i dTreoir (AE) 2018/2001, le cur san áireamh chun na gcríoch dá dtagraítear in Airteagal 4 den Rialachán seo, beidh feidhm ag na rialacha seo a leanas: |

**Leasú 130**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 9 – mír 1 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) fachtóirí astaíochta gás ceaptha teasa i dtaca le breoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch agus breosla carbóin athchúrsáilte lena gcomhlíontar na tairseacha maidir le laghduithe ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a leagtar amach in Airteagal 27(3) de Threoir (AE) 2018/2001, cinnfear iad i gcomhréir leis na modheolaíochtaí a leagtar amach sa Treoir sin; | (b) fachtóirí astaíochtaí gás ceaptha teasa i dtaca le breoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch agus breoslaí eile lena gcomhlíontar na tairseacha maidir le laghduithe ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a leagtar amach in Treoir (AE) 2018/2001 agus aon ghníomhartha tarmligthe ábhartha maidir le breisíocht agus modheolaíocht GCT, cinnfear iad i gcomhréir leis na modheolaíochtaí a leagtar amach sa Treoir sin; |

**Leasú 131**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 9 – mír 1 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) bithbhreoslaí agus bithghás nach gcomhlíonann pointe (a) nó a tháirgtear ó bharra bia nó beatha, measfar go bhfuil na fachtóirí astaíochta céanna acu agus atá ag an gconair breosla iontaise is lú fabhar le haghaidh an chineáil sin breosla; | (c) bithbhreoslaí agus bithghás nach gcomhlíonann pointe (a) nó a tháirgtear ó bharra bia nó beatha lena n-áirítear barra breise chomh maith le driogáití d'aigéad sailleach pailme, measfar go bhfuil na fachtóirí astaíochta céanna acu agus atá ag an gconair breosla iontaise is lú fabhar le haghaidh an chineáil sin breosla; |

**Leasú 132**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 9 – mír 1 – pointe d**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (d) breoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch agus breoslaí carbóin athchúrsáilte nach gcomhlíonann pointe (b), measfar go bhfuil na fachtóirí astaíochta céanna acu agus atá ag an gconair breosla iontaise is lú fabhar le haghaidh an chineáil sin breoslaí. | (d) breoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch nach gcomhlíonann pointe (b) agus aon bhreosla eile nach gcomhlíonann na critéir inbhuanaitheachta agus na critéir maidir le laghdú ar ghás ceaptha teasa a leagtar amach i dTreoir (AE) 2018/2001, measfar go bhfuil na fachtóirí astaíochta céanna acu agus atá ag an gconair breosla iontaise is lú fabhar le haghaidh an chineáil sin breosla; |

**Leasú 133**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 9 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Soláthróidh cuideachtaí sonraí cruinne iontaofa maidir le déine astaíochtaí gás ceaptha teasa agus maidir le tréithe inbhuanaitheachta bithbhreoslaí, bithgháis, breoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch agus breosla carbóin in-athnuaite, sonraí a fhíorófar le scéim atá aitheanta ag an gCoimisiún i gcomhréir le hAirteagail 30(5) agus (6) de Threoir (AE) 2018/2001. | 2. Soláthróidh cuideachtaí sonraí cruinne, ***iomlána*** agus iontaofa maidir le déine astaíochtaí gás ceaptha teasa agus maidir le tréithe inbhuanaitheachta bithbhreoslaí, bithgháis, breoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch agus ***breoslaí eile***, sonraí a fhíorófar le scéim atá aitheanta ag an gCoimisiún i gcomhréir le hAirteagail 30(5) agus (6) de Threoir (AE) 2018/2001. |

**Leasú 134**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 9 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Beidh cuideachtaí i dteideal imeacht ó na luachanna bunaithe réamhshocraithe le haghaidh fachtóirí | 3. Beidh cuideachtaí i dteideal imeacht ó na luachanna bunaithe réamhshocraithe le haghaidh fachtóirí |

| | |
|---|---|
| astaíochta umar go marbhshruth ar an gcoinníoll go ndeimhnítear na luachanna iarbhír trí bhíthin tástáil saotharlainne nó tomhais dhíreacha astaíochtaí. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 26 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí na rialacha a leagan síos maidir le tástáil saotharlainne a dhéanamh agus tomhais dhíreacha astaíochtaí. | astaíochta umar go marbhshruth ar choinníoll go ndeimhnítear luachanna iarbhír trí bhíthin tomhais astaíochtaí díreacha ***i gcomhréir le hAirteagal 30(5) agus (6) de Threoir (AE) 2018/2001***. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 26 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí na rialacha a leagan síos maidir le hastaíochtaí díreacha a thomhas. ***I gcás luachanna iarbhír a bhaineann le RFNBOnna, ba cheart na luachanna a fhorbairt i gcomhréir le hIarscríbhinn V a ghabhann le Treoir (AE) 2018/2001 agus le gníomhartha tarmligthe atá le teacht maidir le breisíocht agus modheolaíocht GCT le haghaidh RFNBOnna.*** |

**Leasú 135**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 10 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Déanfaidh an fíoraitheoir measúnú ar chomhréireacht an phlean faireacháin leis na ceanglais a leagtar síos in Airteagail 6 go 9. I gcás ina sainaithnítear i measúnú an fhíoraitheora neamh-chomhréireachtaí leis na ceanglais sin, déanfaidh an chuideachta lena mbaineann athbhreithniú ar a plean faireacháin dá réir agus cuirfidh sí an plean athbhreithnithe faoi bhráid an fhíoraitheora le haghaidh measúnú deiridh sula dtosóidh an tréimhse tuairiscithe. Tiocfaidh an chuideachta lena mbaineann ar chomhaontú leis an bhfíoraitheoir maidir leis an tréimhse atá riachtanach chun na hathbhreithnithe sin a thabhairt isteach. Ní shínfear an tréimhse sin thar thús na tréimhse tuairiscithe i gcás ar bith. | 1. Déanfaidh an fíoraitheoir measúnú ar chomhréireacht an phlean faireacháin leis na ceanglais a leagtar síos in Airteagail 6 go 9. I gcás ina sainaithnítear i measúnú an fhíoraitheora neamh-chomhréireachtaí leis na ceanglais sin, déanfaidh an chuideachta lena mbaineann athbhreithniú ***gan moill mhíchuí*** ar a plean faireacháin dá réir agus cuirfidh sí an plean athbhreithnithe faoi bhráid an fhíoraitheora le haghaidh measúnú deiridh sula dtosóidh an tréimhse tuairiscithe. Tiocfaidh an chuideachta lena mbaineann ar chomhaontú leis an bhfíoraitheoir maidir leis an tréimhse atá riachtanach chun na hathbhreithnithe sin a thabhairt isteach. Ní shínfear an tréimhse sin thar ***aon mhí amháin roimh*** thús na tréimhse tuairiscithe i gcás ar bith. |

**Leasú 136**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 10 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. I gcás ina sainaithnítear leis an measúnú fíorúcháin ráitis mhíchearta nó neamh-chomhréireachtaí leis an Rialachán seo, cuirfidh an fíoraitheoir an chuideachta lena mbaineann ar an eolas faoi go tráthúil. Leasóidh an chuideachta sin na ráitis mhíchearta nó na neamh-chomhréireachtaí ansin chun gur féidir an próiseas fíorúcháin a chríochnú in am. | 3. I gcás ina sainaithnítear leis an measúnú fíorúcháin ráitis mhíchearta nó neamh-chomhréireachtaí leis an Rialachán seo, cuirfidh an fíoraitheoir an chuideachta lena mbaineann ar an eolas faoi go tráthúil. Leasóidh an chuideachta sin ***gan moill mhíchuí*** na ráitis mhíchearta nó neamh-chomhréireachtaí ansin chun gur féidir an próiseas fíorúcháin a chríochnú in am. |

**Leasú 137**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 11 – mír 2 – pointe d**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (d) soláthar cumhachta ar tír a úsáid nó eisceachtaí arna ndeimhniú i gcomhréir le hAirteagal 5(5) a bheith ann. | (d) soláthar cumhachta ar tír a úsáid nó eisceachtaí ***a liostaítear in Airteagal 5(3) arna*** ndeimhniú i gcomhréir le hAirteagal 5(5) a bheith ann. |

**Leasú 138**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 11 – mír 2 – pointe d a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(da) na foinsí tuairiscithe fuinnimh a úsáideadh chun an fhoráil a shainítear in Airteagal 5a a chomhlíonadh;*** |

**Leasú 139**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 11 – mír 2 – pointe d b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(db) go bhfuil taifid ábhartha na loinge iomlán, trédhearcach agus comhsheasmhach.*** |

**Leasú 140**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 12 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Sainaithneoidh an fíoraitheoir rioscaí ionchasacha i ndáil leis an bpróiseas faireacháin agus tuairiscithe trí chomparáid a dhéanamh idir an méid fuinnimh, an cineál fuinnimh agus fachtóir astaíochta an fhuinnimh a úsáidtear ar bord long agus sonraí measta bunaithe ar shonraí rianaithe long agus saintréithe long amhail cumhacht an innill shuiteáilte. I gcás ina n-aimsítear claontaí suntasacha, déanfaidh an fíoraitheoir tuilleadh anailísí. | 1. Sainaithneoidh an fíoraitheoir rioscaí ionchasacha i ndáil leis an bpróiseas faireacháin agus tuairiscithe trí chomparáid a dhéanamh idir an méid fuinnimh, an cineál fuinnimh agus fachtóir astaíochta an fhuinnimh a úsáidtear ar bord long agus sonraí measta bunaithe ar shonraí rianaithe long agus saintréithe long amhail cumhacht an innill shuiteáilte. I gcás ina n-aimsítear claontaí, déanfaidh an fíoraitheoir tuilleadh anailísí. |

**Leasú 141**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 12 – mír 4 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***4a. Soláthróidh an fíoraitheoir, i gcás gach ceann de na longa atá faoina fhaireachas, clár bainistithe cáilíochta aonair de bhearta a bheidh le glacadh chun bearnaí agus earráidí sonraí a chosc.*** |

**Leasú 142**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 13 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|

| | |
|---|---|
| 1. Creidiúnóidh comhlacht náisiúnta creidiúnaithe fíoraitheoirí le haghaidh gníomhaíochtaí faoi raon feidhme an Rialacháin seo de bhun Rialachán (CE) Uimh. 765/2008. | 1. Creidiúnóidh comhlacht náisiúnta creidiúnaithe fíoraitheoirí le haghaidh gníomhaíochtaí faoi raon feidhme an Rialacháin seo de bhun Rialachán (CE) Uimh. 765/2008. ***Tabharfaidh an comhlacht creidiúnaithe náisiúnta fógra don Choimisiún gan moill mhíchuí maidir le liosta na bhfíoraitheoirí creidiúnaithe mar aon leis an bhfaisnéis lenar féidir iad a shainaithint agus déanfaidh sé iad a thaifeadadh sa bhunachar sonraí.*** |

**Leasú 143**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 13 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 26 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí mhodhanna agus critéir bhreise a leagan síos le haghaidh creidiúnú fíoraitheoirí. Beidh na modhanna a shonraítear sna gníomhartha tarmligthe sin bunaithe ar na prionsabail maidir le fíorúchán dá bhforáiltear in Airteagail 10 agus 11 agus ar chaighdeáin ábhartha a bhfuil glacadh leo go hidirnáisiúnta. | 3. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 26 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí mhodhanna agus critéir bhreise a leagan síos le haghaidh creidiúnú fíoraitheoirí agus chun neamhspleáchas agus neamhchlaontacht na bhfíoraitheoirí a áirithiú. Beidh na modhanna a shonraítear sna gníomhartha tarmligthe sin bunaithe ar na prionsabail maidir le fíorúchán dá bhforáiltear in Airteagail 10 agus 11 agus ar chaighdeáin ábhartha a bhfuil glacadh leo go hidirnáisiúnta. |

**Leasú 144**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 14 – mír 1 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) i gcás gach loinge a bhfuil feidhm ag ceanglas Airteagal 5(1) lena haghaidh, an nascadh leis an gcumhacht ar tír agus úsáid na cumhachta sin nó aon cheann de na heisceachtaí a liostaítear in | (b) i gcás gach loinge a bhfuil feidhm ag ceanglas Airteagal 5(1) lena haghaidh, an nascadh leis an gcumhacht ar tír agus úsáid na cumhachta sin nó aon cheann de na heisceachtaí a liostaítear in Airteagal 5(3) ***arna ndeimhniú i*** |

| | |
|---|---|
| Airteagal 5(3) a bheith ann; | ***gcomhréir le hAirteagal 5(5) a bheith ann;*** |

**Leasú 145**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 14 – mír 1 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) méid gach cineáil breosla a ídítear i mbeart agus ar muir; | (c) méid gach cineáil breosla a ídítear i mbeart***, i gcalafort*** agus ar muir; |

**Leasú 146**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 14 – mír 1 – pointe e**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (e) méid gach cineáil foinse ionadaí fuinnimh a ídítear i mbeart agus ar muir. | (e) méid gach cineáil foinse ionadaí fuinnimh a ídítear i mbeart agus ar muir***, lena n-áirítear méid gach foinse fuinnimh a chumhachtaíonn teicneolaíochtaí astaíochtaí nialasacha, amhail an ghaoth, fuinneamh gréine, foinse leictreachais atá stóráilte ar cheallraí, cineál breoslaí a chumhachtaíonn na breosla-chealla agus ceallraí***. |

**Leasú 147**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 14 – mír 1 – pointe e a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ea) i gcás inarb infheidhme, an dáta, an t-am agus an suíomh geografach ina dtéitear isteach san Artach nó ina bhfágtar é agus méid gach cineáil breosla a ídítear i mbeart agus ar muir;*** |

**Leasú 148**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 14 – mír 1 – pointe e b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(eb) aicme oighir na loinge, má tá an fuinneamh breise de bharr aicme oighir na loinge le fágáil amach ó raon feidhme an fhuinnimh a úsáidtear ar bord;*** |

**Leasú 149**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 14 – mír 1 – pointe e c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ec) an dáta agus an t-am a sheoltar faoi dhálaí oighir, méid gach cineáil breosla a ídítear nuair a sheoltar faoi dhálaí oighir, méid gach cineáil foinse ionadaigh fuinnimh a ídítear nuair a sheoltar faoi dhálaí oighir, an fad a thaistealaítear nuair a sheoltar faoi dhálaí oighir, an t-achar a thaistealaítear le linn an mhuiraistir, méid gach cineáil breosla a ídítear ar muir, méid gach foinse ionadaigh fuinnimh a ídítear ar muir, más rud é go bhfuil an fuinneamh breise de bharr seoladh faoi dhálaí oighir le fágáil amach ó raon feidhme an fhuinnimh arna úsáid ar bord;*** |

**Leasú 150**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 14 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Déanfaidh cuideachtaí an fhaisnéis agus na sonraí a liostaítear i mír 1 a thaifeadadh ar bhonn bliantúil ar bhealach trédhearcach lena gcuirtear ar a chumas don fhíoraitheoir comhlíontacht leis an Rialachán seo a fhíorú. | 2. Déanfaidh cuideachtaí an fhaisnéis agus na sonraí a liostaítear i mír 1 a thaifeadadh ***sa bhunachar sonraí in Airteagal 16*** ar bhealach ***tráthúil agus*** trédhearcach ***agus iad a thiomsú ar bhonn bliantúil lena gcuirtear ar chumas*** an fhíoraitheora comhlíontacht leis an |

Rialachán seo a fhíorú.

**Leasú 151**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 15 – mír 2 – pointe a a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(aa) céatadán RFNBOnna thar mheánfhuinneamh bliantúil arna úsáid ar bord na loinge lena mbaineann a ríomh, nuair is infheidhme;*** |

**Leasú 152**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 15 – mír 2 – pointe c a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ca) measúnú, i gcás inarb ábhartha, ar chomhlíonadh na gceanglas a leagtar amach in Airteagal 5a nua;*** |

**Leasú 153**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 15 – mír 2 – pointe d**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(d) méid na bpionós dá dtagraítear in Airteagal 20(1) agus (2) a ríomh.*** | ***scriosta*** |

*Réasúnú*

*Aistríodh é chun bheith ina chúram d'Údaráis Inniúla.*

**Leasú 154**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 15 – mír 2 – pointe d a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(da) an fhaisnéis ar a ndearnadh faireachán agus taifeadadh i gcomhréir le hAirteagal 14(1), pointe (c), (d), (e) agus (ea) a chomhiomlánú ar leithligh ar bhonn bliantúil le haghaidh gach loinge agus í a sholáthar do chuideachtaí lena gcur isteach sa bhunachar sonraí i gcomhréir le hAirteagal 16(3);*** |

**Leasú 155**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 15 – mír 2 – pointe d b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(db) an fhaisnéis thuasluaite a thiomsú agus í a chur faoi bhráid údarás inniúil an Bhallstáit.*** |

**Leasú 156**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 15 – mír 2 – pointe d c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(dc) cáilíocht agus comhleanúnachas an phlean faireacháin, ionchur sonraí agus comhlíonadh an chórais bainistithe cáilíochta a mheasúnú.*** |

**Leasú 157**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 15 – mír 3 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3a. Ar bhonn na faisnéise arna soláthar ag an bhfíoraitheoir, ríomhfaidh údarás inniúil an Bhallstáit méid na bpionós dá dtagraítear in Airteagal 20(1) agus (2).*** |

**Leasú 158**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 16 – teideal**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Bunachar sonraí comhlíontachta agus tuairisciú | Bunachar sonraí comhlíontachta**,** tuairisciú ***agus foilsiú faisnéise*** |

**Leasú 159**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 16 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Forbróidh an Coimisiún bunachar sonraí comhlíontachta leictreonach chun faireachán a dhéanamh ar chomhlíontacht le hAirteagail 4 agus 5, áiritheoidh an Coimisiún feidhmiú an bhunachair sonraí sin agus nuashonróidh sé é. Úsáidfear an bunachar sonraí comhlíontachta chun taifead a choimeád ar iarmhéid comhlíontachta na long agus ar úsáid na sásraí solúbthachta a leagtar amach in Airteagail 17 agus 18. Beidh rochtain ag na cuideachtaí, na fíoraitheoirí, na húdaráis inniúla agus an Coimisiún air. | 1. Déanfaidh an Coimisiún bunachar sonraí comhlíontachta leictreonach arna bhainistiú go lárnach a fhorbairt, a áirithiú agus a thabhairt cothrom le dáta, a bheidh le comhtháthú leis an gcóras THETIS-MRV arna bhunú faoi Rialachán (AE) 2015/757, chun faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh Airteagail 4, 4a, 4c, 5, 5a agus chun faisnéis arna cur isteach ag cuideachtaí faoi mhír 3 den Airteagal seo a stóráil agus a fhoilsiú. Úsáidfear an bunachar sonraí comhlíontachta chun taifead a choimeád ar iarmhéid comhlíontachta na long, ar úsáid na ndíolúintí a leagtar amach in Airteagal 5(3), ar úsáid na sásraí solúbthachta a leagtar amach in Airteagail 17 agus 18, ar na pionóis arna dtabhú faoi Airteagal 20, ar na smachtbhannaí arna dtabhairt fógra ina leith faoi Airteagal 23, ar liosta na n-údarás inniúil dá dtagraítear in Airteagal 25 agus ar an bhfaisnéis arna tíolacadh faoi mhír 3 den Airteagal seo. Beidh rochtain ag na cuideachtaí, na fíoraitheoirí, na húdaráis inniúla, an Coimisiún agus an pobal i gcoitinne ar an mbunachar sonraí ar bhealach trédhearcach agus soláimhsithe don úsáideoir. ***Cuirfear an fhaisnéis atá sa*** |

***bhunachar sonraí ar fáil i bhformáid sonraí oscailte gan anaithnidiú ná comhiomlánú.***

**Leasú 160**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 16 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, leagfaidh an Coimisiún síos na rialacha maidir le cearta rochtana agus sonraíochtaí feidhmiúla agus teicniúla an bhunachair sonraí comhlíontachta. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 27(3). | 2. Trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, leagfaidh an Coimisiún síos na rialacha maidir le ***rochtain*** agus sonraíochtaí feidhmiúla agus teicniúla an bhunachair sonraí comhlíontachta. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 27(3). |

**Leasú 161**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 16 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Faoin 30 Aibreán gach bliain, déanfaidh an chuideachta taifead sa bhunachar sonraí comhlíontachta maidir le gach long dá cuid, taifead ina mbeidh an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 15(2), arna fionnadh ag an bhfíoraitheoir, mar aon leis an bhfaisnéis lenar féidir an long agus an chuideachta a shainaithint, chomh maith le céannacht an fhíoraitheora a rinne an measúnú. | 3. Faoin 30 Aibreán gach bliain, déanfaidh an chuideachta taifead sa bhunachar sonraí comhlíontachta maidir le gach long dá cuid, taifead ina mbeidh an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 15(2), arna fhionnadh ***agus arna ríomh*** ag an bhfíoraitheoir***, úsáid na sásraí solúbthachta a leagtar amach in Airteagal 17 agus 18, na heisceachtaí bliantúla arna gcur i bhfeidhm faoi Airteagal 5(3), más ann dóibh,*** mar aon leis an bhfaisnéis lenar féidir an long agus an chuideachta a shainaithint, chomh maith le céannacht an fhíoraitheora a rinne an measúnú. |

**Leasú 162**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 17 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. I gcás ina bhfuil barrachas comhlíontachta ag long le haghaidh na tréimhse tuairiscithe, féadfaidh an chuideachta é a bhancáil in iarmhéid comhlíontachta na loinge céanna le haghaidh na chéad tréimhse tuairiscithe eile. Déanfaidh an chuideachta taifead de bhancáil an bharrachais comhlíontachta le haghaidh na chéad tréimhse tuairiscithe eile sa bhunachar sonraí comhlíontachta, faoi réir a formheasta ag a fíoraitheoir. Ní fhéadfaidh an chuideachta an barrachas comhlíontachta a bhancáil a thuilleadh ón uair a eisítear an deimhniú comhlíontachta FuelEU. | 1. I gcás ina bhfuil barrachas comhlíontachta ag long le haghaidh na tréimhse tuairiscithe, féadfaidh an chuideachta é a bhancáil in iarmhéid comhlíontachta na loinge céanna le haghaidh na chéad tréimhse tuairiscithe eile. Déanfaidh an chuideachta taifead de bhancáil an bharrachais comhlíontachta le haghaidh na chéad tréimhse tuairiscithe eile sa bhunachar sonraí comhlíontachta, faoi réir a formheasta ag a fíoraitheoir. Ní fhéadfaidh an chuideachta an barrachas comhlíontachta a bhancáil a thuilleadh ón uair a eisítear an deimhniú comhlíontachta FuelEU. ***Beidh bailíocht trí bliana ag an mbarrachas comhlíonta nár úsáideadh don chéad tréimhse tuairiscithe eile.*** |

**Leasú 163**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 17 – mír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1a. Ceadófar do chuideachtaí barrachas comhlíontachta ó longa atá go hiomlán faoi thiomáint fuinnimh in-athnuaite, amhail fuinneamh gaoithe nó gréine, a bhancáil, fad nach n-úsáidtear na longa sin chun críoch fóillíochta amháin.*** |

**Leasú 164**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 17 – mír 2 – pointe b a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ba) ag long atá sa bhliain deiridh oibríochta;*** |

**Leasú 165**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 18 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Maidir le hiarmhéideanna comhlíontachta dhá long nó níos mó arna bhfíorú ag an bhfíoraitheoir céanna, féadfar iad a chomhthiomsú chun críocha cheanglais Airteagal 4 a chomhlíonadh. Ní fhéadfar iarmhéid comhlíontachta loinge a chur ar áireamh i níos mó ná aon chomhthiomsú amháin sa tréimhse tuairiscithe chéanna. | 1. Maidir le hiarmhéideanna comhlíontachta dhá long nó níos mó arna bhfíorú ag an bhfíoraitheoir céanna, féadfar iad a chomhthiomsú chun críocha cheanglais Airteagal 4 a chomhlíonadh ***go dtí an 31 Nollaig 2039***. Ní fhéadfar iarmhéid comhlíontachta loinge a chur ar áireamh i níos mó ná aon chomhthiomsú amháin sa tréimhse tuairiscithe chéanna. |

**Leasú 166**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 20 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. I gcás ina bhfuil easnamh comhlíontachta ar long ar 1 Bealtaine na bliana tar éis na tréimhse tuairiscithe, íocfaidh an chuideachta pionós. Ríomhfaidh an fíoraitheoir méid an phionóis ar bhonn na foirmle a shonraítear in Iarscríbhinn V. | 1. I gcás ina bhfuil easnamh comhlíontachta ag an long an 1 Bealtaine na bliana tar éis na tréimhse tuairiscithe, cuirfear an t-easnamh sin le hiarmhéid comhlíontachta na loinge don tréimhse tuairiscithe ina dhiaidh sin agus íocfaidh an chuideachta pionós. Déanfaidh údarás riaracháin na cuideachta loingseoireachta méid an phionóis a ríomh ar bhonn na foirmle a shonraítear in Iarscríbhinn V. |

**Leasú 167**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 20 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Íocfaidh an chuideachta pionós as gach cuairt neamhchomhlíontach ar chalafort. Ríomhfaidh an fíoraitheoir méid an phionóis tríd an tsuim EUR 250 a iolrú faoi na meigeavatanna cumhachta a suiteáladh ar bord agus faoi líon na n-uaireanta a caitheadh i mbeart. | 2. Íocfaidh an chuideachta pionós as gach cuairt neamhchomhlíontach ar chalafort. Déanfaidh údarás riaracháin na cuideachta loingseoireachta méid an phionóis a ríomh tríd an méid EUR 250 a iolrú faoi mheigeavata cumhachta suiteáilte ar bord agus faoi líon na n-uaireanta slánaithe suas a chaitear i mbeart.<br>***I gcás nach gcomhlíonann long sainordú RFNBO a leagtar amach in Airteagal 4a, iolrófar an difríocht faoi seach leis an gcuóta i bpointí céatadáin faoi 2 agus cuirfear leis an teorainn in Airteagal 4(2) é mar malus, ach amháin más é easpa an tsoláthair breosla is cúis le neamhchomhlíonadh an chuóta.*** |

**Leasú 168**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 20 – mír 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2a. Faoin 1 Eanáir 2025, glacfaidh an Coimisiún gníomh tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 26 chun na módúlachtaí le haghaidh an phionóis i bhfomhír 2, na critéir maidir le cur i bhfeidhm agus na rialacha maidir le forfheidhmiú a shonrú.*** |

**Leasú 169**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 20 – mír 2 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2b. Íocfaidh an chuideachta pionós athchomhairleach as gach muiraistear neamhchomhlíontach Artach. Faoin 1 Eanáir 2025, glacfaidh an Coimisiún gníomh tarmligthe i gcomhréir le*** |

| | |
|---|---|
| | ***hAirteagal 26 chun an fhoirmle a leagan síos chun méid an phionóis le haghaidh muiraistir neamhchomhlíontacha Artacha a ríomh.*** |

**Leasú 170**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 20 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. D'ainneoin Airteagal 19(1), eiseoidh an fíoraitheoir deimhniú comhlíontachta FuelEU a luaithe a íocfar na pionóis dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 den Airteagal seo. Na gníomhaíochtaí dá dtagraítear san Airteagal seo mar aon leis an gcruthúnas ar íocaíochtaí airgeadais i gcomhréir le hAirteagal 21, déanfar iad a thaifeadadh sa deimhniú comhlíontachta FuelEU. | 3. D'ainneoin Airteagal 19(1), eiseoidh an fíoraitheoir deimhniú comhlíontachta FuelEU a luaithe a íocfar na pionóis dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 den Airteagal seo. Eiseoidh ***an fíoraitheoir deimhniú comhlíontachta FuelEU trí phionóis a íoc le cuideachta ar feadh dhá bhliain as a chéile ar a mhéad. Don dara bliain as a chéile ina dtarlaíonn neamhchomhlíonadh, déanfar an pionós a ríomhtar ar bhonn na foirmle a shonraítear in Iarscríbhinn V agus easnamh comhlíontachta na loinge sa tréimhse ina dhiaidh sin a dhúbailt. Sna tréimhsí tuairiscithe ina dhiaidh sin, ní eiseoidh an fíoraitheoir deimhniú comhlíontachta FuelEU.*** Na gníomhaíochtaí dá dtagraítear san Airteagal seo mar aon leis an gcruthúnas ar íocaíochtaí airgeadais i gcomhréir le hAirteagal 21, déanfar iad a thaifeadadh sa deimhniú comhlíontachta FuelEU. |

**Leasú 171**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 20 – mír 3 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3a. Beidh teidlíocht ag an gcuideachta i gcoinne oibreoir tráchtála na loinge i dtaca le haisíocaíocht na gcostas agus na bhfreagrachtaí arna dtabhú ag an*** |

***gcuideachta mar eintiteas rialáilte faoin Rialachán seo.***

**Leasú 172**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 20 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 26 chun Iarscríbhinn V a leasú chun an fhoirmle dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo a oiriúnú agus chun méid an phionóis sheasta a leagtar síos i mír 2 den Airteagal seo a leasú, agus forbairtí ar an gcostas fuinnimh á gcur san áireamh. | 4. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 26 chun Iarscríbhinn V a leasú chun an fhoirmle dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo a oiriúnú agus chun méid an phionóis sheasta a leagtar síos i mír 2 den Airteagal seo a leasú, agus forbairtí ar an gcostas fuinnimh á gcur san áireamh agus éifeacht athchomhairleach na bpionós a áirithiú. ***Go háirithe, áiritheoidh an Coimisiún go bhfanfaidh na pionóis dhá oiread níos mó ar a laghad ná an difríocht idir praghas an bhreosla a úsáideann an long agus méid agus praghas an bhreosla in-athnuaite is éifeachtúla ó thaobh costais de.*** |

**Leasú 173**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 20 – mír 4 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***4a. Íocfaidh an soláthróir breosla mhuirí pionós as gan na breoslaí riachtanacha a chur ar fáil ag calafoirt an Aontais mar a leagtar amach Airteagal 4b.*** <br> ***Faoin 1 Eanáir 2025, glacfaidh an Coimisiún gníomh tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 26 chun an fhoirmle a leagan síos chun méid an phionóis a ríomh agus le haghaidh na gcritéar maidir le cur i bhfeidhm agus na rialacha*** |

***maidir le forfheidhmiú.***

**Leasú 174**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 20 – mír 4 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***4b. Íocfaidh an calafort cuarda pionós as mainneachtain soláthar leordhóthanach leictreachais cois cladaigh a sholáthar trí shuiteáil cladaigh, rud a fhágfaidh go mbeifear in ann trealamh cumhachta ar tír mór a úsáid is coitianta a úsáidtear ar bord.*** |
| | ***Faoin 1 Eanáir 2025, glacfaidh an Coimisiún gníomh tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 26 chun an fhoirmle a leagan síos chun méid an phionóis a ríomh agus le haghaidh na gcritéar maidir le cur i bhfeidhm agus na rialacha maidir le forfheidhmiú.*** |

**Leasú 175**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 21 – teideal**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Pionóis a leithdháileadh chun tacú le breoslaí in-athnuaite agus ísealcharbóin san earnáil mhuirí | Pionóis a leithdháileadh chun tacú le breoslaí in-athnuaite san earnáil mhuirí |

**Leasú 176**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 21 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Leithdháilfear na pionóis dá dtagraítear in Airteagal 20(1) agus 20(2) chun tacú le tionscadail choiteanna lena | 1. Leithdháilfear na pionóis dá dtagraítear in Airteagal 20(1) agus 20(2) chun éifeachtúlacht fuinnimh long a |

ndírítear ar bhreoslaí in-athnuaite agus breoslaí ísealcharbóin a imscaradh go tapa san earnáil mhuirí. Le tionscadail a mhaoineofar leis na cistí a bhaileofar ó na pionóis, spreagfar líon níos mó breoslaí in-athnuaite agus ísealcharbóin a tháirgeadh le haghaidh na hearnála muirí, éascófar tógáil áiseanna iomchuí buncaeireachta nó port nasctha leictreach i gcalafoirt agus tacófar leis na teicneolaíochtaí Eorpacha is nuálaí a fhorbairt, a thástáil agus a imscaradh sa chabhlach chun laghduithe móra astaíochtaí a bhaint amach.

fheabhsú agus chun tacú le hinfheistíocht i dteicneolaíochtaí nuálacha agus i mbonneagar chun dícharbónú a dhéanamh ar earnáil an mhuiriompair, lena n-áirítear i loingseoireacht ghearrthurais agus i gcalafoirt, agus chun breoslaí malartacha inbhuanaithe, amhail hidrigin agus amóinia, a tháirgtear ó fhoinsí in-athnuaite fuinnimh, agus teicneolaíochtaí tiomána astaíochtaí nialasacha, lena n-áirítear teicneolaíochtaí gaoithe, a imscaradh. Úsáidfear 20 % de na pionóis a bhaileofar gach bliain chun rannchuidiú le héiceachórais mhuirí a bhfuil tionchar ag téamh domhanda orthu a chosaint, a athbhunú agus a bhainistiú níos fearr, amhail limistéir mhuirí faoi chosaint, agus chun geilleagar gorm trasearnálach inbhuanaithe a chur chun cinn, amhail fuinneamh muirí in-athnuaite. ***Déanfar gach tionscadal a dtacaíonn an Ciste léi a phoibliú agus beidh sé comhsheasmhach le haidhmeanna an Rialacháin seo.***

**Leasú 177**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 21 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Leithdháilfear an t-ioncam a ghintear ó na pionóis dá dtagraítear i mír 1 ar an gCiste don Nuálaíocht dá dtagraítear in Airteagal 10a(8) de Treoir 2003/87/CE. Is éard a bheidh san ioncam sin ioncam sannta seachtrach i gcomhréir le hAirteagal 21(5) den Rialachán Airgeadais agus cuirfear chun feidhme é i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme maidir leis an gCiste don Nuálaíocht. | 2. Leithdháilfear an t-ioncam a ghintear ó na pionóis dá dtagraítear i mír 1 ar an gCiste Aigéin dá dtagraítear in [Airteagal X] de Threoir 2003/87/CE agus úsáidfear é i gcomhréir le mír 1. Is éard a bheidh san ioncam sin ioncam sannta seachtrach i gcomhréir le hAirteagal 21(5) den Rialachán Airgeadais agus cuirfear chun feidhme é i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme maidir leis an gCiste don Nuálaíocht. |

**Leasú 178**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 21 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 26 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh maidir leis na módúlachtaí chun na pionóis dá dtagraítear in Airteagal 20(1) agus 20(2) a íoc. | 3. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 26 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh maidir leis na módúlachtaí chun na pionóis dá dtagraítear in Airteagal 20(1) agus 20(2) a íoc ***agus na módúlachtaí chun an fhaisnéis ar na tionscadail a fhaigheann tacaíocht a chur ar fáil don phobal.*** |

**Leasú 179**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 22 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 22a*** |
| | ***Lipéadú feidhmíochta comhshaoil ar longa*** |
| | ***1. Chun laghduithe ar astaíochtaí a spreagadh agus trédhearcacht faisnéise a mhéadú, bunóidh an Coimisiún córas lipéadaithe iomlánaíoch Aontais maidir le feidhmíocht chomhshaoil long a mbeidh feidhm aige maidir leis na longa a chumhdaítear leis an Rialachán seo.*** |
| | ***2. Faoin 1 Iúil 2023, glacfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 26 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí fhorálacha mionsonraithe a leagan amach maidir le feidhmiú chóras lipéadaithe an Aontais i leith feidhmíocht chomhshaoil long chomh maith leis na caighdeáin theicniúla atá mar bhunús leis.*** |

**Leasú 180**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 23 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Déanfaidh na Ballstáit na rialacha a bhaineann leis na smachtbhannaí is infheidhme maidir le sáruithe ar an Rialachán seo a leagan síos agus glacfaidh siad gach beart is gá lena áirithiú go gcuirfear chun feidhme iad. Ní mór do na smachtbhannaí dá bhforáiltear a bheith éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach. Tabharfaidh na Ballstáit fógra faoi na forálacha sin don Choimisiún faoin [ll/mm/20xx], agus tabharfaidh siad fógra faoi aon leasuithe ina dhiaidh sin don Choimisiún gan mhoill. | 1. Déanfaidh na Ballstáit na rialacha a bhaineann leis na smachtbhannaí is infheidhme maidir le sáruithe ar an Rialachán seo a leagan síos agus glacfaidh siad gach beart is gá lena áirithiú go gcuirfear chun feidhme iad. Ní mór do na smachtbhannaí dá bhforáiltear a bheith éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach. Tabharfaidh na Ballstáit fógra faoi na forálacha sin don Choimisiún faoin [6 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo] agus tabharfaidh siad fógra gan mhoill don Choimisiún freisin faoi aon leasú ina dhiaidh sin. ***Faoin [teacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], déanfaidh an Coimisiún tuairisciú do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle ar an bhforléargas ar na bearta náisiúnta arna leagan síos ag na Ballstáit agus déanfaidh sé aon leasuithe ina dhiaidh sin a thuairisciú go rialta.*** |

**Leasú 181**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 23 – mír 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2a. Soláthróidh an Coimisiún tacaíocht theicniúil do na Ballstáit, i gcás inarb iomchuí, agus na hoibleagáidí a eascraíonn as an Rialachán seo á gcomhlíonadh acu.*** |

**Leasú 182**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 23 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. I gcás ina dteipeann ar long deimhniú comhlíontachta FuelEU bailí a chur i láthair le haghaidh dhá thréimhse thuairiscithe nó níos mó agus i gcás inar theip ar bhearta eile forfheidhmiúcháin comhlíontacht a áirithiú, d’fhéadfadh údarás inniúil Bhallstát an chalafoirt cuarda, tar éis deis a thabhairt don chuideachta lena mbaineann a barúlacha a chur faoina bhráid, ordú díbeartha a eisiúint. Tabharfaidh údarás inniúil an Bhallstáit fógra faoin ordú díbeartha don Choimisiún, do na Ballstáit eile agus don Stát brataí lena mbaineann. Cé is moite d’aon Bhallstát a bhfuil a bhratach ar foluain ar an long, diúltóidh gach Ballstát cead iontrála chuig aon chalafort dá chuid don long atá faoi réir ordú díbeartha go dtí go gcomhlíonfaidh an chuideachta a hoibleagáidí. I gcás ina bhfuil bratach Ballstáit ar foluain ar an long, agus tar éis deis a thabhairt don chuideachta lena mbaineann a barúlacha a chur faoina bhráid, ordóidh an Ballstát lena mbaineann an bhratach a choinneáil go dtí go gcomhlíonfaidh an chuideachta a hoibleagáidí. | 3. I gcás ina dteipeann ar long deimhniú comhlíontachta FuelEU bailí a chur i láthair le haghaidh dhá thréimhse thuairiscithe nó níos mó agus i gcás inar theip ar bhearta eile forfheidhmiúcháin comhlíontacht a áirithiú, ***déanfaidh*** údarás inniúil Bhallstát an chalafoirt cuarda, tar éis deis a thabhairt don chuideachta lena mbaineann a barúlacha a chur faoina bhráid, ordú díbeartha a eisiúint. Tabharfaidh údarás inniúil an Bhallstáit fógra faoin ordú díbeartha don Choimisiún, do na Ballstáit eile agus don Stát brataí lena mbaineann. Cé is moite d’aon Bhallstát a bhfuil a bhratach ar foluain ar an long, diúltóidh gach Ballstát cead iontrála chuig aon chalafort dá chuid don long atá faoi réir ordú díbeartha go dtí go gcomhlíonfaidh an chuideachta a hoibleagáidí. I gcás ina bhfuil bratach Ballstáit ar foluain ar an long, agus tar éis deis a thabhairt don chuideachta lena mbaineann a barúlacha a chur faoina bhráid, ordóidh an Ballstát lena mbaineann an bhratach a choinneáil go dtí go gcomhlíonfaidh an chuideachta a hoibleagáidí. |

**Leasú 183**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 25 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Ainmneoidh na Ballstáit údarás inniúil amháin nó níos mó a bheidh freagrach as cur i bhfeidhm agus forfheidhmiú an Rialacháin seo (‘údaráis inniúla’). Cuirfidh siad a n-ainm agus a sonraí teagmhála in iúl don Choimisiún. Foilseoidh an Coimisiún liosta na n-údarás inniúil ar a shuíomh gréasáin. | Ainmneoidh na Ballstáit údarás inniúil ***neamhspleách*** amháin nó níos mó a bheidh freagrach as cur i bhfeidhm agus forfheidhmiú an Rialacháin seo (‘údaráis inniúla’). Cuirfidh siad a n-ainm agus a sonraí teagmhála in iúl don Choimisiún. Foilseoidh an Coimisiún liosta na n-údarás inniúil ar a shuíomh gréasáin ***agus ar an mbunachar sonraí***. |

**Leasú 184**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 26 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 4(6), Airteagal 5(4), Airteagal 9(3), Airteagal 13(3), Airteagal 20(4), agus Airteagal 21(3) a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama amhail ó[dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo]. | 2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagail 4(3), 4(4), 5(4), 8(b) nua, 9(3), 13(3), 20(4), 21(3) a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama amhail ó [dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo]. |

**Leasú 185**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 26 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 4(7), Airteagal 5(4), Airteagal 9(3), Airteagal 13(3), Airteagal 20(4), agus Airteagal 21(3) a chúlghairm aon tráth. Le cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh, cuirfear deireadh le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghnímh tharmligthe atá i bhfeidhm cheana. | 3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagail 4(3), 4(4), 5(4), 8(b) nua, 9(3), 13(3), 20(4), 21(3) a chúlghairm aon tráth. Le cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh, cuirfear deireadh le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghnímh tharmligthe atá i bhfeidhm cheana. |

**Leasú 186**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 26 – mír 6**

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| 6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 4(7), Airteagal 5(4), Airteagal 9(3), Airteagal 13(3), Airteagal 20(4), agus Airteagal 21(3) i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa nó ag an gComhairle laistigh de thréimhse 2 mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú 2 mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle. | 6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagail ***4(4), 4(5)***, 5(4), ***5.a(2)***, 13(3), ***20(2b),*** 20(4), 21(3)***, 21.b(2)*** i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa nó ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a bheith tugtha do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú 2 mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle. |

**Leasú 187**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 28 – mír 1 – an chuid réamhráiteach**

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| 1. Tuairisceoidh an Coimisiún do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle, faoin 1 Eanáir ***2030***, maidir le torthaí meastóireachta ar fheidhmiú an Rialacháin seo agus ar an bhforbairt ar na teicneolaíochtaí agus ar an margadh le haghaidh breoslaí in-athnuaite ***agus íseal-charbóin*** sa mhuiriompar agus a thionchar ar an earnáil mhuirí san Aontais. Déanfaidh an Coimisiún machnamh ar leasuithe a d’fhéadfaí a dhéanamh ar na nithe seo a leanas: | 1. Tuairisceoidh an Coimisiún do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle, faoin 1 Eanáir ***2027 agus gach trí bliana ina dhiaidh sin***, maidir le torthaí meastóireachta ar fheidhmiú an Rialacháin seo agus ar an bhforbairt ar na teicneolaíochtaí agus ar an margadh le haghaidh breoslaí in-athnuaite ***agus teicneolaíochtaí astaíochtaí nialasacha*** sa mhuiriompar agus a thionchar ar an earnáil mhuirí san Aontais***, lena n-áirítear a iomaíochas agus sceitheadh carbóin ionchasach.*** Sa mheastóireacht déanfar measúnú freisin ar shláine comhshaoil an Rialacháin seo i ndáil leis na gealltanais a leagtar síos i gComhaontú Pháras agus i Rialachán (AE) 2021/1119. Breithneoidh an Coimisiún ***go háirithe*** leasuithe a d’fhéadfaí a dhéanamh ar na nithe seo a |

leanas:

**Leasú 188**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 28 – mír 1 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) an teorainn dá dtagraítear in Airteagal 4(2); | (a) na teorainneacha agus spriocanna dá dtagraítear in Airteagal 4 agus 4a; |

**Leasú 189**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 28 – mír 1 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) na cineálacha long a bhfuil feidhm ag Airteagal 5(1) maidir leo; | (b) ***leathnú na gcineálacha*** long a bhfuil feidhm ag Airteagal 5(1) maidir leo; |

**Leasú 190**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 28 – mír 1 – pointe b a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ba) an tairseach olltonnáiste dá dtagraítear in Airteagal 2(1);*** |

**Leasú 191**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 28 – mír 1 – pointe c a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ca) comhthiomsú na comhlíontachta dá dtagraítear in Airteagal 18(1);*** |

**Leasú 192**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 28 – mír 1 – pointe c b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(cb) Ola Chócaireachta Úsáidte agus saillte ainmhíocha de chatagóir III mar chonair is lú fabhar a áireamh in Airteagal 9(1) pointe c).*** |

**Leasú 193**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 28 – mír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1a. I gcás ina nglacfaidh an Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta caighdeán breosla domhanda agus sula mbeidh éifeacht aige ná ag bearta comhfhreagracha, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle ina scrúdóidh sé uaillmhian agus sláine fhoriomlán chomhshaoil na mbeart arna gcinneadh ag IMO, lena n-áirítear a n-uaillmhian ghinearálta i ndáil leis na spriocanna faoi Chomhaontú Pháras, le sprioc laghdaithe astaíochtaí GCT ar fud gheilleagar an Aontais do 2030 agus leis an gcuspóir aeráidneodrachta mar a shainmhínítear i Rialachán (AE).../... [An Dlí Aeráide Eorpach].*** |
| | ***I gcás inarb iomchuí, féadfaidh an Coimisiún togra reachtach chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle a chur i dteannta na tuarascála dá dtagraítear i mír 1a chun an Rialachán seo a leasú ar bhealach atá comhsheasmhach leis an aidhm sláine chomhshaoil agus éifeachtacht ghníomhaíocht aeráide an Aontais a chaomhnú, go háirithe sprioc laghdaithe astaíochtaí GCT ar fud gheilleagar an Aontais do 2030 agus an cuspóir*** |

***aeráidneodrachta mar a shainmhínítear i Rialachán (AE) ... / ... [An Dlí Aeráide Eorpach].***

**Leasú 194**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 28 – mír 1 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1b. Faoin 1 Eanáir 2024, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil ar fáil maidir leis na tionchair shóisialta agus maidir leis na riachtanais fostaíochta agus oiliúna suas go dtí 2030 agus 2050 i ndáil leis an Rialachán seo.*** |

**Leasú 195**
Togra le haghaidh rialacháinIARSCRÍBHINN I – AN MHODHEOLAÍOCHT CHUN AN TEORAINN LE DÉINE GÁS CEAPTHA TEASA A BHUNÚ MAIDIR LEIS AN bhFUINNEAMH A ÚSÁIDTEAR AR BORD LOINGE – Cothromóid (2)

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

| **Téarma** | **Sainmhíniú** |
|---|---|
| *i* | Innéacs a chomhfhreagraíonn do na breoslaí arna seachadadh go dtí an long le linn na tréimhse tagartha |
| *j* | Innéacs a chomhfhreagraíonn do na haonaid dócháin breosla ar bord na loinge. Chun críoch an Rialacháin seo is iad na haonaid atá le breithniú na príomhinnill, na hinnill chúnta agus coirí ola-adhainte |
| *k* | Innéacs a fhreagraíonn do na pointí nasctha (*c*) i gcás ina soláthraítear leictreachas de réir gach pointe nasctha. |
| *c* | Innéacs a chomhfhreagraíonn do líon na bpointí luchtaithe leictrigh |
| *m* | Innéacs a chomhfhreagraíonn do líon na dtomhaltóirí fuinnimh |
| $M_{i,j}$ | Mais an bhreosla shonraigh *i* arna ocsaídiú i dtomhaltóir *j* [gFuel] |
| $E_k$ | Leictreachas arna sheachadadh go dtí an long in aghaidh an phointe nasctha *k* má tá níos mó ná ceann amháin [MJ] |
| $CO_{2eq\,WtT,\,i}$ | Fachtóir astaíochta gás ceaptha teasa WtT an bhreosla *i* [$gCO_{2eq}$/MJ] |
| $CO_{2eq\,electricity,\,k}$ | Fachtóir astaíochta gás ceaptha teasa WtT a bhaineann leis an leictreachas arna sheachadadh go dtí an long i mbeart in aghaidh an phointe nasctha *k* [$gCO_{2eq}$/MJ] |
| $LCV_i$ | Luach Calrach Íochtarach an bhreosla *i* [MJ/gFuel] |
| $C_{engine\ slip\ j}$ | Comhéifeacht sceite an bhreosla innill (breosla neamhdhóite) mar chéatadán de mhais an bhreosla *i* arna húsáid in aghaidh an aonaid dócháin *j* [%] |
| $C_{f\ CO_2,\,j}$, $C_{f\ CH_{4,\,j}}$, $C_{f\ N_2O_{,\,j}}$ | Fachtóirí astaíochta gás ceaptha teasa WtT ó bhreosla dóite in aonad dócháin *j* [gGHG/gFuel] |
| $CO_{2eq,\,TtW,\,j}$ | Astaíochtaí breosla dhóite mar choibhéis $CO_2$ TtW *i* in aonad dócháin *j* [$gCO_2$eq/gFuel]<br>$CO_{2eq,\,TtW,\,j} = \big(C_{cf\ CO_2,\,j} \times GWP_{CO_2} + C_{cf\ CH_{4,\,j}} \times GWP_{CH_4} +$ |
| $C_{sf\ CO_2,\,j}$, $C_{sf\ CH_{4,\,j}}$, $C_{sf\ N_2O_{,\,j}}$ | Fachtóirí astaíochta gás ceaptha teasa WtT ó bhreosla sceite i dtreo aonad dócháin *j* [gGHG/gFuel] |
| $CO_{2eq,\,TtWslippage\,,\,j}$ | Astaíochtaí breosla sceite mar choibhéis $CO_2$ TtW i dtreo aonad dócháin *j* [$gCO_2$eq/gFuel]<br>$CO_{2eq,\,TtW\ slippage,\,j} = \big(C_{sf\ CO_2,\,j} \times GWP_{CO_2} + C_{sf\ CH_{4,\,j}} \times GWP$ |
| $GWP_{CO_2}$, $\boldsymbol{GWP_{CH_4}}$, $\boldsymbol{GWP_{N_2O}}$ | Acmhainneacht Téite Domhanda $CO_2$, $\mathbf{CH_4}$, $\mathbf{N_2O}$ thar 100 bliain |

*Leasú*

| **Téarma** | **Sainmhíniú** |
|---|---|
| *i* | Innéacs a chomhfhreagraíonn do na breoslaí arna seachadadh go dtí an long le linn na tréimhse tagartha |
| *j* | Innéacs a chomhfhreagraíonn do na haonaid dócháin breosla ar bord na loinge. Chun críoch an Rialacháin seo is iad na haonaid atá le breithniú na príomhinnill, na hinnill chúnta agus coirí ola-adhainte |
| *K* | Innéacs a fhreagraíonn do na pointí nasctha (*c*) i gcás ina soláthraítear leictreachas de réir gach pointe nasctha. |
| *c* | Innéacs a chomhfhreagraíonn do líon na bpointí luchtaithe leictrigh |
| *m* | Innéacs a chomhfhreagraíonn do líon na dtomhaltóirí fuinnimh |
| $M_{i,j}$ | Mais an bhreosla shonraigh *i* arna ocsaídiú i dtomhaltóir *j* [gFuel] |
| $E_k$ | Leictreachas arna sheachadadh go dtí an long in aghaidh an phointe nasctha *k* má tá níos mó ná ceann amháin [MJ] + ***Leictreachas arna sheachadadh go dtí an long in aghaidh an fhuinnimh gaoithe [MJ] + Leictreachas arna sheachadadh go dtí an long in aghaidh an fhuinnimh gréine [MJ]*** |
| $CO_{2eq\,WtT,\,i}$ | Fachtóir astaíochta gás ceaptha teasa WtT an bhreosla *i* [$gCO_{2eq}$/MJ] |
| $CO_{2eq\,electricity,\,k}$ | Fachtóir astaíochta gás ceaptha teasa WtT a bhaineann leis an leictreachas arna sheachadadh go dtí an long i mbeart in aghaidh an phointe nasctha *k* [$gCO_{2eq}$/MJ] |
| $LCV_i$ | Luach Calrach Íochtarach an bhreosla *i* [MJ/gFuel] |
| $C_{engine\ slip\ j}$ | Comhéifeacht sceite an bhreosla innill (breosla neamhdhóite) mar chéatadán de mhais an bhreosla *i* arna húsáid in aghaidh an aonaid dócháin *j* [%] |
| $C_{f\ CO_2,\,j}$, $C_{f\ CH_{4},\,j}$, $C_{f\ N_2O,\,j}$ | Fachtóirí astaíochta gás ceaptha teasa WtT ó bhreosla dóite in aonad dócháin *j* [gGHG/gFuel] |
| $CO_{2eq,\,TtW,\,j}$ | Astaíochtaí breosla dhóite mar choibhéis $CO_2$ TtW *i* in aonad dócháin *j* [$gCO_2$eq/gFuel] $CO_{2eq,\,TtW,\,j} = \big(C_{cf\ CO_2,\,j} \times GWP_{CO_2} + C_{cf\ CH_4,\,j} \times GWP_{CH_4} +$ |
| $C_{sf\ CO_2,\,j}$, $C_{sf\ CH_{4},\,j}$, $C_{sf\ N_2O,\,j}$ | Fachtóirí astaíochta gás ceaptha teasa WtT ó bhreosla sceite i dtreo aonad dócháin *j* [gGHG/gFuel] |
| $CO_{2eq,\,TtWslippage\,,\,j}$ | Astaíochtaí breosla sceite mar choibhéis $CO_2$ TtW i dtreo aonad dócháin *j* [$gCO_2$eq/gFuel] $CO_{2eq,\,TtW\ slippage,\,j} = \big(C_{sf\ CO_2,\,j} \times GWP_{CO_2} + C_{sf\ CH_4,\,j} \times GWI$ |
| $GWP_{CO_2}$ | Acmhainneacht Téite Domhanda $CO_2$ thar 100 bliain |
| $\boldsymbol{GWP_{CH_4}}$, $\boldsymbol{GWP_{N_2O}}$ | **Acmhainneacht Téite Domhanda $CH_4$, $N_2O$ thar 20 bliain** |

**Leasú 196**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn I – mír 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Cinnfear mais ***[$M_i$]*** an bhreosla agus úsáid á baint as an méid a thuairiscítear i gcomhréir le creat an tuairiscithe faoi Rialachán (AE) 2015/757 le haghaidh muiraistir a thagann faoi raon feidhme an Rialacháin seo bunaithe ar an modheolaíocht faireacháin a roghnaigh an chuideachta. | Cinnfear mais an bhreosla ***[$M_i$]*** agus úsáid á baint as an méid a thuairiscítear i gcomhréir le creat an tuairiscithe faoi Rialachán (AE) 2015/757 le haghaidh muiraistir a thagann faoi raon feidhme an Rialacháin seo bunaithe ar an modheolaíocht faireacháin a roghnaigh an chuideachta. ***Féadfar mais choigeartaithe an bhreosla [$M_{i\ A}$] a úsáid in ionad mhais an bhreosla [$M_i$] le haghaidh long atá in aicme oighir IC, IB, IA nó IA Super nó in aicme oighir choibhéiseach. Sainítear an mhais choigeartaithe [$M_{i\ A}$] in Iarscríbhinn X.*** |

**Leasú 197**

**Togra le haghaidh rialacháin**
IARSCRÍBHINN III

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

| Sa tábla seo a leanas, tugtar liosta de na teicneolaíochtaí astaíochtaí nialasacha dá dtagraítear in Airteagal 5(3)(b), mar aon le critéir shonracha maidir lena n-úsáid de réir mar is infheidhme. | |
|---|---|
| **Teicneolaíocht astaíochtaí nialasacha** | **Critéir maidir lena húsáid** |
| Breosla-chealla | Breosla-chealla a úsáidtear ar bord chun cumhacht a ghiniúint **agus an long i mbeart**, ba cheart iad a chumhachtú go hiomlán le breoslaí in-athnuaite **agus ísealcharbóin**. |
| Stóráil leictreachais ar bord | Ceadaítear stóráil leictreachais ar bord a úsáid gan beann ar fhoinse an fhuinnimh ónar táirgeadh an chumhacht stóráilte (giniúint ar bord nó ar tír i gcás babhtáil ceallraí). |
| Táirgeadh leictreachais ar bord ó fhuinneamh gaoithe nó gréine | Aon long atá in ann riachtanais fuinnimh a chothú i mbeart trí úsáid a bhaint as fuinneamh gaoithe agus gréine. |

| |
|---|
| Le húsáid na dteicneolaíochtaí astaíochtaí nialasacha sin bainfear amach, ar bhonn leanúnach, ***astaíochtaí atá coibhéiseach leis na laghduithe astaíochtaí a*** bhainfí amach trí úsáid a bhaint as an soláthar cumhachta ar tír. |

*Leasú*

| Sa tábla seo a leanas, tugtar liosta de na teicneolaíochtaí astaíochtaí nialasacha dá dtagraítear in Airteagal 5(3)(b), mar aon le critéir shonracha maidir lena n-úsáid de réir mar is infheidhme. | |
|---|---|
| **Teicneolaíocht astaíochtaí nialasacha** | **Critéir maidir lena húsáid** |
| Breosla-chealla | Breosla-chealla a úsáidtear ar bord chun cumhacht a ghiniúint, ba cheart iad a chumhachtú go hiomlán le **foinsí fuinnimh** in-athnuaite. |
| Stóráil leictreachais ar bord | Ceadaítear stóráil leictreachais ar bord a úsáid gan beann ar fhoinse an fhuinnimh ónar táirgeadh an chumhacht stóráilte (giniúint ar bord nó ar tír i gcás babhtáil ceallraí). |
| Táirgeadh leictreachais ar bord ó fhuinneamh gaoithe nó gréine | Aon long atá in ann riachtanais fuinnimh a chothú i mbeart trí úsáid a bhaint as fuinneamh gaoithe agus gréine. |
| Le húsáid na dteicneolaíochtaí astaíochtaí nialasacha sin bainfear amach, ar bhonn leanúnach, ***na laghduithe céanna ar astaíochtaí Gás Ceaptha teasa agus truailleán aeir*** a bhainfí amach trí úsáid a bhaint as an soláthar cumhachta ar tír. | |

**Leasú 198**

**Togra le haghaidh rialacháin**
IARSCRÍBHINN V

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

Foirmle chun iarmhéid comhlíontachta na loinge a ríomh

Chun iarmhéid comhlíontachta loinge a ríomh beidh feidhm ag an bhfoirmle seo a leanas:

| | |
|---|---|
| Iarmhéid comhlíontachta [$gCO_{2eq}$/**MJ**] = | ($GHGIE_{sprioc}$ - $GHGIE_{iarbhír}$) x $[\sum_{i}^{\boldsymbol{n}\ fuel} M_i \times LCV_i + \sum_{i}^{\boldsymbol{l}} E_i]$ |
| Agus aird á tabhairt ar na sainmhínithe seo a leanas: | |

| | |
|---|---|
| $gCO_{2eq}$ | Coibhéis $CO_2$ ina graim |
| $GHGIE_{sprioc}$ | An teorainn le déine gás ceaptha teasa an fhuinnimh a úsáidtear ar bord loinge de réir Airteagal 4(2) den Rialachán seo |

| | |
|---|---|
| $GHGIE_{iarbhír}$ | Meándéine bhliantúil gás ceaptha teasa an fhuinnimh a úsáidtear ar bord loinge arna ríomh le haghaidh na tréimhse tuairiscithe ábhartha |

Foirmle chun an pionós a leagtar síos in Airteagal 20(1) a ríomh

Ríomhfar méid an phionóis a leagtar síos in Airteagal 20(1) mar a leanas:

| | |
|---|---|
| Pionós = | *(Iarmhéid comhlíontachta / $GHGIE_{iarbhír}$)* ***x fachtóir coinbhéartachta ó MJ go tonaí VLSFO (41.0 MJ / kg) x EUR 2400*** |

*Leasú*

Foirmle chun iarmhéid comhlíontachta na loinge a ríomh

Chun iarmhéid comhlíontachta loinge a ríomh beidh feidhm ag an bhfoirmle seo a leanas:

| | |
|---|---|
| Iarmhéid comhlíontachta [$gCO_{2eq}$] = | $(GHGIE_{sprioc} - GHGIE_{iarbhír}) \times [\sum_{i}^{n\,fuel} M_i \times LCV_i + \sum_{i}^{l} E_i]$ |
| Agus aird á tabhairt ar na sainmhínithe seo a leanas: | |

| | |
|---|---|
| $gCO_{2eq}$ | Coibhéis $CO_2$ ina graim |
| $GHGIE_{sprioc}$ | An teorainn le déine gás ceaptha teasa an fhuinnimh a úsáidtear ar bord loinge de réir Airteagal 4(2) den Rialachán seo |
| $GHGIE_{iarbhír}$ | Meándéine bhliantúil gás ceaptha teasa an fhuinnimh a úsáidtear ar bord loinge arna ríomh le haghaidh na tréimhse tuairiscithe ábhartha |

Foirmle chun an pionós a leagtar síos in Airteagal 20(1) a ríomh

Ríomhfar méid an phionóis a leagtar síos in Airteagal 20(1) mar a leanas:

| | |
|---|---|
| Pionós = | ***( Pionós = (- iarmhéid comhlíontachta) / GHGIEiarbhír / ($LCV_{VLSFO}$*1000*4500€/t***<br><br>***Agus aird á tabhairt ar na sainmhínithe seo a leanas:***<br>***$LCV_{VLSFO}$= 41.0MJ/kg*** |

## NÓS IMEACHTA - COISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| | |
|---|---|
| **Teideal** | Breoslaí in-athnuaite agus ísealcharbóin a úsáid sa mhuiriompar agus leasú ar Threoir 2009/16/CE |
| **Tagairtí** | COM(2021)0562 – C9-0333/2021 – 2021/0210(COD) |
| **An Coiste Freagrach**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | TRAN<br>13.9.2021 |
| **Tuairim ó**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | ENVI<br>13.9.2021 |
| **Coistí comhlachaithe - dáta a fógraíodh sa suí iomlánach** | 11.11.2021 |
| **Rapóirtéir don tuairim**<br>Dáta an cheapacháin | Tiemo Wölken<br>17.9.2021 |
| **Pléite sa choiste** | 14.2.2022 |
| **Dáta an ghlactha** | 28.4.2022 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 48<br>–: 24<br>0: 14 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Mathilde Androuët, Nikos Androulakis, Bartosz Arłukowicz, Margrete Auken, Simona Baldassarre, Marek Paweł Balt, Traian Băsescu, Aurélia Beigneux, Monika Beňová, Hildegard Bentele, Sergio Berlato, Alexander Bernhuber, Simona Bonafè, Delara Burkhardt, Pascal Canfin, Sara Cerdas, Mohammed Chahim, Tudor Ciuhodaru, Nathalie Colin-Oesterlé, Esther de Lange, Christian Doleschal, Marco Dreosto, Bas Eickhout, Cyrus Engerer, Cornelia Ernst, Eleonora Evi, Agnès Evren, Pietro Fiocchi, Raffaele Fitto, Malte Gallée, Catherine Griset, Jytte Guteland, Teuvo Hakkarainen, Anja Hazekamp, Martin Hojsík, Pär Holmgren, Jan Huitema, Adam Jarubas, Petros Kokkalis, Athanasios Konstantinou, Ewa Kopacz, Joanna Kopcińska, Peter Liese, Sylvia Limmer, Javi López, César Luena, Marian-Jean Marinescu, Fulvio Martusciello, Liudas Mažylis, Joëlle Mélin, Tilly Metz, Dolors Montserrat, Alessandra Moretti, Ville Niinistö, Ljudmila Novak, Grace O'Sullivan, Jutta Paulus, Stanislav Polčák, Jessica Polfjärd, Nicola Procaccini, Luisa Regimenti, Frédérique Ries, María Soraya Rodríguez Ramos, Sándor Rónai, Rob Rooken, Silvia Sardone, Christine Schneider, Günther Sidl, Linea Søgaard-Lidell, Maria Spyraki, Nicolae Ştefănuță, Nils Torvalds, Edina Tóth, Véronique Trillet-Lenoir, Petar Vitanov, Alexandr Vondra, Mick Wallace, Pernille Weiss, Emma Wiesner, Michal Wiezik, Tiemo Wölken, Anna Zalewska |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Catherine Chabaud, Nicolás González Casares, Michèle Rivasi, Idoia Villanueva Ruiz, Nikolaj Villumsen |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| 48 | + |
|---|---|
| NI | Athanasios Konstantinou, Edina Tóth |
| PPE | Stanislav Polčák, Maria Spyraki |
| Renew | Pascal Canfin, Catherine Chabaud, Martin Hojsík, Jan Huitema, Frédérique Ries, María Soraya Rodríguez Ramos, Nicolae Ştefănuță, Linea Søgaard-Lidell, Nils Torvalds, Véronique Trillet-Lenoir, Emma Wiesner, Michal Wiezik |
| S&D | Marek Paweł Balt, Monika Beňová, Simona Bonafè, Delara Burkhardt, Sara Cerdas, Mohammed Chahim, Tudor Ciuhodaru, Cyrus Engerer, Nicolás González Casares, Jytte Guteland, Javi López, César Luena, Alessandra Moretti, Sándor Rónai, Günther Sidl, Petar Vitanov, Tiemo Wölken |
| The Left | Cornelia Ernst, Anja Hazekamp, Petros Kokkalis, Idoia Villanueva Ruiz, Nikolaj Villumsen, Mick Wallace |
| Verts/ALE | Margrete Auken, Eleonora Evi, Malte Gallée, Pär Holmgren, Tilly Metz, Ville Niinistö, Grace O'Sullivan, Jutta Paulus, Michèle Rivasi |

| 24 | - |
|---|---|
| ECR | Sergio Berlato, Pietro Fiocchi, Raffaele Fitto, Dace Melbārde, Nicola Procaccini, Rob Rooken, Alexandr Vondra, Anna Zalewska |
| ID | Mathilde Androuët, Simona Baldassarre, Aurélia Beigneux, Marco Dreosto, Catherine Griset, Teuvo Hakkarainen, Sylvia Limmer, Joëlle Mélin, Silvia Sardone |
| PPE | Traian Băsescu, Hildegard Bentele, Alexander Bernhuber, Christian Doleschal, Adam Jarubas, Marian-Jean Marinescu, Christine Schneider |

| 14 | 0 |
|---|---|
| NI | Ivan Vilibor Sinčić |
| PPE | Bartosz Arłukowicz, Nathalie Colin-Oesterlé, Agnès Evren, Ewa Kopacz, Esther de Lange, Peter Liese, Fulvio Martusciello, Liudas Mažylis, Dolors Montserrat, Ljudmila Novak, Jessica Polfjärd, Luisa Regimenti, Pernille Weiss |

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh

28.6.2022

## TUAIRIM ÓN gCOISTE UM THIONSCLAÍOCHT, UM THAIGHDE AGUS UM FHUINNEAMH

chuig an gCoiste um Iompar agus um Thurasóireacht

ar an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le breoslaí in-athnuaite agus ísealcharbóin a úsáid sa mhuiriompar agus lena leasaítear Treoir 2009/16/CE
(COM(2021)0562 – C9-0333/2021 – 2021/0210(COD))

Rapóirtéir don tuairim: Rasmus Andresen

## RÉASÚNÚ GEARR

Conclúid aonchiallach atá sa tuarascáil is déanaí ón bPainéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide (IPCC): tá tionchar an chine daonna tar éis an t-atmaisféar, an t-aigéan agus an talamh a théamh, agus tá an-chuid daoine ar fud na hEorpa thíos leis an athrú aeráide seo de dhéantús an duine, agus iad ag dul i ngleic le hadhaimsire agus le hadhaeráide[1]. Ionas nach dtarlóidh tuilleadh téamh domhanda os cionn 1.5 C˚ i gcomparáid leis na leibhéil réamhthionsclaíocha, tá sé ríthábhachtach anois gníomhaíocht ar son na haeráide a dhéanamh go gasta agus go huaillmhianach ar bhonn idirnáisiúnta agus ar bhonn Eorpach i ngach earnáil eacnamaíoch.
An uaillmhian fhoriomlán a bhaineann le sprioc an Aontais maidir leis an aeráidneodracht do 2050, sprioc 2030 maidir le hastaíochtaí GCT a laghdú agus na tograí faoin bpacáiste ‘Oiriúnach do 55’, níl ann ach tús beag: ionas gur féidir an téamh domhanda a theorannú go 1.5 C; agus chun ár n-oibleagáidí faoi Chomhaontú Pháras a chomhlíonadh, ní mór don Aontas geilleagar astaíochtaí nialasacha atá an-éifeachtúil ó thaobh fuinnimh de agus atá go hiomlán bunaithe ar athnuaiteáin a bhaint amach faoi 2040 ar a dhéanaí.  Tá sé léirithe i staidéir go bhfuil córas den sórt sin indéanta ó thaobh na teicneolaíochta de, agus ní hamháin sin ach beidh tairbhe eacnamaíoch agus shóisialta ag baint leis don Aontas[2].

[1] an Painéal Idir-Rialtasach ar Athrú Aeráide, 2021: Achoimre do lucht ceaptha beartas. I: *Climate Change 2021* [Athrú Aeráide 2022]: Bunús Eolaíochta Fisicí. *Contribution of Working Group I to the Sixth Assessment Report of the Intergovernmental Panel on Climate Change* [Athrú Aeráide 2021: Bunús Eolaíochta Fisicí. Ábhar a chuir Meitheal I ar fáil don Séú Tuarascáil Mheasúnaithe ón bPainéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide [Masson-Delmotte, V., P. Zhai, A. Pirani, S.L. Connors, C. Péan, S. Berger, N. Caud, Y. Chen, L. Goldfarb, M.I. Gomis, M. Huang, K. Leitzell, E. Lonnoy, J.B.R. Matthews, T.K. Maycock, T. Waterfield, O. Yelekçi, R. Yu, agus B. Zhou (eagarthóirí)]. Ag na Clódóirí.

[2] Féach e.g. i) CAN Europe ‘Building a Paris Agreement Compatible (PAC) energy scenario’: https://caneurope.org/work-areas/energy-transition/ ii) Mark Z. Jacobson (2020). 100% Clean, Renewable Energy and Storage for Everything https://web.stanford.edu/group/efmh/jacobson/WWSBook/WWSBook.html; iii) Ollscoil LUT do SolarPower Europe: 100% Renewable Europe – SolarPower Europe

Ós rud é gurb ionann trácht loingseoireachta agus thart ar 11 % d'astaíochtaí iomlána $CO_2$ AE ón iompar agus gurb ionann í agus 3-4 % d'astaíochtaí iomlána $CO_2$ AE, tá tábhacht ar leith ag baint le haistriú gasta éiceolaíoch na hearnála muirí a spreagadh. Go deimhin, mura ndéantar gníomhaíocht bhreise, meastar go dtiocfaidh méadú breise 86 % ar astaíochtaí ó mhuiriompar ar an leibhéal Eorpach i gcomparáid le leibhéil 1990 faoi 2050[3], agus meastar go mbeidh glacadh na mbeart éifeachtúlachta fuinnimh agus na bhfoinsí fuinnimh in-athnuaite teoranta i gcónaí.
Tá dea-rún ag tús an togra FuelEU Maritime ón gCoimisiún, ach ní leor an uaillmhian i dtaobh nithe éagsúla ar a bhfuil an rapóirtéir ag iarraidh aghaidh a thabhairt chun spreagadh níos mó a thabhairt d'aistriú cóir éiceolaíoch an tslabhra luacha mhuirí ina iomláine agus an lucht saothair mhuirí.

Beidh ról tábhachtach ag tionscal muirí na hEorpa in aistriú earnáil an mhuiriompair dhomhanda. Is é uaillmhian an rapóirtéara ná tacú leis na hiarrachtaí atá á ndéanamh ag an tionscal i dtreo an aistrithe fuinnimh, agus na hiarrachtaí sin a spreagadh, agus iomaíochas inbhuanaithe a áirithiú ar an margadh domhanda. Trí chreat soiléir reachtach Eorpach agus trí iarrachtaí níos láidre chun nuálaíocht na hEorpa a chothú san earnáil mhuirí neartófar an tionscal.

**Bearta oibríochtúla agus bearta éifeachtúlachta fuinnimh a chur chun cinn**

Ionas go bhféadfar an aeráidneodracht a bhaint amach ar an gcostas is ísle is féidir is réamhchoinníoll é laghdú a dhéanamh ar na riachtanais fuinnimh agus feabhas a chur ar an éifeachtúlacht fuinnimh[4]. Ar an drochuair, go dtí seo, níl aon reachtaíocht de chuid an Aontais ina spreagadh éifeachtach do bhearta éifeachtúlachta fuinnimh san earnáil mhuirí. Dá réir sin, is mór an baol é sin do chumas na hearnála astaíochtaí nialasacha a bhaint amach go luath.

Ar an gcúis sin, cloíonn an rapóirtéir leis na treoirlínte maidir le cur i bhfeidhm bhunphrionsabal na héifeachtúlachta fuinnimh[5] agus glacann sé cur chuige comhtháite lena dtugtar isteach sprioc chun glacadh tapa na mbeart oibríochtúil agus na mbeart éifeachtúlachta fuinnimh ag cuideachtaí loingseoireachta a spreagadh, ionas nach mbeadh ach fuinneamh íosta ag teastáil le haghaidh gníomhaíochtaí éagsúla muirí ar an gcéad dul síos. Is léiriú agus is comhlánú an méid sin ar an méid a vótáil Parlaimint na hEorpa cheana maidir le Rialachán MRV (COM(2019)0038)[6], a bhfuil an chaibidlíocht ina leith curtha ar fuireachas ag an gComhairle faoi láthair. Measann an Rapóirtéir go bhfuil an sprioc sin an-oiriúnach go háirithe sa Rialachán seo, rialachán atá ag plé go sainráite le dícharbónú na hearnála.
Go deimhin, is dócha go dtabharfadh sprioc maidir le hastaíochtaí a laghdú de réir na hoibre iompair spreagadh do longúinéirí agus oibreoirí long chun na bearta oibríochtúla agus bearta

[3] An ceathrú staidéar de chuid IMO maidir le GCT

[4] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach, chuig an gComhairle, chuig an gCoiste Eacnamaíoch agus Sóisialta agus chuig Coiste na Réigiún – An Comhaontú Glas don Eoraip, COM/2019/640 final

[5] Moladh ón gCoimisiún an 28.9.2021 C (2021)7014 dar teideal *On energy efficiency first: from principle to practice. Guidelines and examples for its implementation in decision-making into the energy sector and beyond* Treoirlínte agus samplaí dá cur chun feidhme sa chinnteoireacht san earnáil fuinnimh agus níos faide i gcéin].

[6] Leasuithe a ghlac Parlaimint na hEorpa an 16 Meán Fómhair 2020 ar an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) 2015/757 chun aird iomchuí a thabhairt ar an gcóras domhanda bailithe sonraí le haghaidh sonraí maidir le hídiú ola breosla long (COM(2019)0038 – C8-0043/2019 – 2019/0017(COD))

éifeachtúlachta fuinnimh atá ar fáil a chur chun feidhme, ar bearta iad a mheasann siad a oireann níos fearr dá riachtanais, amhail galú mall, luas agus barrfheabhsú pleanála, tiomáint na gaoithe, bratuithe frithsmálaithe, leictriú ó fhoinsí in-athnuaite agus stóráil fuinnimh, agus digitiú agus optamú lóistíochta freisin.

Thairis sin, molann an Rapóirtéir go dtabharfaí luach saothair níos cruinne agus níos comhréirí, agus dá bhrí sin go dtabharfaí dreasacht le foinsí fuinnimh nó teicneolaíochtaí tiomána atá níos éifeachtúla ó thaobh fuinnimh de le haghaidh úsáid fuinnimh ar bord agus i mbeart, chun forálacha an Rialacháin seo a chomhlíonadh.

**Na spriocanna a neartú maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú**

Sa bhreis ar bhearta oibríochtúla agus bearta éifeachtúlachta fuinnimh, tá gá le sprioc maidir le déine gás ceaptha teasa a bheidh ag éirí níos doichte de réir a chéile chun an t-athrú ó bhreoslaí iontaise go roghanna malartacha inbhuanaithe in-athnuaite a spreagadh. Mar sin féin, i gcás na leibhéal a mhol an Coimisiún i dtús báire ní hamháin nach sroichtear an sprioc chun astaíochtaí nialasacha a bhaint amach, rud a dhéanann sárú ar oibleagáid na hearnála faoi Chomhaontú Pháras[7], ach ní áirithítear ach oiread gur foinsí in-athnuaite amháin a chuirtear chun cinn chun an sprioc a bhaint amach.

Tá sé ríthábhachtach don Rapóirtéir comhartha láidir rialála a chur in iúl chun an nuálaíocht ghlas a spreagadh agus chun na ceannródaithe a spreagadh[8]. Molann sé, dá bhrí sin, bealach chun astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú a bheadh comhoiriúnach le geilleagar an Aontais, geilleagar a bheadh an-éifeachtúil ó thaobh fuinnimh de agus a bheadh go hiomlán bunaithe ar fhoinsí in-athnuaite faoi 2040, agus leas á bhaint as an taighde is fearr atá ar fáil. Tá an samhaltú sin á tabhairt chun críche faoi láthair ag Ollscoil Teicneolaíochta Lappeenranta-Lahti (LUT, an Fhionlainn) agus, den chéad uair, tá bealach sonrach astaíochtaí nialasacha faoi 2040 ar fáil don earnáil loingseoireachta[9]. Tá sainaitheanta ag cuideachtaí atá ag gníomhú ar fud an domhain agus ag geallsealbhóirí tábhachtacha eacnamaíocha go bhfuil an sprioc fhoriomlán sin indéanta agus inmhianaithe, agus gur tacaíocht rialála ríthábhachtach d’aistriú an tionscail í[10].

Chun gur féidir dlús a chur leis an uaillmhian agus lena áirithiú go ndéanann gach duine a chion féin den obair a dhéanamh, molann an Rapóirtéir raon feidhme an rialacháin a leathnú chun raon leathan catagóirí long os cionn olltonnáiste 400 a chumhdach. Fágann an tairseach a moladh ar dtús go bhfuil 45 % de longa neamhrialáilte agus tugtar le tuiscint sna ríomhanna a rinneadh ar bhonn na sonraí ón Tagarmharc Muirí go bhfanfadh 15 % de na hastaíochtaí a thoimhdítear neamhrialáilte seachas 10 %. I dtéarmaí praiticiúla, ciallaíonn sé sin gur astú leanúnach 25.8 Mt a bheadh ann - a bheadh inchomparáide le hastaíochtaí iomlána $CO_2$ na Danmhairge in 2020 - gan aon bhealach soiléir chun laghduithe astaíochtaí a dhreasú amach

[7] legal advice: Inclusion of emissions from international aviation and shipping in nationally determined contributions; 2021; E. Dehon, dlíodóir; Arna foilsiú ag Transport and Environment (T&E)

[8] Is fiú a thabhairt faoi deara go bhfuil na ceannródaithe ag gealladh loingseoireacht atá saor ó astaíochtaí faoi 2040 https://www.bbc.com/news/business-58970877 - https://www.ft.com/content/850eee4b-2c2d-4186-99d7-fdbe8131ddd0

[9] Verts/ALE & LUT, 2022. preliminary results for internal analyses [réamhthorthaí na hanailíse inmheánaí]; foilseofar an staidéar iomlán go luath san earrach;

[10] https://www.cozev.org/img/FINAL-coZEV-2040-Ambition-Statement_2021-10-18-145014_wfcp.pdf

anseo[11]. Ós rud é go bhfuil teicneolaíochtaí astaíochtaí nialasacha ar fáil cheana féin do longa beaga (go háirithe breosla-chill hidrigine glaise agus ceallraí leictreacha), tá sé ríthábhachtach tuilleadh glacadh ina leith a spreagadh, agus dá bhrí sin forbairt margaidh na dteicneolaíochtaí sin a spreagadh ionas go mbeidh fáil níos éasca orthu do longa níos mó freisin.

**Borradh a chur faoi ghlacadh foinsí fuinnimh in-athnuaite inbhuanaithe**

Ba cheart gurbh é uaillmhian thuarascáil ITRE bealach soiléir a leagan amach faoi cé mar is féidir foinsí fuinnimh agus na roghanna eile breoslaí ionadúla atá inbhuanaithe, in-athnuaite agus inscálaithe go hiarbhír, agus iad sin amháin, a chur chun cinn.

Chuige sin, tá gá le cur chuige iomlánaíoch lena gcuimsítear astaíochtaí meatáin go cruinn, mar shampla gás nádúrtha leachtaithe (GNL), agus acmhainneacht shuntasach ghearrthéarmach téite domhanda an mheatáin á chur san áireamh. Mar a mhol an Banc Domhanda[12] le déanaí, níor cheart do GNL, mar bhreosla iontaise a astaíonn méideanna móra meatáin feadh a shaolré, agus úsáid GNL mar bhreosla muirí atá níos díobhálaí don aeráid ná mar atá an díosal iontaise a bhfuil sé á chur ina ionad, a bheith ina thairbhí d'aon tacaíocht bheartais. Ina theannta sin, léiríonn anailís an Bhainc Dhomhanda go bhféadfadh costais infheistíochta bhreise suas le $186 bhilliún a bheith i gceist leis na himpleachtaí infheistíochta comhiomlána a bhainfeadh le tiontú dhá chéim (ola go GNL, agus ina dhiaidh sin GNL go saor ó charbón) i gcomparáid le tiontú aonchéime ó bhreoslaí umair ola-dhíorthaithe go breoslaí umair saor ó charbón.

Chun gur féidir samhlacha gnó inbhuanaithe a áirithiú, tá measúnú saolré iomlán ar theicneolaíochtaí éagsúla, lena n-áirítear bithbhreoslaí, i gceist freisin le cur chuige iomlánaíoch den sórt sin. Cuimsítear leis sin go gcuirfear san áireamh nach bhfuil ach infhaighteacht theoranta ar bhithbhreoslaí ardfhorbartha, go bhfuil éileamh orthu sin in earnálacha eile ina bhfuil sé deacair astaíochtaí a mhaolú amhail an eitlíocht, agus na teorainneacha foriomlána pláinéadacha ina mbeadh praghsanna níos airde ar bhia mar thoradh ar róspleáchas ar bhithbhreoslaí a dhíorthaítear ó bharra bia agus astaíochtaí suntasacha GCT ó thalamh curaíochta a leathnú ar fud an domhain[13].

Molann an Rapóirtéir, dá bhrí sin, ionstraimí tacaíochta beartais a dhíriú ar na roghanna in-athnuaite sin atá inbhuanaithe agus inscálaithe go hiarbhír. Molann sé freisin go mbeadh sciar íosta sainordaithe de bhreoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch (RFNBOnna), chomh maith le hiolraitheoir a thugann luach saothair ar leith d'infheistíochtaí in RFNBOnna tráth a dhéantar comhlíonadh na spriocanna maidir le déine gás ceaptha teasa a ríomh. Leis na bearta sin, mar aon leis an sásra comhthiomsaithe a theorannú do bhreoslaí astaíochtaí nialasacha agus teicneolaíochtaí astaíochtaí nialasacha, neartófar tuilleadh an cás eacnamaíoch le haghaidh infheistíochtaí ina leith sin agus, dá bhrí sin, is iomaíche a bheidh siad ó thaobh costais de agus cuirfidh siad borradh faoina nglacadh.

[11] Iompar & Comhshaol; (2022); Climate Impacts of Exemptions to EU's Shipping Proposals[Tionchair aeráide na ndíolúintí ar Thograí Loingseoireachta AE]; https://www.transportenvironment.org/wp-content/uploads/2022/01/Climate_Impacts_of_Shipping_Exemptions_Report-1.pdf

[12] Englert, Dominik; Losos, Andrew; Raucci, Carlo; Smith, Tristan. 2021. The Role of LNG in the Transition Toward Low- and Zero-Carbon Shipping. World Bank, Washington, DC. © World Bank. Https://openknowledge.worldbank.org/handle/10986/35437 Ceadúnas: CC BY 3.0 IGO.

[13] Transportation Carbon Intensity Targets for the European Union – Road and Aviation Sectors; 2021; A. Christensen; https://theicct.org/publications/transport-carbon-intensity-targets-eu-aug2021

**Ceannaireacht agus iomaíochas na hEorpa a áirithiú**

Ina cháil mar an coiste maidir le tionscal, creideann an rapóirtéir go láidir nach mór do sheasamh ITRE ceannaireacht na hEorpa maidir le teicneolaíochtaí glasa san earnáil a spreagadh tuilleadh agus, dá bhrí sin, a hiomaíochas in earnáil dhomhanda na loingseoireachta a spreagadh tuilleadh.
Tá uaillmhian na tuarascála seo le tuiscint freisin mar shainordú láidir don Aontas agus dá Bhallstáit réitigh chomhlántacha a mholadh lena ngabhann uaillmhian atá cothrom leis an uaillmhian ar leibhéal IMO nó atá níos airde ná sin agus tacaíocht a thabhairt dóibh. Agus é ina cheannródaí rialála, ní hamháin gur slí é a chinntiú go bhfuil AE in ann tionchar réamhghníomhach a imirt ar chaighdeáin dhomhanda, ach is deis é freisin ceannaireacht theicneolaíoch na hEorpa a chaomhnú agus poist dhea-íoctha a chruthú agus a choimeád ar fud an tslabhra luacha mhuirí ar fad san Eoraip.

Mar sin féin, aithníonn an Rapóirtéir go mbainfeadh dhúshláin shuntasacha do thionscail Eorpacha leis an aistriú agus, dá bhrí sin, tacaíonn sé go láidir leis an togra chun íocaíochtaí pionósacha a threorú trí chiste tiomnaithe Aigéin chun críche aistriú an tionscail. Chun a áirithiú go mbainfear an úsáid is fearr as na hacmhainní sin, molann an Rapóirtéir go sonrófaí tuilleadh laistigh den rialachán seo na cistí a chur in áirithe agus cuspóir beartaithe na gcistí sin, chun iad a dhíriú i dtreo pé áit is mó a bhfuil gá leo. Áirítear leis sin feabhas tapa ar éifeachtúlacht fuinnimh agus éifeachtúlacht oibríochtúil long, úsáid teicneolaíochtaí tiomána astaíochtaí nialasacha arna gcumhachtú ag foinsí fuinnimh in-athnuaite, agus glacadhbreoslaí in-athnuaite, chomh maith le hathoiliúint agus uas-sciliú. Ina theannta sin, úsáidfear 20 % de na pionóis a bhaileofar gach bliain chun rannchuidiú le cosaint, athbhunú agus bainistiú níos fearr i leith éiceachórais mhuirí. Tá an cur chuige sin ag teacht go díreach le seasamh PE maidir le rialachán MRV (COM(2019)0038).

**Trédhearcacht, bailiú sonraí agus foilsiú sonraí a neartú**

Chun an forfheidhmiú rathúil agus forfheidhmiú a mbíonn tionchar aige a áirithiú, molann an rapóirtéir go neartófaí rannpháirtíocht na n-údarás poiblí agus trédhearcacht i leith an phobail. Beidh ról níos suntasaí ag údaráis phoiblí agus dá bhrí sin bainfear maoirseacht phoiblí amach trí fhreagracht a thabhairt don údarás riaracháin íocaíochtaí pionóis a shannadh agus a bhailiú. Ina theannta sin, trí na sonraí a bhailiú agus a fhoilsiú ar bhealach níos fearr i mbunachar sonraí poiblí, oscailte agus trédhearcach, feabhsaítear tuilleadh cumas an phobail, lena n-áirítear Parlaimint na hEorpa, taighdeoirí agus an tsochaí shibhialta, grinnscrúdú a dhéanamh ar an gcomhlíonadh.

## LEASUITHE

Iarrann an Coiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh ar an gCoiste um Iompar agus um Thurasóireacht, mar an coiste atá freagrach, na leasuithe seo a leanas a chur san áireamh:

**Leasú 1**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Teideal 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Togra le haghaidh | Togra le haghaidh |
| RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE | RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE |
| maidir le breoslaí in-athnuaite agus ísealcharbóin a úsáid sa mhuiriompar agus lena leasaítear Treoir 2009/16/CE | maidir le breoslaí in-athnuaite ísealcharbóin ***agus foinsí fuinnimh*** a úsáid sa mhuiriompar agus lena leasaítear Treoir 2009/16/CE |
| (Téacs atá ábhartha maidir le LEE) | (Téacs atá ábhartha maidir le LEE) |

**Leasú 2**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (1) San earnáil muiriompair atá thart ar 75 % de thrádáil sheachtrach an Aontais agus 31 % de thrádáil inmheánach an Aontais i dtéarmaí méideanna. An tráth céanna, is é trácht loingseoireachta isteach i gcalafoirt sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch nó amach astu is cúis le tuairim agus 11 % d'astaíochtaí CO2 uile an Aontais ó iompar, agus le 3-4 % d'astaíochtaí CO2 uile an Aontais. Téann 400 milliún paisinéir ar bord nó i dtír i gcalafoirt de chuid na mBallstát go bliantúil, tuairim agus 14 mhilliún paisinéir ar longa cúrsála san áireamh. Dá bhrí sin, is cuid riachtanach de chóras iompair na hEorpa é an muiriompar agus tá ról ***ríthábhachtach*** aige maidir le geilleagar na hEorpa. Tá an margadh muiriompair faoi réir iomaíochas láidir idir gníomhaithe eacnamaíocha san Aontas agus lasmuigh de, iomaíochas a bhfuil cothrom na Féinne fíor-riachtanach lena aghaidh. Maidir le cobhsaíocht agus rathúnas an mhargaidh | (1) San earnáil muiriompair atá thart ar 75 % de thrádáil sheachtrach an Aontais agus 31 % de thrádáil inmheánach an Aontais i dtéarmaí méideanna. An tráth céanna, is é trácht loingseoireachta isteach i gcalafoirt sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch nó amach astu is cúis le tuairim agus 11 % d'astaíochtaí $CO_2$ uile an Aontais ó iompar, agus le 3-4 % d'astaíochtaí $CO_2$ uile an Aontais. ***Meastar go dtiocfaidh méadú 86 % ar astaíochtaí CO2 ón muiriompar ar an leibhéal domhanda agus ar an leibhéal Eorpach i gcomparáid le leibhéil 1990 faoi 2050, mura ndéanfar gníomhaíocht bhreise.*** Téann 400 milliún paisinéir ar bord nó i dtír i gcalafoirt de chuid na mBallstát go bliantúil, tuairim agus 14 mhilliún paisinéir ar longa cúrsála san áireamh. Dá bhrí sin, is cuid riachtanach de chóras iompair é an muiriompar agus tá ról ***ríthábhachtach*** aige maidir le geilleagar na hEorpa***, agus ní mór dul i ngleic lena thionchar ar an*** |

muiriompair agus ghníomhaithe eacnamaíocha an mhargaidh sin, braitheann sin ar chreat beartais atá soiléir agus comhchuibhithe inar féidir le hoibreoirí muiriompair, calafoirt agus gníomhaithe eile san earnáil feidhmiú ar bhonn comhionannas deiseanna. I gcás ina dtarlaíonn saobhadh margaidh, bíonn an riosca ann go gcuirfí oibreoirí loinge nó calafoirt faoi mhíbhuntáiste i gcomparáid le hiomaitheoirí laistigh den earnáil muiriompair nó in earnálacha iompair eile. Dá réir sin, d’fhéadfadh caillteanas a bheith ann mar thoradh air sin in iomaíochas an tionscail muiriompair, agus caillteanas nascachta le haghaidh saoránach agus gnólachtaí.

***gcomhshaol agus ar an aeráid gan mhoill***. Tá an margadh muiriompair faoi réir iomaíochas láidir idir gníomhaithe eacnamaíocha san Aontas agus lasmuigh de, iomaíochas a bhfuil cothrom na Féinne fíor-riachtanach lena aghaidh, ***agus aird á tabhairt freisin ar imthosca sonracha náisiúnta a eascraíonn as tosca seachtracha, amhail an aeráid, an aimsir nó an mhoirfeolaíocht gheografach***. Maidir le cobhsaíocht agus rathúnas an mhargaidh muiriompair agus ghníomhaithe eacnamaíocha an mhargaidh sin, braitheann sin ar chreat beartais atá soiléir***, intuartha*** agus comhchuibhithe inar féidir le hoibreoirí muiriompair, calafoirt agus gníomhaithe eile san earnáil feidhmiú ar bhonn comhionannas deiseanna. I gcás ina dtarlaíonn saobhadh margaidh, bíonn an riosca ann go gcuirfí oibreoirí loinge nó calafoirt faoi mhíbhuntáiste i gcomparáid le hiomaitheoirí laistigh den earnáil muiriompair nó in earnálacha iompair eile. Dá réir sin, d’fhéadfadh caillteanas a bheith ann mar thoradh air sin in iomaíochas an tionscail muiriompair, ***níos lú post*** agus caillteanas nascachta le haghaidh saoránach agus gnólachtaí. ***Tá sé ríthábhachtach, dá bhrí sin, go socróidh an tAontas bealach uaillmhianach chun aistriú gasta éiceolaíoch na hearnála muirí a bhaint amach chun a cheannaireacht dhomhanda agus a bhuntáiste iomaíoch sna teicneolaíochtaí glasa, sna seirbhísí glasa agus sna réitigh ghlasa san earnáil a choinneáil agus a chur chun cinn tuilleadh agus chun cruthú agus claochlú post a spreagadh sna slabhra luacha lena mbaineann.***

**Leasú 3**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(1a) Fostaíonn an earnáil mhuirí 2 mhilliún Eorpach agus cuireann sí EUR 149 mbilliún leis an ngeilleagar. Le haghaidh gach milliúin EUR a ghintear i dtionscal na loingseoireachta, gintear EUR 1.8 milliún in áit eile i ngeilleagar an Aontais. Is sócmhainn fhíorthábhachtach an muiriompar freisin chun oileáin agus limistéir fhorimeallacha na mór-roinne a nascadh.*** |

**Leasú 4**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (2) Chun cur le gealltanas aeráide an Aontais faoi Chomhaontú Pháras agus chun na céimeanna a leagan amach atá le glacadh chun aeráidneodracht a bhaint amach faoi 2050, agus chun oibleagáid dhlíthiúil a dhéanamh den ghealltanas polaitiúil, ghlac an Coimisiún an togra (leasaithe) le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an creat chun aeráidneodracht a bhaint amach agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1999 (An Dlí Aeráide Eorpach) chomh maith leis an Teachtaireacht 'Stepping up Europe's 2030 climate ambition'[20] . Comhtháthaítear leis sin freisin an sprioc astaíochtaí gás ceaptha teasa (GCT) a laghdú 55 % ar a laghad faoi 2030 i gcomparáid le leibhéil 1990. ***Dá réir sin***, tá gá le hionstraimí beartais comhlántacha éagsúla chun ***úsáid breoslaí*** in-athnuaite ***agus ísealcharbóin a tháirgtear go hinbhuanaithe a spreagadh, lena n-áirítear a n-úsáid san earnáil muiriompair***. Ní mór an teicneolaíocht is gá a fhorbairt agus a imscaradh ***faoi 2030 chun ullmhú le haghaidh athruithe a*** | (2) Chun cur le gealltanas aeráide an Aontais faoi Chomhaontú Pháras agus chun na céimeanna a leagan amach atá le glacadh chun aeráidneodracht a bhaint amach faoi 2050, agus chun oibleagáid dhlíthiúil a dhéanamh den ghealltanas polaitiúil, ghlac an Coimisiún an togra (leasaithe) le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an creat chun aeráidneodracht a bhaint amach agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1999 (An Dlí Aeráide Eorpach) chomh maith leis an Teachtaireacht 'Stepping up Europe's 2030 climate ambition'[20] . Comhtháthaítear leis sin freisin an sprioc astaíochtaí gás ceaptha teasa (GCT) a laghdú 55 % ar a laghad faoi 2030 i gcomparáid le leibhéil 1990. ***Chun a áirithiú go mbainfidh an earnáil mhuirí sprioc astaíochtaí nialasacha amach faoi 2050***, tá gá le hionstraimí beartais comhlántacha éagsúla chun ***éifeachtúlacht fuinnimh agus oibríochtúil na hearnála a fheabhsú ar dtús agus ansin chun glacadh tapa agus tairgeadh an fhuinnimh*** in-athnuaite ***inbhuanaithe a chur chun cinn***. Ní mór na ***hathruithe*** is |

***bheidh i bhfad níos mire ina dhiaidh sin***.

gá, an teicneolaíocht is gá a fhorbairt agus a imscaradh ***a luaithe is féidir chun a áirithiú go mbeidh an tAontas ar an mbóthar ceart chun a sprioc aeráide agus fuinnimh do 2030 a bhaint amach agus an aeráidneodracht a bhaint amach faoi 2050 ar a dhéanaí***.

[19] COM(2020) 563 final

[20] COM(2020) 562 final

[19] COM(2020) 563 final

[20] COM(2020) 562 final

**Leasú 5**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(2a) Breoslaí iontaise ar fad is ea an meascán fuinnimh a úsáidtear in earnáil an mhuiriompair. De réir meáchain, tá beagnach 40 % den trádáil mhuirí féin comhdhéanta de bhreoslaí iontaise. Tá baol mór don aeráid agus do chumas na hearnála astaíochtaí nialasacha a bhaint amach go luath mar gheall ar spleáchas beagnach eisiach ar bhreoslaí iontaise agus cur chun feidhme mall na mbeart éifeachtúlachta fuinnimh agus na mbeart maidir le hastaíochtaí a laghdú san earnáil. Tábhachtach go leor, féadfaidh sceitheadh CO2 agus meatáin thar shaolré iomlán an bhreosla, ó tháirgeadh go dóchán (tobar go marbhshruth) a bheith ina chúis le héifeachtaí an-díobhálach ar an aeráid.*** |

**Leasú 6**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 2 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(2b) Is gás cumhachtach ceaptha teasa*** |

***é meatán, atá os cionn 80 uair níos láidre ná CO2 thar thréimhse 20 bliain, rud a chiallaíonn gurb é an dara gás ceaptha teasa is tromchúisí atá ann, mar aon le bheith ina hábhar truailleáin d'ózón ar leibhéal na talún (O3), rud is cúis le thart ar an gceathrú cuid den téamh domhanda sa lá atá inniu ann. Tá laghduithe móra ar astaíochtaí meatáin i gceist leis na conairí atá múnlaithe ag Tuarascáil Speisialta 1.5 °C ón bPainéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide (IPCC), ag Séú Tuarascáil Measúnaithe IPCC agus ag Measúnú Domhanda Meatáin 2021 de Chlár Comhshaoil na Náisiún Aontaithe (UNEP) lena dteorannaítear an téamh domhanda go 1.5°C gan aon taraimsiú nó le taraimsiú teoranta; Ós rud é go gcabhródh níos mó trédhearcachta faoi impleachtaí gearrthéarmacha na n-astaíochtaí meatáin don téamh domhanda le beartais aeráide an Aontais a threorú ar bhealach níos fearr, ba cheart don Choimisiún, ina thuairisciú, anailís a dhéanamh freisin ar an impleacht a d'fhéadfadh a bheith i gceist le tréimhse ama 20 bliana a úsáid maidir le hacmhainneacht téite domhanda, mar chomhlánú ar an tréimhse ama 100 bliain a úsáidtear faoi láthair i gcomhréir le treoirlínte UNFCCC maidir le fardail gás ceaptha teasa.***

**Leasú 7**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (3) I gcomhthéacs breosla a aistriú chuig ***breoslaí*** in-athnuaite ***agus ísealcharbóin*** agus foinsí ionadacha fuinnimh, tá sé riachtanach feidhmiú ceart mhargadh muiriompair an Aontais maidir le breoslaí muirí a áirithiú, chomh maith le hiomaíochas cothrom sa mhargadh a | (3) I gcomhthéacs breosla a aistriú chuig foinsí in-athnuaite agus foinsí ionadacha fuinnimh, tá sé bunriachtanach feidhmiú ceart mhargadh muiriompair an Aontais maidir le breoslaí muirí a áirithiú, chomh maith le hiomaíochas cothrom sa mhargadh a áirithiú, breoslaí ar sciar |

| | |
|---|---|
| áirithiú, breoslaí ar sciar substaintiúil de chostais na n-oibreoirí loinge iad. Is féidir tionchar mór a bheith ag difríochtaí i riachtanais bhreosla ar fud Bhallstáit an Aontais ar fheidhmiú eacnamaíoch oibreoirí loinge agus is féidir tionchar diúltach a bheith ag na difríochtaí sin ar iomaíochas sa mhargadh. De thairbhe nádúr idirnáisiúnta na loingseoireachta, is féidir le hoibreoirí loinge umar a lastáil i dtríú tíortha go furasta agus méideanna móra breosla a iompar. D'fhéadfadh sceitheadh carbóin agus éifeachtaí díobhálacha ar iomaíochas na hearnála a bheith mar thoradh air sin, más rud é nach bhfuil infhaighteacht breoslaí in-athnuaite agus ísealcharbóin ag calafoirt mhuirí faoi dhlínse Ballstáit ag gabháil le ceanglais maidir lena n-úsáid a bhfuil feidhm acu maidir le gach oibreoir loinge a thagann isteach i gcalafoirt faoi dhlínse na mBallstát nó a imíonn astu. Leis an Rialachán seo, ba cheart bearta a leagan síos chun a áirithiú go rachaidh breoslaí in-athnuaite ísealcharbóin i bhfód ar mhargadh na mbreoslaí muirí faoi dhálaí cóiriomaíochta i margadh muiriompair an Aontais. | substaintiúil de chostais na n-oibreoirí loinge iad ***a bhíonn go hiondúil idir 35 % agus 53 % de na rátaí lasta loingseoireachta***. Is féidir tionchar mór a bheith ag difríochtaí i riachtanais bhreosla ar fud Bhallstáit an Aontais ar fheidhmiú eacnamaíoch oibreoirí loinge agus is féidir tionchar diúltach a bheith ag na difríochtaí sin ar iomaíochas sa mhargadh. De thairbhe nádúr idirnáisiúnta na loingseoireachta, is féidir le hoibreoirí loinge umar a lastáil i dtríú tíortha go furasta agus méideanna móra breosla a iompar***, rud a d'fhéadfadh cur leis an mbaol go gcaillfeadh calafoirt an Aontais vis-à-vis calafoirt nach calafoirt de chuid an Aontais iad a n-iomaíochas***. D'fhéadfadh sceitheadh carbóin agus éifeachtaí díobhálacha ar iomaíochas na hearnála a bheith mar thoradh air sin, más rud é nach bhfuil infhaighteacht breoslaí in-athnuaite agus ísealcharbóin ag calafoirt mhuirí faoi dhlínse Ballstáit ag gabháil le ceanglais maidir lena n-úsáid a bhfuil feidhm acu maidir le gach oibreoir loinge a thagann isteach i gcalafoirt faoi dhlínse na mBallstát nó a imíonn astu. Leis an Rialachán seo, ba cheart bearta a leagan síos chun a áirithiú go rachaidh breoslaí in-athnuaite ***agus*** ísealcharbóin i bhfód ar mhargadh na mbreoslaí muirí faoi dhálaí cóiriomaíochta i margadh muiriompair an Aontais. |

**Leasú 8**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 3 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(3a) Tá dianiomaíocht idirnáisiúnta ina sainghné ag an earnáil mhuirí, agus ghéaraigh éagsúlachtaí móra idir creatlacha rialála ar fud stáit brataí cleachtais nach bhfuil ag teastáil, amhail athrú brataí soithí. Le sainghné dhomhanda na hearnála, leagtar béim ar*** |

***a thábhachtaí atá timpeallacht rialála fhabhrach, atá ina réamhchoinníoll chun infheistíochtaí nua a mhealladh agus iomaíochas calafort Eorpach, úinéirí long agus oibreoirí a choimirciú.***

**Leasú 9**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 3 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(3b) Is cuid den phacáiste 'Oiriúnach do 55' iad tograí reachtacha eile, a glacadh mar chuid den Chomhaontú don Eoraip, a bhfuil tionchar acu ar an earnáil mhuirí, lena n-áirítear forálacha sa Rialachán maidir le Bonneagar Breoslaí Malartacha, an Treoir athbhreithnithe maidir le Fuinneamh In-athnuaite, an earnáil mhuirí a áireamh i gcóras CTA AE agus athbhreithniú a dhéanamh ar an Treoir maidir le Cánachas Fuinnimh. Is ábhartha comhleanúnachas a áirithiú sna comhaid sin maidir le creat reachtach uaillmhianach, cobhsaí agus intuartha a leagan síos le haghaidh aistriú éiceolaíoch éiceachóras na loingseoireachta, go háirithe le haghaidh na forbartha easpónantúla, tháirgeadh agus ghlacadh na dteicneolaíochtaí in-athnuaite inbhuanaithe agus na mbreoslaí muirí ionadúla is gá, mar aon le bonneagar comhfhreagrach a imscaradh. Tá sé tábhachtach an slabhra luacha tionsclaíoch a mhealladh agus a fhorbairt do theicneolaíochtaí in-athnuaite inbhuanaithe den sórt sin agus do bhreoslaí muirí ionadúla laistigh den Aontas, chun deiseanna tionsclaíocha, saothair agus taighde a chruthú sna Ballstáit uile agus chun ceannaireacht dhomhanda agus buntáiste iomaíoch an Aontais a áirithiú. I ndáil leis an méid sin, d'fhéadfadh cruthú airmheán taighde AE do theicneolaíochtaí in-athnuaite*** |

***inbhuanaithe agus do bhreoslaí muirí ionadúla cabhrú le páirtithe leasmhara, taighdeoirí agus an tsochaí shibhialta a chomhordú agus le cómhaoiniú tionscadal.***

**Leasú 10**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 5 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(5a) Chun cothrom iomaíochta a áirithiú do longa a thógtar le hoibriú in uiscí atá cumhdaithe leis an oighear ar a mbealach chuig calafoirt na mBallstát, ó chalafoirt na mBallstát nó eatarthu, ba cheart faisnéis shonrach a bhaineann le haicme oighir loinge, agus le loingseoireacht tríd an oighear, a mheas agus laghduithe ar astaíochtaí GCT á ríomh ar bhonn soithigh, agus sna sonraí a ndéantar faireachán agus tuairisciú orthu de bhun Rialachán (AE) 2015/757[1a].*** |

***[1a] Rialachán (AE) 2015/757 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2015 maidir le faireachán, tuairisciú agus fíorú a dhéanamh ar astaíochtaí dé-ocsaíde carbóin ó mhuiriompar, agus lena leasaítear Treoir 2009/16/CE (IO L 123, 19.5.2015, lch. 55).***

**Leasú 11**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (6) Is í an chuideachta loingseoireachta ar cheart a bheith ina dhuine nó ina | (6) Is í an chuideachta loingseoireachta ar cheart a bheith ina duine nó ina |

eagraíocht atá freagrach as comhlíonadh an Rialacháin seo, cuideachta a shainmhínítear mar úinéir na loinge nó aon eagraíocht nó duine eile, amhail an bainisteoir nó an cairtfhostóir forléasta, a bhfuil an fhreagracht glactha aige, ó úinéir na loinge, an long a oibriú, agus a bhfuil aontaithe aige, trí bhíthin an fhreagracht sin a ghlacadh, na dualgais agus na freagrachtaí uile a fhorchuirtear leis an gCód Idirnáisiúnta um Bainistíocht Sábháilteachta Long agus um Chosc ar Thruailliú a ghlacadh ar láimh. Tá an sainmhíniú sin bunaithe ar an sainmhíniú ar 'cuideachta' in Airteagal 3, pointe (d) de Rialachán (AE) 2015/757 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[21] , agus i gcomhréir leis an gcóras domhanda bailithe sonraí a bhunaigh an Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta (IMO) in 2016. I gcomhréir leis an bprionsabal gurb é údar an truaillithe a íocfaidh as, d'fhéadfadh an chuideachta loingseoireachta, trí bhíthin socrú conarthach, an t-eintiteas atá freagrach go díreach as na cinntí a ghlacadh a bhfuil tionchar acu ar dhéine ghás ceaptha teasa an fhuinnimh a úsáideann an long a thabhairt chun cuntais as na costais chomhlíontachta faoin Rialachán seo. De ghnáth, is é sin an t-eintiteas atá freagrach as breosla, bealach agus luas na loinge a roghnú.

[21] Rialachán (AE) 2015/757 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2015 maidir le faireachán, tuairisciú agus fíorú a dhéanamh ar astaíochtaí dé-ocsaíde carbóin ó mhuiriompar, agus lena leasaítear Treoir 2009/16/CE (IO L 123, 19.5.2015, lch. 55).

heagraíocht atá freagrach as comhlíonadh an Rialacháin seo, cuideachta a shainmhínítear mar úinéir na loinge nó aon eagraíocht nó duine eile, amhail an bainisteoir***, an cairtfhostóir ama*** nó an cairtfhostóir forléasta, a bhfuil an fhreagracht glactha aige, ó úinéir na loinge, as oibriú ***tráchtála*** na loinge***, agus atá freagrach as íoc as an mbreosla a ídíonn an long agus***, a bhfuil aontaithe aige, trí bhíthin an fhreagracht sin a ghlacadh, na dualgais agus na freagrachtaí uile a fhorchuirtear leis an gCód Idirnáisiúnta um Bainistíocht Sábháilteachta Long agus um Chosc ar Thruailliú a ghlacadh ar láimh. Tá an sainmhíniú sin bunaithe ar an sainmhíniú ar 'cuideachta' in Airteagal 3, pointe (d) de Rialachán (AE) 2015/757 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[21] , agus i gcomhréir leis an gcóras domhanda bailithe sonraí a bhunaigh an Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta (IMO) in 2016. I gcomhréir leis an bprionsabal gurb é údar an truaillithe a íocfaidh as, d'fhéadfadh an chuideachta loingseoireachta, trí bhíthin socrú conarthach, an t-eintiteas atá freagrach go díreach as na cinntí a ghlacadh a bhfuil tionchar acu ar dhéine ghás ceaptha teasa an fhuinnimh a úsáideann an long a thabhairt chun cuntais as na costais chomhlíontachta faoin Rialachán seo. De ghnáth, is é sin an t-eintiteas atá freagrach as breosla, bealach agus luas na loinge a roghnú.

[21] Rialachán (AE) 2015/757 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2015 maidir le faireachán, tuairisciú agus fíorú a dhéanamh ar astaíochtaí dé-ocsaíde carbóin ó mhuiriompar, agus lena leasaítear Treoir 2009/16/CE (IO L 123, 19.5.2015, lch. 55).

**Leasú 12**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 8**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (8) Chun breoslaí nua agus réitigh fuinnimh nua a fhorbairt agus a imscaradh, ní mór cur chuige comhordaithe a bheith ann chun freastal ar sholáthar, éileamh agus cur ar fáil bonneagar dáilte iomchuí. Cé go dtugann an creat Eorpach rialála atá ann faoi láthair aghaidh, i bpáirt, ar tháirgeadh breosla le Treoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[22] agus ar dháileadh le Treoir 2014/94/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[23], tá gá freisin le huirlis lena mbunaítear leibhéil mhéadaitheacha éilimh ar bhreoslaí muirí in-athnuaite agus ísealcharbóin. | (8) Chun breoslaí nua agus réitigh fuinnimh nua a fhorbairt agus a imscaradh, ní mór cur chuige comhordaithe a bheith ann chun freastal ar sholáthar, éileamh agus cur ar fáil bonneagar dáilte iomchuí. ***Le dreasachtaí iomchuí agus barainneachtaí scála ó thaobh an tsoláthair de, ba cheart go n-éascófaí tuilleadh na forbairtí ar na breoslaí nua sin***. Cé go dtugann an creat Eorpach rialála atá ann faoi láthair aghaidh, i bpáirt, ar tháirgeadh breosla le Treoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle22 agus ar dháileadh le Treoir 2014/94/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle23, tá gá freisin le huirlis lena mbunaítear leibhéil mhéadaitheacha éilimh ar bhreoslaí muirí in-athnuaite agus ísealcharbóin ***agus ar fhoinsí eile in-athnuaite fuinnimh***. |
| [22] Treoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le húsáid fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite a chur chun cinn (IO L 328, 21.12.2001, lch. 82). | [22] Treoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le húsáid fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite a chur chun cinn (IO L 328, 21.12.2001, lch. 82). |
| [23] Treoir 2014/94/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2014 maidir le himscaradh bonneagar breoslaí malartacha (IO L 307, 28.10.2014, lch. 1). | [23] Treoir 2014/94/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2014 maidir le himscaradh bonneagar breoslaí malartacha (IO L 307, 28.10.2014, lch. 1). |

**Leasú 13**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 9**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (9) Cé go gcuirtear feabhsuithe ar éifeachtúlacht fuinnimh chun cinn le | (9) Cé go gur ***féidir roinnt*** feabhsuithe ar éifeachtúlacht fuinnimh ***agus*** |

| | |
|---|---|
| hionstraimí amhail praghsáil carbóin nó spriocanna i ndáil le déine carbóin gníomhaíochta, níl siad oiriúnach chun athrú mór a spreagadh i dtreo breoslaí in-athnuaite agus ísealcharbóin sa ghearrthéarma ná sa mheántéarma. Dá bhrí sin, tá gá le cur chuige rialála sonrach atá tiomnaithe d'imscaradh breoslaí muirí in-athnuaite agus ísealcharbóin agus foinsí ionadacha fuinnimh, amhail an ghaoth nó leictreachas. | ***oibríochtúil*** a chur chun cinn le hionstraimí amhail praghsáil carbóin nó spriocanna i ndáil le déine carbóin gníomhaíochta, níl siad oiriúnach chun athrú mór a spreagadh i dtreo breoslaí in-athnuaite agus ísealcharbóin sa ghearrthéarma ná sa mheántéarma. Dá bhrí sin, tá gá le cur chuige rialála sonrach atá tiomnaithe d'imscaradh breoslaí muirí in-athnuaite agus ísealcharbóin agus foinsí ionadacha fuinnimh, amhail an ghaoth nó leictreachas. |

**Leasú 14**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 9 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(9a) I gcomhréir leis an moladh ón gCoimisiún an 28 Meán Fómhair 2021 dar teideal on Energy Efficiency First: from principles to practice [Tús áite d'Éifeachtúlacht Fuinnimh: ó phrionsabail go cleachtas]. Guidelines and examples for its implementation in decision-making in the energy sector and beyond [Treoirlínte agus samplaí dá cur chun feidhme sa chinnteoireacht san earnáil fuinnimh agus níos faide i gcéin], is gá a áirithiú go mbeidh fuinneamh íosta ag teastáil le haghaidh gníomhaíochtaí éagsúla múirí, chomh maith le hathrú breosla chuig fuinneamh in-athnuaite inbhuanaithe a chur chun cinn. Sa chéad tuarascáil uaidh maidir le feidhmiú an Rialacháin seo, ba cheart don Choimisiún measúnú agus cainníochtú a dhéanamh ar an éifeachtúlacht oibríochtúil agus fuinnimh a baineadh amach san earnáil mhuirí a spreag tograí ábhartha 'Oiriúnach do 55', agus i gcás gníomhaíocht neamhleor, ba cheart dó machnamh a dhéanamh ar leasuithe a d'fhéadfaí a dhéanamh ar an Rialachán seo chun forálacha tiomnaithe a chur san áireamh chun longúinéirí*** |

| | |
|---|---|
| | ***agus oibreoirí long a spreagadh chun bearta oibríochtúla agus éifeachtúlachta fuinnimh atá ar fáil a chur chun feidhme, de réir a riachtanas féin, amhail galú mall, optamú luais agus pleanála, tiomáint na gaoithe, bratuithe frithsmálaithe, leictriú ó fhoinsí in-athnuaite agus stóráil fuinnimh, agus digitiú agus optamú lóistíochta a chur chun feidhme freisin. Maidir le luach saothair a thabhairt, lena ndreasaítear, dá bhrí sin, úsáid foinsí fuinnimh atá níos éifeachtúla ó thaobh fuinnimh de nó teicneolaíochtaí tiomána le haghaidh fuinneamh a úsáidtear ar muir agus i mbeart chun forálacha an Rialacháin seo a chomhlíonadh, tá sé chomh tábhachtach céanna go ndéantar na treoirlínte maidir le bunphrionsabal na héifeachtúlachta fuinnimh a oibríochtú i gceart.*** |

**Leasú 15**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 10**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (10) Maidir le hidirghabháil bheartais chun éileamh ar bhreoslaí muirí in-athnuaite agus ísealcharbóin a spreagadh, ba cheart í a bheith sprioc-bhunaithe agus ba cheart go ndéanfaí ***prionsabal na neodrachta teicneolaíche*** a urramú léi. Dá réir sin, ba cheart teorainneacha a leagan amach ar dhéine gás ceaptha teasa an fhuinnimh a úsáidtear ar bord long ***gan úsáid*** aon bhreosla nó teicneolaíochta ar leith ***a fhorordú***. | (10) ***Cé go bhféadfadh sé nach mbeadh teicneolaíocht astaíochtaí nialasacha ar fáil sa ghearrthéarma,*** maidir le hidirghabháil bheartais chun éileamh ar bhreoslaí muirí in-athnuaite agus ísealcharbóin a spreagadh, ba cheart í a bheith sprioc-bhunaithe agus ba cheart go ndéanfaí ***céadphrionsabail na héifeachtúlachta fuinnimh*** a urramú léi. Dá réir sin, ba cheart teorainneacha a leagan amach ar dhéine gás ceaptha teasa an fhuinnimh a úsáidtear ar bord long, agus ***ba cheart a áirithiú leo go dtabharfaí aitheantas cuí d'éifeachtúlacht fuinnimh agus inbhuanaitheacht*** aon bhreosla nó teicneolaíochta ar leith. ***Ina theannta sin, meastar gurb iomchuí dreasachtaí tiomnaithe chun spreagadh a thabhairt d'uas-scálú agus glacadh breoslaí in-*** |

| | |
|---|---|
| | ***athnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch, ar breoslaí iad atá ceaptha ról lárnach a bheith acu chun dícharbónú a dhéanamh ar na feidhmeanna loingseoireachta sin i gcás nach bhfuil rogha eile atá bunaithe ar fhuinneamh in-athnuaite agus atá níos fuinneamhéifeachtúla agus níos inbhuanaithe, amhail leictriú díreach in-athnuaite, ar fáil.*** |

**Leasú 16**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 11**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (11) Maidir le breoslaí in-athnuaite agus ísealcharbóin a bhfuil ardacmhainneacht ***inbhuanaitheachta, aibíocht tráchtála agus ard***acmhainneacht nuálaíochta agus fáis chun freastal ar na riachtanais a bheidh ann amach anseo ag gabháil leo, ba cheart forbairt agus imscaradh na mbreoslaí sin a chur chun cinn. Leis sin, tacófar le margaí breosla nuálacha agus iomaíocha a chruthú agus le soláthar leordhóthanach breoslaí muirí inbhuanaithe a áirithiú sa ghearrthéarma agus san fhadtéarma chun rannchuidiú le huaillmhianta dícharbónaithe iompair an Aontais, agus san am céanna iarrachtaí an Aontais i leith ardleibhéal cosanta comhshaoil a neartú. Chun na críche sin, ba cheart breoslaí muirí inbhuanaithe arna dtáirgeadh ó na bunábhair a liostaítear i gCodanna A agus B d'Iarscríbhinn IX a ghabhann le Treoir (AE) 2018/2001, chomh maith le breoslaí muirí sintéiseacha, a bheith incháilithe. Go háirithe, tá na breoslaí muirí inbhuanaithe arna dtáirgeadh ó na bunábhair a liostaítear i gCointí B d'Iarscríbhinn IX a ghabhann le Treoir (AE) 2018/2001 fíor-riachtanach, toisc gurb í an teicneolaíocht ar a bhfuil siad bunaithe is aibí í ó thaobh tráchtála de faoi láthair agus go bhféadfaí an | (11) Maidir leis na breoslaí in-athnuaite agus ísealcharbóin ***is inbhuanaithe*** a bhfuil ardacmhainneacht ***éifeachtúlachta fuinnimh***, ***agus a bhfuil*** acmhainneacht nuálaíochta agus fáis chun freastal ar ***na*** riachtanais a bhaineann leis na ***hiarratais mhuirí is deacra a thraoitheadh*** ag gabháil leo, ba cheart forbairt agus imscaradh na réiteach sin a chur chun cinn ***ar bhonn tosaíochta***. Leis sin, tacófar le margaí breosla nuálacha agus iomaíocha a chruthú agus le soláthar leordhóthanach ***breoslaí*** muirí ***in-athnuaite ísealcharbóin*** inbhuanaithe ***agus teicneolaíochtaí tiomána in-athnuaite*** a áirithiú sa ghearrthéarma agus san fhadtéarma chun rannchuidiú le huaillmhianta ***aeráide, fuinnimh agus*** dícharbónaithe iompair an Aontais, agus san am céanna iarrachtaí an Aontais i leith ardleibhéal cosanta comhshaoil a neartú. Chun na críche sin, ba cheart breoslaí muirí inbhuanaithe arna dtáirgeadh ó na bunábhair a liostaítear i gCodanna A agus B d'Iarscríbhinn IX a ghabhann le Treoir (AE) 2018/2001, chomh maith le breoslaí muirí sintéiseacha, a bheith incháilithe. Go háirithe, tá na breoslaí muirí inbhuanaithe arna dtáirgeadh ó na bunábhair a liostaítear i gCuid B d'Iarscríbhinn IX a ghabhann le |

muiriompar a ***dhícharbónú*** leo sa ghearrthéarma.

Treoir (AE) 2018/2001 fíor-riachtanach, toisc gurb í an teicneolaíocht ar a bhfuil siad bunaithe is aibí í ó thaobh tráchtála de faoi láthair agus go bhféadfaí ***tús a chur leis an*** muiriompar a ***dhícharbónú*** leo sa ghearrthéarma.

**Leasú 17**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 13**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (13) Mar sin féin, ní mór an cur chuige sin a bheith níos doichte san earnáil muiriompair. Faoi láthair, tá leibhéil neamhshuntasacha éilimh ar bhithbhreoslaí, ar bhithleachtanna agus ar bhreoslaí bithmhaise a dhíorthaítear ó bharra bia agus beatha san earnáil muiriompair toisc gur de bhunadh iontaise níos mó ná 99 % de na breoslaí muirí atá á n-úsáid faoi láthair. Dá bhrí sin, le neamh-incháilitheacht na mbreoslaí a dhíorthaítear ó bharra bia agus beatha faoin Rialachán seo, íoslaghdaítear freisin aon riosca maidir le moill a chur le dícharbónú na hearnála iompair, rud a d'fhéadfadh eascairt, murach sin, as aistriú bithbhreoslaí a dhíorthaítear ó bharra ón earnáil bóithre chuig an earnáil mhuirí. Ós rud é go leanann an t-iompar de bhóthar go fóill de bheith ar an earnáil iompair is mó truaillithe ar fad agus go n-úsáidtear breoslaí de bhunadh iontaise den chuid is mó sa mhuiriompar faoi láthair, tá sé fíor-riachtanach aistriú den sórt sin a íoslaghdú. Dá bhrí sin, is iomchuí cruthú éilimh ar bhithbhreoslaí ó bharra bia agus beatha, ar bhithleachtanna agus ar bhreoslaí bithmhaise a sheachaint, éileamh a d'fhéadfadh a bheith mór trína n-úsáid a chur chun cinn faoin Rialachán seo. Dá réir sin, leis na hastaíochtaí gás ceaptha teasa breise agus le cailliúint na bithéagsúlachta arb é gach cineál bithbhreosla a dhíorthaítear ó bharra bia agus beatha is | (13) Mar sin féin, ní mór an cur chuige sin a bheith níos doichte san earnáil muiriompair. Faoi láthair, tá leibhéil neamhshuntasacha éilimh ar bhithbhreoslaí, ar bhithleachtanna agus ar bhreoslaí bithmhaise a dhíorthaítear ó bharra bia agus beatha san earnáil muiriompair toisc gur de bhunadh iontaise níos mó ná 99 % de na breoslaí muirí atá á n-úsáid faoi láthair. Dá bhrí sin, le neamh-incháilitheacht na mbreoslaí a dhíorthaítear ó bharra bia agus beatha faoin Rialachán seo, íoslaghdaítear freisin aon riosca maidir le moill a chur le dícharbónú na hearnála iompair, rud a d'fhéadfadh eascairt, murach sin, as aistriú bithbhreoslaí a dhíorthaítear ó bharra ón earnáil bóithre chuig an earnáil mhuirí. Ós rud é go leanann an t-iompar de bhóthar go fóill de bheith ar an earnáil iompair is mó truaillithe ar fad agus go n-úsáidtear breoslaí de bhunadh iontaise den chuid is mó sa mhuiriompar faoi láthair, tá sé fíor-riachtanach aistriú den sórt sin a íoslaghdú. Dá bhrí sin, is iomchuí cruthú éilimh ar bhithbhreoslaí ó bharra bia agus beatha, ar bhithleachtanna agus ar bhreoslaí bithmhaise a sheachaint, éileamh a d'fhéadfadh a bheith mór trína n-úsáid a chur chun cinn faoin Rialachán seo. Dá réir sin, leis na hastaíochtaí gás ceaptha teasa breise agus le cailliúint na bithéagsúlachta arb é gach cineál bithbhreosla a dhíorthaítear ó bharra beatha agus bia is |

| | |
|---|---|
| cúis leo, ní mór a mheas ***gur*** breoslaí iad sin lena mbaineann na fachtóirí astaíochta céanna leis an gconair is mífhabhraí. | cúis leo, ní mór a mheas gur breoslaí iad sin lena mbaineann na fachtóirí astaíochta céanna leis an gconair iontaise is mífhabhraí. |

**Leasú 18**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 14**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (14) De thairbhe na n-agaí fada tionscanta a bhaineann le forbairt agus le himscaradh breoslaí agus réitigh fuinnimh nua le haghaidh an mhuiriompair, tá gá le gníomhaíocht ghasta agus le creat rialála fadtéarmach atá soiléir agus intuartha a bhunú lena n-éascófaí pleanáil agus infheistíocht ó na páirtithe leasmhara uile lena mbaineann. Le creat rialála fadtéarmach atá soiléir agus cobhsaí, éascófar forbairt agus úsáid breoslaí agus réitigh fuinnimh ***nua*** le haghaidh an mhuiriompair agus spreagfar infheistíocht ó ***pháirtithe leasmhara***. Le creat mar sin, ba cheart teorainneacha a shainiú le haghaidh dhéine astaíochtaí gás ceaptha teasa an fhuinnimh a úsáidtear ar bord long go dtí 2050. Ba cheart na teorainneacha sin éirí níos uaillmhianaí le himeacht ama chun an fhorbairt theicneolaíoch agus an méadú ar tháirgeadh breoslaí muirí in-athnuaite agus ísealcharbóin a bhfuil coinne leo a léiriú. | (14) De thairbhe na n-agaí fada tionscanta a bhaineann le forbairt agus le himscaradh breoslaí agus réitigh fuinnimh nua ***in-athnuaite*** le haghaidh an mhuiriompair***, chomh maith le meántréimhse idir 25 agus 30 bliain a bheith i saolré fhadthréimseach long,*** tá gá le gníomhaíocht ghasta agus le creat rialála fadtéarmach atá soiléir agus intuartha a bhunú***, arna bplé le páirtithe leasmhara agus leis an tsochaí shibialta,*** lena n-éascófaí pleanáil agus infheistíocht ó na páirtithe leasmhara uile lena mbaineann. ***Is mó tábhacht a bhaineann le bearta a ghlacadh san earnáil seo i ngeall ar ghéarú na géarchéime aeráide.*** Le creat rialála fadtéarmach atá soiléir, ***uaillmhianach*** agus cobhsaí, éascófar forbairt agus úsáid breoslaí ***ionadúla*** agus réiteach fuinnimh ***in-athnuaite*** le haghaidh an mhuiriompair agus spreagfar infheistíocht ó ***pháirtithe leasmhara***. Le creat mar sin, ba cheart teorainneacha a shainiú le haghaidh dhéine astaíochtaí gás ceaptha teasa an fhuinnimh a úsáidtear ar bord long go dtí ***go mbainfear amach astaíochtaí nialasacha faoi*** 2050. Ba cheart na teorainneacha sin éirí níos uaillmhianaí le himeacht ama chun an fhorbairt theicneolaíoch agus an méadú ar tháirgeadh breoslaí muirí in-athnuaite agus ísealcharbóin a bhfuil coinne leo a léiriú. |

**Leasú 19**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 15**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (15) Leis an Rialachán seo, ba cheart an mhodheolaíocht agus an fhoirmle a bhunú ar cheart feidhm a bheith acu maidir le meándéine bhliantúil astaíochtaí gás ceaptha teasa an fhuinnimh a úsáidtear ar bord loinge a ríomh. Ba cheart an fhoirmle sin a bheith bunaithe ar an ídiú breosla arna thuairisciú ag longa agus ba cheart fachtóirí astaíochta ábhartha na mbreoslaí sin a mheas léi. Ba cheart úsáid foinsí ionadacha fuinnimh, amhail an ghaoth nó leictreachas, a léiriú sa mhodheolaíocht freisin. | (15) Leis an Rialachán seo, ba cheart an mhodheolaíocht agus an fhoirmle a bhunú ar cheart feidhm a bheith acu maidir le meándéine bhliantúil astaíochtaí gás ceaptha teasa an fhuinnimh a úsáidtear ar bord loinge a ríomh. Ba cheart an fhoirmle sin a bheith bunaithe ar an ídiú breosla arna thuairisciú ag longa agus ba cheart fachtóirí astaíochta ábhartha na mbreoslaí sin a mheas léi. Ba cheart úsáid foinsí ionadacha fuinnimh ***ar muir agus i mbeart***, amhail an ghaoth, an ghrian nó leictreachas, a léiriú sa mhodheolaíocht freisin. |

**Leasú 20**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 17**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (17) Ba cheart feidhmíocht tobair-go-marbhshruth na mbreoslaí muirí in-athnuaite agus ísealcharbóin a bhunú agus úsáid á baint as fachtóirí astaíochta réamhshocraithe nó fachtóirí astaíochta iarbhír deimhnithe lena gcumhdaítear astaíochtaí tobair-go-humar agus astaíochtaí umair-go-marbhshruth. Mar sin féin, níor cheart feidhmíocht breoslaí iontaise a mheas ach amháin trí fachtóirí astaíochta réamhshocraithe a úsáid dá bhforáiltear leis an Rialachán seo. | (17) Ba cheart feidhmíocht tobair-go-marbhshruth na mbreoslaí muirí in-athnuaite agus ísealcharbóin a bhunú agus úsáid á baint as fachtóirí astaíochta réamhshocraithe nó fachtóirí astaíochta iarbhír deimhnithe lena gcumhdaítear astaíochtaí tobair-go-humar agus astaíochtaí umair-go-marbhshruth. Mar sin féin, níor cheart feidhmíocht breoslaí iontaise ***idir leachtacha agus ghásacha*** a mheas ach amháin trí fachtóirí astaíochta réamhshocraithe a úsáid, ar fachtóirí iad ***ba cheart a thabhairt cothrom le dáta go rialta bunaithe ar an bhforbairt theicneolaíoch agus eolaíoch is déanaí,*** dá bhforáiltear sa Rialachán seo. ***Amach anseo, d'fhéadfaí a cheadú go mbainfí úsáid as fachtóirí iarbhír agus deimhnithe astaíochtaí a chumhdaíonn sciar astaíochtaí sceite na n-astaíochtaí umar-*** |

| | |
|---|---|
| | ***go-marbhshruth le haghaidh breoslaí iontaise ar choinníoll go gcuirfidh an Coimisiún an sásra deimhniúcháin agus fíorúcháin comhfhreagrach i bhfeidhm trí bhíthin gníomh tarmligthe.*** |

**Leasú 21**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 18**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (18) Ní mór cur chuige cuimsitheach a bheith ann maidir leis na hastaíochtaí GCT is ábhartha ($CO_2$, $CH_4$ agus $N_2O$) chun úsáid foinsí fuinnimh a chur chun cinn a bhfuil lorg iomlán GCT níos ísle acu. Chun acmhainneacht téite domhanda an mheatáin agus ocsaídí nítriúla a léiriú, ba cheart an teorainn a leagtar síos leis an Rialachán seo a shloinneadh i dtéarmaí '$CO_2$ coibhéiseach'. | (18) Ní mór cur chuige cuimsitheach a bheith ann maidir leis na hastaíochtaí GCT is ábhartha ($CO_2$, ***BC***, $CH_4$ agus $N_2O$) chun úsáid foinsí fuinnimh a chur chun cinn a bhfuil lorg iomlán GCT níos ísle acu. Chun acmhainneacht téite domhanda an mheatáin, an ***charbóin dhuibh*** agus ocsaídí nítriúla a léiriú, ba cheart an teorainn a leagtar síos leis an Rialachán seo a shloinneadh i dtéarmaí '$CO_2$ coibhéiseach'. ***Ba cheart don Choimisiún an luach tagartha a ríomh tráth nach déanaí ná mí na Nollag 2022 agus ba cheart go gcomhfhreagródh sé do mheándéine gás ceaptha teasa an chabhlaigh ón bhfuinneamh a úsáidtear ar bord long in 2020, meándéine a cinneadh ar bhonn na sonraí a ndearnadh faireachán orthu agus a tuairiscíodh i gcreat Rialachán (AE) 2015/757 agus trí úsáid a bhaint as an modheolaíocht agus as na luachanna réamhshocraithe a leagtar síos in Iarscríbhinní I agus II a ghabhann leis an Rialachán seo.*** |

**Leasú 22**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 19**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (19) Le húsáid foinsí fuinnimh in- | (19) Le húsáid foinsí fuinnimh in- |

| | |
|---|---|
| athnuaite agus foinse mhalartaigh tiomána, ***amhail*** an ghaoth agus grianfhuinneamh, laghdaítear go mór an déine astaíochtaí gás ceaptha teasa maidir le ***húsáid*** fhuinneamh foriomlán na loinge. Maidir leis ***an deacracht*** na foinsí fuinnimh sin a thomhais agus a chainníochtú go beacht ***(eadrannacht na húsáide fuinnimh, aistriú díreach chun tiomána, etc.), níor cheart dó sin bac a chur ar a n-aitheantas in úsáid fhuinneamh foriomlán na loinge trí bhíthin meastacháin ar a*** rannchuidiú le cothromaíocht fuinnimh na loinge. | athnuaite agus foinse mhalartaigh tiomána, ***lena n-áirítear*** an ghaoth agus grianfhuinneamh ***ach gan a bheith teoranta dóibh,*** laghdaítear go mór an déine astaíochtaí gás ceaptha teasa maidir le fuinneamh foriomlán na loinge. ***Tá fáil níos mó ag teacht ar réitigh*** chun na foinsí fuinnimh sin a thomhas agus a chainníochtú go beacht, ***amhail braiteoirí ar bord agus bogearraí chun dálaí bealaigh a mheas***. ***Dá bhrí sin,*** ba cheart ***an*** rannchuidiú a thugann ***foinsí fuinnimh in-athnuaite agus foinsí mhalartaigh tiomána*** le cothromaíocht fuinnimh ***fhoriomlán*** na loinge ***a thaifeadadh agus a chur san áireamh ar shlí chomh beacht agus is féidir tríd an modh tomhais is fearr atá ar fáil go dtí seo, nó nuair a chruthaítear nach bhfuil sé indéanta go teicniúil an tomhas a dhéanamh, trí na neastacháin is fearr atá ar fáil***. ***Cuireann IMO roinnt treorach ar fáil maidir le láimhseáil teicneolaíochta nuálaí éifeachtúlachta fuinnimh[1a], lena n-áirítear chun meastachán a dhéanamh ar fhuinneamh ó thiomáint ghaothchuidithe agus tá modhanna eile measúnaithe á bhforbairt.***<br>__________________<br>***[1a] 2021 TREOIR MAIDIR LE LÁIMHSEÁIL TEICNEOLAÍOCHTA NUÁLAÍ ÉIFEACHTÚLACHTA FUINNIMH CHUN CRÍOCHA EEDI AGUS EEXI A RÍOMH AGUS A FHÍORÚ (MEPC.1/Circ.896)*** |

**Leasú 23**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 20**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (20) Is ábhar imní suntasach ag limistéir chósta agus ag cathracha calafoirt an truailliú aeir arna tháirgeadh ag longa ***i mbeart*** (ocsaídí sulfair, ocsaídí nítrigine | (20) ***De réir na meastachán,*** tá truailliú aeir arna tháirgeadh ag longa (ocsaídí sulfair, ocsaídí nítrigine agus ábhar cáithníneach) ***freagrach as níos mó ná 50*** |

| | |
|---|---|
| agus ábhar cáithníneach). ***Dá bhrí sin***, ba cheart oibleagáidí sonracha agus diana a fhorchur chun astaíochtaí i mbeart a laghdú ó longa a úsáideann cumhacht óna n-innill dócháin inmheánaigh agus iad ag fanacht i ***gcalafort***. De réir na sonraí a bailíodh faoi chuimsiú Rialachán (AE) ***2015/757 in*** 2018, is iad longa paisinéirí agus longa coimeádán na catagóirí long a tháirgeann an méid is mó astaíochtaí i mbeart in aghaidh na loinge. Dá réir sin, ba cheart aghaidh a thabhairt ar astaíochtaí ó na catagóirí long sin mar thosaíocht. | ***000 bás gach bliain san Aontas agus is*** ábhar imní suntasach ag limistéir chósta agus ag ***cathracha*** calafoirt é. ***Dá bhrí sin***, ba cheart oibleagáidí sonracha agus diana a fhorchur chun astaíochtaí i mbeart a laghdú ó longa a úsáideann cumhacht óna n-innill agus iad ag fanacht i ***gcalafort***. De réir na sonraí a bailíodh faoi chuimsiú Rialachán (AE) ***2015/757 in*** 2018, is iad longa paisinéirí agus longa coimeádán na catagóirí long a tháirgeann an méid is mó astaíochtaí i mbeart in aghaidh na loinge. Dá réir sin, ba cheart aghaidh a thabhairt ar astaíochtaí ó na catagóirí long sin mar thosaíocht, agus ***ina dhiaidh sin aghaidh a thabhairt ar astaíochtaí gach loinge atá fágtha chun cáilíocht an aeir i limistéir chósta a fheabhsú a luaithe is féidir***. |

**Leasú 24**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 20 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(20a) Ós rud é gurb é carbón dubh an dara cúis is mó a chuireann le téamh aeráide ó longa, d'fhéadfadh bearta chun úsáid carbóin dhuibh a laghdú rannchuidiú le dul i ngleic le truailliú aeir agus athrú aeráide araon. Ach déine astaíochtaí GCT atá dian a leagan síos, éifeachtúlacht oibríochtúil agus éifeachtúlacht fuinnimh a dhreasú agus carbón dubh (BC) a áireamh sa sprioc maidir le déine astaíochtaí GCT, d'fhéadfaí cuidiú le hastaíochtaí CO2 agus BC a laghdú. Ba cheart don Choimisiún a mheas, ina thuairisciú, an bhféadfadh sé go mbeadh gá le bearta breise chun dul i ngleic le scaoileadh BC gar don Artach.*** |

**Leasú 25**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 21**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (21) Le húsáid soláthair cumhachta ar tír (OPS), maolaítear truailliú aeir arna tháirgeadh ag longa agus laghdaítear an méid astaíochtaí GCT arna ghineadh ag an muiriompar. Is éard atá in OPS soláthar cumhachta atá ar fáil do longa i mbeart, cumhacht atá ag éirí níos ***glaine, i bhfianaise*** an sciar ***mhéadaithigh*** d'fhuinneamh ***in-athnuaite*** i meascán leictreachais an Aontais. Cé nach gcumhdaítear le Treoir 2014/94/AE (An Treoir maidir le Bonneagar Breoslaí Malartacha – AFID) ach an fhoráil maidir le pointí nasctha OPS, lean an t-éileamh ar an teicneolaíocht sin agus, dá thoradh sin, imscaradh na teicneolaíochta de bheith teoranta riamh. Dá bhrí sin, ba cheart rialacha sonracha a bhunú chun úsáid OPS a shainordú i measc na long ***is mó truailliú***. | (21) Le húsáid soláthair cumhachta ar tír (OPS), maolaítear truailliú aeir arna tháirgeadh ag longa ***i mbeart*** agus laghdaítear an méid astaíochtaí GCT arna ghineadh ag an muiriompar ***i mbeart***. Is éard atá in OPS soláthar cumhachta atá ar fáil do longa i mbeart, cumhacht atá ag éirí níos ***úsáidí, a bheidh chomh glan céanna i gcoibhneas*** leis an sciar ***d'fhuinneamh in-athnuaite*** i meascán leictreachais an Aontais. Cé nach gcumhdaítear le Treoir 2014/94/AE (An Treoir maidir le Bonneagar Breoslaí Malartacha – AFID) ach an fhoráil maidir le pointí nasctha OPS, lean an t-éileamh ar an teicneolaíocht sin agus, dá thoradh sin, imscaradh na teicneolaíochta de bheith teoranta riamh. Dá bhrí sin, ba cheart rialacha ***agus dréasachtaí*** sonracha a bhunú chun úsáid OPS a shainordú i measc ***gach*** loinge ***a chumhdaítear leis an Rialachán seo***. |

**Leasú 26**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 21 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(21a) Tá comhordú idir calafoirt, oibreoirí loinge agus na páirtithe leasmhara ábhartha uile ríthábhachtach chun a áirithiú go mbainfear an úsáid is fearr is féidir as an soláthar cumhachta ar tír (OPS). Go háirithe, ba cheart d'oibreoirí loinge faisnéis leordhóthanach agus thráthúil a thabhairt don chalafort cuarda faoin rún atá acu OPS a úsáid agus faoi na riachtanais chumhachta a mheastar a bheidh acu, go háirithe nuair a sháraíonn na riachtanais sin riachtanais mheasta na catagóire loinge sin chun úsáid intuartha na heangaí*** |

***leictreachais a áirithiú. Ba cheart do na Ballstáit oibriú i ndlúthchomhar leis na páirtithe leasmhara ábhartha chun a áirithiú go ndéanfar na hinfheistíochtaí is gá agus go ndaingneofar acmhainneacht agus cobhsaíocht eangaí leordhóthanach. Ba cheart an oibleagáid atá ar chalafoirt soláthar cumhachta ar tír a sholáthar a chomhlanú le hoibleagáid chomhfhreagrach ar longa nascadh leis an mbonneagar athluchtúcháin sin agus iad i mbeart, chun éifeachtacht a áirithiú agus sócmhainní tréigthe a sheachaint.***

***Chun neamhréireacht idir suiteálacha cumhachta cois cladaigh ar bord agus i gcalafoirt a sheachaint, ba cheart don Choimisiún an tacaíocht is gá a chur ar fáil chun a áirithiú go gcuireann soithí agus calafoirt na ceanglais chaighdeánaithe uile atá ann cheana agus a bheidh ann amach anseo i bhfeidhm, go háirithe maidir le tiontú minicíochta leictrí i gcás inar gá.***

**Leasú 27**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 22**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (22) Anuas ar OPS, le teicneolaíochtaí eile d'fhéadfaí a bheith ábalta tairbhí comhshaoil coibhéiseacha a chur ar fáil i gcalafoirt. Nuair a léirítear go bhfuil úsáid teicneolaíochta malartaí coibhéiseach le húsáid OPS, ba cheart an long sin a bheith díolmhaithe ó OPS a úsáid. | (22) Anuas ar OPS, le teicneolaíochtaí eile d'fhéadfaí a bheith ábalta tairbhí comhshaoil coibhéiseacha a chur ar fáil i gcalafoirt***, amhail suiteáil in-athnuaite ar bord, ceallraí agus babhtálacha ceallraí***. Nuair a léirítear go bhfuil úsáid teicneolaíochta malartaí coibhéiseach le húsáid OPS***, ó thaobh truailliú aeir agus astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú,*** ba cheart an long sin a bheith díolmhaithe ó OPS a úsáid. |

**Leasú 28**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 23**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (23) Ba cheart foráil a dhéanamh maidir le heisceachtaí ó úsáid OPS ar roinnt cúiseanna oibiachtúla freisin, agus ba cheart iad a bheith deimhnithe ag comhlacht bainistíochta an chalafoirt cuarda ***agus*** teoranta do chuairteanna neamhsceidealaithe ar chalafoirt ar chúiseanna sábháilteachta nó chun beatha a shábháil ar muir, do ghearrfhanachtaí long i mbeart ar lú iad ná 2 uair an chloig óir is é seo an t-am íosta a theastaíonn chun nascadh, agus do ghiniúint fuinnimh ar bord a úsáid i gcásanna práinne. | (23) Ba cheart eisceachtaí ar úsáid OPS a chur ar fáil freisin ar roinnt cúiseanna oibiachtúla, arna ndeimhniú ag comhlacht bainistíochta an chalafoirt cuarda***, ag oibreoir an chríochfoirt agus/nó ag an údarás inniúil, ag brath ar an múnla rialachais do chalafoirt sna Ballstáit éagsúla***. ***Ba cheart na heisceachtaí sin a bheith*** teoranta do chuairteanna neamhsceidealaithe ar chalafoirt ar chúiseanna sábháilteachta nó chun beatha a shábháil ar muir, do ghearrfhanachtaí long i mbeart ar lú iad ná 2 uair an chloig óir is é seo an t-am íosta a theastaíonn chun nascadh, agus do ghiniúint fuinnimh ar bord a úsáid i gcásanna práinne. |

**Leasú 29**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 24**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (24) I gcás nach bhfuil OPS ar fáil nó ina bhfuil sé neamh-chomhoiriúnach, ba cheart eisceachtaí a bheith teoranta go dtí go mbeadh dóthain ama ag oibreoirí loinge agus calafoirt na hinfheistíochtaí is gá a dhéanamh, chun na dreasachtaí is gá a chur ar fáil le haghaidh na n-infheistíochtaí sin agus chun iomaíochas éagórach a sheachaint. Amhail ó 2035, ba cheart d’oibreoirí loinge a gcuairteanna ar chalafoirt a phleanáil go cúramach chun a áirithiú go mbeidh siad in ann a gcuid gníomhaíochtaí a dhéanamh gan truailleáin aeir ná gáis ceaptha teasa a astú i mbeart agus an comhshaol i limistéir chósta agus i gcathracha calafoirt a chur i mbaol. I gcás nach bhfuil OPS ar fáil ***nó*** ina bhfuil sé ***neamh-chomhoiriúnach***, ba cheart líon teoranta eisceachtaí a choinneáil ar bun | (24) I gcás nach bhfuil OPS ar fáil nó ina bhfuil sé neamh-chomhoiriúnach, ba cheart eisceachtaí a bheith teoranta go dtí go mbeadh dóthain ama ag oibreoirí loinge agus calafoirt na hinfheistíochtaí is gá a dhéanamh, chun na dreasachtaí is gá a chur ar fáil le haghaidh na n-infheistíochtaí sin agus chun iomaíochas éagórach a sheachaint. Amhail ó 2035, ba cheart d’oibreoirí loinge a gcuairteanna ar chalafoirt a phleanáil go cúramach chun a áirithiú go mbeidh siad in ann a gcuid gníomhaíochtaí a dhéanamh gan truailleáin aeir ná gáis ceaptha teasa a astú i mbeart agus an comhshaol i limistéir chósta agus i gcathracha calafoirt a chur i mbaol. Ba cheart líon teoranta eisceachtaí a choinneáil ar bun ***go dtí 2040*** i gcás nach bhfuil OPS ar fáil chun an deis a chur ar fáil athruithe a |

| | |
|---|---|
| chun an deis a chur ar fáil athruithe a dhéanamh ag an nóiméad deireanach ó am go chéile ar sceidil chuairteanna ar chalafoirt agus ar chuairteanna ar chalafoirt ina bhfuil trealamh neamh-chomhoiriúnach. | dhéanamh ag an nóiméad deireanach ó am go chéile ar sceidil chuairteanna ar chalafoirt agus ar chuairteanna ar chalafoirt ina bhfuil trealamh neamh-chomhoiriúnach. ***D'fhonn úsáid OPS a dhreasú tuilleadh, ba cheart do na Ballstáit na forálacha faoi Airteagal 14 de Threoir (AE) .../... a chur chun feidhme [An Treoir maidir Cánachas Fuinnimh] lena bhforáiltear do dhíolúintí iomlána nó páirteacha a chur i bhfeidhm maidir le leictreachas arna sholáthar go díreach do shoithí atá ar ancaire i gcalafoirt, nó ceallraí móibíleacha soithí a athluchtaítear i mbeart.*** |

**Leasú 30**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 25**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (25) Leis an Rialachán seo, ba cheart córas láidir faireacháin, tuairiscithe agus fíoraithe a chur i bhfeidhm chun comhlíonadh a fhorálacha a rianú. Ba cheart feidhm a bheith ag an gcóras sin ar bhonn neamh-idirdhealaitheach maidir le gach long agus ba cheart gá a bheith le fíorúchán tríú páirtí chun cruinneas na sonraí a chuirtear isteach sa chóras sin a áirithiú. Chun gur fusa cuspóir an Rialacháin seo a bhaint amach, ba cheart aon sonra a tuairiscíodh cheana chun críoch Rialachán (AE) 2015/757 a úsáid, i gcás inar gá, chun comhlíonadh an Rialacháin seo a dheimhniú chun an t-ualach riaracháin a fhorchuirtear ar chuideachtaí, ar fhíoraitheoirí agus ar údaráis mhuirí a theorannú. | (25) Leis an Rialachán seo, ba cheart córas láidir ***agus trédhearcach*** faireacháin, tuairiscithe agus fíoraithe a chur i bhfeidhm chun comhlíonadh a fhorálacha a rianú. Ba cheart feidhm a bheith ag an gcóras sin ar bhonn neamh-idirdhealaitheach maidir le gach long agus ba cheart gá a bheith le fíorúchán tríú páirtí chun cruinneas na sonraí a chuirtear isteach sa chóras sin a áirithiú. Chun gur fusa cuspóir an Rialacháin seo a bhaint amach, ba cheart aon sonra a tuairiscíodh cheana chun críoch Rialachán (AE) 2015/757 a úsáid, i gcás inar gá, chun comhlíonadh an Rialacháin seo a dheimhniú chun an t-ualach riaracháin a fhorchuirtear ar chuideachtaí, ar fhíoraitheoirí, ar údaráis mhuirí ***agus*** údaráis ***riaracháin*** a theorannú. |

**Leasú 31**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 26**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (26) Ba cheart do chuideachtaí a bheith freagrach as faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar an méid fuinnimh agus ar an gcineál fuinnimh a úsáidtear ar bord long agus iad i mbun loingseoireachta agus i mbeart, chomh maith le faisnéis ábhartha eile, amhail faisnéis faoin gcineál innill atá ar bord nó faoi theicneolaíochtaí gaothchuidithe ***a bheith ann***, d'fhonn comhlíontacht a léiriú leis an teorainn le déine astaíochtaí gás ceaptha teasa an fhuinnimh a úsáidtear ar bord loinge a leagtar amach sa Rialachán seo. Chun gur fusa do na fíoraitheoirí na hoibleagáidí faireacháin agus tuairiscithe sin agus an próiseas fíoraithe a chomhlíonadh, amhail a dhéantar le Rialachán (AE) 2015/757, ba cheart do chuideachtaí an modh faireacháin atá beartaithe a dhoiciméadú agus tuilleadh sonraí a chur ar fáil faoi chur i bhfeidhm rialacha an Rialacháin seo i bplean faireacháin. Ba cheart an plean faireacháin, chomh maith le haon mhodhnú air ina dhiaidh sin, más infheidhme, a chur faoi bhráid an fhíoraitheora. | (26) Ba cheart do chuideachtaí a bheith freagrach as faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar an méid fuinnimh agus ar an gcineál fuinnimh a úsáidtear ar bord long agus iad i mbun loingseoireachta agus i mbeart, chomh maith le faisnéis ábhartha eile, amhail faisnéis faoin gcineál innill atá ar bord, ***sonraíocht theicniúil*** na dteicneolaíochtaí gaothchuidithe ***nó aon fhoinse mhalartach fuinnimh atá ar bord, lena n-áirítear cuntas a thabhairt ar an bhfuinneamh a sholáthraíonn siad***, d'fhonn comhlíontacht a léiriú leis an teorainn le déine astaíochtaí gás ceaptha teasa an fhuinnimh a úsáidtear ar bord loinge a leagtar amach sa Rialachán seo. Chun gur fusa do na fíoraitheoirí na hoibleagáidí faireacháin agus tuairiscithe sin agus an próiseas fíoraithe a chomhlíonadh, amhail a dhéantar le Rialachán (AE) 2015/757, ba cheart do chuideachtaí an modh faireacháin atá beartaithe a dhoiciméadú agus tuilleadh sonraí a chur ar fáil faoi chur i bhfeidhm rialacha an Rialacháin seo i bplean faireacháin. Ba cheart an plean faireacháin, chomh maith le haon mhodhnú air ina dhiaidh sin, más infheidhme, a chur faoi bhráid an fhíoraitheora. ***Ní mór faisnéis maidir le loingseoireacht oighir agus faisnéis ábhartha eile faoi shoithí a aicmítear mar shoitheach oighir a thuairisciú chun an modh sonrach a leagtar amach sna hiarscríbhinní a chur i bhfeidhm.*** |

**Leasú 32**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 26 a (nua)**

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| | ***(26a) Ba cheart úsáid teicneolaíochtaí mórleabhar dáilte a spreagadh chun na próisis faireacháin agus tuairiscithe a leagtar amach i gcomhréir leis an Rialachán seo a dhéanamh níos sláine, níos cruinne agus níos inrianaithe lena bhfíorú.*** |

**Leasú 33**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 29**

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| (29) Agus úsáid á baint as na sonraí agus as an bhfaisnéis a ndéanann cuideachtaí faireachán orthu agus a thuairiscíonn siad, ba cheart do na fíoraitheoirí meándéine bhliantúil astaíochtaí gás ceaptha teasa an fhuinnimh a úsáidtear ar bord loinge agus cothromaíocht na loinge maidir leis an teorainn a ríomh agus a bhunú, lena n-áirítear aon bharrachas nó easnamh comhlíontachta, chomh maith le hurramú na gceanglas maidir le soláthar cumhachta ar tír a úsáid i mbeart. Ba cheart don fhíoraitheoir fógra a thabhairt don chuideachta lena mbaineann faoin bhfaisnéis sin. I gcás inarb é an fíoraitheoir an t-eintiteas céanna leis an bhfíoraitheoir chun críoch Rialachán (AE) 2015/757, d'fhéadfaí fógra den sórt sin a thabhairt i dteannta leis an tuarascáil fíorúcháin faoin Rialachán sin. Ba cheart don chuideachta lena mbaineann faisnéis den sórt sin a thuairisciú don Choimisiún ansin. | (29) Agus úsáid á baint as na sonraí agus as an bhfaisnéis a ndéanann cuideachtaí faireachán orthu agus a thuairiscíonn siad, ba cheart do na fíoraitheoirí meándéine bhliantúil astaíochtaí gás ceaptha teasa an fhuinnimh a úsáidtear ar bord loinge agus cothromaíocht na loinge maidir leis an teorainn a ríomh agus a bhunú, lena n-áirítear aon bharrachas nó easnamh comhlíontachta, chomh maith le hurramú na gceanglas maidir le soláthar cumhachta ar tír a úsáid i mbeart agus maidir le ***cuóta do bhreoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch***. ***Ba cheart don fhíoraitheoir comhiomlánú ar leithligh a dhéanamh ar bhonn bliantúil ar gach cineál breosla nó fuinnimh a ídítear i mbeart agus ar muir, lena n-áirítear gach foinse ionadach fuinnimh a ídítear amhail leictreachas, fuinneamh gaoithe nó fuinneamh gréine***. Ba cheart don fhíoraitheoir fógra a thabhairt don chuideachta lena mbaineann faoin bhfaisnéis sin. I gcás inarb é an fíoraitheoir an t-eintiteas céanna leis an bhfíoraitheoir chun críoch Rialachán (AE) 2015/757, d'fhéadfaí fógra den sórt sin a thabhairt i dteannta leis an tuarascáil fíorúcháin faoin Rialachán sin. Ba cheart don chuideachta lena mbaineann faisnéis den sórt sin a |

thuairisciú don Choimisiún ansin.

**Leasú 34**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 30**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (30) Ba cheart don Choimisiún bunachar sonraí leictreonach a bhunú agus feidhmiú an bhunachair sonraí sin a áirithiú, bunachar sonraí ***ina gclárófaí*** feidhmíocht gach loinge agus lena n-áiritheofaí comhlíontacht gach loinge leis an Rialachán seo. Chun tuairisciú a éascú agus chun an t-ualach riaracháin ar chuideachtaí, ar fhíoraitheoirí agus ar úsáideoirí eile a theorannú, leis an mbunachar sonraí leictreonach sin ba cheart tógáil ar mhodúl THETIS-MRV atá ann faoi láthair agus ba cheart a chur san áireamh an fhéidearthacht maidir le faisnéis agus sonraí a bhaileofar chun críoch Rialachán (AE) 2015/757 a athúsáid. | (30) Ba cheart don Choimisiún bunachar sonraí leictreonach ***arna bhainistiú go lárnach*** a bhunú agus feidhmiú an bhunachair sonraí sin a áirithiú chun feidhmíocht gach loinge ***a chlárú, agus chun sonraí a bhailiú maidir le húsáidí fuinnimh, pionóis, solúbthachtaí agus díolúintí agus aon fhaisnéis ábhartha eile*** a bhaineann leis an Rialachán. Chun tuairisciú a éascú agus chun an t-ualach riaracháin ar chuideachtaí, ar fhíoraitheoirí agus ar úsáideoirí eile a theorannú, leis an mbunachar sonraí leictreonach sin ba cheart tógáil ar mhodúl THETIS-MRV atá ann faoi láthair agus ba cheart a chur san áireamh an fhéidearthacht maidir le faisnéis agus sonraí a bhaileofar chun críoch Rialachán (AE) 2015/757 a athúsáid. ***Chun trédhearcacht a fheabhsú agus, ag an am céanna, an t-ualach riaracháin ar longúinéirí agus oibreoirí long a laghdú, ba cheart d'fhíoraitheoirí na sonraí comhlíontachta arna dtuairisciú ag longúinéirí agus oibreoirí long a chomhiomlánú ar leibhéal na loinge aonair. Ba cheart na sonraí a iontráiltear sa bhunachar sonraí a bheith inchomparáide agus a chur ar fáil go poiblí i bhformáid oscailte ionas go mbeidh an pobal i gcoitinne agus, go háirithe, an tsochaí shibhialta agus an pobal eolaíochta in ann aistriú éiceolaíoch na hearnála muirí a rianú.*** |

**Leasú 35**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 31**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (31) Bhraithfeadh comhlíonadh an Rialacháin seo ar ghnéithe a bhféadfadh sé nach mbeadh smacht ag an gcuideachta orthu, amhail saincheisteanna a bhaineann le hinfhaighteacht an bhreosla nó le cáilíocht an bhreosla. Dá bhrí sin, ba cheart solúbthacht a thabhairt do chuideachtaí barrachas comhlíontachta a thar-rolladh ó bhliain go bliain nó barrachas comhlíontachta a fháil ar réamhiasacht, laistigh de theorainneacha áirithe, ón mbliain dár gcionn. Maidir le húsáid OPS i mbeart, rud a bhfuil tábhacht mhór ag baint leis maidir leis an gcáilíocht aeir áitiúil i gcathracha calafoirt agus i limistéir chósta, níor cheart an úsáid sin a bheith incháilithe le haghaidh forálacha solúbthachta comhchosúla. | (31) Bhraithfeadh comhlíonadh an Rialacháin seo ar ghnéithe a bhféadfadh sé nach mbeadh smacht ag an gcuideachta orthu, amhail saincheisteanna a bhaineann le hinfhaighteacht an bhreosla nó le cáilíocht an bhreosla. Dá bhrí sin, ba cheart solúbthacht a thabhairt do chuideachtaí barrachas comhlíontachta a thar-rolladh ó bhliain go bliain nó barrachas comhlíontachta ***arna ghiniúint ag fuinneamh in-athnuaite*** a fháil ar réamhiasacht, laistigh de theorainneacha áirithe, ón mbliain dár gcionn. Maidir le húsáid OPS ***agus aon teicneolaíocht eile astaíochtaí nialasacha*** i mbeart, rud a bhfuil tábhacht mhór ag baint leis maidir leis an gcáilíocht aeir áitiúil i gcathracha calafoirt agus i limistéir chósta, níor cheart an úsáid sin a bheith incháilithe le haghaidh forálacha solúbthachta comhchosúla. |

**Leasú 36**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 32**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (32) Chun gaibhniú teicneolaíochta a sheachaint agus chun leanúint de thacú le himscaradh na réiteach lena mbaineann an ***fheidhmíocht*** is fearr, ba cheart deis a bheith ann do chuideachtaí feidhmíocht long éagsúil a chomhthiomsú agus an rófheidhmíocht a d'fhéadfadh a bheith ag long amháin a úsáid chun cúiteamh a dhéanamh ar thearcfheidhmíocht loinge eile. Leis sin, cruthaítear féidearthacht maidir le cúiteamh a dhéanamh ar an ró-chomhlíontacht agus dreasaítear an infheistíocht i dteicneolaíochtaí ardfhorbartha. An fhéidearthacht maidir le | (32) Chun gaibhniú teicneolaíochta a sheachaint agus chun leanúint de thacú le himscaradh na réiteach is ***éifeachtúla ó thaobh fuinnimh de*** agus inbhuanaithe, ba cheart deis a bheith ann do chuideachtaí feidhmíocht long a chomhthiomsú agus an rófheidhmíocht a d'fhéadfadh a bheith ag long amháin a úsáid chun cúiteamh a dhéanamh ar thearcfheidhmíocht loinge eile. Leis sin, cruthaítear féidearthacht maidir le cúiteamh a dhéanamh ar an ró-chomhlíontacht agus dreasaítear an infheistíocht i dteicneolaíochtaí ardfhorbartha. An fhéidearthacht maidir le |

| | |
|---|---|
| comhlíontacht chomhthiomsaithe a roghnú, ba cheart di leanúint de bheith deonach agus faoi réir comhaontú ag na cuideachtaí lena mbaineann. | comhlíontacht chomhthiomsaithe a roghnú, ba cheart di leanúint de bheith deonach agus faoi réir comhaontú ag na cuideachtaí lena mbaineann. |

**Leasú 37**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 33**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (33) Maidir le doiciméad comhlíontachta ('deimhniú comhlíontachta FuelEU') a eisíonn fíoraitheoir de réir na nósanna imeachta a bhunaítear leis an Rialachán seo, ba cheart sin a choimeád ar bord long mar fhianaise gur comhlíonadh na teorainneacha maidir le déine astaíochtaí gás ceaptha teasa an fhuinnimh a úsáidtear ar bord loinge agus gur comhlíonadh na ceanglais maidir le húsáid OPS i mbeart. Ba cheart d'fhíoraitheoirí an Coimisiún a chur ar an eolas nuair a eisítear doiciméid den sórt sin. | (33) Maidir le doiciméad comhlíontachta ('deimhniú comhlíontachta FuelEU') a eisíonn fíoraitheoir de réir na nósanna imeachta a bhunaítear leis an Rialachán seo, ba cheart sin a choimeád ar bord long mar fhianaise gur comhlíonadh na teorainneacha maidir le déine astaíochtaí gás ceaptha teasa an fhuinnimh a úsáidtear ar bord loinge, gur comhlíonadh an ***ceanglas maidir le breoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch,*** agus gur comhlíonadh na ceanglais maidir le húsáid OPS i mbeart. Ba cheart d'fhíoraitheoirí an Coimisiún a chur ar an eolas nuair a eisítear doiciméid den sórt sin. |

**Leasú 38**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 35**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (35) Gan dochar don fhéidearthacht maidir le comhlíonadh tríd na forálacha solúbthachta agus comhthiomsaithe, na longa nach gcomhlíonann na teorainneacha maidir le meándéine bhliantúil astaíochtaí gás ceaptha teasa an fhuinnimh a úsáidtear ar bord, beidh siad faoi réir pionós a mbeidh tionchar athchomhairleach aige. Ba cheart an pionós a bheith comhréireach le méid na neamh-chomhlíontachta agus ba | (35) Gan dochar don fhéidearthacht maidir le comhlíonadh trí na forálacha solúbthachta agus comhthiomsaithe, na longa nach gcomhlíonann na teorainneacha maidir le meándéine bhliantúil astaíochtaí gás ceaptha teasa an fhuinnimh a úsáidtear ar bord, beidh siad faoi réir pionós a mbeidh tionchar athchomhairleach aige. Ba cheart an pionós a bheith comhréireach le méid na neamh-chomhlíontachta agus ba |

cheart deireadh a chur le haon bhuntáiste eacnamaíoch de thoradh neamh-chomhlíontachta leis, agus cothrom iomaíochta san earnáil á chaomhnú dá réir. Ba cheart é a bheith ***bunaithe ar*** an méid breosla in-athnuaite agus ísealcharbóin ba cheart do na longa a úsáid chun ceanglais an Rialacháin a chomhlíonadh agus ar chostas an bhreosla sin.

cheart deireadh a chur le haon bhuntáiste eacnamaíoch de thoradh neamh-chomhlíontachta leis, agus cothrom iomaíochta san earnáil á chaomhnú dá réir. Ba cheart é a bheith ***níos mó*** ná an méid breosla in-athnuaite agus ísealcharbóin ba cheart do na longa a úsáid chun ceanglais an Rialacháin a chomhlíonadh agus ar chostas an bhreosla sin.

**Leasú 39**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 36**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (36) Ba cheart an pionós a fhorchuirtear ar gach cuairt neamh-chomhlíontach ar chalafort a bheith comhréireach leis an gcostas ar an leictreachas a úsáid agus ba cheart é a bheith ar leibhéal leordhóthanach ionas go mbeadh tionchar athchomhairleach aige ar úsáid foinsí fuinnimh ar mó an truailliú uathu. Ba cheart an pionós a bheith bunaithe ar an gcumhacht atá suiteáilte ar bord an tsoithigh, arna shloinneadh ina meigeavatanna, arna iolrú faoi phionós seasta in EUR in aghaidh gach uaire a fhanann an soitheach i mbeart. I ngeall ar easpa figiúirí cruinne maidir leis an gcostas ar OPS a sholáthar san Aontas, ba cheart an ráta seo a bheith bunaithe ar mheánphraghas leictreachais an Aontais le haghaidh tomhaltóirí nach teaghlaigh iad, arna iolrú faoi fhachtóir a dó, chun muirir eile a bhaineann le soláthar na seirbhíse a chur san áireamh, lena n-áirítear, i measc nithe eile, costais nasctha agus gnéithe téarnaimh infheistíochta. | (36) Ba cheart an pionós a fhorchuirtear ar gach cuairt neamh-chomhlíontach ar chalafort a bheith comhréireach leis an gcostas ar an leictreachas a úsáid agus ba cheart é a bheith ar leibhéal leordhóthanach ionas go mbeadh tionchar athchomhairleach aige ar úsáid foinsí fuinnimh ar mó an truailliú uathu. Ba cheart an pionós a bheith bunaithe ar an gcumhacht atá suiteáilte ar bord an tsoithigh, arna shloinneadh ina meigeavatanna, arna iolrú faoi phionós seasta in EUR in aghaidh gach uaire a fhanann an soitheach i mbeart. I ngeall ar easpa figiúirí cruinne maidir leis an gcostas ar OPS a sholáthar san Aontas, ba cheart an ráta seo a bheith bunaithe ar mheánphraghas leictreachais an Aontais ***is nuashonraithe*** le haghaidh tomhaltóirí nach teaghlaigh iad, arna iolrú faoi fhachtóir a dó, chun muirir eile a bhaineann le soláthar na seirbhíse a chur san áireamh, lena n-áirítear, i measc nithe eile, costais nasctha agus gnéithe téarnaimh infheistíochta. |

**Leasú 40**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 37**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (37) Ba cheart an t-ioncam a ghinfear ó íocaíocht na bpionós a úsáid chun ***dáileadh agus úsáid breoslaí in-athnuaite agus ísealcharbóin a chur chun cinn*** san earnáil mhuirí agus chun ***cuidiú*** le hoibreoirí muirí a spriocanna aeráide agus comhshaoil a bhaint amach. Chun na críche sin, ba cheart an t-ioncam sin a leithdháileadh ar an gCiste ***don Nuálaíocht*** dá dtagraítear in Airteagal ***10a(8)*** de Threoir 2003/87/CE. | (37) Ba cheart an t-ioncam a ghinfear ó íocaíocht na bpionós a ***athinfheistiú go hiomlán*** san earnáil mhuirí agus é a ***úsáid chun aistriú cóir éiceolaíoch na hearnála muirí a chur chun cinn trí bhíthin feabhas tapa ar éifeachtúlacht fuinnimh agus éifeachtúlacht oibríochtúil long, lena n-áirítear loingseoireacht ghearrthurais agus calafoirt, úsáid teicneolaíochtaí tiomána astaíochtaí nialasacha agus glacadh úsáide inbhuanaithe fuinnimh in-athnuaite, lena n-áirítear fuinneamh gaoithe, chomh maith le tógáil na n-áiseanna ábhartha buncaeireachta a éascú, pointí nasctha leictreacha i gcalafoirt a éascú, agus ar an gcaoi sin cabhrú le*** hoibreoirí muirí a spriocanna aeráide agus comhshaoil a bhaint amach. ***Ag an am céanna, ba cheart ioncam a úsáid chun tacú le hath-imlonnú, oiliúint, athsciliu agus uas-sciliú oibrithe feadh shlabhra luacha iomlán na hearnála muirí, lena n-áirítear longchlóis, chun na scileanna agus na teicneolaíochtaí atá neamhdhíobhálach don chomhshaol a thabhairt dóibh, ar scileanna agus teicneolaíochtaí iad a bhfuil gá leo don aistriú. Le hoiliúint loingseoirí agus captaen muirí, ba cheart díriú, go háirithe, ar na tairbhí agus na gnóthachain éifeachtúlachta a bhaineann le galú mall, optamú na mbealaí agus lóistíocht lastais chomh maith le feasacht a ardú ar éiceachórais mhuirí agus ar fhadhb an bhruscair mhuirí.*** Chun na críche sin, ba cheart an t-ioncam sin a leithdháileadh ar an gCiste Aigéin dá dtagraítear in Airteagal ***[XX]*** de Threoir 2003/87/CE ***agus é curtha in áirithe do thionscadail san earnáil mhuirí i gcomhréir leis na cuspóirí a leagtar amach sa Rialachán seo***. ***Go deimhin, ba cheart 20 % d'ioncaim an Chiste Aigéin a bhailítear gach bliain chun rannchuidiú*** |

| | |
|---|---|
| | ***le héiceachórais mhuirí a bhfuil tionchar ag téamh domhanda orthu a chosaint, a athbhunú agus a bhainistiú níos fearr, amhail limistéir mhuirí faoi chosaint, agus chun geilleagar gorm trasearnálach inbhuanaithe a chur chun cinn, amhail fuinneamh muirí in-athnuaite.*** |

**Leasú 41**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 39**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (39) I bhfianaise na tábhachta a bhaineann le hiarmhairtí a d'fhéadfadh a bheith ag na bearta atá glactha ag na fíoraitheoirí faoin Rialachán seo ar na cuideachtaí lena mbaineann, go háirithe maidir le cuairteanna neamh-chomhlíontacha ar chalafoirt a chinneadh, an méid pionós a ríomh agus eisiúint dheimhnithe comhlíontachta FuelEU a dhiúltú, ba cheart do na cuideachtaí sin a bheith i dteideal iarratas ar athbhreithniú ar na bearta sin a chur faoi bhráid an údaráis inniúil sa Bhallstát inar creidiúnaíodh an fíoraitheoir. I bhfianaise an chirt bhunúsaigh chun leighis éifeachtaigh, a chumhdaítear in Airteagal 47 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, ba cheart cinntí a ghlacann údaráis inniúla agus comhlachtaí bainistíochta an chalafoirt faoin Rialachán seo a bheith faoi réir athbhreithniú breithiúnach, arna dhéanamh i gcomhréir le dlí náisiúnta an Bhallstáit lena mbaineann. | (39) I bhfianaise na tábhachta a bhaineann le hiarmhairtí a d'fhéadfadh a bheith ag na bearta atá glactha ag na fíoraitheoirí faoin Rialachán seo ar na cuideachtaí lena mbaineann, go háirithe maidir le cuairteanna neamh-chomhlíontacha ar chalafoirt a chinneadh, ***tiomsú na faisnéise le haghaidh*** mhéid na bpionós a ríomh agus eisiúint dheimhnithe comhlíontachta FuelEU a dhiúltú, ba cheart do na cuideachtaí sin a bheith i dteideal iarratas ar athbhreithniú ar na bearta sin a chur faoi bhráid an údaráis inniúil sa Bhallstát inar creidiúnaíodh an fíoraitheoir. I bhfianaise an chirt bhunúsaigh chun leighis éifeachtaigh, a chumhdaítear in Airteagal 47 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, ba cheart cinntí a ghlacann údaráis inniúla agus comhlachtaí bainistíochta an chalafoirt faoin Rialachán seo a bheith faoi réir athbhreithniú breithiúnach, arna dhéanamh i gcomhréir le dlí náisiúnta an Bhallstáit lena mbaineann. |

**Leasú 42**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 40**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (40) Chun cothrom iomaíochta a choinneáil ar bun trí fheidhmiú éifeachtúil an Rialacháin seo, ba cheart an chumhacht gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a tharmligean chuig an gCoimisiún i dtaca leis an liosta fachtóirí astaíochta tobair go marbhshruth a leasú, liosta na dteicneolaíochtaí astaíochtaí nialasacha is infheidhme nó na critéir lena n-úsáid a leasú, rialacha a bhunú maidir leis an tástáil saotharlainne agus na tomhais dhíreacha astaíochtaí a dhéanamh, fíoraitheoirí a chreidiúnú, an fachtóir pionóis a ghlacadh, agus módúlachtaí íocaíochta pionós a ghlacadh. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfaí na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos sa Chomhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr an 13 Aibreán 2016. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, faigheann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus bíonn rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bhíonn ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe. | (40) Chun cothrom iomaíochta a choinneáil ar bun trí fheidhmiú éifeachtúil an Rialacháin seo, ba cheart an chumhacht gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a tharmligean chuig an gCoimisiún i dtaca leis na caighdeáin ***a shainiú nó a nuashonrú chun foinsí ionadacha fuinnimh a thomhas agus cuntas a thabhairt orthu,*** an liosta fachtóirí astaíochta tobair go marbhshruth a leasú, ***coibhéis CO2 d'astaíochtaí, lena n-áirítear BC, a ríomh***, liosta na dteicneolaíochtaí astaíochtaí nialasacha **i mbeart** is infheidhme nó na critéir lena n-úsáid a leasú ***nó lena ndéantar a mhéid a rannchuidíonn siad le comhardú chothromaíocht fuinnimh na loinge a thomhas, an teimpléad le haghaidh pleananna faireacháin a shainiú***, rialacha a bhunú maidir leis an tástáil saotharlainne agus na tomhais dhíreacha astaíochtaí a dhéanamh, fíoraitheoirí a chreidiúnú, an fachtóir pionóis a oiriúnú, ***agus foirmlí*** agus módúlachtaí íocaíochta pionós a oiriúnú. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfaí na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos sa Chomhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr an 13 Aibreán 2016. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, faigheann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus bíonn rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bhíonn ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe. |

**Leasú 43**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 40 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(40a) Is réimse de chuid an taighde agus na forbartha atá ag athrú go tapa iad teicneolaíochtaí atá neodrach ó thaobh na haeráide. Faoi... [2 bhliain tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], ba cheart don Choimisiún tuarascáil a ullmhú ina ndéanfaí anailís ar na forbairtí, sa taighde agus sa nuálaíocht agus sa mhargadh araon, a bhaineann le teicneolaíochtaí astaíochtaí nialasacha i mbeart agus teicneolaíochtaí breoslaí astaíochtaí nialasacha.*** |

**Leasú 44**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 41**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (41) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir leis an Rialachán seo a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle. ***Agus na teimpléid le haghaidh pleananna faireacháin caighdeánaithe á mbunú trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, lena n-áirítear na rialacha teicniúla maidir le cur i bhfeidhm aonfhoirmeach na dteimpléad sin, ba cheart don Choimisiún a chur san áireamh an fhéidearthacht maidir le faisnéis agus sonraí a bhaileofar chun críoch Rialachán (AE) 2015/757 a athúsáid.*** | (41) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir leis an Rialachán seo a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[27] . |

| | |
|---|---|
| [27] Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13). | [27] Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13). |

**Leasú 45**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 42**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (42) I bhfianaise ghné idirnáisiúnta na hearnála muirí, is fearr cur chuige domhanda chun déine astaíochtaí gás ceaptha teasa an fhuinnimh a úsáidtear ar bord long a theorannú ós rud é go bhféadfaí a mheas go mbeadh sé níos éifeachtaí de bharr raon feidhme níos leithne a bheith ag gabháil leis. Sa chomhthéacs sin, agus d'fhonn forbairt rialacha idirnáisiúnta a éascú laistigh den Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta (IMO), ba cheart don Choimisiún faisnéis ábhartha maidir le cur chun feidhme an Rialacháin seo a roinnt le IMO agus le comhlachtaí idirnáisiúnta ábhartha eile, agus ba cheart aighneachtaí ***ábhartha*** a chur faoi bhráid IMO. I gcás ina dtagtar ar chomhaontú ar ***chur chuige*** domhanda maidir le hábhair atá ábhartha maidir leis an Rialachán seo, ba cheart don Choimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar an Rialachán seo d'fhonn é a ailíniú, i gcás inarb iomchuí, leis na rialacha idirnáisiúnta. | (42) I bhfianaise ghné idirnáisiúnta na hearnála muirí, d'fhéadfadh sé gurbh fhearr cur chuige domhanda chun déine astaíochtaí gás ceaptha teasa an fhuinnimh a úsáidtear ar bord long a theorannú ós rud é go ***bhféadfaí*** a mheas go mbeadh sé níos éifeachtaí de bharr raon feidhme níos leithne a bheith ag gabháil leis. ***Níor cheart go gcuirfeadh sé sin bac ar chumas an Aontais a bheith níos uaillmhianaí ná na caighdeáin idirnáisiúnta.*** Sa chomhthéacs sin, agus d'fhonn ***an uaillmhian a fheabhsú agus*** forbairt rialacha idirnáisiúnta a éascú laistigh den Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta (IMO), ba cheart don Choimisiún faisnéis ábhartha maidir le cur chun feidhme an Rialacháin seo a roinnt le IMO agus le comhlachtaí idirnáisiúnta ábhartha eile, agus ba cheart aighneachtaí ábhartha a chur faoi bhráid ***IMO lena ndéantar glacadh domhanda na mbeart atá sa Rialachán seo a chur chun cinn. Leanfaidh an tAontas dá iarrachtaí chun spriocanna dícharbónaithe muirí níos uaillmhianaí a chur chun cinn laistigh de*** IMO. I gcás ina dtagtar ar chomhaontú ar ***chur chuige*** domhanda ***agus ina gcruthaítear go bhfuil sé níos éifeachtaí agus níos uaillmhianaí*** maidir le hábhair atá ábhartha maidir leis an Rialachán seo, ba cheart don Choimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar an Rialachán |

seo d’fhonn é a ailíniú, i gcás inarb iomchuí, leis na rialacha idirnáisiúnta.

**Leasú 46**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 42 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(42a) De bhreis ar phrionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta, ba cheart nós imeachta athbhreithniúcháin a bheith á threorú ag próiseas prionsabal ‘ceann amháin isteach, ceann amháin amach’. Is uirlis thábhachtach é an prionsabal ‘ceann amháin isteach, ceann amháin amach’, a bhfuil sé i gceist leis dul i ngleic le hualaí riaracháin agus rialála agus ba cheart é a chomhlánú le bearta cáilíochtúla chun reachtóireacht éifeachtach agus a sheasfaidh an aimsir a áirithiú i gcomhréir le cuspóirí fadtéarmacha an Aontais.*** |

**Leasú 47**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 43 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(43a) Ag aithint a thábhachtaí atá sé aghaidh a thabhairt ar riachtanais shonracha oileáin agus limistéir iargúlta an Aontais d’fhonn nascacht a áirithiú, ba cheart solúbthacht a sholáthar don earnáil cabatáiste muirí, dá bhforáiltear i Rialachán (CEE) Uimh. 3577/92 ón gComhairle, chun oiriúnú don scéim gan dochar a dhéanamh don leibhéal reatha seirbhísí iompair.*** |

**Leasú 48**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe a a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(aa) an oibleagáid sciar de bhreoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch a úsáid ar long a thagann isteach chuig calafoirt faoi dhlínse Ballstáit, a fhanann iontu nó a imíonn uathu, agus an oibleagáid go ndéanfaidh soláthróirí breosla mhuirí soláthar orthu; agus*** |

**Leasú 49**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| chun úsáid chomhsheasmhach breoslaí ***in-athnuaite***, ***breoslaí*** ísealcharbóin agus foinsí ionadacha fuinnimh a mhéadú ar fud an Aontais, agus oibriú rianúil an ***tráchta mhuirí*** á áirithiú agus saobhadh sa mhargadh inmheánach á sheachaint. | chun ***dreasacht a thabhairt d'oibríochtaí loingseoireachta níos éifeachtúla ó thaobh fuinnimh de agus*** chun ***soláthar agus*** úsáid chomhsheasmhach ***fuinnimh in-athnuaite*** ísealcharbóin agus ***inbhuanaithe*** agus foinsí ionadacha fuinnimh a mhéadú ***sa mhuiriompair*** ar fud an Aontais ***agus chun astaíochtaí nialasacha a bhaint amach san earnáil faoi 2050 ar a dhéanaí i gcomhréir le cuspóir an Aontais maidir le haeráidneodracht agus spriocanna Chomhaontú Pháras***, agus ***a*** oibriú rianúil á áirithiú agus saobhadh sa mhargadh inmheánach á sheachaint, lena n-áirítear ag oibreoirí ***ó lasmuigh den Aontas***. |

**Leasú 50**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Tá feidhm ag an Rialachán seo maidir le gach soláthróir breosla i ndáil le breoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch a sholáthraítear do longa a thagann faoi raon feidhme an Rialacháin seo.*** |

**Leasú 51**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Féadfaidh Ballstáit longa paisinéirí agus longa paisinéirí róró a thagann i dtír ag calafoirt oileán atá laistigh den Bhallstát céanna a bhfuil níos lú ná 50.000 cónaitheoir buan acu, de réir an daonáirimh náisiúnta oifigiúil is déanaí, a dhíolmhú ó chur i bhfeidhm phointe (b) den chéad fhomhír go dtí an 31 Nollaig 2029 Cuirfidh na Ballstáit an Coimisiún ar an eolas faoi na bealaí, na longa agus na hoileáin atá díolmhaithe agus faoi aon athruithe a dhéanfar ina leith.*** |

**Leasú 52**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) ciallaíonn 'astaíochtaí gás ceaptha teasa' dé-ocsaíd charbóin ($CO_2$), meatán ($CH_4$) agus ocsaídí nítriúla ($N_2O$) a scaoiltear isteach san atmaisféar; | (a) ciallaíonn 'astaíochtaí gás ceaptha teasa' dé-ocsaíd charbóin ($CO_2$), meatán ($CH_4$) agus ocsaídí nítriúla ($N_2O$) a scaoiltear isteach san atmaisféar ***agus forsáil dhíreach radantach astaíochtaí carbóin dhuibh (BC)***; |

**Leasú 53**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe f a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(fa) Ciallaíonn 'breoslaí ísealcharbóin' breoslaí ísealcharbóin mar a shainmhínítear in Airteagal ... de Threoir (AE) .../... [Treoir maidir le rialacha comhchoiteanna do na margaí inmheánacha i ngás in-athnuaite agus nádúrtha agus i hidrigin (COM/2021/803].*** |

**Leasú 54**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe g**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (g) ciallaíonn 'teicneolaíocht astaíochtaí nialasacha' teicneolaíocht lena gcomhlíontar ceanglais Iarscríbhinn III nach dtugtar le tuiscint léi go scaoileann longa na gáis ceaptha teasa agus na truailleáin aeir seo a leanas isteach san atmaisféar: dé-ocsaíd charbóin ($CO_2$), meatán ($CH_4$), ocsaídí nítriúla ($N_2O$), ocsaídí sulfair ($SO_x$), ocsaídí nítrigine ($NO_x$) ***agus*** ábhar cáithníneach (PM); | (g) ciallaíonn 'teicneolaíocht astaíochtaí nialasacha ***i mbeart***' teicneolaíocht lena gcomhlíontar ceanglais Iarscríbhinn III nach dtugtar le tuiscint léi go scaoileann longa na gáis ceaptha teasa agus na truailleáin aeir seo a leanas isteach san atmaisféar: dé-ocsaíd charbóin ($CO_2$), meatán ($CH_4$), ocsaídí nítriúla ($N_2O$), ocsaídí sulfair ($SO_x$), ocsaídí nítrigine ($NO_x$), ábhar cáithníneach (PM) agus carbón dubh (BC); |

**Leasú 55**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe i**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (i) ciallaíonn 'calafort cuarda' ***calafort cuarda mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (b) de Rialachán (AE) 2015/757***; | (i) ciallaíonn 'calafort cuarda' an ***calafort ina stopann long chun cuid shubstaintiúil dá lastas a luchtú nó a dhíluchtú nó chun paisinéirí a bhordáil nó a dhíbhordáil***; ***ina n-eisiatar, dá bhrí*** |

***sin, stopanna a dhéantar chun críocha athbhreoslaithe, soláthairtí a fháil, faoiseamh a thabhairt don chriú, dul i nduga tirim nó obair dheisiúcháin a dhéanamh ar an long agus/nó a cuid trealaimh, agus chun na gcríoch sin amháin, stopanna i gcalafort toisc go dteastaíonn cabhair ón long nó toisc í a bheith i nguais, aistrithe long-go-long a dhéantar lasmuigh de chalafoirt, agus stopanna chun críche foscadh a fháil ón doineann nó ar gá iad mar gheall ar ghníomhaíochtaí cuardaigh agus tarrthála, agus chun na críche sin amháin;***

**Leasú 56**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe i a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ia) ciallaíonn 'limistéar calafoirt' limistéar calafoirt mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (r), de Threoir (AE) 2009/45;*** |

**Leasú 57**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe xi b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ib) ciallaíonn 'soláthróir breosla muirí' soláthróir breosla mar a shainmhínítear i bpointe 38 d'Airteagal 2(2), de Threoir (AE) 2018/2001, a sholáthraíonn breosla muirí ag calafort muirí faoi dhlínse Ballstáit;'*** |

**Leasú 58**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe k**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (k) ciallaíonn 'cuideachta' ***cuideachta mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (d) de Rialachán (AE) 2015/757***; | (k) ciallaíonn 'cuideachta' ***úinéir na loinge nó aon eagraíocht nó duine eile, amhail an bainisteoir, an cairtfhostóir ama nó an cairtfhostóir forléasta, a ghlac freagracht as oibriú tráchtála na loinge ó úinéir na loinge agus atá freagrach as íoc as an mbreosla a ídíonn an long***; |

**Leasú 59**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe n**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (n) ciallaíonn 'úsáid fuinnimh ar bord' an méid fuinnimh arna shloinneadh ina mheigigiúil (MJ) a úsáideann long chun tiomáint nó chun aon trealamh ar bord a oibriú, ar muir nó i mbeart; | (n) ciallaíonn 'úsáid fuinnimh ar bord' an méid fuinnimh, arna shloinneadh i meigigiúil (MJ) a úsáideann long chun tiomáint nó chun aon trealamh ar bord a oibriú, ar muir nó i mbeart ***gan an fuinneamh breise a úsáidtear mar gheall ar shaintréithe teicniúla loinge in aicme oighir IA nó IA Super nó aicme oighir choibhéiseach agus gan an fuinneamh breise a úsáideann long in aicme oighir IC, IB, IA nó IA Super nó aicme oighir choibhéiseach de bharr a bheith ag seoladh faoi dhálaí oighir***; |

**Leasú 60**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe r**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (r) ciallaíonn 'soláthar cumhachta ar tír' an córas chun leictreachas a sholáthar do longa i mbeart, ar leictreachas ardvoltais nó ísealvóltais é le sruth ailtéarnach nó díreach, lena n-áirítear suiteálacha cois | (r) ciallaíonn 'soláthar cumhachta ar tír' an córas chun leictreachas a sholáthar do longa i mbeart, ar leictreachas ardvoltais nó ísealvóltais é le sruth ailtéarnach nó díreach, lena n-áirítear suiteálacha cois |

loinge agus cois cladaigh nuair atáthar ag cothú phríomh-lasc-chlár dáileacháin na loinge go díreach chun an tréimhse ar bord nó ualaí oibre seirbhíse a chumhachtú nó chun ceallraí in-athluchtaithe a luchtú;

loinge agus cois cladaigh ***do-aistrithe, ar snámh agus soghluaiste*** nuair atáthar ag cothú phríomh-lasc-chlár dáileacháin na loinge go díreach chun an tréimhse ar bord nó ualaí oibre seirbhíse a chumhachtú nó chun ceallraí in-athluchtaithe a luchtú;

**Leasú 61**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe y**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (y) ciallaíonn 'an chonair is lú fabhar' an chonair táirgeachta ***is déine ó thaobh carbóin de*** a úsáidtear le haghaidh aon bhreosla ar leith; | (y) ciallaíonn 'an chonair is lú fabhar' an chonair táirgeachta ***is déine ó thaobh GCTanna de*** agus a úsáidtear le haghaidh aon bhreosla ar leith; |

**Leasú 62**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe z**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (z) ciallaíonn 'coibhéis CO2' an tomhas méadrach a úsáidtear chun astaíochtaí ó CO2, CH4 agus N2O a ríomh ar bhonn a n-acmhainneachta téite domhanda, trí mhéideanna CH4 agus N2O a choinbhéartú go dtí an méid coibhéise dé-ocsaíde carbóin ag a bhfuil an acmhainneacht téite domhanda chéanna; | (z) Ciallaíonn 'coibhéis CO2' an tomhas méadrach a úsáidtear chun astaíochtaí ó CO2, CH4, ***BC*** agus N2O a ríomh ar bhonn a n-acmhainneachta téite domhanda, trí mhéideanna CH4, ***BC*** agus N2O a choinbhéartú go dtí an méid coibhéise dé-ocsaíde carbóin ag a bhfuil an acmhainneacht téite domhanda chéanna; |

**Leasú 63**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe ee a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(eea) ciallaíonn 'an t-údarás riaracháin i leith cuideachta loingseoireachta':*** |

| | |
|---|---|
| | ***(i) i gcás cuideachta atá cláraithe i mBallstát, an Ballstát ina bhfuil an chuideachta cláraithe;*** |
| | ***(ii) i gcás cuideachta nach bhfuil cláraithe i mBallstát, an Ballstát lena mbaineann an líon measta is mó cuairteanna ar chalafort le linn muiraistear ag an gcuideachta sin le 2 bhliain faireacháin anuas agus a thagann faoin raon feidhme a leagtar amach in Airteagal 2;*** |
| | ***(iii) i gcás cuideachta nach bhfuil cláraithe i mBallstáit agus nár thug faoi aon mhuiraistear a thagann faoin raon feidhme a leagtar amach in Airteagal 2 le 2 bhliain faireacháin anuas, ciallaíonn an t-údarás riaracháin an Ballstát ónar thosaigh an chuideachta a céad mhuiraistear a thagann faoin raon feidhme a leagtar amach in Airteagal 2.*** |

**Leasú 64**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe ee b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(eeb) ciallaíonn 'aicme oighir' an nodaireacht a shannann údaráis inniúla náisiúnta an Bhratstáit nó eagraíocht arna haithint ag an Stát sin, don long agus lena léirítear gur dearadh an long sin le haghaidh loingseoireachta faoi dhálaí muiroighir;*** |

**Leasú 65**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe ee c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(eec) ciallaíonn 'ag seoladh faoi dhálaí oighir' long atá aicmithe mar long oighir*** |

| | |
|---|---|
| | ***a sheoladh i limistéar farraige laistigh den imeall oighir;*** |

**Leasú 66**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe ee d (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(eed) ciallaíonn 'imeall oighir' i gcomhréir le mír 4.4 d'Ainmníocht Oighir Farraige WMO an Márta 2014 mar chríochú tráth ar bith idir an fharraige oscailte agus oighear na farraige de chineál ar bith, bíodh sé daingean nó le sruth.*** |

**Leasú 67**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – teideal**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Teorainn maidir le déine astaíochtaí gás ceaptha teasa an fhuinnimh a úsáidtear ar bord loinge | Teorainn ar dhéine astaíochtaí gás ceaptha teasa an fhuinnimh a úsáidtear ar bord loinge ***agus sainordú maidir le glacadh breoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch*** |

**Leasú 68**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 2 – fleasc 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| — ***-13%*** ón 1 Eanáir 2035; | — ***-25%*** ón 1 Eanáir 2035; |

**Leasú 69**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 2 – fleasc 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| — ***-26%*** ón 1 Eanáir 2040; | — ***-50%*** ón 1 Eanáir 2040; |

**Leasú 70**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 2 – fleasc 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| — ***-59%*** ón 1 Eanáir 2045; | — ***-75%*** ón 1 Eanáir 2045; |

**Leasú 71**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 2 – fleasc 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| — ***-75 %*** ón 1 Eanáir 2050. | — ***-100 %*** ón 1 Eanáir 2050. |

**Leasú 72**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 2 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| [Réiltín: An luach tagartha, ***a ríomhfar ag céim níos deireanaí sa nós imeachta reachtach, comhfhreagraíonn sé*** do mheándéine gás ceaptha teasa an fhlít ón bhfuinneamh a úsáidtear ar bord long in 2020, meándéine a cinneadh ar bhonn na sonraí a ndearnadh faireachán orthu agus a tuairiscíodh i gcreat Rialachán (AE) 2015/757 agus úsáid á baint as an modheolaíocht agus as na luachanna réamhshocraithe a leagtar síos in Iarscríbhinn I a ghabhann ***leis*** an Rialachán ***sin***.] | [Réiltín: An luach tagartha, ***a ríomhfar faoi 31 Nollaig 2022 agus comhfhreagróidh sé*** do mheándéine gás ceaptha teasa an chabhlaigh ón bhfuinneamh a úsáidtear ar bord long in 2020, meándéine a cinneadh ar bhonn na sonraí a ndearnadh faireachán orthu agus a tuairiscíodh i gcreat Rialachán (AE) 2015/757 agus úsáid á baint as an modheolaíocht agus as na luachanna réamhshocraithe a leagtar síos in Iarscríbhinn I ***agus Iarscríbhinn II a ghabhann leis an*** Rialachán ***seo***.] |

**Leasú 73**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2a. Is iad na luachanna seo a leanas ar a laghad a bheidh i sciar bliantúil na mbreoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch an fhuinnimh a úsáideann long ar bord le linn tréimhse tuairiscithe:*** |
| | ***– 2% ón 1 Eanáir 2030;*** |
| | ***– 6% ón 1 Eanáir 2035.*** |

**Leasú 74**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 2 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2b. Áiritheoidh soláthróirí breosla mhuirí go mbeidh na breoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch foriomlána a dhíoltar i gcaitheamh na bliana le longa ag calafoirt an Aontais i gcomhréir leis na luachanna agus na dátaí cur i bhfeidhm a leagtar amach i mír 2a chun na breoslaí is gá a sholáthar do longa.*** |

**Leasú 75**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Ríomhfar déine astaíochtaí gás ceaptha teasa an fhuinnimh a úsáidtear ar bord loinge mar an méid astaíochtaí gás ceaptha teasa in aghaidh an aonaid fuinnimh de réir na modheolaíochta a | 3. Ríomhfar déine astaíochtaí gás ceaptha teasa an fhuinnimh a úsáidtear ar bord loinge mar an méid astaíochtaí gás ceaptha teasa in aghaidh an aonaid fuinnimh de réir na modheolaíochta a shonraítear in Iarscríbhinn I***, lena n-*** |

shonraítear in Iarscríbhinn I.

***áirítear fachtóir ceartúcháin maidir le longa a aicmítear mar longa oighir, agus an t-ídiú breosla níos airde atá nasctha le loingseoireacht oighir á asbhaint. Mar bhonn le fachtóirí astaíochtaí a ríomh, cuirtear luachanna réamhshocraithe ar fáil in Iarscríbhinn II.***

**Leasú 76**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 3 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3a. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomh tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 26 chun Iarscríbhinn I a leasú chun caighdeáin tagartha a chur isteach nó a thabhairt cothrom le dáta maidir le rannchuidiú foinsí ionadacha fuinnimh a thomhas go cruinn agus cuntas a thabhairt ar an rannchuidiú sin go cruinn i bhfianaise dul chun cinn eolaíoch agus teicniúil.*** |

**Leasú 77**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 26 chun Iarscríbhinn II a leasú chun fachtóirí astaíochta tobar go marbhshruth a bhaineann le haon fhoinse nua fuinnimh a chur ar áireamh nó chun fachtóirí astaíochta atá ann cheana ***a oiriúnú*** chun comhsheasmhacht a áirithiú le caighdeáin idirnáisiúnta a bheidh ann amach anseo nó le ***reachtaíocht*** an Aontais i réimse an fhuinnimh. | 4. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 26 chun Iarscríbhinn II a leasú chun ***a áirithiú go bhfuil na fachtóirí astaíochta chomh hionadaíoch agus is féidir d'astaíochtaí iarbhír de réir an eolais eolaíoch agus theicniúil is fearr atá ar fáil, chun*** fachtóirí astaíochta tobar go marbhshruth a bhaineann le ***carbón dubh agus*** le haon fhoinse nua fuinnimh a chur ar áireamh, chun fachtóirí astaíochta ***foinsí fuinnimh*** |

***atá ann cheana*** a nuashonrú go rialta chun comhsheasmhacht a áirithiú le caighdeáin idirnáisiúnta ***níos uaillmhianaí*** a bheidh ann amach anseo nó le ***reachtaíocht*** an Aontais i réimse an fhuinnimh***, an chomhshaoil agus na haeráide, agus an fhorbairt theicneolaíoch, eolaíoch agus tráchtála is déanaí a chur san áireamh***.

**Leasú 78**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. ***Ón 1 Eanáir 2030*** ar aghaidh, long i mbeart i gcalafort cuarda faoi dhlínse Ballstáit, nascfaidh sí leis an soláthar cumhachta ar tír agus úsáidfidh sí é le haghaidh a riachtanas fuinnimh ar fad agus í i mbeart. | 1. Maidir le long i mbeart ***laistigh de limistéar calafoirt*** i gcalafort cuarda faoi dhlínse Ballstáit, nascfaidh sí leis an soláthar cumhachta ar tír agus úsáidfidh sí é le haghaidh a riachtanas fuinnimh ar fad agus í i mbeart. |

**Leasú 79**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 2 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Beidh feidhm ag mír 1 maidir leis na nithe seo a leanas: | 2. ***Ón 1 Eanáir 2030,*** beidh feidhm ag mír 1 maidir leis na nithe seo a leanas: |

**Leasú 80**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 2 – pointe b a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ba) bulc-iompróirí;*** |

**Leasú 81**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 2 – pointe b b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(bb) tancaeir ola*** |

**Leasú 82**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 2 – fomhír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Beidh feidhm ag mír 1 maidir le gach long atá fágtha a thagann faoi raon feidhme an Rialacháin seo ón 1 Eanáir 2035.*** |

**Leasú 83**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 3 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) longa ar gá dóibh cuairt neamhsceidealaithe a thabhairt ar chalafort, ar chúiseanna sábháilteachta nó tarrthála ar muir; | (c) longa ar gá dóibh cuairt neamhsceidealaithe a thabhairt ar chalafort, ar chúiseanna sábháilteachta nó tarrthála ar muir ***nó i gcásanna éigeandála nó faoi choinníollacha force majeure***; |

**Leasú 84**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 3 – pointe e**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(e) longa nach féidir leo nascadh leis an soláthar cumhachta ar tír toisc nach bhfuil an tsuiteáil ar tír sa chalafort comhoiriúnach leis an trealamh cumhachta ar tír ar bord;*** | ***scriosta*** |

**Leasú 85**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 26 chun Iarscríbhinn III a leasú chun tagairtí do theicneolaíochtaí nua a chur isteach i liosta na dteicneolaíochtaí astaíochtaí nialasacha infheidhme nó tagairtí do chritéir lena n-úsáid, i gcásanna ina bhfaightear amach go bhfuil na teicneolaíochtaí nua sin coibhéiseach leis na teicneolaíochtaí a liostaítear san Iarscríbhinn sin, i bhfianaise dul chun cinn eolaíoch agus teicniúil. | 4. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 26 chun Iarscríbhinn III a leasú chun tagairtí do theicneolaíochtaí nua a chur isteach i liosta na dteicneolaíochtaí astaíochtaí nialasacha infheidhme ***i mbeart*** nó ***na*** critéir lena n-úsáid ***a mhodhnú***, i gcásanna ina bhfaightear amach go bhfuil na teicneolaíochtaí nua sin ***nó*** critéir le haghaidh ***úsáidí eile*** a bheith coibhéiseach ***nó níos fearr i dtéarmaí laghdú astaíochtaí*** leis na teicneolaíochtaí ***agus*** leis ***na critéir le haghaidh úsáidí*** a liostaítear san Iarscríbhinn sin, i bhfianaise dul chun cinn eolaíoch agus teicniúil ***chomh maith le forbairtí ar reachtaíocht aeráide, chomhshaoil agus fuinnimh an Aontais***. |

**Leasú 86**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. Cinnfidh comhlacht bainistíochta an chalafoirt cibé acu an bhfuil feidhm ag na heisceachtaí a shocraítear i mír 3 nó nach bhfuil agus eiseoidh sé an deimhniú i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach in Iarscríbhinn IV nó diúltóidh sé an deimhniú sin a eisiúint. | 5. Cinnfidh comhlacht bainistíochta an chalafoirt cuarda, ***nó i gcás inarb infheidhme, oibreoir críochfoirt nó an t-údarás inniúil,*** i dtaobh an bhfuil feidhm ag na heisceachtaí a shocraítear i mír 3 agus eiseoidh sé an deimhniú i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach in Iarscríbhinn IV nó diúltóidh sé an deimhniú sin a eisiúint. |

**Leasú 87**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 6. Ón 1 Eanáir 2035 ar aghaidh, ní fhéadfar na heisceachtaí a liostaítear i mír 3, pointí (d) agus (e), a chur i bhfeidhm maidir le long ar leith, níos mó ná cúig huaire ar an iomlán in aon bhliain tuairiscithe amháin. ***Ní áireofar cuairt ar chalafort chun críche comhlíontachta leis an bhforáil seo i gcás ina léiríonn an chuideachta nárbh fhéidir léi a fhios a bheith aici go réasúnach nach mbeadh an long in ann nascadh ar na cúiseanna dá dtagraítear*** i mír 3, pointí (d) ***agus (e)***. | 6. Ón 1 Eanáir 2035 ar aghaidh, ní fhéadfar na heisceachtaí a liostaítear i mír 3, pointí (d) agus (e), a chur i bhfeidhm maidir le long ar leith, níos mó ná cúig huaire ar an iomlán in aon bhliain tuairiscithe amháin. ***Ón 1 Eanáir 2040, ní bheidh feidhm a thuilleadh ag na heisceachtaí a liostaítear*** i mír 3, pointe (d). |

**Leasú 88**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 7 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***7a. Cuirfidh oibreoirí long in iúl do na calafoirt a dtugann siad cuairt orthu faoin rún atá acu nascadh leis an soláthar cumhachta ar tír agus cuirfidh siad in iúl méid na cumhachta a bheidh ag teastáil uathu le linn na cuairte sin agus an trealamh cumhachta atá ar bord.***<br>***Cuirfidh an Coimisiún gach treoir is gá ar fáil chun a áirithiú go bhfuil comhoiriúnacht idir suiteálacha cumhachta ar bord agus suiteálacha cumhachta ar tír, go háirithe maidir le tiontú minicíochta leictrí. Faoin 1 Eanáir 2025, glacfaidh an Coimisiún gníomh cur chun feidhme lena leagfar síos ábhar, formáid agus spriocdhátaí le haghaidh oibreoirí long faisnéis a sholáthar mar a iarrtar sa mhír seo d'údaráis an chalafoirt.*** |

**Leasú 89**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Beidh an faireachán agus an tuairisciú comhsheasmhach agus inchomparáide thar am. Chuige sin, úsáidfidh cuideachtaí na modheolaíochtaí faireacháin céanna agus na tacair sonraí chéanna faoi réir modhnuithe arna measúnú ag an bhfíoraitheoir. Áiritheoidh na cuideachtaí ***go ndéanfar*** sláine na sonraí a mbeidh faireachán agus tuairisciú le déanamh orthu a dhearbhú go réasúnach . | 3. Beidh an faireachán agus an tuairisciú comhsheasmhach agus inchomparáide thar am. Chuige sin, úsáidfidh cuideachtaí na modheolaíochtaí faireacháin céanna agus na tacair sonraí chéanna faoi réir modhnuithe arna measúnú ag an bhfíoraitheoir. ***Áiritheoidh*** na cuideachtaí go ndéanfar sláine na sonraí a mbeidh faireachán agus tuairisciú le déanamh orthu a dhearbhú go réasúnach. |

**Leasú 90**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Gheobhaidh cuideachtaí sonraí faireacháin, lena n-áirítear toimhdí, tagairtí, fachtóirí astaíochta agus sonraí gníomhaíochta, agus déanfaidh siad iad a thaifeadadh, a thiomsú, a anailísiú agus a dhoiciméadú ar bhealach cruinn trédhearcach chun gur féidir leis an bhfíoraitheoir déine astaíochtaí gás ceaptha teasa an fhuinnimh a úsáidtear ar bord loinge a chinneadh. | 4. Gheobhaidh cuideachtaí sonraí faireacháin, lena n-áirítear toimhdí, tagairtí, fachtóirí astaíochta agus sonraí gníomhaíochta, agus déanfaidh siad iad a thaifeadadh, a thiomsú, a anailísiú agus a dhoiciméadú ar bhealach trédhearcach***, iomlán*** agus cruinn chun gur féidir leis an bhfíoraitheoir déine astaíochtaí gás ceaptha teasa an fhuinnimh a úsáidtear ar bord loinge a chinneadh***, sciar na mbreoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch agus aon fhaisnéis eile a theastaíonn chun an Rialachán seo a chomhlíonadh***. |

**Leasú 91**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. Agus faireachán agus tuairisciú á ndéanamh ar ghníomhaíochtaí a leagtar amach in Airteagail 7 ***go*** 9 agus in Airteagal 14 den Rialachán seo, úsáidfear faisnéis agus sonraí arna mbailiú chun críoch Rialachán (AE) 2015/757 i gcás inarb iomchuí. | 5. Agus faireachán agus tuairisciú á ndéanamh ar ghníomhaíochtaí a leagtar amach in Airteagail 7***, 8,*** 9 agus in Airteagal 14 den Rialachán seo, úsáidfear faisnéis agus sonraí arna mbailiú chun críoch Rialachán (AE) 2015/757 i gcás inarb iomchuí. |

**Leasú 92**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 3 – pointe d**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (d) tuairisc gur suiteáladh agus gur deimhníodh trealamh ar an long chun gur féidir nascadh leis an soláthar cumhachta ar tír, ag voltas sonraithe agus ar mhinicíocht, lena n-áirítear an trealamh a shonraítear in IEC/IEEE 80005-1 (Ardvoltas) agus IEC/IEEE 80005-3 (Ísealvoltas) nó tuairisc gur feistíodh í le foinsí ionadacha fuinnimh nó le teicneolaíocht astaíochtaí nialasacha mar a shonraítear in Iarscríbhinn III; | (d) tuairisc gur suiteáladh agus gur deimhníodh trealamh ar an long chun gur féidir nascadh leis an soláthar cumhachta ar tír, ag voltas sonraithe agus ar mhinicíocht, lena n-áirítear an trealamh a shonraítear in IEC/IEEE 80005-1 (Ardvoltas) agus IEC/IEEE 80005-3 (Ísealvoltas) nó tuairisc gur feistíodh í le foinsí ionadacha fuinnimh nó le teicneolaíocht astaíochtaí nialasacha mar a shonraítear in Iarscríbhinn III ***mar aon le tuairisc ar a bpríomhshonraíochtaí teicniúla, lena n-áirítear a n-acmhainn arna sloinneadh i meigigiúil (MJ) nuair is ábhartha***; |

**Leasú 93**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 3 – pointe e**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (e) tuairisc ar na foinsí fuinnimh a bhfuil sé beartaithe iad a úsáid ar bord agus an long i mbun loingseoireachta agus í i mbeart chun na ceanglais a leagtar amach in Airteagail 4 agus 5 a chomhlíonadh; | (e) tuairisc ar an bhfoinse nó ar na foinsí fuinnimh atá beartaithe agus atá le húsáid ar bord le linn loingseoireachta agus i mbeart chun na ceanglais a leagtar amach in Airteagail 4 agus 5 ***lena n-áirítear na*** |

| | |
|---|---|
| | ***foinsí fuinnimh a bheartaítear chun cumhacht a thabhairt don teicneolaíocht astaíochtaí nialasacha i mbeart a shonraítear in Iarscríbhinn III a chomhlíonadh, amhail an phríomhfhoinse fuinnimh atá beartaithe chun stóráil leictreachais ar bord a luchtú agus cumhacht a thabhairt do na cealla breosla***; |

**Leasú 94**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 3 – pointe f**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (f) tuairisc ar na nósanna imeachta chun faireachán a dhéanamh ar ídiú breosla na loinge chomh maith leis an bhfuinneamh a sholáthraítear le foinsí ionadacha fuinnimh nó teicneolaíocht astaíochtaí nialasacha mar a shonraítear in Iarscríbhinn III; | (f) tuairisc ar na nósanna imeachta chun faireachán ***agus tuairisciú*** a dhéanamh ar ídiú breosla na loinge chomh maith leis an bhfuinneamh a sholáthraítear le foinsí ionadacha fuinnimh nó teicneolaíocht astaíochtaí nialasacha ***i mbeart*** mar a shonraítear in Iarscríbhinn III; |

**Leasú 95**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 3 – pointe k**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (k) tuairisc ar an modh atá le húsáid chun sonraí ionadacha a chinneadh chun bearnaí sna sonraí a líonadh; | (k) tuairisc ar an modh atá le húsáid ***chun bearnaí sna sonraí a chosc agus*** chun sonraí ionadacha a chinneadh chun bearnaí sna sonraí a dhúnadh ***chomh maith le modhanna chun earráidí sonraí a shainaithint***; |

**Leasú 96**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 3 – pointe l**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (l) bileog taifid athbhreithnithe chun mionsonraí uile stair an athbhreithnithe a thaifeadadh. | (l) bileog taifid athbhreithnithe chun mionsonraí uile stair an athbhreithnithe a thaifeadadh***;*** |

**Leasú 97**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 –mír 3 – pointe 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(la) faisnéis faoi aicme oighir na loinge, má tá an fuinneamh breise de bharr aicme oighir na loinge le fágáil amach ó raon feidhme an fhuinnimh a úsáidtear ar bord;*** |

**Leasú 98**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 3 – pointe 1 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(lb) tuairisc ar an nós imeachta maidir le faireachán a dhéanamh ar an achar a thaistealaítear le linn an mhuiraistir iomláin agus nuair a sheoltar faoi dhálaí oighir, an dáta agus an t-am a tharlaíonn na dálaí sin, an t-ídiú breosla agus an fuinneamh arna soláthar ag foinsí ionadacha fuinnimh nó teicneolaíocht astaíochtaí nialasacha mar a shonraítear in Iarscríbhinn III nuair a sheoltar faoi dhálaí oighir, más rud é go bhfuil an fuinneamh breise de bharr seoladh faoi dhálaí oighir le fágáil amach ó raon feidhme an fhuinnimh arna úsáid ar bord.*** |

**Leasú 99**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Bainfidh cuideachtaí úsáid as pleananna faireacháin caighdeánaithe bunaithe ar theimpléid. ***Trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, cinnfidh*** an Coimisiún na teimpléid ***sin***, lena n-áirítear na rialacha teicniúla lena gcur i bhfeidhm aonfhoirmeach. ***Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 27(3)*** | 4. Bainfidh cuideachtaí úsáid as pleananna faireacháin caighdeánaithe bunaithe ar theimpléid. Déanfaidh an Coimisiún ***gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 26 lena bhforlíontar an Rialachán seo trí phleananna faireacháin caighdeánaithe a bhunú bunaithe*** ar theimpléid, lena n-áirítear na rialacha teicniúla maidir lena gcur i bhfeidhm agus ***lena n-úsáid*** aonfhoirmeach. |

**Leasú 100**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 8 – mír 2 – pointe e a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ea) i gcás nach leor modhanna chun bearnaí sonraí a chosc agus earráidí sonraí a shainaithint chun daingne agus trédhearcacht na sonraí a áirithiú.*** |

**Leasú 101**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 8 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Beidh modhnuithe ar an bplean faireacháin dá dtagraítear i mír 2, pointí (b), (c) ***agus*** (d) den Airteagal seo faoi réir measúnú arna dhéanamh ag an bhfíoraitheoir. Tar éis an mheasúnaithe, cuirfidh an fíoraitheoir in iúl don chuideachta lena mbaineann cibé atá na modhnuithe sin i gcomhréir le hAirteagal 6 nó nach bhfuil. | 4. Beidh modhnuithe ar an bplean faireacháin dá dtagraítear i mír 2, pointí (b), (c), (d) ***agus (ea)*** den Airteagal seo faoi réir measúnú arna dhéanamh ag an bhfíoraitheoir. Tar éis an mheasúnaithe, cuirfidh an fíoraitheoir in iúl don chuideachta lena mbaineann cibé atá na modhnuithe sin i gcomhréir le hAirteagal 6 nó nach bhfuil. |

**Leasú 102**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 9 – mír 1 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. I gcás ina bhfuil bithbhreoslaí, bithghás, breoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch agus breoslaí carbóin athchúrsáilte, mar a shainmhínítear i dTreoir (AE) 2018/2001, le cur san áireamh chun na gcríoch dá dtagraítear in Airteagal ***4(1)*** den Rialachán seo, beidh feidhm ag na rialacha seo a leanas: | 1. I gcás ina bhfuil bithbhreoslaí, bithghás, breoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch, mar a shainmhínítear i dTreoir (AE) 2018/2001, ***agus breoslaí nó gáis eile*** le cur san áireamh chun na gcríoch dá dtagraítear in Airteagal ***4*** den Rialachán seo, beidh feidhm ag na rialacha seo a leanas: |

**Leasú 103**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 9 – mír 1 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) fachtóirí astaíochta gás ceaptha teasa i dtaca le breoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch ***agus breosla carbóin athchúrsáilte*** lena gcomhlíontar na tairseacha maidir le laghduithe ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a leagtar amach in Airteagal 27(3) de Threoir (AE) 2018/2001, cinnfear iad i gcomhréir leis na modheolaíochtaí a leagtar amach sa Treoir sin; | (b) fachtóirí astaíochta gás ceaptha teasa i dtaca le breoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch a chomhlíonann na tairseacha maidir le laghduithe ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a leagtar amach in Airteagal 27(3) de Threoir (AE) 2018/2001***, agus na gníomhartha tarmligthe gaolmhara maidir le breisíocht agus modheolaíocht GCT,*** cinnfear iad i gcomhréir leis na modheolaíochtaí a leagtar amach sa Treoir sin; |

**Leasú 104**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 9 – mír 1 – pointe d**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (d) breoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch ***agus*** | (d) breoslaí inathnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch nach gcomhlíonann |

***breoslaí carbóin athchúrsáilte*** nach gcomhlíonann pointe (b), measfar go bhfuil na fachtóirí astaíochta céanna acu agus atá ag an gconair breosla iontaise is lú fabhar le haghaidh an chineáil sin breoslaí.

pointe (b) ***agus aon bhreoslaí sintéiseacha eile hidrigindíorthaithe nó de chineál hidrigine***, measfar go bhfuil na fachtóirí astaíochta céanna acu agus atá ag an gconair breosla iontaise is lú fabhar le haghaidh an chineáil sin breosla;

**Leasú 105**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 9 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Soláthróidh cuideachtaí sonraí cruinne iontaofa maidir le déine astaíochtaí gás ceaptha teasa agus maidir le tréithe inbhuanaitheachta bithbhreoslaí, bithgháis, breoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch agus breosla carbóin in-athnuaite, sonraí a fhíorófar le scéim atá aitheanta ag an gCoimisiún i gcomhréir le hAirteagail 30(5) agus (6) de Threoir (AE) 2018/2001. | 2. Soláthróidh cuideachtaí sonraí cruinne***, iomlán*** agus iontaofa maidir le déine astaíochtaí gás ceaptha teasa agus maidir le tréithe inbhuanaitheachta bithbhreoslaí, bithgháis, breoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch agus breosla carbóin in-athnuaite, sonraí a fhíorófar le scéim atá aitheanta ag an gCoimisiún i gcomhréir le hAirteagail 30(5) agus (6) de Threoir (AE) 2018/2001. |

**Leasú 106**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 9 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Beidh cuideachtaí i dteideal imeacht ó na luachanna bunaithe réamhshocraithe le haghaidh fachtóirí astaíochta umar go marbhshruth ar an gcoinníoll go ndeimhnítear na luachanna iarbhír trí bhíthin tástáil saotharlainne nó tomhais dhíreacha astaíochtaí. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 26 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí na rialacha a leagan síos maidir le tástáil saotharlainne a dhéanamh agus tomhais dhíreacha astaíochtaí. | 3. Beidh cuideachtaí i dteideal imeacht ó na luachanna bunaithe réamhshocraithe le haghaidh fachtóirí astaíochta umar go marbhshruth ***de bhreoslaí in-athnuaite agus ísealcharbóin*** ar choinníoll go ndeimhnítear luachanna iarbhír trí bhíthin tomhais astaíochtaí díreacha ***i gcomhréir leis na scéimeanna deimhniúcháin agus fíorúcháin atá ann cheana a leagtar síos i dTreoir (AE) 2018/2001 agus Treoir (AE) .../... [An Treoir maidir le gás (AE) XX/XXXX]. Ní dhéanfar feidhmíocht breoslaí iontaise*** |

| | |
|---|---|
| | ***a mheas ach amháin trí fachtóirí astaíochta réamhshocraithe a úsáid, dá bhforáiltear leis an Rialachán seo. Beidh cuideachtaí i dteideal imeacht ó na luachanna bunaithe réamhshocraithe le haghaidh sceitheadh nó astaíochtaí idirleata umar go marbhshruth breoslaí iontaise ar choinníoll gurb é an Coimisiún a chuirfidh an sásra deimhniúcháin agus fíorúcháin comhfhreagrach ar bun trí bhíthin gníomh tarmligthe. Chuige sin,*** tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 26 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí na rialacha a leagan síos maidir le ***deimhniú córas tiontaithe fuinnimh nó tomhaltóirí breosla lena n-airítear binse*** tástála ***nó*** tástáil saotharlainne a dhéanamh agus tomhais dhíreacha astaíochtaí ***le haghaidh breoslaí iontaise agus sceitheadh gáis***. |

**Leasú 107**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 10 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Déanfaidh an fíoraitheoir measúnú ar chomhréireacht an phlean faireacháin leis na ceanglais a leagtar síos in Airteagail 6 go 9. I gcás ina sainaithnítear i measúnú an fhíoraitheora neamh-chomhréireachtaí leis na ceanglais sin, déanfaidh an chuideachta lena mbaineann athbhreithniú ar a plean faireacháin dá réir agus cuirfidh sí an plean athbhreithnithe faoi bhráid an fhíoraitheora le haghaidh measúnú deiridh sula dtosóidh an tréimhse tuairiscithe. Tiocfaidh an chuideachta lena mbaineann ar chomhaontú leis an bhfíoraitheoir maidir leis an tréimhse atá riachtanach chun na hathbhreithnithe sin a thabhairt isteach. Ní shínfear an tréimhse sin thar thús na tréimhse tuairiscithe i gcás | 1. Déanfaidh an fíoraitheoir measúnú ar chomhréireacht an phlean faireacháin leis na ceanglais a leagtar síos in Airteagail 6 go 9. I gcás ina sainaithnítear i measúnú an fhíoraitheora neamh-chomhréireachtaí leis na ceanglais sin, déanfaidh an chuideachta lena mbaineann athbhreithniú ***gan moill mhíchuí*** ar a plean faireacháin dá réir agus cuirfidh sí an plean athbhreithnithe faoi bhráid an fhíoraitheora le haghaidh measúnú deiridh sula dtosóidh an tréimhse tuairiscithe. Tiocfaidh an chuideachta lena mbaineann ar chomhaontú leis an bhfíoraitheoir maidir leis an tréimhse atá riachtanach chun na hathbhreithnithe sin a thabhairt isteach. Ní shínfear an tréimhse sin thar aon mhí ***amháin roimh*** thús na tréimhse tuairiscithe |

| | |
|---|---|
| ar bith. | i gcás ar bith. |

**Leasú 108**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 10 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. I gcás ina sainaithnítear leis an measúnú fíorúcháin ráitis mhíchearta nó neamh-chomhréireachtaí leis an Rialachán seo, cuirfidh an fíoraitheoir an chuideachta lena mbaineann ar an eolas faoi go tráthúil. Leasóidh an chuideachta sin na ráitis mhíchearta nó na neamh-chomhréireachtaí ansin chun gur féidir an próiseas fíorúcháin a chríochnú in am. | 3. I gcás ina sainaithnítear leis an measúnú fíorúcháin ráitis mhíchearta nó neamh-chomhréireachtaí leis an Rialachán seo, cuirfidh an fíoraitheoir an chuideachta lena mbaineann ar an eolas faoi go tráthúil. Leasóidh an chuideachta sin ***gan moill mhíchuí*** na ráitis mhíchearta nó neamh-chomhréireachtaí ansin chun gur féidir an próiseas fíorúcháin a chríochnú in am. |

**Leasú 109**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 11 – mír 3 – pointe d**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (d) go bhfuil taifid ábhartha na loinge iomlán agus comhsheasmhach. | (d) go bhfuil taifid ábhartha na loinge iomlán***, trédhearcach*** agus comhsheasmhach. |

**Leasú 110**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 12 – mír 4 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***4a. Soláthróidh an fíoraitheoir, i gcás gach ceann de na longa atá faoina fhaireachas, clár bainistithe cáilíochta aonair de bhearta a bheidh le glacadh chun bearnaí agus earráidí sonraí a chosc.*** |

**Leasú 111**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 13 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Creidiúnóidh comhlacht náisiúnta creidiúnaithe fíoraitheoirí le haghaidh gníomhaíochtaí faoi raon feidhme an Rialacháin seo de bhun Rialachán (CE) Uimh. 765/2008. | 1. Creidiúnóidh comhlacht náisiúnta creidiúnaithe fíoraitheoirí le haghaidh gníomhaíochtaí faoi raon feidhme an Rialacháin seo de bhun Rialachán (CE) Uimh. 765/2008. ***Tabharfaidh an comhlacht creidiúnaithe náisiúnta fógra don Choimisiún gan moill mhíchuí maidir le liosta na bhfíoraitheoirí creidiúnaithe mar aon leis an bhfaisnéis lenar féidir iad a shainaithint agus déanfaidh sé iad a thaifeadadh sa bhunachar sonraí.*** |

**Leasú 112**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 13 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 26 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí mhodhanna agus critéir bhreise a leagan síos le haghaidh creidiúnú fíoraitheoirí. Beidh na modhanna a shonraítear sna gníomhartha tarmligthe sin bunaithe ar na prionsabail maidir le fíorúchán dá bhforáiltear in Airteagail 10 agus 11 agus ar chaighdeáin ábhartha a bhfuil glacadh leo go hidirnáisiúnta. | 3. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 26 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí mhodhanna agus critéir bhreise a leagan síos le haghaidh creidiúnú fíoraitheoirí***, neamhspleáchas agus neamhchlaontacht an fhíoraitheora a áirithiú, agus nósanna imeachta éigeantacha maidir le hath-chreidiúnú chun aghaidh a thabhairt ar chastachtaí agus sainiúlachtaí nua a bhaineann le forbairt breoslaí ionadúla nua agus teicneolaíochtaí astaíochtaí nialasacha***. Beidh na modhanna a shonraítear sna gníomhartha tarmligthe sin bunaithe ar na prionsabail maidir le fíorúchán dá bhforáiltear in Airteagail 10 agus 11 agus ar chaighdeáin ábhartha a bhfuil glacadh leo go hidirnáisiúnta. |

**Leasú 113**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 14 – mír 1 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) i gcás gach loinge a bhfuil feidhm ag ceanglas Airteagal 5(1) lena haghaidh, an nascadh leis an gcumhacht ar tír agus úsáid na cumhachta sin nó aon cheann de na heisceachtaí a liostaítear in Airteagal 5(3) a bheith ann; | (b) i gcás gach loinge a bhfuil feidhm ag ceanglas Airteagal 5(1) lena haghaidh, an nascadh leis an gcumhacht ar tír agus úsáid na cumhachta sin nó aon cheann de na heisceachtaí a liostaítear in Airteagal 5(3) ***arna ndeimhniú i gcomhréir le hAirteagal 5(5)*** a bheith ann; |

**Leasú 114**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 14 – mír 1 – pointe e**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (e) méid gach cineáil foinse ionadaí fuinnimh a ídítear i mbeart agus ar muir. | (e) méid gach cineáil foinse ionadaí fuinnimh a ídítear i mbeart agus ar muir***, lena n-áirítear méid gach foinse fuinnimh a chumhachtaíonn astaíochtaí nialasacha teicneolaíochtaí i mbeart***. |

**Leasú 115**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 14 – mír 1 – pointe e a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ea) aicme oighir na loinge, má tá an fuinneamh breise de bharr aicme oighir na loinge le fágáil amach ó raon feidhme an fhuinnimh a úsáidtear ar bord;*** |

**Leasú 116**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 14 – mír 1 – pointe e b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(eb) an dáta agus an t-am a sheoltar faoi dhálaí oighir, méid gach cineáil breosla a ídítear nuair a sheoltar faoi dhálaí oighir, méid gach cineáil foinse ionadaigh fuinnimh a ídítear nuair a sheoltar faoi dhálaí oighir, an fad a thaistealaítear nuair a sheoltar faoi dhálaí oighir, an t-achar a thaistealaítear le linn an mhuiraistir, méid gach cineáil breosla a ídítear ar muir, méid gach foinse ionadaigh fuinnimh a ídítear ar muir, más rud é go bhfuil an fuinneamh breise de bharr seoladh faoi dhálaí oighir le fágáil amach ó raon feidhme an fhuinnimh arna úsáid ar bord;*** |

**Leasú 117**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 14 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Déanfaidh cuideachtaí an fhaisnéis agus na sonraí a liostaítear i mír 1 a thaifeadadh ***ar bhonn bliantúil*** ar bhealach trédhearcach ***lena gcuirtear ar a chumas*** don fhíoraitheoir comhlíontacht leis an Rialachán seo a fhíorú. | 2. Déanfaidh cuideachtaí an fhaisnéis agus na sonraí a liostaítear i mír 1 a thaifeadadh ar bhealach trédhearcach ***agus iad a thiomsú ar bhonn bliantúil lena gcuirtear ar chumas*** an fhíoraitheora comhlíontacht leis an Rialachán seo a fhíorú. |

**Leasú 118**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 14 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 14a*** <br> ***Tuarascáil FuelEU Maritime maidir le neamh-infhaighteacht*** <br> ***1. I gcás nach n-éireoidh le long, in ainneoin na n-iarrachtaí atá déanta,,*** |

| | |
|---|---|
| | ***breoslaí a fháil lena gcuirtear ar a cumas na teorainneacha dá dtagraítear in Airteagal 4(2) a chomhlíonadh i gcalafort atá faoi dhlínse Ballstáit, tuairisceoidh sí nach raibh na breoslaí sin ar fáil d'údarás inniúil an Bhallstáit lena mbaineann agus d'údarás inniúil an chalafoirt cinn scríbe, má tá an calafort sin faoi dhlínse Ballstáit freisin, trí bhíthin thuarascáil FuelEU maidir le neamh-infhaighteacht. Áireofar sa tuarascáil sin na cúiseanna nach raibh breoslaí ar fáil amhail ganntanas breoslaí agus easpa bonneagair calafoirt.*** |
| | ***2. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 26 chun teimpléad a chruthú do thuarascáil FuelEU Maritime maidir le neamh-infhaighteacht dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo.*** |
| | ***3. Tuairisceoidh údaráis inniúla an Bhallstáit sa bhunachar sonraí comhlíontachta dá dtagraítear in Airteagal 16 na cásanna nach raibh breosla ar fáil.*** |
| | ***4. Déanfaidh Ballstát an chalafoirt imscrúdú ar na tuairiscí maidir le neamh-infhaighteacht.*** |

**Leasú 119**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 15 – mír 2 – pointe -a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(-a) céatadán breoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch thar mheánfhuinneamh bliantúil arna úsáid ar bord na loinge lena mbaineann a ríomh, nuair is infheidhme;*** |

**Leasú 120**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 15 – mír 2 – pointe d**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(d) méid na bpionós dá dtagraítear in Airteagal 20(1) agus (2) a ríomh.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 121**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 15 – mír 2 – pointe d a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(da) an fhaisnéis ar a ndearnadh faireachán agus taifeadadh i gcomhréir le pointí (c), (d), (e) agus (ea) d'Airteagal 14(1), a chomhiomlánú ar leithligh ar bhonn bliantúil le haghaidh gach loinge agus í a sholáthar do chuideachtaí lena gcur isteach sa bhunachar sonraí i gcomhréir le hAirteagal 16(3);*** |

**Leasú 122**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 15 – mír 2 – pointe d b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(db) an fhaisnéis réamhluaite a thiomsú agus í a chur faoi bhráid an údaráis inniúil maidir leis an gcuideachta loingseoireachta.*** |

**Leasú 123**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 16 – teideal**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Bunachar sonraí ***comhlíontachta agus*** tuairisciú | Bunachar sonraí ***FuelEU Maritime,*** tuairisciú ***agus foilsiú faisnéise*** |

**Leasú 124**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 16 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Forbróidh an Coimisiún bunachar sonraí comhlíontachta ***leictreonach chun faireachán a dhéanamh*** ar chomhlíontacht le hAirteagail 4 agus 5, áiritheoidh an Coimisiún feidhmiú an bhunachair sonraí sin agus nuashonróidh sé é. ***Úsáidfear an bunachar sonraí comhlíontachta chun*** taifead a choimeád ar iarmhéid comhlíontachta na long ***agus*** ar úsáid na sásraí solúbthachta a leagtar amach in ***Airteagail 17*** agus 18. Beidh rochtain ag na cuideachtaí, na fíoraitheoirí, na húdaráis inniúla ***agus*** an Coimisiún ***air***. | 1. Forbróidh an Coimisiún ***bunachar sonraí leictreonach FuelEU Maritime a bhainistítear go lárnach chun taifead a choimeád de shonraí arna gcur isteach i gcomhréir leis an Rialacháin seo agus áiritheoidh sé go mbeidh sé ag feidhmiú, ag nuashonrú, go stórálfar agus go bhfoilseofar an fhaisnéis a chuirfidh cuideachtaí, fíoraitheoirí agus an comhlacht creidiúnaithe náisiúnta isteach***. Ba cheart don bhunachar sonraí comhlíontachta ***cur leis an modúl THETIS-MRV atá ann cheana i gcás inar féidir agus úsáidfear é chun faireachán a dhéanamh*** ar chomhlíonadh Airteagail 4 agus 5***,*** taifead a choinneáil ar chomhardú comhlíontachta na long***, úsáid na ndíolúintí a leagtar amach in Airteagal 5(3),*** úsáid na sásraí solúbthachta a leagtar amach in ***Airteagail 17*** agus 18***, na pionóis a leagtar amach in Airteagal 20, na sonraí arna gcur isteach i gcomhréir le mír 3 den Airteagal seo, na smachtbhannaí ar tugadh fógra fúthu i gcomhréir le hAirteagal 23 agus liosta na n-údarás inniúil dá dtagraítear in Airteagal 25(1).*** Cuirfear ***an bunachar sonraí ar fáil go poiblí i bhformáid sonraí oscailte agus beidh rochtain saor in aisce*** ag na cuideachtaí, ag na fíoraitheoirí, ag na húdaráis inniúla, ag an gCoimisiún ***agus ag an bpobal i gcoitinne air ar bhealach trédhearcach, in-íoslódáilte agus soláimhsithe***. |

**Leasú 125**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 16 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Faoin 30 Aibreán gach bliain, déanfaidh an chuideachta taifead sa bhunachar sonraí comhlíontachta maidir le gach long dá cuid, taifead ina mbeidh an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 15(2), arna fionnadh ag an bhfíoraitheoir, mar aon leis an bhfaisnéis lenar féidir an long agus an chuideachta a shainaithint, chomh maith le céannacht an fhíoraitheora a rinne an measúnú. | 3. Faoin 30 Aibreán gach bliain, déanfaidh an chuideachta taifead sa bhunachar sonraí comhlíontachta maidir le gach long dá cuid, taifead ina mbeidh an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 15(2), arna fhionnadh ***agus arna ríomh*** ag an bhfíoraitheoir***, úsáid na sásraí solúbthachta a leagtar amach in Airteagal 17 agus 18, na heisceachtaí bliantúla arna gcur i bhfeidhm faoi Airteagal 5(3), más ann dóibh***, mar aon leis an bhfaisnéis lenar féidir an long agus an chuideachta a shainaithint, chomh maith le céannacht an fhíoraitheora a rinne an measúnú. |

**Leasú 126**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 16 – mír 3 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3a. Faoin 30 Meitheamh gach bliain, déanfaidh an Coimisiún an fhaisnéis ar fad atá taifeadta sa bhunachar sonraí le haghaidh tréimhse tuairiscithe ar leith a chur ar fáil go poiblí. Beidh faisnéis do thréimhse tuairiscithe roimhe sin ar fáil go poiblí aon tráth. Soláthrófar an fhaisnéis i bhformáid oscailte, in-íoslódáilte agus amh gan comhiomlánú breise ná anaithnidiú breise, cé is moite de shonraí maidir le pionóis agus smachtbhannaí, a dhéanfar a anaithnidiú.*** |

**Leasú 127**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 16 – mír 16 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3b. De bharr imthosca sonracha, i gcás ina mbainfeadh nochtadh anaithniditihe sonraí a bhaineann le pionóis agus smachtbhannaí, go heisceachtúil an bonn de chosaint leasanna tráchtála a bhfuil cosaint tuillte acu mar leas eacnamaíoch dlisteanach lena sáraítear leas an phobail i dtaca le nochtadh de bhun Rialachán (CE) Uimh. 1367/2006[1a], cuirfear leibhéal éagsúil comhiomlánaithe i bhfeidhm maidir leis na sonraí sonracha sin, arna iarraidh sin don chuideachta, chun na leasanna sin a chosaint. I gcás nach féidir leibhéal éagsúil comhiomlánaithe a chur i bhfeidhm, ní chuirfidh an Coimisiún na sonraí sin ar fáil go poiblí.*** |
| | ***[1a] Rialachán (CE) Uimh. 1367/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Meán Fómhair 2006 maidir le forálacha Choinbhinsiún Aarhus maidir le Rochtain ar Fhaisnéis, Rannpháirtíocht Phoiblí i gCinnteoireacht agus Rochtain ar Cheartas i gCúrsaí Comhshaoil a chur i bhfeidhm ar institiúidí agus comhlachtaí an Chomhphobail (IO L 264, 25.9.2006, lch. 13).*** |

**Leasú 128**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 17 – mír 2 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. I gcás ina bhfuil easnamh comhlíontachta ar long le haghaidh na tréimhse tuairiscithe, féadfaidh an chuideachta réamhbharrachas comhlíontachta ar an méid comhfhreagrach a fháil ar iasacht ón gcéad tréimhse tuairiscithe eile. Cuirfear an | 2. I gcás ina bhfuil easnamh comhlíontachta ar long le haghaidh na tréimhse tuairiscithe, féadfaidh an chuideachta réamhbharrachas comhlíontachta ar an méid comhfhreagrach a fháil ar iasacht ón gcéad tréimhse tuairiscithe eile. Cuirfear an |

| | |
|---|---|
| réamhbharrachas comhlíontachta le hiarmhéid na loinge le haghaidh na tréimhse tuairiscithe agus dealófar é ó iarmhéid na loinge céanna sa chéad tréimhse tuairiscithe eile. Beidh an méid a dhealófar sa chéad tréimhse tuairiscithe eile cothrom leis an réamhbharrachas comhlíontachta arna iolrú faoi 1.1. Ní féidir an barrachas réamhchomhlíontachta a fháil ar iasacht: | réamhbharrachas comhlíontachta le hiarmhéid na loinge le haghaidh na tréimhse tuairiscithe agus dealófar é ó iarmhéid na loinge céanna sa chéad tréimhse tuairiscithe eile. Beidh an méid a dhealófar sa chéad tréimhse tuairiscithe eile cothrom leis an réamhbharrachas comhlíontachta arna iolrú faoi 1.1. ***Má scoireann an long de bheith ag feidhmiú sula ndéanfaidh sí a barrachas réamhchomhlíontachta a chomhlíonadh, íocfaidh sí pionós arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 20.*** Ní fhéadfar an réamhbharrachas comhlíontachta a fháil ar iasacht sna cásanna seo a leanas: |

**Leasú 129**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 17 – mír 2 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) le haghaidh dhá thréimhse tuairiscithe i ndiaidh a chéile. | (b) le haghaidh dhá thréimhse tuairiscithe i ndiaidh a chéile***;*** |

**Leasú 130**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 17 – mír 2 – pointe b a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ba) nó ag long atá sa bhliain deiridh oibríochta.*** |

**Leasú 131**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 17 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Faoi 30 Aibreán na bliana tar éis na tréimhse tuairiscithe, déanfaidh an | 3. Faoi 30 Aibreán na bliana tar éis na tréimhse tuairiscithe, déanfaidh an |

| | |
|---|---|
| chuideachta taifead sa bhunachar sonraí comhlíontachta den réamhbharrachas ***comhlíontachta***, tar éis don fhíoraitheoir é a fhormheas. | chuideachta taifead sa bhunachar sonraí comhlíontachta den réamhbharrachas comhlíontachta, tar éis don fhíoraitheoir é a fhormheas, sa bhunachar sonraí ***dá dtagraítear in Airteagal 16***. |

**Leasú 132**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 20 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. I gcás ina bhfuil easnamh comhlíontachta ar long ar 1 Bealtaine na bliana tar éis na tréimhse tuairiscithe, íocfaidh an chuideachta pionós. Ríomhfaidh ***an fíoraitheoir*** méid an phionóis ar bhonn na foirmle a shonraítear in Iarscríbhinn V. | 1. I gcás ina mbeidh easnamh maidir le comhlíonadh ag an long ar an 1 Bealtaine den bhliain i ndiaidh na tréimhse tuairiscithe, íocfaidh an chuideachta pionós ***athchomhairleach is mó ná méid agus costas na mbreoslaí in-athnuaite agus ísealcharbóin ba cheart do na longa a úsáid chun ceanglais an Rialacháin seo a chomhlíonadh***. ***Déanfaidh an t-údarás riaracháin i leith na cuideachta loingseoireachta*** méid an phionóis a ríomh ar bhonn na foirmle a shonraítear ***in*** Iarscríbhinn V. |

**Leasú 133**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 20 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Íocfaidh an chuideachta pionós as gach cuairt neamhchomhlíontach ar chalafort. Ríomhfaidh an ***fíoraitheoir*** méid an phionóis tríd an tsuim EUR 250 a iolrú faoi na meigeavatanna cumhachta a suiteáladh ar bord agus faoi líon na n-uaireanta a caitheadh i mbeart. | 2. Íocfaidh an chuideachta pionós ***athchomhairleach*** as gach cuairt neamhchomhlíontach ar chalafort. Déanfaidh ***an t-údarás riaracháin i leith na cuideachta loingseoireachta*** méid an phionóis a ríomh tríd an méid EUR 250 a iolrú faoi mheigeavata cumhachta suiteáilte ar bord agus faoi líon na n-uaireanta slánaithe a chaitear i mbeart. |

**Leasú 134**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 20 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. D'ainneoin Airteagal 19(1), eiseoidh an fíoraitheoir deimhniú comhlíontachta FuelEU ***a luaithe*** a íocfar na pionóis dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 den Airteagal seo. Na gníomhaíochtaí dá dtagraítear san Airteagal seo mar aon leis an gcruthúnas ar íocaíochtaí airgeadais i gcomhréir le hAirteagal 21, déanfar iad a thaifeadadh sa deimhniú comhlíontachta FuelEU. | 3. ***D'ainneoin*** Airteagal 19(1), eiseoidh an fíoraitheoir deimhniú comhlíontachta FuelEU ***tar éis*** na bpionós dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 den Airteagal seo a bheith íoctha ***ar feadh 4 bliana as a chéile ar a mhéad***. ***Ag tosú ón tríú bliain as a chéile den neamhchomhlíonadh, cuirfear na heasnaimh bhliantúla maidir le comhlíonadh atá fabhraithe le hiarmhéid na loinge sa tréimhse tuairiscithe ina dhiaidh sin. I gcás an cúigiú bliain de neamhchomhlíonadh, ní eiseoidh an fíoraitheoir deimhniú comhlíontachta FuelEU***. Na gníomhaíochtaí dá dtagraítear san Airteagal seo mar aon leis an gcruthúnas ar íocaíochtaí airgeadais i gcomhréir le hAirteagal 21, déanfar iad a thaifeadadh sa deimhniú comhlíontachta FuelEU. |

**Leasú 135**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 20 – mír 3 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3a. I gcás ina dtabharfaidh an chuideachta loingseoireachta conradh chun críche le hoibreoir tráchtála ina sonraítear go bhfuil an t-oibreoir sin freagrach as breosla a cheannach agus oibriú na loinge, cinnfidh an chuideachta loingseoireachta agus an t-oibreoir tráchtála sin, trí bhíthin socrú conarthach, gurb é an t-oibreoir tráchtála sin atá faoi dhliteanas as na costais a íoc a eascróidh as na pionóis dá dtagraítear san Airteagal seo. Chun críocha na míre seo, ciallaíonn freagrach as oibriú na loinge an lastas atá á iompar ag an long,*** |

***cúrsa taistil, bealach agus/ nó luas na loinge a chinneadh. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go mbeidh modhanna iomchuí agus éifeachtacha ag an gcuideachta loingseoireachta chun na costais dá dtagraítear san Airteagal seo a aisghabháil a eascraíonn as na pionóis dá dtagraítear in Airteagal 16.***

**Leasú 136**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 20 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 26 chun Iarscríbhinn V a leasú chun an fhoirmle dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo a oiriúnú agus chun méid an phionóis sheasta a leagtar síos i mír 2 den Airteagal seo a leasú, agus forbairtí ar an gcostas fuinnimh ***á gcur san áireamh***. | 4. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 26 chun Iarscríbhinn V a leasú chun an fhoirmle dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo a oiriúnú agus chun méid an phionóis sheasta a leagtar síos i mír 2 den Airteagal seo a leasú, ***a luaithe*** a bhainfidh forbairtí ar chostas an fhuinnimh ***an bonn ó éifeacht athchomhairleach na bpionós sin***. |

**Leasú 137**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 20 – mír 4 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***4a. Faoin 1 Eanáir 2027, déanfaidh an Coimisiún gníomh tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 26 lena bhforlíontar an Rialachán seo tríd an bhfoirmle a leagan síos chun méid an phionóis a ríomh mar gheall ar mhainneachtain an sainordú breoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch a chomhlíonadh a leagtar amach i bpointe (b) d'Airteagal 4(2), na critéir dá chur i bhfeidhm agus*** |

***na rialacha maidir lena fhorfheidhmiú.***

**Leasú 138**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 21 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Leithdháilfear na pionóis dá dtagraítear in Airteagal ***20(1) agus 20(2)*** chun tacú le tionscadail choiteanna lena ndírítear ar bhreoslaí in-athnuaite ***agus breoslaí ísealcharbóin*** a imscaradh go tapa san earnáil mhuirí. Le tionscadail a mhaoineofar leis na cistí a bhaileofar ó na pionóis, spreagfar líon níos mó breoslaí in-athnuaite ***agus ísealcharbóin*** a tháirgeadh le haghaidh na hearnála muirí, éascófar tógáil áiseanna ***iomchuí*** buncaeireachta nó port nasctha leictreach i ***gcalafoirt*** agus tacófar leis na teicneolaíochtaí Eorpacha is nuálaí a fhorbairt, a thástáil agus a imscaradh sa chabhlach chun ***laghduithe móra astaíochtaí*** a bhaint amach. | 1. Déanfar na pionóis dá dtagraítear in Airteagal ***20*** a leithdháileadh chun tacú le comhthionscadail atá dírithe ar ***aistriú cóir éiceolaíoch na hearnála muirí a dhaingniú trí bhíthin éifeachtúlacht fuinnimh agus oibríochtúil long a fheabhsú*** go tapa***, trí úsáid a bhaint as teicneolaíochtaí tiomána astaíochtaí nialasacha agus trí*** ghlacadh ***an fhuinnimh*** in-athnuaite ***inbhuanaithe*** san earnáil mhuirí***, agus trí chuidiú le héiceachórais mhuirí a chosaint, a athchóiriú agus a bhainistiú ar bhealach níos fearr***. Le tionscadail a mhaoineofar leis na cistí a bhaileofar ó na pionóis ***cuirfear i bhfeidhm bunphrionsabal na héifeachtúlachta fuinnimh agus*** spreagfar líon níos mó breoslaí ***inbhuanaithe*** agus in-athnuaite ***agus réitigh giniúna in-athnuaite ar bord*** a tháirgeadh le haghaidh na hearnála muirí, éascófar tógáil áiseanna ***ábhartha*** buncaeireachta, ***pointí*** nasctha leictreacha i gcalafoirt agus ***tacófar le hinfheistíochtaí chun comhoiriúnacht idir suiteálacha cumhachta ar bord agus suiteálacha cumhachta ar tír a áirithiú*** agus tacófar leis na teicneolaíochtaí Eorpacha is nuálaí a fhorbairt, a thástáil agus a imscaradh sa chabhlach***, chomh maith le hathnuachan cabhlach a spreagadh,chun earnáil mhuirí astaíochtaí nialasacha, atá thar a bheith tíosach ar fhuinneamh agus atá ar bhonn in-athnuaite go hiomlán a bhaint amach a luaithe is féidir***. ***Na tionscadail a mhaoineofar leis na cistí a bhaileofar, tabharfar tacaíocht dóibh i gcleachtas, in idirphlé leis na comhpháirtithe sóisialta, le hath-imlonnú, athsciliú agus uas-sciliú*** |

| | |
|---|---|
| | ***na n-oibrithe chun na scileanna a sholáthar atá neamhdhíobhálach don chomhshaol agus a bhaineann leis an teicneolaíocht agus a bhfuil gá leo don aistriú chomh maith le bearta sábháilteachta, oiliúna agus cosanta chun déileáil le breoslaí nua muirí.*** |

**Leasú 139**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 21 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Leithdháilfear an t-ioncam a ghintear ó na pionóis dá dtagraítear i mír 1 ar an gCiste ***don Nuálaíocht*** dá dtagraítear in Airteagal ***10a(8)*** de Treoir 2003/87/CE. Is éard a bheidh san ioncam sin ioncam sannta seachtrach i gcomhréir le hAirteagal 21(5) den Rialachán Airgeadais agus cuirfear chun feidhme é i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme maidir leis an gCiste don Nuálaíocht. | 2. Leithdháilfear an t-ioncam a ghintear ó na pionóis dá dtagraítear i mír 1 ar an gCiste ***Aigéin*** dá dtagraítear in Airteagal ***[XX]*** de Threoir 2003/87/CE ***agus cuirfear in áirithe iad chun cláir a mhaoiniú de réir na bprionsabal agus na gcuspóirí a bhunaítear i Míreanna 1***. Is éard a bheidh san ioncam sin ioncam sannta seachtrach i gcomhréir le hAirteagal 21(5) den Rialachán Airgeadais agus cuirfear chun feidhme é i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme maidir leis an gCiste don Nuálaíocht. |

**Leasú 140**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 21 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 26 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh maidir leis na módúlachtaí chun na pionóis dá dtagraítear in Airteagal 20(1) agus 20(2) a íoc. | 3. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 26 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh maidir leis na módúlachtaí chun na pionóis dá dtagraítear in Airteagal 20(1) agus 20(2) a íoc ***agus na módúlachtaí chun an fhaisnéis ar na tionscadail a fhaigheann tacaíocht a chur ar fáil don phobal***. |

**Leasú 141**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 23 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Déanfaidh na Ballstáit na rialacha a bhaineann leis na smachtbhannaí is infheidhme maidir le sáruithe ar an Rialachán seo a leagan síos agus glacfaidh siad gach beart is gá lena áirithiú go gcuirfear chun feidhme iad. Ní mór do na smachtbhannaí dá bhforáiltear a bheith éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach. Tabharfaidh na Ballstáit fógra faoi na forálacha sin don Choimisiún faoin ***[ll/mm/20xx]***, agus tabharfaidh siad fógra faoi aon leasuithe ina dhiaidh sin don Choimisiún gan mhoill. | 1. Déanfaidh na Ballstáit na rialacha a bhaineann leis na smachtbhannaí is infheidhme maidir le sáruithe ar an Rialachán seo a leagan síos agus glacfaidh siad gach beart is gá lena áirithiú go gcuirfear chun feidhme iad. Ní mór do na smachtbhannaí dá bhforáiltear a bheith éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach. Tabharfaidh na Ballstáit fógra faoi na forálacha sin don Choimisiún faoin ***31 Iúil 2024***, agus tabharfaidh siad fógra faoi aon leasuithe ina dhiaidh sin don Choimisiún gan mhoill. ***Faoin 1 Eanáir 2025, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle chun forléargas a thabhairt ar na bearta náisiúnta arna leagan síos ag na Ballstáit agus déanfaidh sé aon leasuithe ar na bearta sin ina dhiaidh sin a thuairisciú gan mhoill.*** |

**Leasú 142**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 23 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. I gcás ina dteipeann ar long deimhniú comhlíontachta FuelEU bailí a chur i láthair le haghaidh dhá thréimhse thuairiscithe nó níos mó agus i gcás inar theip ar bhearta eile forfheidhmiúcháin comhlíontacht a áirithiú, ***d'fhéadfadh*** údarás inniúil Bhallstát an chalafoirt cuarda, tar éis deis a thabhairt don chuideachta lena mbaineann a barúlacha a chur faoina bhráid, ordú díbeartha a eisiúint. Tabharfaidh údarás inniúil an Bhallstáit fógra faoin ordú díbeartha don Choimisiún, do na Ballstáit eile agus don | 3. I gcás ina dteipeann ar long deimhniú comhlíontachta FuelEU bailí a chur i láthair le haghaidh dhá thréimhse thuairiscithe nó níos mó agus i gcás inar theip ar bhearta eile forfheidhmiúcháin comhlíontacht a áirithiú, ***d'fhéadfadh*** údarás inniúil Bhallstát an chalafoirt cuarda, tar éis deis a thabhairt don chuideachta lena mbaineann a barúlacha a chur faoina bhráid, ordú díbeartha a eisiúint. Tabharfaidh údarás inniúil an Bhallstáit fógra faoin ordú díbeartha don Choimisiún, do na Ballstáit eile agus don |

| | |
|---|---|
| Stát brataí lena mbaineann. Cé is moite d'aon Bhallstát a bhfuil a bhratach ar foluain ar an long, diúltóidh gach Ballstát cead iontrála chuig aon chalafort dá chuid don long atá faoi réir ordú díbeartha go dtí go gcomhlíonfaidh an chuideachta a hoibleagáidí. I gcás ina bhfuil bratach Ballstáit ar foluain ar an long, agus tar éis deis a thabhairt don chuideachta lena mbaineann a barúlacha a chur faoina bhráid, ordóidh an Ballstát lena mbaineann an bhratach a choinneáil go dtí go gcomhlíonfaidh an chuideachta a hoibleagáidí. | Stát brataí lena mbaineann. Cé is moite d'aon Bhallstát a bhfuil a bhratach ar foluain ar an long, diúltóidh gach Ballstát cead iontrála chuig aon chalafort dá chuid don long atá faoi réir ordú díbeartha go dtí go gcomhlíonfaidh an chuideachta a hoibleagáidí. I gcás ina bhfuil bratach Ballstáit ar foluain ar an long, agus tar éis deis a thabhairt don chuideachta lena mbaineann a barúlacha a chur faoina bhráid, ordóidh an Ballstát lena mbaineann an bhratach a choinneáil go dtí go gcomhlíonfaidh an chuideachta a hoibleagáidí ***i gcomhréir leis an Rialachán seo***. |

**Leasú 143**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 23 – mír 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. Maidir le smachtbhannaí in aghaidh long shonraithe arna bhforchur ag aon Bhallstát, tabharfar fógra fúthu don Choimisiún, do na Ballstáit eile agus don Stát brataí lena mbaineann. | 5. Maidir le smachtbhannaí in aghaidh long shonraithe arna bhforchur ag aon Bhallstát, tabharfar fógra fúthu don Choimisiún, do na Ballstáit eile agus don Stát brataí lena mbaineann. ***Déanfaidh an Coimisiún gach smachtbhanna dá dtugtar fógra a thaifeadadh sa bhunachar sonraí.*** |

**Leasú 144**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 23 – mír 5 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***5a. Maidir le haon Bhallstát nach bhfuil aon chalafort muirí ina chríoch, nó a bhfuil a chlár náisiúnta long dúnta nó nach bhfuil a bhrat ar foluain ag aon longa a thagann faoi raon feidhme an Rialacháin seo agus a fhad agus nach bhfuil a bhrat ar foluain ag longa den sórt sin, agus nach bhfuil fíoraitheoir*** |

***creidiúnaithe aige, féadfaidh sé maolú ó fhorálacha an Airteagail seo. Aon Bhallstát a bhfuil sé ar intinn aige úsáid a bhaint as an maolú sin, tabharfaidh sé fógra don Choimisiún tráth nach déanaí ná an 1 Iúil 2024. Cuirfear aon athrú ina dhiaidh sin in iúl don Choimisiún freisin, agus ba cheart dó an fhaisnéis a thaifeadadh sa bhunachar sonraí.***

**Leasú 145**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 25 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Ainmneoidh na Ballstáit údarás inniúil amháin nó níos mó a bheidh freagrach as cur i bhfeidhm agus forfheidhmiú an Rialacháin seo (‘údaráis inniúla’). Cuirfidh siad a n-ainm agus a sonraí teagmhála in iúl don Choimisiún. Foilseoidh an Coimisiún liosta na n-údarás inniúil ar a shuíomh gréasáin. | Ainmneoidh na Ballstáit údarás inniúil amháin nó níos mó a bheidh freagrach as cur i bhfeidhm agus forfheidhmiú an Rialacháin seo (‘údaráis inniúla’). Cuirfidh siad a n-ainm agus a sonraí teagmhála in iúl don Choimisiún. Foilseoidh an Coimisiún liosta na n-údarás inniúil ar a shuíomh gréasáin ***agus sa bhunachar sonraí***. |

**Leasú 146**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 26 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal ***4(6)***, Airteagal 5(4), Airteagal 9(3), Airteagal 13(3), Airteagal 20(4), agus Airteagal 21(3) a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama amhail ó[dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo]. | 2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagail ***4(3a), 4(4)***, 5(4)***, 7(4)***, 9(3), 13(3), 20(4), ***20(4a)*** agus 21(3) a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama amhail ó [dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo]. |

**Leasú 147**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 26 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal ***4(7)***, Airteagal 5(4), Airteagal 9(3), Airteagal 13(3), Airteagal 20(4), agus Airteagal 21(3) a chúlghairm aon tráth. Le cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh, cuirfear deireadh le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghnímh tharmligthe atá i bhfeidhm cheana. | 3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagail ***4(3a), 4(4)***, 5(4)***, 7(4)***, 9(3), 13(3), 20(4), ***20 (4a)*** agus 21(3) a chúlghairm aon tráth. Le cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh, cuirfear deireadh le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghnímh tharmligthe atá i bhfeidhm cheana. |

**Leasú 148**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 26 – mír 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal ***4(7)***, Airteagal 5(4), Airteagal 9(3), Airteagal 13(3), Airteagal 20(4), agus Airteagal 21(3) i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa nó ag an gComhairle laistigh de thréimhse 2 mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú 2 mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle. | 6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagail ***4(3a), 4(4)***, 5(4)***, 7(4)***, 9(3), 13(3), 20(4), ***20(4a)*** agus 21(3) i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa nó ag an gComhairle laistigh de thréimhse 2 mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú 2 mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle. |

**Leasú 149**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 28 – mír 1 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Tuairisceoidh an Coimisiún do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle, faoin ***1 Eanáir 2030***, maidir le torthaí meastóireachta ar fheidhmiú an Rialacháin ***seo agus*** ar an bhforbairt ar na teicneolaíochtaí agus ar an margadh le haghaidh breoslaí in-athnuaite agus íseal-charbóin sa mhuiriompar agus a thionchar ar an earnáil mhuirí san Aontais. Déanfaidh an Coimisiún machnamh ar leasuithe a d'fhéadfaí a dhéanamh ar na nithe seo a leanas: | 1. Déanfaidh an Coimisiún, faoin ***1 Eanáir 2027, agus gach 5 bliana ina dhiaidh sin***, tuarascáil a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle maidir leis na torthaí ar mheastóireacht ar fheidhmiú ***an*** Rialacháin ***seo. Sa tuarascáil mheastóireachta ba cheart an méid seo a leanas a dhéanamh go háirithe:*** |
| | ***(a) measúnú a dhéanamh*** ar fhorbairt na dteicneolaíochtaí agus an mhargaidh ***le haghaidh teicneolaíochtaí astaíochtaí nialasacha agus*** breoslaí in-athnuaite agus ísealcharbóin ***inbhuanaithe*** sa mhuiriompar agus a dtionchar ar an earnáil mhuirí san Aontais ***lena n-áirítear a hiomaíochas agus sceitheadh carbóin a d'fhéadfadh a bheith ann, agus béim ar leith á leagan ar chalafoirt AE atá neamhchosanta ar iomaíocht ó chalafoirt nach calafoirt AE iad***; |
| | ***(b) uaillmhian agus sláine fhoriomlán an Rialacháin a scrúdú i ndáil leis na spriocanna faoi Chomhaontú Pháras, i ndáil le sprioc an Aontais maidir le laghdú a dhéanamh ar astaíochtaí GCT ar fud an gheilleagair do 2030 agus i ndáil leis an gcuspóir aeráidneodrachta mar a shainmhínítear sa Dlí Aeráide Eorpach, agus i ndáil leis na spriocanna maidir le fuinneamh in-athnuaite agus éifeachtúlacht fuinnimh. c) measúnú agus cainníochtú a dhéanamh ar na feabhsuithe oibríochtúla agus éifeachtúlachta fuinnimh arna dtionscnamh leis na bearta a bhaineann le cúrsaí muirí sa reachtaíocht a glacadh de thoradh na dtograí a cuireadh isteach*** |

| | |
|---|---|
| | ***faoin bpacáiste 'Oiriúnach do 55' agus faoin acmhainneacht neamhshaothraithe atá ann;*** |
| | ***(d) measúnú a dhéanamh ar éifeacht an rialacháin maidir le hastaíochtaí carbóin dhuibh a laghdú, go háirithe san Artach agus gar dó;*** |
| | ***(e) an measúnú tionchair ar fheidhmiú an Rialacháin a thabhairt cothrom le dáta, agus béim ar leith á leagan ar impleachtaí eacnamaíocha a bheart.*** |
| | Déanfaidh an Coimisiún machnamh ar leasuithe a d'fhéadfaí a dhéanamh ar na nithe seo a leanas: |

**Leasú 150**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 28 – mír 1 – pointe -a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(-a) an tairseach olltonnáiste a laghdú go 400 agus an sciar fuinnimh a mhéadú a úsáideann longa ar aistir chuig tríú tíortha agus uathu dá dtagraítear in Airteagal 2;*** |

**Leasú 151**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 28 – mír 1 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) an teorainn dá dtagraítear in Airteagal 4(2); | (a) an teorainn dá dtagraítear in Airteagal 4(2) ***a dhéanamh níos déine***; |

**Leasú 152**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe a a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(aa) sprioc oibríochtúil agus sprioc éifeachtúlachta fuinnimh a chur chun cinn*** |

**Leasú 153**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 28 – mír 1 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) na cineálacha long a bhfuil feidhm ag ***Airteagal 5(1)*** maidir leo; | (b) na cineálacha long a bhfuil feidhm ag ***an Rialachán seo*** maidir leo ***a leathnú***; |

**Leasú 154**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 28 – mír 1 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) na heisceachtaí a liostaítear in Airteagal 5(3). | (c) na heisceachtaí a liostaítear in Airteagal 5(3) ***a theorannú***. |

**Leasú 155**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 28 – mír 1 – pointe c a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ca) teorainn a chur le húsáid driogáití d'aigéad sailleach pailme, saillte ainmhíocha de chatagóir III, ola cócaireachta, molás, stoc gallúnaí agus díorthach, pointe (c) d'Airteagal 9(1).*** |

**Leasú 156**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 28 – mír 1 – pointe c b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(cb) na barrachais chomhlíontachta nach bhfuil curtha i dtaisce a chur ar ceal i gcás nár úsáideadh iad tar éis trí thréimhse tuairiscithe dá dtagraítear in Airteagal 17;*** |

**Leasú 157**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 28 – mír 1 – pointe c c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(cc) cur i bhfeidhm a theorannú maidir le comhlíontacht a chomhthiomsú dá dtagraítear in Airteagal 18 maidir le longa arna gcumhachtú le breoslaí astaíochtaí nialasacha agus teicneolaíochtaí astaíochtaí nialasacha;*** |

**Leasú 158**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 28 – mír 1 – pointe c d (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(cd) forálacha tiomnaithe chun dul i ngleic le hastaíochtaí Carbóin Dhuibh le haghaidh muiraistir san Artach.*** |

**Leasú 159**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 28 – mír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1a. Breithneoidh an Coimisiún, mar chuid dá mheasúnú, leasuithe a d'fhéadfaí a dhéanamh ar an Rialachán seo maidir le simpliú rialála. Déanfaidh an Coimisiún agus na húdaráis inniúla*** |

***sna Ballstáit nósanna imeachta riaracháin a oiriúnú go leanúnach don dea-chleachtas agus déanfaidh siad gach beart chun forfheidhmiú an Rialacháin seo a shimpliú, agus an t-ualach riaracháin ar na gníomhaithe atá rannpháirteach á choinneáil chomh híseal agus is féidir.***

**Leasú 160**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 28 – mír 1 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1b. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa, trína coistí inniúla, tuairim a thabhairt ar an tuarascáil ón gCoimisiún, lena n-áirítear ar na tograí chun an Rialachán seo a leasú.*** |

**Leasú 161**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 28 – mír 1 c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1c. Tabharfaidh an Coimisiún freagra i scríbhinn ar an tuairim a ghlacfaidh Parlaimint na hEorpa agus ar aon ghlao ar ghníomhaíocht a bhaineann le forálacha éagsúla an Rialacháin, lena n-áirítear údar a thabhairt le heaspa gníomhaíochta dá bhforáiltear, agus freagra a thabhairt ar aon cheist a chuirfidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle air laistigh de chúig seachtaine tar éis dó an iarraidh sin a fháil.*** |

**Leasú 162**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 29 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Cuirfear an pointe seo a leanas leis an liosta a leagtar amach in Iarscríbhinn IV a ghabhann le Treoir 2009/16/CE: '51. An deimhniú comhlíontachta FuelEU arna eisiúint faoi Rialachán (AE) xxxx maidir le breoslaí in-athnuaite agus ísealcharbóin a úsáid sa mhuiriompar'. | Cuirfear an pointe seo a leanas leis an liosta a leagtar amach in Iarscríbhinn IV a ghabhann le Treoir 2009/16/CE: '51. An deimhniú comhlíontachta FuelEU arna eisiúint faoi Rialachán (AE) xxxx maidir le breoslaí in-athnuaite agus ísealcharbóin ***agus foinsí in-athnuaite fuinnimh*** a úsáid sa mhuiriompar'. |

**Leasú 163**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn I**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

**IARSCRÍBHINN I**

AN MHODHEOLAÍOCHT CHUN AN TEORAINN LE DÉINE GÁS CEAPTHA TEASA A BHUNÚ MAIDIR LEIS AN bhFUINNEAMH A ÚSÁIDTEAR AR BORD LOINGE

Chun an teorainn le déine gás ceaptha teasa an fhuinnimh a úsáidtear ar bord loinge a ríomh, beidh feidhm ag an bhfoirmle seo a leanas, ar a dtugtar Cothromóid (1):

Cothromóid (1)

| Innéacs déine gás ceaptha teasa | Tobar go humar (WtT) | Umar go marbhshruth (TtW) |
|---|---|---|
| $GHG\ intensity\ index\left[\frac{gCO2eq}{MJ}\right] =$ | $\frac{\sum_i^{n\,fuel} M_i \times CO_{2eq\,WtT,i} \times LCV_i + \sum_k^{c} E_k \times CO_{2eq\,electricity,k}}{\sum_i^{n\,fuel} M_i \times LCV_i + \sum_k^{c} E_k}$ | $+ \frac{\sum_i^{n\,fuel}\sum_j^{m\,engine} M_{i,j} \times \left[\left(1 - \frac{1}{100} C_{engine\,slip\,j}\right) \times \left(CO_{2eq,TtW,j}\right) + \left(\frac{1}{100} C_{engine\,slip\,j} \times CO_{2eq\,TtW,\,slippage,j}\right)\right]}{\sum_i^{n\,fuel} M_i \times LCV_i + \sum_k^{l} E_k}$ |

agus tugtar Cothromóid (2) ar an bhfoirmle seo a leanas:

$CO_{2eq,TtW,j} = \left(C_{f\,CO_2,j} \times GWP_{CO_2} + C_{f\,CH_{4,j}} \times GWP_{CH_4} + C_{f\,N_2O,j} \times GWP_{N_2O}\right)_i$ Cothromóid (2)

| Téarma | Sainmhíniú |
|---|---|
| $i$ | Innéacs a chomhfhreagraíonn do na breoslaí arna seachadadh go dtí an long le linn na tréimhse tagartha |
| $j$ | Innéacs a chomhfhreagraíonn do na haonaid dócháin breosla ar bord na loinge. Chun críoch an Rialacháin seo is iad na haonaid atá le breithniú na príomhinnill, na hinnill chúnta agus coirí ola-adhainte |
| $k$ | Innéacs a fhreagraíonn do na pointí nasctha (c) i gcás ina soláthraítear leictreachas de réir gach pointe nasctha. |
| $c$ | Innéacs a chomhfhreagraíonn do líon na bpointí luchtaithe leictrigh |
| $m$ | Innéacs a chomhfhreagraíonn do líon na dtomhaltóirí fuinnimh |
| $M_{i,j}$ | Mais an bhreosla shonraigh i arna ocsaídiú i dtomhaltóir j [gFuel] |
| $E_k$ | Leictreachas arna sheachadadh go dtí an long in aghaidh an phointe nasctha k má tá níos mó ná ceann amháin [MJ] |
| $CO_{2eq\,WtT,i}$ | Fachtóir astaíochta gás ceaptha teasa WtT an bhreosla *i* [$gCO_{2eq}$/MJ] |
| $CO_{2eq\,electricity,k}$ | Fachtóir astaíochta gás ceaptha teasa WtT a bhaineann leis an leictreachas arna sheachadadh go dtí an long i mbeart *in aghaidh* an phointe nasctha *k* [$gCO_{2eq}$/MJ] |
| $LCV_i$ | Luach Calrach Íochtarach an bhreosla *i* [MJ/gFuel] |
| $C_{engine\,slip\,j}$ | Comhéifeacht sceite an bhreosla innill (breosla neamhdhóite) mar chéatadán de mhais an bhreosla *i* arna húsáid in aghaidh an aonaid dócháin *j* [%] |
| $C_{f\,CO_2,j}, C_{f\,CH_{4,j}}, C_{f\,N_2O,j}$ | Fachtóirí astaíochta gás ceaptha teasa WtT ó bhreosla dóite in aonad dócháin *j* [gGHG/gFuel] |
| $CO_{2eq,TtW,j}$ | Astaíochtaí breosla dhóite mar choibhéis $CO_2$ TtW *i* in aonad dócháin *j* [$gCO_2eq$/gFuel] $CO_{2eq,TtW,j} = \left(C_{cf\,CO_2,j} \times GWP_{CO_2} + C_{cf\,CH_{4,j}} \times GWP_{CH_4} + C_{cf\,N_2O,j} \times GWP_{N_2O}\right)_i$ |
| $C_{sf\,CO_2,j}, C_{sf\,CH_{4,j}}, C_{sf\,N_2O,j}$ | Fachtóirí astaíochta gás ceaptha teasa WtT ó bhreosla sceite i dtreo aonad dócháin *j* [gGHG/gFuel] |
| $CO_{2eq,TtWslippage,j}$ | Astaíochtaí breosla sceite mar choibhéis $CO_2$ TtW i dtreo aonad dócháin *j* [$gCO_2eq$/gFuel] $CO_{2eq,TtW\,slippage,j} = \left(C_{sf\,CO_2,j} \times GWP_{CO_2} + C_{sf\,CH_{4,j}} \times GWP_{CH_4} + C_{sf\,N_2O,j} \times GWP_{N_2O}\right)_i$ |
| $GWP_{CO_2}, GWP_{CH_4}, GWP_{N_2O}$ | Acmhainneacht téite domhanda $CO_2$, $CH_4$, $N_2O$ thar 100 bliain |

I gcás breoslaí iontaise, úsáidfear na luachanna réamhshocraithe in Iarscríbhinn II.
Chun críoch an Rialacháin seo, socrófar ag nialas an téarma $\sum_{k}^{c} E_k \times CO_{2eq\ electricity,\ k}$ in uimhreoir Chothromóid (1).

**Modh chun [$M_i$] a chinneadh**
Cinnfear mais [Mi] an bhreosla agus úsáid á baint as an méid a thuairiscítear i gcomhréir le creat an tuairiscithe faoi Rialachán (AE) 2015/757 le haghaidh muiraistir a thagann faoi raon feidhme an Rialacháin seo bunaithe ar an modheolaíocht faireacháin a roghnaigh an chuideachta.

**Modh chun fachtóirí gás ceaptha teasa WtT a chinneadh**
Maidir le breoslaí neamhiontaise, i gcás ina n-úsáidtear luachanna atá éagsúil leis na luachanna réamhshocraithe in Iarscríbhinn II, beidh siad sin bunaithe ar na Nótaí Seachadta Buncair (BDNanna) ábhartha le haghaidh na mbreoslaí a sheachadtar chuig an long le linn na tréimhse tagartha, i gcás cainníochtaí breoslaí atá comhionann, ar a laghad, leis an gcainníocht a mheastar atá le tomhailt i gcomhthéacs turas a rialáiltear i gcomhréir le pointe A.
Bunaítear astaíochta gás ceaptha teasa WtT ($CO_{2eq\ WtT,\ i}$) na mbreoslaí (nach breoslaí iontaise iad) i dTreoir (AE) 2018/2001. Is iad na luachanna gan dóchán na luachanna iarbhír atá sa Treoir a úsáidfear chun críoch an Rialacháin seo, i gcomhréir leis an modheolaíocht[14]. I gcás na mbreoslaí sin nach n-áirítear conairí dóibh sa Treoir agus i gcás breoslaí iontaise, tá luachanna réamhshocraithe na bhfachtóirí astaíochta gás ceaptha teasa WtT ($CO_{2eq\ WtT,\ i}$) in Iarscríbhinn II.
**Nóta Seachadta Buncair le haghaidh Breosla (BDN)**

Chun críocha an Rialacháin seo, beidh an fhaisnéis seo a leanas ar a laghad ar BDNanna ábhartha le haghaidh breoslaí a úsáidtear ar bord:

– céannacht táirgí
– mais an bhreosla [t]
– toirt an bhreosla [$m^3$]
– déine an bhreosla [$kg/m^3$]
– Fachtóir astaíochta gás ceaptha teasa WtT le haghaidh $CO_2$ (fachtóir carbóin) [$gCO_2$/gFuel] agus le haghaidh $CO_{2eq}$ [$gCO_{2eq}$/gFuel] agus an deimhniú gaolmhar[15]
– An Luach Calrach Íochtarach [MJ/g]

**BDN le haghaidh leictreachais**

Chun críocha an Rialacháin seo, beidh an fhaisnéis seo a leanas ar a laghad ar BDNanna ábhartha le haghaidh leictreachas a sheachadtar chuig an long:

– soláthróir: ainm, seoladh, teileafón, ríomhphost, ionadaí

14 Déantar tagairt don téarma $e_u$ 'astaíochtaí ón mbreosla i mbun úsáide' i dTreoir (AE) 2018/2001, Iarscríbhinn V.C.1.(a).
15 Ní éilítear an luach sin i gcás breoslaí iontaise dá dtagraítear in Iarscríbhinn II. I gcás gach breosla eile, lena n-áirítear cumaisc de bhreoslaí iontaise, ba cheart an luach sin a chur ar fáil mar aon le deimhniú ar leith lena sainaithneofar an chonair táirgeachta breosla.

- long ghlactha: Uimhir IMO (MMSI), ainm na loinge, cineál loinge, bratach, ionadaí na loinge
- calafort: ainm, suíomh (LOCODE), críochfort/beart
- pointe nasctha: pointe nasctha OPS-SSE, mionsonraí an phointe nasctha
- am nasctha: dáta/am tosaithe/críochnaithe
- an fuinneamh a sholáthraítear: an codán cumhachta arna leithdháileadh ar phointe soláthair (más infheidhme) [kW], tomhaltas leictreachais (kWh) le haghaidh na tréimhse billeála, faisnéis faoin mbuaic chumhachta (má tá sí ar fáil)
- méadrú

**An modh chun fachtóirí gás ceaptha teasa TtW a chinneadh**

Cinntear astaíochtaí TtW ar bhonn na modheolaíochta atá san Iarscríbhinn seo mar a fhoráiltear i gCothromóid (1) agus i gCothromóid (2)

Chun críoch an Rialacháin seo, in Iarscríbhinn II tá na fachtóirí astaíochta gás ceaptha teasa TtW ( $CO_{2eq,TtW,j}$ ) a úsáidfear chun na hastaíochtaí gás ceaptha teasa a chinneadh. Is iad na fachtóirí $CO_2$ $C_f$ na cinn a bhunaítear in Rialachán (AE) 2015/757 agus a thuairiscítear ar an Tábla ionas gur furasta tagairt dóibh. I gcás breoslaí nach n-áirítear a bhfachtóirí sa rialachán sin, úsáidfear fachtóirí réamhshocraithe mar atá in Iarscríbhinn II.
I gcomhréir lena phlean comhlíontachta dá dtagraítear in Airteagal 6 agus ar mheasúnú an fhíoraitheora, féadfar modhanna eile a úsáid, amhail tomhas díreach $CO_{2eq}$ agus tástáil saotharlainne, má chuireann sé le cruinneas foriomlán an ríomha.

**An modh chun astaíochtaí idirleata TtW a chinneadh**

Is éard atá in astaíochtaí idirleata astaíochtaí arb é is cúis leo an méid breosla nach sroicheann cuasán dócháin an aonaid dócháin nó nach n-ídíonn an tiontaire fuinnimh toisc iad a bheith neamhdhóite, scaoilte nó tar éis sceitheadh ón gcóras. Chun críoch an Rialacháin seo, cuirtear astaíochtaí idirleata san áireamh mar chéatadán de mhais an bhreosla a úsáideann an t-inneall. Tá na luachanna réamhshocraithe in Iarscríbhinn II.

***Modhanna chun na fachtóirí luaíochta a bhaineann le foinsí ionadacha fuinnimh a chinneadh***

***I gcás ina ndéantar foinsí ionadacha fuinnimh a shuiteáil ar bord, is féidir fachtóir luaíochta a chur i bhfeidhm le haghaidh foinsí ionadacha fuinnimh. I gcás cumhacht ghaoithe, cinntear an fachtóir luaíochta sin mar a leanas:***

| ***Fachtóir luaíochta le haghaidh foinsí ionadacha fuinnimh- CUMHACHT GHAOITHE ($f_{wind}$)*** | $\frac{P_{Wind}}{P_{Tot}}$ |
|---|---|
| ***0,99*** | ***0,1*** |
| ***0,97*** | ***0,2*** |
| ***0,95*** | ***⩾ 0,3*** |

***Ansin déantar innéacs déine gás ceaptha teasa na loinge a ríomh trí thoradh Chothromóid (1) a iolrú faoin bhfachtóir luaíochta.***

*Leasú*

<u>**IARSCRÍBHINN I**</u>

Chun an teorainn le déine gás ceaptha teasa an fhuinnimh a úsáidtear ar bord loinge a ríomh, beidh feidhm ag an bhfoirmle seo a leanas, ar a dtugtar Cothromóid (1):

Cothromóid (1)

| Innéacs déine gás ceaptha teasa | Tobar go humar (WtT) | Umar go marbhshruth (TtW) |
|---|---|---|
| $GHG\ intensity\ index \left[\frac{gCO2eq}{MJ}\right] =$ | $\frac{\sum_i^{n\,fuel} M_i \times CO_{2eq\,WtT,\,i} \times LCV_i + \sum_k^c E_k \times CO_{2eq\,electricity,k}}{\sum_i^{n\,fuel} M_i \times LCV_i \times \boldsymbol{MULT_i} + \sum_k^c E_k + \sum_s^n \boldsymbol{E_s} + \sum_w^n \boldsymbol{E_w}}$ | $+ \frac{\sum_i^{n\,fuel} \sum_j^{m\,engine} M_{i,j} \times \left[ \left(1 - \frac{1}{100} C_{engine\,slip\,j}\right) \times \left(CO_{2eq,\,TtW,\,j}\right) + \left(\frac{1}{100} C_{engine\,slip\,j} \times C\right.\right.}{\sum_i^{n\,fuel} M_i \times LCV_i \times \boldsymbol{MULT_i} + \sum_k^l E_k + \sum_s^n \boldsymbol{E_s} + \sum_w^n \boldsymbol{E_w}}$ |

agus tugtar Cothromóid (2) ar an bhfoirmle seo a leanas:

$CO_{2eq,\,TtW,\,j} = \left(C_{f\,CO_2,\,j} \times GWP_{CO_2} + C_{f\,CH_{4,\,j}} \times GWP_{CH_4} + C_{f\,N_2O_{,\,j}} \times GWP_{N_2O}\right)_i$ Cothromóid (2)

| Téarma | Sainmhíniú |
|---|---|
| $i$ | Innéacs a chomhfhreagraíonn do na breoslaí arna seachadadh go dtí an long le linn na tréimhse tagartha |
| $j$ | Innéacs a chomhfhreagraíonn do na haonaid dócháin breosla ***(m inneall)*** ar bord na loinge. Chun críoch an Rialacháin seo is iad na haonaid atá le breithniú na príomhinnill, na hinnill chúnta agus coirí ola-adhainte |
| $k$ | Innéacs a fhreagraíonn do na pointí nasctha (c) i gcás ina soláthraítear leictreachas de réir gach pointe nasctha. |
| ***w*** | ***Innéacs a fhreagraíonn don tsuiteáil ghaoithe (n) i gcás ina soláthraítear fuinneamh in aghaidh na suiteála gaoithe.*** |
| ***s*** | ***Innéacs a fhreagraíonn don tsuiteáil ghréine (p) i gcás ina soláthraítear leictreachas in aghaidh na suiteála gréine.*** |
| $c$ | líon na bpointí luchtaithe leictrigh |
| $m$ | líon na dtomhaltóirí fuinnimh |
| ***n*** | ***Líon na mbreoslaí arna seachadadh go dtí an long le linn na tréimhse tagartha*** |
| $M_{i,j}$ | Mais an bhreosla shonraigh i arna ocsaídiú *i* dtomhaltóir *j* [gFuel] |
| $E_k$ | Leictreachas arna sheachadadh go dtí an long *in aghaidh* an phointe nasctha *k* má tá níos mó ná ceann amháin [MJ] |
| $\boldsymbol{E_w}$ | ***Fuinneamh seachadta chuig an long in aghaidh na suiteála gaoithe (w) más ionann é agus níos mó ná ceann amháin acu [MJ]*** |
| $\boldsymbol{E_s}$ | ***Leictreachas a sheachadtar chuig an long in aghaidh an phointe suiteála/na bpointí suiteála gréine má tá níos mó ná ceann amháin i gceist [MJ]*** |
| $CO_{2eq\,WtT,\,i}$ | Fachtóir astaíochta gás ceaptha teasa WtT an bhreosla *i* [g$CO_{2eq}$/MJ] |
| $CO_{2eq\,electricity,\,k}$ | Fachtóir astaíochta gás ceaptha teasa WtT a bhaineann leis an leictreachas arna sheachadadh go dtí an long i mbeart *in aghaidh* an phointe nasctha *k* [g$CO_{2eq}$/MJ] |
| $LCV_i$ | Luach Calrach Íochtarach an bhreosla *i* [MJ/gFuel] |
| $C_{engine\,slip\,j}$ | Comhéifeacht sceite an bhreosla innill (breosla neamhdhóite) mar chéatadán de mhais an bhreosla *i* arna húsáid in aghaidh an aonaid dócháin *j* [%] |
| $C_{f\,CO_2,\,j}, C_{f\,CH_{4,\,j}}, C_{f\,N_2O_{,\,j}}$ | Fachtóirí astaíochta gás ceaptha teasa WtT ó bhreosla dóite in aonad dócháin *j* [gGHG/gFuel] |
| $CO_{2eq,\,TtW,\,j}$ | Astaíochtaí breosla dhóite mar choibhéis $CO_2$ TtW *i* in aonad dócháin *j* [g$CO_2$eq/gFuel]<br>$CO_{2eq,\,TtW,\,j} = \left(C_{cf\,CO_2,\,j} \times GWP_{CO_2} + C_{cf\,CH_{4,\,j}} \times GWP_{CH_4} + C_{cf\,N_2O_{,\,j}} \times GWP_{N_2O}\right)_i$ |
| $C_{sf\,CO_2,\,j}, C_{sf\,CH_{4,\,j}}, C_{sf\,N_2O_{,\,j}}$ | Fachtóirí astaíochta gás ceaptha teasa WtT ó bhreosla sceite i dtreo aonad dócháin *j* [gGHG/gFuel] |
| $CO_{2eq,\,TtWslippage\,,\,j}$ | Astaíochtaí breosla sceite mar choibhéis $CO_2$ TtW i dtreo aonad dócháin *j* [g$CO_2$eq/gFuel]<br>$CO_{2eq,\,TtW\,slippage,\,j} = \left(C_{sf\,CO_2,\,j} \times GWP_{CO_2} + C_{sf\,CH_{4,\,j}} \times GWP_{CH_4} + C_{sf\,N_2O_{,\,j}} \times GWP_{N_2O}\right)_i$ |
| $GWP_{CO_2}, GWP_{CH_4}, GWP_{N_2O}$ | Acmhainneacht téite domhanda $CO_2$, $CH_4$ , $N_2O$ thar 100 bliain |
| $\boldsymbol{MULT_i}$ | ***Iolraitheoir a chuirtear i bhfeidhm ar bhreosla RFNBO i*** |
| Mi,j A | ***Mais choigeartaithe an bhreosla shonraigh i ocsaídithe i dtomhaltóir j [gFuel] de bharr seoladh faoi dhálaí oighir i gcás loinge in aicme oighir IC, IB, IA nó IA Super nó in aicme oighir choibhéiseach*** 16 ***agus de bharr airíonna teicniúla loinge in aicme oighir IA nó IA Super nó in aicme oighir choibhéiseach. Úsáidtear an mhais choigeartaithe Mi,j A i gcothromóid (1) in ionad mais Mi,j nuair is iomchuí*** |

I gcás breoslaí iontaise, úsáidfear na luachanna réamhshocraithe in Iarscríbhinn II.
Chun críoch an Rialacháin seo, socrófar ag nialas an téarma $\sum_k^c E_k \times CO_{2eq\,electricity,\,k}$ in uimhreoir Chothromóid (1).

***Déanfar an téarma MULTi in ainmneoir Cothromóid (1) a shocrú ag cúig le haghaidh an mhéid RFNBOnna atá níos mó ná céatadáin de mheánfhuinneamh bliantúil loinge arna úsáid ar bord le linn tréimhse tuairiscithe, dá dtagraítear i bpointe (b) d'Airteagal 4(2).***

[16] Le haghaidh tuilleadh faisnéise maidir le comhfhreagras idir aicmí oighir, féach Moladh HELCOM 25/7 ag http://www.helcom.fi.

Modh chun [$M_i$] a chinneadh
Cinnfear mais [Mi] an bhreosla agus úsáid á baint as an méid a thuairiscítear i gcomhréir le creat an tuairiscithe faoi Rialachán (AE) 2015/757 le haghaidh muiraistir a thagann faoi raon feidhme an Rialacháin seo bunaithe ar an modheolaíocht faireacháin a roghnaigh an chuideachta. ***Féadfar mais choigeartaithe an bhreosla [Mi A] a úsáid in ionad mhais an bhreosla [Mi] le haghaidh long atá in aicme oighir IC, IB, IA nó IA Super nó in aicme oighir choibhéiseach. Sainítear an mhais choigeartaithe [$M_{i\,A}$] in Iarscríbhinn Va.***

Modh chun fachtóirí gás ceaptha teasa WtT a chinneadh
Maidir le breoslaí neamhiontaise, i gcás ina n-úsáidtear luachanna atá éagsúil leis na luachanna réamhshocraithe in Iarscríbhinn II, beidh siad sin bunaithe ar na Nótaí Seachadta Buncair (BDNanna) ábhartha le haghaidh na mbreoslaí a sheachadtar chuig an long le linn na tréimhse tagartha, i gcás cainníochtaí breoslaí atá comhionann, ar a laghad, leis an gcainníocht a mheastar atá le tomhailt i gcomhthéacs turas a rialáiltear i gcomhréir le pointe A. Bunaítear astaíochta gás ceaptha teasa WtT ($CO_{2eq\,WtT,\,i}$) na mbreoslaí (nach breoslaí iontaise iad) i dTreoir (AE) 2018/2001. Is iad na luachanna gan dóchán na luachanna iarbhír atá sa Treoir a úsáidfear chun críoch an Rialacháin seo, i gcomhréir leis an modheolaíocht[17]. I gcás na mbreoslaí sin nach n-áirítear conairí dóibh sa Treoir agus i gcás breoslaí iontaise, tá luachanna réamhshocraithe na bhfachtóirí astaíochta gás ceaptha teasa WtT ($CO_{2eq\,WtT,\,i}$) in Iarscríbhinn II.
Nóta Seachadta Buncair le haghaidh Breosla (BDN)

Chun críocha an Rialacháin seo, beidh an fhaisnéis seo a leanas ar a laghad ar BDNanna ábhartha le haghaidh breoslaí a úsáidtear ar bord:

– céannacht táirgí
– mais an bhreosla [t]
– toirt an bhreosla [$m^3$]
– déine an bhreosla [$kg/m^3$]
– Fachtóir astaíochta gás ceaptha teasa WtT le haghaidh $CO_2$ (fachtóir carbóin) [$gCO_2$/gFuel] agus le haghaidh $CO_{2eq}$ [$gCO_{2eq}$/gFuel] agus an deimhniú gaolmhar[18]
– An Luach Calrach Íochtarach [MJ/g]

BDN le haghaidh leictreachais

Chun críocha an Rialacháin seo, beidh an fhaisnéis seo a leanas ar a laghad ar BDNanna ábhartha le haghaidh leictreachas a sheachadtar chuig an long:

– soláthróir: ainm, seoladh, teileafón, ríomhphost, ionadaí
– long ghlactha: Uimhir IMO (MMSI), ainm na loinge, cineál loinge, bratach, ionadaí na loinge

[17] Déantar tagairt don téarma $e_u$ 'astaíochtaí ón mbreosla i mbun úsáide' i dTreoir (AE) 2018/2001, Iarscríbhinn V.C.1.(a).
[18] Ní éilítear an luach sin i gcás breoslaí iontaise dá dtagraítear in Iarscríbhinn II. I gcás gach breosla eile, lena n-áirítear cumaisc de bhreoslaí iontaise, ba cheart an luach sin a chur ar fáil mar aon le deimhniú ar leith lena sainaithneofar an chonair táirgeachta breosla.

– calafort: ainm, suíomh (LOCODE), críochfort/beart

– pointe nasctha: pointe nasctha OPS-SSE, mionsonraí an phointe nasctha

– am nasctha: dáta/am tosaithe/críochnaithe

– an fuinneamh a sholáthraítear: an codán cumhachta arna leithdháileadh ar phointe soláthair (más infheidhme) [kW], tomhaltas leictreachais (kWh) le haghaidh na tréimhse billeála, faisnéis faoin mbuaic chumhachta (má tá sí ar fáil)

– méadrú

An modh chun fachtóirí gás ceaptha teasa TtW a chinneadh

Cinntear astaíochtaí TtW ar bhonn na modheolaíochta atá san Iarscríbhinn seo mar a fhoráiltear i gCothromóid (1) agus i gCothromóid (2)

Chun críoch an Rialacháin seo, in Iarscríbhinn II tá na fachtóirí astaíochta gás ceaptha teasa TtW ( $CO_{2eq,TtW,j}$ ) a úsáidfear chun na hastaíochtaí gás ceaptha teasa a chinneadh. Is iad na fachtóirí $CO_2$ $C_f$ na cinn a bhunaítear in Rialachán (AE) 2015/757 agus a thuairiscítear ar an Tábla ionas gur furasta tagairt dóibh. I gcás breoslaí nach n-áirítear a bhfachtóirí sa rialachán sin, úsáidfear fachtóirí réamhshocraithe mar atá in Iarscríbhinn II.
I gcomhréir lena phlean comhlíontachta dá dtagraítear in Airteagal 6 agus ar mheasúnú an fhíoraitheora, féadfar modhanna eile a úsáid, amhail tomhas díreach $CO_{2eq}$ agus tástáil saotharlainne, má chuireann sé le cruinneas foriomlán an ríomha.
An modh chun astaíochtaí idirleata TtW a chinneadh
Is éard atá in astaíochtaí idirleata astaíochtaí arb é is cúis leo an méid breosla nach sroicheann cuasán dócháin an aonaid dócháin nó nach n-ídíonn an tiontaire fuinnimh toisc iad a bheith neamhdhóite, scaoilte nó tar éis sceitheadh ón gcóras. Chun críoch an Rialacháin seo, cuirtear astaíochtaí idirleata san áireamh mar chéatadán de mhais an bhreosla a úsáideann an t-inneall. Tá na luachanna réamhshocraithe in Iarscríbhinn II.

**Leasú 164**
**Iarscríbhinn I Fíorú agus Deimhniú**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

**Fíorú agus Deimhniú**

| Aicme breosla | Tobar go humar (WtT) | Umar go marbhshruth (TtW) |
|---|---|---|
| Breosla iontaise | Úsáidfear luachanna réamhshocraithe faoi mar a fhoráiltear i dTábla 1 den Rialachán seo | Úsáidfear fachtóirí carbóin $CO_2$ Rialachán MRV le haghaidh na mbreoslaí dá bhforáiltear an fachtóir sin<br><br>Maidir le gach fachtóir astaíochta eile, féadfar luachanna |

| | | |
|---|---|---|
| | | réamhshocraithe a úsáid de réir mar a fhoráiltear i dTábla 1 den Rialachán seo, mar mhalairt air sin<br><br>Luachanna deimhnithe trí bhíthin tástáil saotharlainne nó tomhais dhíreacha astaíochtaí |
| Breoslaí In-Athnuaite Inbhuanaithe (Bithleachtanna, Bithgháis, Leictribhreoslaí) | Is féidir luachanna $CO_{2eq}$ dá bhforáiltear in RED II (gan dóchán) a úsáid i gcás gach breosla a n-áirítear a chonairí in RED II, mar mhalairt air sin<br>Is féidir scéim deimhniúcháin arna formheas ag RED II a úsáid | Maidir le fachtóirí astaíochta, féadfar luachanna réamhshocraithe a úsáid de réir mar a fhoráiltear i dTábla 1 den Rialachán seo, mar mhalairt air sin<br><br>Luachanna deimhnithe trí bhíthin tástáil saotharlainne nó tomhais dhíreacha astaíochtaí. |
| Eile (lena n-áirítear leictreachas) | Is féidir luachanna $CO_{2eq}$ dá bhforáiltear in RED II (gan dóchán) a úsáid i gcás gach breosla a n-áirítear a chonairí in RED II, mar mhalairt air sin<br>Is féidir scéim deimhniúcháin arna formheas ag RED II a úsáid | Maidir le fachtóirí astaíochta, féadfar luachanna réamhshocraithe a úsáid de réir mar a fhoráiltear i dTábla 1 den Rialachán seo, mar mhalairt air sin<br><br>***Luachanna deimhnithe trí bhíthin tástáil saotharlainne nó tomhais dhíreacha astaíochtaí.*** |

*Leasú*

**Fíorú agus Deimhniú**

| Aicme breosla | Tobar go humar (WtT) | Umar go marbhshruth (TtW) |
|---|---|---|
| Breosla iontaise | Úsáidfear luachanna réamhshocraithe faoi mar a fhoráiltear i dTábla 1 den Rialachán seo | Úsáidfear fachtóirí carbóin $CO_2$ Rialachán MRV le haghaidh na mbreoslaí dá bhforáiltear an fachtóir sin<br><br>Maidir le gach fachtóir astaíochta eile, féadfar luachanna réamhshocraithe a úsáid de réir mar a fhoráiltear i dTábla 1 den Rialachán seo, mar mhalairt air sin<br><br>Luachanna deimhnithe trí bhíthin tástáil saotharlainne nó tomhais dhíreacha astaíochtaí ***ar luachanna astaíochtaí sceite agus idirleata i gcomhréir leis na scéimeanna deimhniúcháin agus fíorúcháin a leagtar síos sna gníomhartha tarmligthe arna nglacadh i gcomhréir le hAirteagal 9(3)***. |
| Breoslaí In-Athnuaite Inbhuanaithe (Bithleachtanna, Bithgháis, Leictribhreoslaí) | Is féidir luachanna $CO_{2eq}$ dá bhforáiltear in RED II (gan dóchán) a úsáid i gcás gach breosla a n-áirítear a chonairí in RED II, mar mhalairt air sin<br>Is féidir scéim deimhniúcháin arna formheas ag RED II a úsáid | Maidir le fachtóirí astaíochta, féadfar luachanna réamhshocraithe a úsáid de réir mar a fhoráiltear i dTábla 1 den Rialachán seo, mar mhalairt air sin<br><br>Luachanna deimhnithe trí bhíthin tástáil saotharlainne nó tomhais dhíreacha astaíochtaí ***i gcomhréir leis na scéimeanna deimhniúcháin agus fíorúcháin a leagtar síos i dTreoir (AE) 2018/2001***. |
| Eile (lena n-áirítear leictreachas) | Is féidir luachanna $CO_{2eq}$ dá bhforáiltear in RED II (gan dóchán) a úsáid i gcás gach breosla a n-áirítear a chonairí in RED II, mar mhalairt air sin<br>Is féidir scéim | Maidir le fachtóirí astaíochta, féadfar luachanna réamhshocraithe a úsáid de réir mar a fhoráiltear i dTábla 1 den Rialachán seo, mar mhalairt air sin |

| | | |
|---|---|---|
| | deimhniúcháin arna formheas ag RED II a úsáid | |

**Leasú 165**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn II**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

## IARSCRÍBHINN II

[...]

**Table 1 – Default factors**

| 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 | 7 | 8 | 9 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | **WtT** | | | **TtW** | | | | |
| **Class / Feedstock** | **Pathway name** | $\boldsymbol{LCV}$ $\left[\frac{MJ}{g}\right]$ | $\boldsymbol{CO_{2eq\,WtT}}$ $\left[\frac{gCO2eq}{MJ}\right]$ | **Energy Converter Class** | $\boldsymbol{C_{f\,CO_2}}$ $\left[\frac{gCO2}{gFuel}\right]$ | $\boldsymbol{C_{f\,CH_4}}$ $\left[\frac{gCH_4}{gFuel}\right]$ | $\boldsymbol{C_{f\,N_2O}}$ $\left[\frac{gN_2O}{gFuel}\right]$ | $\boldsymbol{C_{slip}}$ As % of the mass of the fuel used by the engine |
| **Liquid biofuels** | Ethanol E100 | 0,0268 | Ref. to Directive (EU) 2018/2001 | All ICEs | 1,913 MEPC245 (66) Regulation (EU) 2015/757 | TBM | TBM | - |
| | Bio-diesel Main products / wastes / Feedstock mix | 0,0372 | Ref. to Directive (EU) 2018/2001 | ALL ICEs | 2,834 | 0,00005 TBM | 0,00018 TBM | - |
| | HVO Main products / wastes / Feedstock mix | 0,044 | Ref. to Directive (EU) 2018/2001 | ALL ICEs | 3,115 | 0,00005 | 0,00018 | - |
| | Bio-LNG Main products / wastes / Feedstock mix | 0,05 | Ref. to Directive (EU) 2018/2001 | LNG Otto (dual fuel medium speed) | 2,755 MEPC245 (66), Regulation (EU) 2015/757 | ***0,00005*** | ***0,00018*** | 3,1 |
| | | | | LNG Otto (dual fuel slow speed) | | | | 1,7 |
| | | | | LNG Diesel (dual fuels) | | | | 0.2 |
| | | | | LBSI | | | | N/A |
| **Gas biofuels** | Bio-H2 Main products / wastes / Feedstock mix | 0,12 | N/A | Fuel Cells | 0 | 0 | 0 | - |
| | | | | ICE | 0 | 0 | TBM | |
| **Renewable Fuels of non-** | e-diesel | 0,0427 | Ref. to Directive (EU) | ALL ICEs | 3,206 MEPC245 (66) Regulation (EU) | 0,00005 | 0,00018 | - |

| 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 | 7 | 8 | 9 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | **WtT** | | | **TtW** | | | | |
| **Biological Origin (RFNBO) - *(e- fuels)*** | | | 2018/2001) | | 2015/757 | | | |
| | e-methanol | 0,0199 | Ref. to Directive (EU) 2018/2001 | All ICEs | 1,375 MEPC245 (66) Regulation (EU) 2015/757 | 0,00005 | 0,00018 | - |
| | e-LNG | 0,0491 | Ref. to Directive (EU) 2018/2001 | LNG Otto (dual fuel medium speed) | 2,755 MEPC245 (66) Regulation (EU) 2015/757 | 0 | 0,00011 | 3.1 |
| | | | | LNG Otto (dual fuel slow speed) | | | | 1,7 |
| | | | | LNG Diesel (dual fuels) | | | | 0.2 |
| | | | | LBSI | | | | N/A |
| | e-H2 | 0,12 | 3,6 | Fuel Cells | 0 | 0 | 0 | - |
| | | | | ICE | 0 | 0 | TBM | |
| | e-NH3 | 0,0186 | 0 | No engine | 0 | N/A | TBM | N/A |
| **Others** | Electricity | - | 106,3 EU MIX 2020 72 EU MIX 2030 | OPS | - | - | - | - |

*Amendment*

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Liquid biofuels** | Ethanol E100 | 0,0268 | Ref. to Directive (EU) 2018/2001 | All ICEs | 1,913 MEPC245 (66) Regulation (EU) 2015/757 | TBM | TBM | - |
| | Bio-diesel Main products / wastes / Feedstock mix | 0,0372 | Ref. to Directive (EU) 2018/2001 | ALL ICEs | 2,834 | 0,00005 TBM | 0,00018 TBM | - |
| | HVO Main products / wastes / Feedstock mix | 0,044 | Ref. to Directive (EU) 2018/2001 | ALL ICEs | 3,115 | 0,00005 | 0,00018 | - |
| | Bio-LNG Main products / wastes / Feedstock mix | 0,05 | Ref. to Directive (EU) 2018/2001 | LNG Otto (dual fuel medium speed) | 2,755 MEPC245 (66), Regulation (EU) 2015/757 | ***0*** | ***0,00011*** | 3,1 |
| | | | | LNG Otto (dual fuel slow speed) | | | | 1,7 |
| | | | | LNG Diesel (dual fuels) | | | | 0.2 |
| | | | | LBSI | | | | N/A |
| **Gas biofuels** | Bio-H2 Main products / wastes / Feedstock mix | 0,12 | N/A | Fuel Cells | 0 | 0 | 0 | - |
| | | | | ICE | 0 | 0 | TBM | |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Renewable Fuels of non-Biological Origin (RFNBO)** | e-diesel | 0,0427 | Ref. to Directive (EU) 2018/2001) | ALL ICEs | 3,206 MEPC245 (66) Regulation (EU) 2015/757 | 0,00005 | 0,00018 | - |
| | e-methanol | 0,0199 | Ref. to Directive (EU) 2018/2001 | All ICEs | 1,375 MEPC245 (66) Regulation (EU) 2015/757 | 0,00005 | 0,00018 | - |
| | e-LNG | 0,0491 | Ref. to Directive (EU) 2018/2001 | LNG Otto (dual fuel medium speed) | 2,755 MEPC245 (66) Regulation (EU) 2015/757 | 0 | 0,00011 | 3.1 |
| | | | | LNG Otto (dual fuel slow speed) | | | | 1,7 |
| | | | | LNG Diesel (dual fuels) | | | | 0.2 |
| | | | | LBSI | | | | N/A |
| | e-H2 | 0,12 | 3,6 | Fuel Cells | 0 | 0 | 0 | - |
| | | | | ICE | 0 | 0 | TBM | |
| | e-NH3 | 0,0186 | 0 | No engine | 0 | N/A | TBM | N/A |
| **Others** | Electricity | - | 106,3 EU MIX 2020 72 EU MIX 2030 | OPS | - | - | - | - |

**Leasú 166**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn II – mír 11**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| I gColún 7 tá an fachtóir astaíochta $C_f$ e haghaidh meatáin arna léiriú ina [$gCH_4$/gfuel]. Úsáidfear na luachanna réamhshocraithe mar atá siad ar an tábla. Is ***féidir*** luachanna arna ndeimhniú trí bhíthin tástála a úsáid in ionad na luachanna réamhshocraithe. I gcás breoslaí GNL, socraítear $C_f$ le haghaidh meatáin ag nialas. | I gColún 7 tá an fachtóir astaíochta $C_f$ e haghaidh meatáin arna léiriú ina [$gCH_4$/gfuel]. Úsáidfear na luachanna réamhshocraithe mar atá siad ar an tábla. Is ***féidir*** luachanna arna ndeimhniú trí bhíthin tástála ***(faoi na forálacha ábhartha a dhéantar i dTreoir (AE) 2018/2001)*** a úsáid in ionad na luachanna réamhshocraithe. I gcás breoslaí GNL, socraítear $C_f$ le haghaidh meatáin ag nialas. |

**Leasú 167**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn II – mír 12**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| I gColún 8 tá an fachtóir astaíochta $C_f$ le haghaidh ocsaíd nítriúil arna léiriú ina [g$N_2O$/gfuel]. Úsáidfear na luachanna réamhshocraithe mar atá siad ar an tábla. Is ***féidir*** luachanna arna ndeimhniú trí bhíthin tástála a úsáid in ionad na luachanna réamhshocraithe. | I gColún 8 tá an fachtóir astaíochta $C_f$ le haghaidh ocsaíd nítriúil arna léiriú ina [g$N_2O$/gfuel]. Úsáidfear na luachanna réamhshocraithe mar atá siad ar an tábla. Is ***féidir*** luachanna arna ndeimhniú trí bhíthin tástála ***(faoi na forálacha ábhartha a dhéantar i dTreoir (AE) 2018/2001)*** a úsáid in ionad na luachanna réamhshocraithe. |

**Leasú 168**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn II – mír 13**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| I gColún 9 sainaithnítear an chuid den bhreosla a chailltear mar astaíochtaí idirleata ($C_{slip}$), arna léiriú mar % de mhais an bhreosla a úsáideann an tiontaire fuinnimh sonrach. Úsáidfear na luachanna réamhshocraithe mar atá siad ar an tábla. Is féidir luachanna arna ndeimhniú trí bhíthin tástála a úsáid in ionad na luachanna réamhshocraithe. I gcás breoslaí amhail GNL, a bhfuil na hastaíochtaí idirleata (astaíochtaí sceite) ann ina leith, sloinntear méid na n-astaíochtaí idirleata, mar a leagtar amach i ***dTábla 1***, mar % de mhais an bhreosla a úsáidtear (Colún 9). Úsáidfear na luachanna atá i gColún 9, i gcomhréir le Cothromóid (1). Ríomhtar na luachanna $C_{slip}$ i dTábla (1) ag 50 % d'ualach an innill. | I gColún 9 sainaithnítear an chuid den bhreosla a chailltear mar astaíochtaí idirleata ($C_{slip}$), arna léiriú mar % de mhais an bhreosla a úsáideann an tiontaire fuinnimh sonrach. Úsáidfear na luachanna réamhshocraithe mar atá siad ar an tábla. Is féidir luachanna arna ndeimhniú trí bhíthin tástála ***(faoi na forálacha ábhartha a dhéantar i dTreoir (AE) 2018/2001)*** a úsáid in ionad na luachanna réamhshocraithe. ***I gcás luachanna breoslaí iontaise arna ndeimhniú trí bhíthin tástála, ní fhéadfar iad a úsáid in ionad na luachanna réamhshocraithe go dtí go mbeidh na rialacha a bhaineann leis na scéimeanna deimhniúcháin agus fíorúcháin maidir le deimhniú córas tiontaithe fuinnimh nó tomhaltóirí breosla, lena n-áirítear tástáil binse nó tástáil saotharlainne, leagtha amach sna gníomhartha tarmligthe ábhartha***. I gcás breoslaí amhail GNL, a bhfuil na hastaíochtaí idirleata (astaíochtaí sceite) ann ina leith, sloinntear méid na n-astaíochtaí idirleata, mar a leagtar amach i ***dTábla 1***, mar % de mhais an bhreosla a |

| | |
|---|---|
| | úsáidtear (Colún 9). Úsáidfear na luachanna atá i gColún 9, i gcomhréir le Cothromóid (1). Ríomhtar na luachanna $C_{slip}$ i dTábla (1) ag 50 % d'ualach an innill. |

**Leasú 169**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn III – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| CRITÉIR MAIDIR LE hÚSÁID NA TEICNEOLAÍOCHTA ASTAÍOCHTAÍ NIALASACHA DÁ dTAGRAÍTEAR IN AIRTEAGAL 5(3)(b) agus AIRTEAGAL 7(3), pointí (d) agus (f) | CRITÉIR MAIDIR LE hÚSÁID NA TEICNEOLAÍOCHTA ASTAÍOCHTAÍ NIALASACHA ***I mBEART*** DÁ dTAGRAÍTEAR IN AIRTEAGAIL 5(3)(b) agus 7(3), pointí (d) agus (f) |

**Leasú 170**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn III – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Sa tábla seo a leanas, tugtar liosta de na teicneolaíochtaí astaíochtaí nialasacha dá dtagraítear in Airteagal 5(3)(b), mar aon le critéir shonracha maidir lena n-úsáid de réir mar is infheidhme. | Sa tábla seo a leanas, tugtar liosta de na teicneolaíochtaí astaíochtaí nialasacha ***i mbeart*** dá dtagraítear in Airteagal 5(3)(b), mar aon le critéir shonracha maidir lena n-úsáid de réir mar is infheidhme. |

**Leasú 171**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Iarscríbhinn III – Teicneolaíocht astaíochtaí nialasacha**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

| **Teicneolaíocht astaíochtaí nialasacha** | **Critéir maidir lena húsáid** |
|---|---|
| Breosla-chealla | Breosla-chealla a úsáidtear ar bord chun cumhacht a ghiniúint agus an long i mbeart, ba cheart iad a chumhachtú go hiomlán le ***breoslaí*** in-athnuaite agus ísealcharbóin. |

| | |
|---|---|
| Stóráil leictreachais ar bord | Ceadaítear stóráil leictreachais ar bord a úsáid gan beann ar fhoinse an fhuinnimh ónar táirgeadh an chumhacht stóráilte (giniúint ar bord nó ar tír i gcás babhtáil ceallraí). |
| Táirgeadh leictreachais ar bord ó fhuinneamh gaoithe nó gréine | Aon long atá in ann riachtanais fuinnimh a chothú i mbeart trí úsáid a bhaint as fuinneamh gaoithe agus gréine. |

*Leasú*

| **Teicneolaíocht astaíochtaí nialasacha** | **Critéir maidir lena húsáid** |
|---|---|
| Breosla-chealla | Breosla-chealla a úsáidtear ar bord chun cumhacht a ghiniúint agus an long i mbeart, ba cheart iad a chumhachtú go hiomlán le ***foinsí fuinnimh*** in-athnuaite agus ísealcharbóin. |
| Stóráil leictreachais ar bord | Ceadaítear stóráil leictreachais ar bord a úsáid gan beann ar fhoinse an fhuinnimh ónar táirgeadh an chumhacht stóráilte (giniúint ar bord nó ar tír i gcás babhtáil ceallraí). |
| Táirgeadh leictreachais ar bord ó fhuinneamh gaoithe, fuinnimh gréine | Aon long atá in ann riachtanais fuinnimh a chothú i mbeart trí úsáid a bhaint as fuinneamh gaoithe, fuinneamh gréine. |

**Leasú 172**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn III – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Le húsáid na dteicneolaíochtaí astaíochtaí nialasacha sin bainfear amach, ar bhonn leanúnach, astaíochtaí atá coibhéiseach leis na laghduithe astaíochtaí a bhainfí amach trí úsáid a bhaint as an soláthar cumhachta ar tír. | Le húsáid na teicneolaíochta nialasacha sin ***i mbeart***, bainfear amach ar bhonn leanúnach na ***laghduithe céanna ar astaíochtaí gás ceaptha teasa agus ar astaíochtaí truailleán aeir i mbeart*** atá coibhéiseach leis na laghduithe astaíochtaí a bhainfí amach trí úsáid a bhaint as soláthar cumhachta ar tír ***do na riachtanais uile fuinnimh le linn a bheith i mbeart***. |

**Leasú 173**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn IV**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

**Iarscríbhinn IV**

DEIMHNIÚ ATÁ LE hEISIÚINT AG COMHLACHT BAINISTÍOCHTA AN CHALAFOIRT CUARDA I gCÁS NACH FÉIDIR LE LONGA ÚSÁID A BHAINT AS OPS AR CHÚISEANNA A bhFUIL ÚDAR CUÍ LEO (AIRTEAGAL 5(5)) – NA hÍOSEILIMINTÍ ATÁ LE hÁIREAMH SA DEIMHNIÚ

Chun críocha an Rialacháin seo, beidh an fhaisnéis seo a leanas ar a laghad sa deimhniú dá dtagraítear in Airteagal 5(5):

(1) Céannacht na loinge

(a) Uimhir IMO

(b) Ainm na loinge

(c) Comhartha aitheantais

(d) Cineál loinge

(e) Bratach

(2) Calafort cuarda

(3) Suíomh/ainm an chríochfoirt

(4) Dáta agus am teachta (ATA)

(5) Dáta agus am imeachta (ATD)

An dearbhú ó chomhlacht bainistíochta an chalafoirt gur bhain ceann de na cásanna seo a leanas leis an long:

– rinne an long cuairt neamhsceidealaithe ar chalafort, ar chúiseanna sábháilteachta nó tarrthála ar muir (Airteagal 5(2), pointe (c))

– ní raibh an long ábalta nascadh leis an soláthar cumhachta ar tír toisc nach raibh pointí nasctha le fáil sa chalafort (Airteagal 5(2), pointe (d))

– ***fuarthas go raibh an trealamh soláthair cumhachta ar bord ar neamhréir leis an tsuiteáil ar tír sa chalafort (Airteagal 5(2), pointe (e))***

– d’úsáid an long, ar feadh tréimhse theoranta ama, giniúint fuinnimh ar bord, i staideanna éigeandála ina raibh baol láithreach ann le haghaidh na beatha, na loinge nó an chomhshaoil (Airteagal 5(2), pointe (f)).

(6) Sonraí chomhlacht bainistíochta an chalafoirt

(a) Ainm

(b) Sonraí teagmhála (teileafón, ríomhphost)

(7) Dáta eisiúna

*Leasú*

**<u>Iarscríbhinn IV</u>**

DEIMHNIÚ ATÁ LE hEISIÚINT AG COMHLACHT BAINISTÍOCHTA AN CHALAFOIRT CUARDA I gCÁS NACH FÉIDIR LE LONGA ÚSÁID A BHAINT AS OPS AR CHÚISEANNA A bhFUIL ÚDAR CUÍ LEO (AIRTEAGAL 5(5)) – NA hÍOSEILIMINTÍ ATÁ LE hÁIREAMH SA DEIMHNIÚ

Chun críocha an Rialacháin seo, beidh an fhaisnéis seo a leanas ar a laghad sa deimhniú dá dtagraítear in Airteagal 5(5):

(1) Céannacht na loinge

(a) Uimhir IMO

(b) Ainm na loinge

(c) Comhartha aitheantais

(d) Cineál loinge

(e) Bratach

(2) Calafort cuarda

(3) Suíomh/ainm an chríochfoirt

(4) Dáta agus am teachta (ATA)

(5) Dáta agus am imeachta (ATD)

An dearbhú***, arna chruthú ag fianaise réasúnach***, ó chomhlacht bainistíochta an chalafoirt gur bhain ceann de na cásanna seo a leanas leis an long:

– rinne an long cuairt neamhsceidealaithe ar chalafort, ar chúiseanna sábháilteachta nó tarrthála ar muir (Airteagal 5(2), pointe (c))

ní raibh an long ábalta nascadh leis an soláthar cumhachta ar tír toisc nach raibh pointí nasctha le fáil sa chalafort (Airteagal 5(2), pointe (d))

– d'úsáid an long, ar feadh tréimhse theoranta ama, giniúint fuinnimh ar bord, i staideanna éigeandála ina raibh baol láithreach ann le haghaidh na beatha, na loinge nó an chomhshaoil (Airteagal 5(2), pointe (f)).

(6) Sonraí chomhlacht bainistíochta an chalafoirt

(a) Ainm

(b) Sonraí teagmhála (teileafón, ríomhphost)

Dáta eisiúna

**Leasú 174**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn V**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

**Iarscríbhinn V**

FOIRMLÍ CHUN AN IARMHÉID COMHLÍONTACHTA AGUS AN PIONÓS a leagtar síos in Airteagal 20(1) A RÍOMH

**Foirmle chun iarmhéid comhlíontachta na loinge a ríomh**

Chun iarmhéid comhlíontachta loinge a ríomh beidh feidhm ag an bhfoirmle seo a leanas:

| | |
|---|---|
| Iarmhéid comhlíontachta [$gCO_{2eq}$/***MJ***] = | $(GHGIE_{sprioc} - GHGIE_{iarbhír})$ **x.[** $\sum_{i}^{n\,fuel} M_i \times LCV_i + \sum_{i}^{l} E_i$ **]** |

I gcás inarb ionann:

| | |
|---|---|
| $gCO_{2eq}$ | Coibhéis $CO_2$ ina graim |
| $GHGIE_{sprioc}$ | An teorainn le déine gás ceaptha teasa an fhuinnimh a úsáidtear ar bord loinge de réir Airteagal 4(2) den Rialachán seo |
| $GHGIE_{iarbhír}$ | Meándéine bhliantúil gás ceaptha teasa an fhuinnimh a úsáidtear ar bord loinge arna ríomh le haghaidh na tréimhse tuairiscithe ábhartha |

**Foirmle chun an pionós a leagtar síos in Airteagal 20(1) a ríomh**

Ríomhfar méid an phionóis a leagtar síos in Airteagal 20(1) mar a leanas:

| | |
|---|---|
| Pionós = | *(Iarmhéid comhlíontachta / $GHGIE_{iarbhír}$) x fachtóir coinbhéartachta ó MJ go tonaí VLSFO (41.0 MJ / kg) x EUR* ***2400*** |

*Leasú*

**Iarscríbhinn V**

FOIRMLÍ CHUN AN IARMHÉID COMHLÍONTACHTA AGUS AN PIONÓS a leagtar síos in Airteagal 20(1) A RÍOMH

**Foirmle chun iarmhéid comhlíontachta na loinge a ríomh**

Chun iarmhéid comhlíontachta loinge a ríomh beidh feidhm ag an bhfoirmle seo a leanas:

| | |
|---|---|
| Iarmhéid comhlíontachta [$gCO_{2eq}$] = | $(GHGIE_{sprioc} - GHGIE_{iarbhír})$ **x.[** $\sum_{i}^{n\,fuel} M_i \times LCV_i + \sum_{i}^{l} E_i$ **]** |

I gcás inarb ionann:

| | |
|---|---|
| $gCO_{2eq}$ | Coibhéis $CO_2$ ina graim |
| $GHGIE_{sprioc}$ | An teorainn le déine gás ceaptha teasa an fhuinnimh a úsáidtear ar bord loinge de réir Airteagal 4(2) den Rialachán seo |
| $GHGIE_{iarbhír}$ | Meándéine bhliantúil gás ceaptha teasa an fhuinnimh a úsáidtear ar bord loinge arna ríomh le haghaidh na tréimhse tuairiscithe ábhartha |

**Foirmle chun an pionós a leagtar síos in Airteagal 20(1) a ríomh**

Ríomhfar méid an phionóis a leagtar síos in Airteagal 20(1) mar a leanas:

| | |
|---|---|
| Pionós = | *( - Iarmhéid comhlíontachta / $GHGIE_{iarbhír}$) x fachtóir coinbhéartachta ó MJ go tonaí VLSFO (41.0 MJ / kg) x EUR **3000*** |

**Leasú 175**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn IV**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

**<u>Iarscríbhinn IV</u>**

DEIMHNIÚ ATÁ LE hEISIÚINT AG COMHLACHT BAINISTÍOCHTA AN CHALAFOIRT CUARDA I gCÁS NACH FÉIDIR LE LONGA ÚSÁID A BHAINT AS OPS AR CHÚISEANNA A bhFUIL ÚDAR CUÍ LEO (AIRTEAGAL 5(5)) – NA hÍOSEILIMINTÍ ATÁ LE hÁIREAMH SA DEIMHNIÚ

Chun críocha an Rialacháin seo, beidh an fhaisnéis seo a leanas ar a laghad sa deimhniú dá dtagraítear in Airteagal 5(5):

(1) Céannacht na loinge

(a) Uimhir IMO

(b) Ainm na loinge

(c) Comhartha aitheantais

(d) Cineál loinge

(e) Bratach

(2) Calafort cuarda

(3) Suíomh/ainm an chríochfoirt

(4) Dáta agus am teachta (ATA)

(5) Dáta agus am imeachta (ATD)

An dearbhú ó chomhlacht bainistíochta an chalafoirt gur bhain ceann de na cásanna seo a leanas leis an long:

– rinne an long cuairt neamhsceidealaithe ar chalafort, ar chúiseanna sábháilteachta nó tarrthála ar muir (Airteagal 5(2), pointe (c))

– ní raibh an long ábalta nascadh leis an soláthar cumhachta ar tír toisc nach raibh pointí nasctha le fáil sa chalafort (Airteagal 5(2), pointe (d))

***– fuarthas go raibh an trealamh soláthair cumhachta ar bord ar neamhréir leis an tsuiteáil ar tír sa chalafort (Airteagal 5(2), pointe (e))***

– d'úsáid an long, ar feadh tréimhse theoranta ama, giniúint fuinnimh ar bord, i staideanna éigeandála ina raibh baol láithreach ann le haghaidh na beatha, na loinge nó an chomhshaoil (Airteagal 5(2), pointe (f)).

(6) Sonraí chomhlacht bainistíochta an chalafoirt

(a) Ainm

(b) Sonraí teagmhála (teileafón, ríomhphost)

(7) Dáta eisiúna

*Leasú*

**<u>Iarscríbhinn IV</u>**

DEIMHNIÚ ATÁ LE hEISIÚINT AG COMHLACHT BAINISTÍOCHTA AN CHALAFOIRT CUARDA I gCÁS NACH FÉIDIR LE LONGA ÚSÁID A BHAINT AS OPS AR CHÚISEANNA A bhFUIL ÚDAR CUÍ LEO (AIRTEAGAL 5(5)) – NA hÍOSEILIMINTÍ ATÁ LE hÁIREAMH SA DEIMHNIÚ

Chun críocha an Rialacháin seo, beidh an fhaisnéis seo a leanas ar a laghad sa deimhniú dá dtagraítear in Airteagal 5(5):

(1) Céannacht na loinge

(a) Uimhir IMO

(b) Ainm na loinge

(c) Comhartha aitheantais

(d) Cineál loinge

(e) Bratach

(2) Calafort cuarda

(3) Suíomh/ainm an chríochfoirt

(4) Dáta agus am teachta (ATA)

(5) Dáta agus am imeachta (ATD)

An dearbhú***, arna chruthú ag fianaise réasúnach***, ó chomhlacht bainistíochta an chalafoirt gur bhain ceann de na cásanna seo a leanas leis an long:

– rinne an long cuairt neamhsceidealaithe ar chalafort, ar chúiseanna sábháilteachta nó tarrthála ar muir (Airteagal 5(2), pointe (c))

– d’úsáid an long, ar feadh tréimhse theoranta ama, giniúint fuinnimh ar bord, i staideanna éigeandála ina raibh baol láithreach ann le haghaidh na beatha, na loinge nó an chomhshaoil (Airteagal 5(2), pointe (f)).

(6) Sonraí chomhlacht bainistíochta an chalafoirt

(a) Ainm

(b) Sonraí teagmhála (teileafón, ríomhphost)

Dáta eisiúna

*Réasúnú*

*Athruithe lena léirítear na leasuithe in Airteagal 5*

**Leasú 176**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn V a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***IARSCRÍBHINN Va: Cuirtear ríomh na maise coigeartaithe breosla i bhfeidhm*** |
| | ***Ar an gcéad dul síos, déantar cur síos san Iarscríbhinn seo ar conas mais choigeartaithe bhreosla a ríomh ag baint úsáid as an bhfuinneamh breise de bharr saintréithe teicniúla loinge in aicme oighir[1] IA nó IA Super nó in aicme oighir choibhéiseach agus an fuinneamh breise a úsáideann long in aicme oighir IC, IB, IA nó IA Super nó in aicme oighir choibhéiseach mar gheall ar bheith ag seoladh faoi dhálaí oighir. Ar an dara dul síos, déantar cur síos ann ar an gcaoi a ríomhtar an fuinneamh breise.*** |
| | ***Mais choigeartaithe [$M_{j\ A}$]*** |
| | ***Déantar mais choigeartaithe bhreosla [$M_{i\ A}$] a ríomh ar bhonn an fhuinnimh breise a úsáidtear le haghaidh seoladh faoi dhálaí oighir agus an fhuinnimh breise a úsáidtear de bharr airíonna teicniúla loinge in aicme oighir IA nó IA Super nó in aicme oighir choibhéiseach. Féadfaidh*** |

[1] Le haghaidh tuilleadh faisnéise maidir le comhfhreagras idir aicmí oighir, féach Moladh HELCOM 25/7 ag http://www.helcom.fi.

***an chuideachta a roghnú cén breosla i ar cheart an fuinneamh breise a leithdháileadh air. Ní mór an breosla a roghnaítear a bheith ar cheann de na breoslaí arna n-ídiú ag an long le linn na tréimhse tuairiscithe. Féadfaidh méid an fhuinnimh a fhreagraíonn do mhais ídithe an bhreosla i a bheith níos ísle ná méid an fhuinnimh breise.***

***Déantar mais choigeartaithe [$M_{i\ A}$] an bhreosla i a ríomh mar a leanas***

$M_{i\ additional\ due\ to\ ice\ class} M_{i\ A} = M_{i\ total} - - M_{i\ additional\ due\ to\ ice\ conditions}$, ***(Ax.1)***

***i gcás inarb ionann $M_{i\ total}$ agus mais iomlán an bhreosla i, $M_{i\ additional\ due\ to\ ice\ class}$ an mhais bhreosla de bharr ídiú breise fuinnimh ag long in aicme oighir IA nó IA Super nó in aicme oighir choibhéiseach agus $M_{i\ additional\ due\ to\ ice\ conditions}$ mais an bhreosla de bharr ídiú breise fuinnimh mar gheall ar sheoladh faoi dhálaí oighir.***

***Déantar mais an bhreosla i a sheasann don ídiú fuinnimh breise de bharr shaintréithe teicniúla loinge in aicme oighir IA nó IA Super nó in aicme choibhéiseach oighir a ríomh le***

$M_{i\ additional\ due\ to\ ice\ class} = \frac{E_{additional\ due\ to\ ice\ class}}{LCV_i}$, ***(Ax.2)***

***i gcás inarb ionann $E_{additional\ due\ to\ ice\ class}$ an t-idiú breise fuinnimh de bharr aicme oighir agus an t-ídiú breise fuinnimh i ngeall ar shaintréithe teicniúla loinge in aicme oighir IA nó IA Super nó i gcás inarb ionann aicme oighir agus LCVi agus luach calrach níos ísle de bhreosla i.***

***Ar an gcaoi chéanna, déantar mais an bhreosla mar gheall ar ídiú fuinnimh breise faoi dhálaí oighir a ríomh ag úsáid***

$M_{i\ additional\ due\ to\ ice\ conditions} = \frac{E_{additional\ due\ to\ ice\ conditions}}{LCV_i}$, ***(Ax.3)***

***i gcás inarb ionann $E_{additional\ due\ to\ ice\ conditions}$ agus an t-ídiú breisie fuinnimh de bharr seoladh faoi dhálaí oighir.***

***Fuinneamh breise de bharr aicme oighir agus de bharr seoladh faoi dhálaí oighir***

***Ríomhtar an tomhaltas breise fuinnimh mar gheall ar shaintréithe teicniúla loinge in aicme oighir IA nó IA Super nó in aicme oighir choibhéiseach mar a leanas***

$$E_{additional\ due\ to\ ice\ class} = 0.05 \times (E_{voyages,\ total} - E_{additional\ due\ to\ ice\ conditio}$$

***, (Ax.4)***

***i gcás ina gciallaíonn $E_{voyages\ total}$ iomlán an fhuinnimh a ídítear le linn na muiraistear go léir agus $E_{additional\ due\ to\ ice\ conditions}$ ídiú breise fuinnimh mar gheall ar a bheith ag seoladh faoi dhálaí oighir.***

***Déantar an fuinneamh iomlán arna ídiú do gach muiraistear a ríomh ag úsáid***

$$E_{voyages,\ total} = \sum_{i=1}^{n\ fuel} M_{i,\ voyages,\ total} \times LCV_i + E_{elect.,\ voyages,\ total} \text{ (Ax.5)}$$

***i gcás ina seasann $M_{i,\ voyages,\ total}$ iomlán na maise breosla i a ídítear do gach muiraistear laistigh de raon feidhme an rialacháin, LCVi an luach caloric íochtarach de bhreosla i agus $E_{elect,\ voyages,\ total}$ méid an leictreachais a sheachadtar ar an long agus a ídítear le haghaidh gach turais.***

***Déantar mais bhreosla i $M_{i,\ voyages,\ total}$ arna thomhailt do gach muiraistear laistigh de raon feidhme an rialacháin a ríomh le***

$$M_{i,\ voyages,total} = M_{i,\ voyages\ between\ MS} + 0.5 \cdot (M_{i,voyages\ from\ MS} + M_{i,voyages\ to\ MS}),$$

***(Ax.6)***

***i gcás ina sonraítear le $M_{i,\ voyages\ between\ MS}$ mais chomhiomlán an bhreosla a ídítear le linn gach muiraistear idir calafoirt atá faoi dhlínse Ballstáit, $M_{i,\ voyages\ from\ MS}$ mais chomhiomlán an bhreosla a ídítear le linn gach muiraistear a d'imigh ó chalafoirt***

***atá faoi dhlínse Ballstáit agus $M_{i,\ voyages\ to\ MS}$, aistir chuig na Ballstáit maidir le mais chomhiomlán an bhreosla a ídítear le linn muiraistear chuig calafoirt atá faoi dhlínse Ballstáit. An méid ídithe den leictreachas arna sheachadadh ar an long $E_{elect,\ voyages\ total}$ is féidir iomlán turasanna a ríomh ar an mbealach céanna.***

***Déantar an t-ídiú breise fuinnimh de bharr seoladh faoi dhálaí oighir a ríomh mar a leanas***

$$E_{additional\ due\ to\ ice\ conditions} = E_{voyages,\ total} - E_{voyages,\ open\ water} - E_{voyages,\ ice\ conditions,\ adjusted},$$

***(Ax.7)***

***i gcás ina gciallaíonn $E_{voyages\ open\ water}$ an fuinneamh a ídítear le linn muiraistear in uisce oscailte agus $E_{voyages,\ ice\ conditions,\ adjusted}$ an fuinneamh coigeartaithe arna ídiú faoi dhálaí oighir.***

***Déantar an fuinneamh a ídítear le haghaidh muiraistir lena n-áirítear seoladh go heisiach in uisce oscailte a ríomh mar a leanas:***

$$E_{voyages,\ open\ water} = E_{voyages,\ total} - E_{voyages,\ ice\ conditions}$$

***(Ax.8)***

***i gcás ina seasann $E_{voyages,\ ice\ conditions}$ don fhuinneamh a ídítear le seoladh faoi dhálaí oighir, a ríomhtar mar a leanas***

$$E_{voyages,\ ice\ conditions} = \sum_{i=1}^{n\ fuel} M_{i,voyages,\ ice\ conditions} \times LCV_i + E_{el}$$

***(Ax.9)***

***i gcás ina gciallaíonn $M_{i,\ voyages,\ ice\ conditions}$ mais an bhreosla a ídítear chun seoladh faoi dhálaí oighir agus $E_{elect,\ voyages,\ total}$ méid an leictreachais a sheachadtar ar an long agus a ídítear agus í ag seoladh faoi dhálaí oighir.***

***Déantar mais an bhreosla i a ídítear de bharr seoladh faoi dhálaí oighir a shainiú mar a leanas***

$$M_{i,\ voyages,\ ice\ cond.} =$$

$M_{i,\ voyages\ between\ MS,\ ice\ cond.} + 0.5 \cdot (M_{i,\ voyages\ from\ MS,\ ice\ cond.} + M_{i,\ voyages\ to\ M}$

,

*(Ax.10)*

***i gcás ina sonraítear le $M_{i,\ voyages\ between\ MS,\ ice\ cond.}$. mais chomhiomlán an bhreosla a ídíonn long a aicmítear mar long oighir agus í ag seoladh faoi dhálaí oighir idir calafoirt faoi dhlínse Ballstáit, $M_{i,\ voyages\ from\ MS}$ mais chomhiomlán an bhreosla a ídíonn longa a aicmítear mar longa oighir agus iad ag seoladh faoi dhálaí oighir le linn gach muiraistear a d'imigh ó chalafoirt atá faoi dhlínse Ballstáit agus $M_{i,\ voyages\ to\ MS}$ mais chomhiomlán an bhreosla a ídíonn long a aicmítear mar long oighir agus í ag seoladh faoi dhálaí oighir le linn muiraistir chuig calafoirt faoi dhlínse Ballstáit. An méid ídithe den leictreachas a sheachadtar ar an long $E_{ice\ conditions}$ is féidir é a ríomh ar an mbealach céanna.***

***Déantar an fuinneamh coigeartaithe a ídítear faoi dhálaí oighir a ríomh tríd an ní seo a leanas a úsáid***

$$E_{voyages,\ ice\ conditions,\ adjusted} = D_{ice\ conditions} \times \left(\frac{E}{D}\right)_{open\ water}$$

*(Ax.11)*

***leis an achar a thaistealaítear le linn seoladh faoi dhálaí oighir $D_{ice\ conditions}$ agus ídiú fuinnimh in aghaidh an fhaid a thaistealaítear in uisce oscailte $\left(\frac{E}{D}\right)_{open\ water}$.***

***Déantar an t-achar a thaistealaítear nuair a bhítear ag seoladh faoi dhálaí oighir $D_{ice\ conditions}$ a ríomh mar a leanas***

$D_{ice\ cond.} = D_{voyages\ between\ MS,\ ice\ cond.} + 0.5 \cdot (D_{voyages\ from\ MS,\ ice\ cond.} + D_{voyages\ to\ MS,\ i}$

,

*(Ax.12)*

***i gcás ina sonraítear le $D_{voyages\ between\ MS,\ ice\ cond.}$ an t-achar comhiomlán arna sheoladh faoi dhálaí oighir idir calafoirt***

***faoi dhlínse Ballstáit, D** $_{voyages\ from\ MS}$ **achar comhiomlán le linn seoladh faoi dhálaí oighir le linn gach muiraistear a d'imigh ó chalafoirt atá faoi dhlínse Ballstáit agus D** $_{voyages\ to\ MS}$ **achar comhiomlán le linn seoladh faoi dhálaí oighir le linn muiraistir chuig calafoirt faoi dhlínse Ballstáit.***

***Sainítear é sin mar a leanas:***

$$\left(\frac{E}{D}\right)_{open\ water} = \frac{E_{voyages,\ total} - E_{voyages,\ ice\ conditions}}{D_{total} - D_{ice\ conditions}}, \quad \textit{(Ax.13)}$$

***i gcás ina sonraítear le E** $_{voyages,\ ice\ conditions}$ **an t-ídiú fuinnimh le linn seoladh faoi dhálaí oighir agus D** $_{total}$ **an t-achar iomlán bliantúil a thaistealaítear.***

***Is mar a leanas a ríomhtar an fad iomlán bliantúil a thaistealaítear:***

$$D_{total} = D_{voyages\ between\ MS} + 0.5 \cdot \left(D_{voyages\ from\ MS} + D_{i,\ voyages\ to\ MS}\right), \quad \textit{(Ax.14)}$$

***i gcás ina sonraítear le D** $_{voyages\ between\ MS}$ **an t-achar comhiomlán a thaistealaítear faoi dhlínse Ballstáit, D** $_{voyages\ from\ MS}$ **an t-achar comhiomlán a thaistealaítear le linn gach muiraistear a d'imigh ó chalafoirt atá faoi dhlínse Ballstáit agus D** $_{voyages\ to\ MS}$ **achar comhiomlán a thaistealaítear le linn muiraistir chuig calafoirt faoi dhlínse Ballstáit.***

## IARSCRÍBHINN: LIOSTA DE NA hEINTITIS NÓ NA DAOINE ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIR IONCHUR

Rinneadh an liosta seo a leanas a tharraingt suas ar bhonn deonach amháin faoi fhreagracht eisiach an Rapóirtéara. Fuair an Rapóirtéir ionchur ó na heintitis nó ó na daoine seo a leanas nuair a bhí an dréacht-tuairim á hullmhú, go dtí gur tíolacadh sa choiste í:

| **Eintiteas agus/nó duine** |
|---|
| Teneo Brussels 91124993695-29 |
| EUROGAS aisbl (Eurogas) 17909506129-41 |
| Wärtsilä Corporation 289922721213-66 |
| European Community Shipowner's Associations (ECSA) 59004966537-01 |
| Eagraíocht na gCalafort Eorpach (ESPO) 01554483175-08 |
| FEPORT (FEPORT) 801302611511-33 |
| Comhdháil Réigiúin Mhuirí Fhorimeallacha na hEorpa (CRPM) (CRPM - CPMR) 5546423688-07 |
| Hanse Office |
| A.P. Møller - Mærsk A/S (APMM) 680443918500-51 |
| Transport and Environment (European Federation for Transport and Environment) (T&E) 58744833263-19 |
| An Chomhairle Idirnáisiúnta um Iompar Glan (ICCT) 06250094777-73 |
| Seas At Risk (SAR) 625261439488-38 |
| Hydrogen Europe (HE) 77659588648-75 |
| European Producers Union of Renewable Ethanol (ePURE) 32591134448-30 |
| IHK Nord e.V. - Arbeitsgemeinschaft norddeutscher Industrie- und Handelskammern (IHK Nord) 006411421255-36 |
| Calafort Chóbanhávan |
| Calafort Hamburg |
| MAN Energy Solutions SE 101247832736-33 |
| Rolls-Royce plc 58290033126-06 |
| Environmental Defense Fund, Incorporated (EDF) 173460831899-75 |
| IBERDROLA (IBE) 41816938101-07 |
| Clean Arctic Alliance |

## NÓS IMEACHTA - COISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| | |
|---|---|
| **Teideal** | maidir le breoslaí in-athnuaite agus ísealcharbóin a úsáid sa mhuiriompar agus lena leasaítear Treoir 2009/16/CE |
| **Tagairtí** | COM(2021)0562 – C9-0333/2021 – 2021/0210(COD) |
| **An Coiste Freagrach**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | TRAN<br>13.9.2021 |
| **Tuairim ó**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | ITRE<br>13.9.2021 |
| **Coistí comhlachaithe - dáta a fógraíodh sa suí iomlánach** | 11.11.2021 |
| **Rapóirtéir don tuairim**<br>Dáta an cheapacháin | Rasmus Andresen<br>30.9.2021 |
| **Pléite sa choiste** | 2.2.2022 |
| **Dáta an ghlactha** | 2.6.2022 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 59<br>–: 9<br>0: 6 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Matteo Adinolfi, François-Xavier Bellamy, Hildegard Bentele, Tom Berendsen, Manuel Bompard, Paolo Borchia, Markus Buchheit, Cristian-Silviu Buşoi, Jerzy Buzek, Maria da Graça Carvalho, Ciarán Cuffe, Josianne Cutajar, Nicola Danti, Pilar del Castillo Vera, Martina Dlabajová, Christian Ehler, Valter Flego, Niels Fuglsang, Lina Gálvez Muñoz, Claudia Gamon, Jens Geier, Nicolás González Casares, Bart Groothuis, Christophe Grudler, András Gyürk, Henrike Hahn, Robert Hajšel, Ivo Hristov, Ivars Ijabs, Romana Jerković, Eva Kaili, Izabela-Helena Kloc, Łukasz Kohut, Zdzisław Krasnodębski, Andrius Kubilius, Miapetra Kumpula-Natri, Thierry Mariani, Marisa Matias, Eva Maydell, Georg Mayer, Joëlle Mélin, Iskra Mihaylova, Angelika Niebler, Ville Niinistö, Aldo Patriciello, Mauri Pekkarinen, Mikuláš Peksa, Tsvetelina Penkova, Morten Petersen, Pina Picierno, Markus Pieper, Clara Ponsatí Obiols, Manuela Ripa, Robert Roos, Sara Skyttedal, Maria Spyraki, Jessica Stegrud, Beata Szydło, Grzegorz Tobiszowski, Patrizia Toia, Evžen Tošenovský, Marie Toussaint, Isabella Tovaglieri, Viktor Uspaskich, Henna Virkkunen, Pernille Weiss, Carlos Zorrinho |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Giorgos Georgiou, Klemen Grošelj, Sandra Pereira, Ernő Schaller-Baross, Jordi Solé, Tomas Tobé, Viola Von Cramon-Taubadel |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| 59 | + |
|---|---|
| ID | Thierry Mariani, Joëlle Mélin |
| NI | András Gyürk, Clara Ponsatí Obiols, Ernő Schaller-Baross, Viktor Uspaskich |
| PPE | François-Xavier Bellamy, Hildegard Bentele, Tom Berendsen, Cristian-Silviu Buşoi, Jerzy Buzek, Maria da Graça Carvalho, Pilar del Castillo Vera, Christian Ehler, Andrius Kubilius, Eva Maydell, Angelika Niebler, Aldo Patriciello, Markus Pieper, Sara Skyttedal, Maria Spyraki, Tomas Tobé, Henna Virkkunen, Pernille Weiss |
| Renew | Nicola Danti, Martina Dlabajová, Valter Flego, Claudia Gamon, Bart Groothuis, Klemen Grošelj, Christophe Grudler, Ivars Ijabs, Iskra Mihaylova, Mauri Pekkarinen, Morten Petersen |
| S&D | Niels Fuglsang, Lina Gálvez Muñoz, Jens Geier, Nicolás González Casares, Robert Hajšel, Ivo Hristov, Romana Jerković, Eva Kaili, Łukasz Kohut, Miapetra Kumpula-Natri, Tsvetelina Penkova, Pina Picierno, Patrizia Toia, Carlos Zorrinho |
| The Left | Manuel Bompard, Marisa Matias |
| Verts/ALE | Ciarán Cuffe, Henrike Hahn, Ville Niinistö, Mikuláš Peksa, Manuela Ripa, Jordi Solé, Marie Toussaint, Viola Von Cramon-Taubadel |

| 9 | - |
|---|---|
| ECR | Izabela-Helena Kloc, Zdzisław Krasnodębski, Robert Roos, Jessica Stegrud, Beata Szydło, Grzegorz Tobiszowski, Evžen Tošenovský |
| ID | Markus Buchheit, Georg Mayer |

| 6 | 0 |
|---|---|
| ID | Matteo Adinolfi, Paolo Borchia, Isabella Tovaglieri |
| S&D | Josianne Cutajar |
| The Left | Giorgos Georgiou, Sandra Pereira |

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne

0 : staonadh

# AN NÓS IMEACHTA – COISTE FREAGRACH

| | |
|---|---|
| **Teideal** | maidir le breoslaí in-athnuaite agus ísealcharbóin a úsáid sa mhuiriompar agus lena leasaítear Treoir 2009/16/CE |
| **Tagairtí** | COM(2021)0562 – C9-0333/2021 – 2021/0210(COD) |
| **Dáta tíolactha chun PE** | 15.7.2021 |
| **An Coiste Freagrach**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | TRAN<br>13.9.2021 |
| **Coistí ar iarradh tuairim orthu**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | ENVI ITRE<br>13.9.2021 13.9.2021 |
| **Coistí comhlachaithe**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | ENVI ITRE<br>11.11.2021 11.11.2021 |
| **Rapóirtéirí**<br>Dáta an cheapacháin | Jörgen Warborn<br>29.10.2021 |
| **Pléite sa choiste** | 1.12.2021 2.2.2022 20.4.2022 17.5.2022 |
| **Dáta an ghlactha** | 3.10.2022 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 36<br>–: 6<br>0: 2 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Andris Ameriks, Erik Bergkvist, Izaskun Bilbao Barandica, Paolo Borchia, Karolin Braunsberger-Reinhold, Ciarán Cuffe, Jakop G. Dalunde, Anna Deparnay-Grunenberg, Ismail Ertug, Giuseppe Ferrandino, Carlo Fidanza, Søren Gade, Isabel García Muñoz, Elsi Katainen, Elena Kountoura, Bogusław Liberadzki, Peter Lundgren, Benoît Lutgen, Elżbieta Katarzyna Łukacijewska, Marian-Jean Marinescu, Cláudia Monteiro de Aguiar, Caroline Nagtegaal, Jan-Christoph Oetjen, Philippe Olivier, Rovana Plumb, Dominique Riquet, Massimiliano Salini, Vera Tax, Barbara Thaler, Henna Virkkunen, Lucia Vuolo, Roberts Zīle |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Leila Chaibi, Nicola Danti, Mario Furore, Roman Haider, Ljudmila Novak, Jutta Paulus, Dorien Rookmaker, Annalisa Tardino, Kathleen Van Brempt, Marianne Vind, Jörgen Warborn |
| **Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Iuliu Winkler |
| **Dáta don chur síos** | 4.10.2022 |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH

| 36 | + |
|---|---|
| ECR | Carlo Fidanza, Peter Lundgren, Dorien Rookmaker, Roberts Zīle |
| ID | Paolo Borchia, Roman Haider, Annalisa Tardino |
| PPE | Karolin Braunsberger-Reinhold, Elżbieta Katarzyna Łukacijewska, Benoît Lutgen, Marian-Jean Marinescu, Cláudia Monteiro de Aguiar, Ljudmila Novak, Massimiliano Salini, Barbara Thaler, Henna Virkkunen, Lucia Vuolo, Jörgen Warborn, Iuliu Winkler |
| RENEW | Izaskun Bilbao Barandica, Nicola Danti, Søren Gade, Elsi Katainen, Caroline Nagtegaal, Jan-Christoph Oetjen, Dominique Riquet |
| S&D | Andris Ameriks, Erik Bergkvist, Ismail Ertug, Giuseppe Ferrandino, Isabel García Muñoz, Bogusław Liberadzki, Rovana Plumb, Vera Tax, Kathleen Van Brempt, Marianne Vind |

| 6 | - |
|---|---|
| THE LEFT | Leila Chaibi, Elena Kountoura |
| VERTS/ALE | Ciarán Cuffe, Jakop G. Dalunde, Anna Deparnay-Grunenberg, Jutta Paulus |

| 2 | 0 |
|---|---|
| ID | Philippe Olivier |
| NI | Mario Furore |

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh